Dioġluim Dána

L. Mac Cionnaiṫ, S.J.


A·M·D·G
COLLEGIUM
BOSTONIENSE

Digitized by the Internet Archive
in 2017 with funding from
Boston Library Consortium Member Libraries

https://archive.org/details/diogluimdana00mcke

Dogium Dana

Measta ag an Roinn Oideachais i gcóir foilsiúcháin fá'n nGum chun cabhruighte le foilsiú leabhar i nGaeðilg atá oireamhnach mar théacs-leabhra ins na Meán-scoileanna.

FOILSIGHEADH DE'N CÉAD UAIR, 1938

le ceannach díreach ó
OIFIG DÍOLTA FOILLSEACHÁIN RIALTAIS
3-4 Sráid an Chaisleáin, Baile Átha Cliath
nó tré aon díoltóir leabhar

Dioğluim Dána

Láimḃeapṫaċ Mac Cionnaiṫ, S.J.
do ċuir i n-eagar

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

Oifig an tSoláṫair
Baile Áṫa Cliaṫ

Tug Ó Concobair Donn, i. Eogan mac Cathail, iasacht dá leabar dam. Fuaras ón Athair Seaán Mac Giolla Eáin tamall de chóip an láimsgríbinn a-tá i gColáiste Stoneyhurst. Do cheadaig an t-Ollam Osborn Bergin dam na fuirmeacha, 7c. atá ar na leathanachaib 635-640 do baint ó na Irish Grammatical Tracts. Ní tearc an comhairle 7 an congnam tug an ingean Eilionoir Knott dam.

Do na daoinib fiala so beirim mo buidheachas ó chroidhe.

PB1351
.M3

159089

CLÁR

leaḋ.

RÉAMHRÁḊ 1

ḊUANA:

1. A ḋoṁnain ḋuṫsat an bás—Ó Ḋálaiġ Fionn 7
2. A ḋroiḋ Ḋé ḋéana mo leiġeas—Taḋg mac Ḋáire Mac Bruaideaḋa 9
3. Ar n-oide múinte mac Dé 10
4. A ṡaoġail ón a ṡaoġail—Fear Feasa Ó'n Ċáinte 14
5. A-táid trí comhruiġ im ḋionn—Taḋg Óg Ó hUiginn .. 16
6. A-tám i n-easbaiḋ aṁoirc 19
7. Blát an maċuire Muire 23
8. Bréagaċ sin a ḃean—Anluan Mac Aoḋagáin 27
9. Ḃuime tríar máṫair ṁic Dé—Donnċaḋ Mór Ó Ḋálaiġ .. 29
10. Ceiṫearn coilleaḋ clann Áḋaiṁ 30
11. Cia do ṗéaċfaḋ ar m'éigin 34
12. Cia le gcoiseontar m'anam ?—Ó Ḋálaiġ Fionn (?) .. 38
13. Cionnus ḋíolfaḋ mo luaċ leiġis ?—Aonġus Fionn Ó Ḋálaiġ 40
14. Creiḋim duit a aḃlann uasal 41
15. Creiḋim mar ċreiḋeas an eaglais 43
16. Cúig cáis as mó le Moire—Donnċaḋ Mór Ó Ḋálaiġ .. 46
17. Déanaḋ go suḃaċ síol Áḋaiṁ—Taḋg mac Ḋáire Mac Bruaideaḋa 47
18. Dia do ḃeaṫa-sa a Mhuire—Giolla Briġde Ó hEoġusa .. 50
18a. Dia do ḃeaṫa-sa a Muire—Donnċaḋ Mór Ó Ḋálaiġ .. 51
19. Dia do ḃeaṫa a Moire mór—Aonġus Fionn Ó Ḋálaiġ .. 51
20. Dliġe, a ḋuine déanaṁ lóin—Fearġal Óg Mac an Ḃaird 53
21. Do briseaḋ cunnraḋ ar cáċ 58
21a. Do ċaḋail ar ḃfear faire 61
22. Do-ní duine dia ḋá ṁaoin—Donnċaḋ Mór Ó Ḋálaiġ .. 64
23. Droiċeaḋ na bpeacṫaċ páis Dé 66
24. Éanlá coinne aġ cloinn Áḋaiṁ 69
25. Éisd rem ṗuiġliḃ, a Aṫair—Eoġan Mac Craiṫ 73
25a. Éisd rem ṗaoisiḋin, a Íosa—Donnċaḋ Mór Ó Ḋálaiġ (?). 74
26. Fada deoraiḋeaċd na noaoine 78
27. Féaċ do ḋeiread, a ḋuine 81
27a. "Fearr beaġán cloinne ná clann" 83
28. Fuaras mian, ón, fuaras mian—Donnċaḋ Mór Ó Ḋálaiġ 86
29. Garḃ éiriġe ioḋan bráṫa—Donnċaḋ Mór Ó Ḋálaiġ. .. 86
30. Íocaḋ Críost cumaoin a ṁáṫar 91
31. Iomḋa páṫ aġ feirg an Ċoimḋeaḋ—Fearġal Óg Mac an Ḃaird 94
32. Iomḋa fear suiriġe aġ San Mairġréag 97

CLÁR

	Ouana:	leat.
33.	Lám inoiu im ċionnsgnaṁ, a Ċríonóiro—Sofraiḋ mac Briain Mac an Ḃaird	102
34.	[Mair . . .]ċungnaṁ lem ċairoiḃ	102
35.	Mairg beireas oíġa dá ḋeoin—Fearġal Óg Mac an Ḃaird	106
36.	Mairg dar compánaċ an ċolann—Aṫairne mac Eoġain	108
37.	Mairg mheallas muirn an tsaoġail—Sofraiḋ Fionn Ó Dálaiġ	109
38.	Mairg naċ dionsnaḋ dán do Dia—Fearġal Óg Mac an Ḃaird	114
39.	Mairg naċ doirteann a ḋéara—Fearġal Óg Mac an Ḃaird	117
40.	Mairg ċéiro tar toil a aṫar—Cormac mac Taiḋg Ballaiġ Ó Dálaiġ	121
41.	Marṫain duit, a ċroċ an Coimḋeaḋ—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ (?)	124
42.	Meiṫeal do bí ag Dia na nóul—Giolla Brighde Ó heoġusa (?)	129
43.	Ná ḋéana díomas, a ḋuine— Aonġus Fionn Ó Dálaiġ (?).	134
44.	Náma m'anma an ċalann ċriaḋ—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ	135
45.	Ní díol gráḋa gleann na nḋeor—Fearġal Óg Mac an Ḃaird	137
46.	Ní maiṫ altuiġim m'anáir—Fearġal Óg Mac an Ḃaird ..	139
47.	Ní rí fíre acṫ flaiṫ nime—Fearġal Óg Mac an Ḃaird ..	145
48.	Olc íocṫar ar luaġ leiġeas—Fearġal mac Domnaill Ruaiḋ Mac an Ḃaird	145
49.	Ór na mban bainċeann nime—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ	149
50.	Ort do ġeiseaċt, a ġaoġail—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ ..	151
51.	Roġa gaċ beaṫaḋ beiṫ boċt—Taiḋg mac Dáire (?)	153
52.	Rugaḋ báire ar an mboċtaċt—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ	155
53.	Saoġalta sin, a ġaoġail—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ (?) ..	159
54.	Sḃéacláir na cruinne an ċroċ naoṁ—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ (?)..	162
55.	Seaċt n-inġeana 'gon uṁla	165
56.	Sguir doo díomas, a ḋuine—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ ..	167
57.	Táiniġ ceo tar an gcreiṫiṁ—Eoċaiḋ Ó heoġusa (?) ..	168
58.	Teine ar n-a paḋáġ fearg Dé—Pilip Boċt Ó hUiginn (?)	172
59.	Toġaim Aibisoin mar aiġne	176
60.	Trí gluine geinealaċ Dé—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ (?) ..	180
61.	Uaiḋe féin do ġás íosa—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ (?) ..	184
62.	Urra ar leiġis Dia na ngrás—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ	187
63.	A bráiġe tá i dtoir Lonndon—Eoġan Ruaḋ Mac an Ḃaird	188
64.	A ċnuic ċoir re taoiḃ Galla—Sofraiḋ Fionn Ó Dálaiġ ..	192
65.	A ċros ċall ar an dtulaiġ—Sofraiḋ Fionn Ó Dálaiġ ..	196
66.	A fir ċéiro i dTír Conaill—Sofraiḋ Fionn Ó Dálaiġ ..	200
67.	A Ġearóid, déana mo ḋáil—Sofraiḋ Fionn Ó Dálaiġ ..	201
68.	An tú ar gcéadaiṫne, a Carraig—Eoċaiḋ Ó heoġusa ..	207
69.	Ar iasaċt fuaras Aonġus—Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ ..	211
70.	A-tám i gcás eidir ḋá comairle—Eoċaiḋ Ó heoġusa ..	215
71.	A-tá sunn seanċas Muáin—Giolla Brighde Mac Con Midhe	217

CLÁR

Duana:		Leaċ.
72.	A ṫeaċtaire ṫig ón Rómh—Fiolla Briġde Mac Con Midhe	220
73.	Dean dá ċumadh críoċ Ealla—Fear Feasa Ó'n Ċáimte	223
74.	Deir eolas dúinn, a Dhomhnuill—Fogradh Fionn Ó Dálaiġ	228
75.	Díoḋ aire ag Ultaiḃ ar Aoḋ—Eoċaiḋ Ó hEoġusa ..	236
76.	Cia do-ġéabainn go Gráinne—Taḋg Óg Ó hUiginn ..	241
77.	Dá bráġaid uainn i nInis—Taḋg Óg Ó hUiginn	243
78.	Dairt sonn dá seolaḋ go Taḋg—Fogradh mac Briain Mac an Bhaird	246
79.	Dealg aṫálaiḋ oċras Taiḋg—Eoċaiḋ Ó hEoġusa	249
80.	Dliġidh ollamh urraim ríoġ—Seaán Duibhe Mac Bhruaideaḋa	252
81.	Do báidh teine Tír Conuill—Fearġal Óg Mac an Bhaird ..	257
82.	Do bhriseas bearnaidh ar Bhrian—Maol Seaċluinn na nUirsġéal Ó hUiginn	261
83.	Doirbh don ċéidṡeal cinneamhuin tairnġeartaiġ—Fogradh mac Briain Mac an Bhaird	266
84.	Dorn idir dán is dásaċt—Seaán Ó Clumháin	269
85.	Do tógbadh meirge Murċaidh—Fogradh Fionn Ó Dálaiġ	274
86.	Do ċuir meirge caṫa Cuinn	279
87.	Duine deiġmhisnigh Dái-bhíoċ—Domhnall Mac Taiḋg Ó Dálaiġ (?)	283
88.	Eaċ gan araḋadh an fhearg—Maol Seaċluinn na nUirsġéal Ó hUiginn	286
89.	Éireannaiġ féin Fionnloċlannaiġ—Fear Flaṫa Ó Gnímh ..	290
90.	Éisd rem éagnaċ, a fir ġráidh—Fearġal Óg Mac an Bhaird	293
91.	Fa ngníomhraidh measdar meic ríoġ—Fogradh Fionn Ó Dálaiġ	296
92.	Fód codarsna críoċ Banba—Eoċaiḋ Ó hEoġusa	302
93.	Fogus furtaċt don tír ċuaidh—Fearġal Óg Mac an Bhaird	307
94.	Foillsiġ do mhíorbuile, a Mhuire—Taḋg Óg Ó hUiginn ..	312
95.	Fóiridh mo leisge, a leaṫ Cuinn—Taḋg mac Dáire Mac Bhruaideaḋa	314
96.	Foraire Uladh ar Aoḋ—Maol Seaċluinn na nUirsġéal Ó hUiginn	317
97.	Fuiriġ go fóill, a Éire—Fogradh Fionn Ó Dálaiġ ..	321
98.	Gaċ éan mar a aṫa—Taḋg Mór Ó hUiginn	325
99.	Gaois Ailbe i n-inġin Domhnuill—Fogradh Fionn Ó Dálaiġ	330
100.	Iomḋa uaisle ar iaṫ Laiġean—Eoġan Mac Craiṫ (an t-Óirḋidh)	335
101.	Iongaidh tú orm, a Iarla—Fogradh Fionn Ó Dálaiġ ..	338
102.	Leannáin fileaḋ síol Suibhne—Eoġan Mac an Bhaird ..	344
103.	Le héamhnaoi cuirtear clú ban—Aoḋ mac Diarmuda Mac an Bhaird	349
104.	Mairg ċaiteas dlús re ḋalta—Maolmhuire Mac Craiṫ	352
105.	Maiṫ an loċt airdríoġ óige—Fogradh Fionn Ó Dálaiġ ..	355
106.	Miḃid creideamh do ċloinn Néill—Eoġan Mac Craiṫ	359
107.	Mór an luċt arḃraiġ Éire—Fearġal Óg Mac an Bhaird	363
108.	Ní dliġim aiṫfear ar feirg—Eoċaiḋ Ó hEoġusa	368

CLÁR

	Duana:	leaṫ.
109.	Ní fada ón fóola a táṫ a dtuaidéamain—Fearġal Óg Mac an Baird	370
110.	Ní tráṫ aiṫreaċais d'fuil Conaill—Fearġal Óg Mac an Baird	373
111.	Rannam le ċéile, a ċlann Uilliam	379
112.	Rí con Éireann Ábartaċ—Brian Ó Corcrán	387
113.	Roġa na cloinne Conall—Giolla Brigde Mac Con Midhe	390
114.	Slán fad folcaḋ—Taḋg Mór Ó hUiginn	394
115.	Tairnig éigse Fuinn Gaoideal—Fear Flaṫa Ó Gnímh ..	398
116.	Teaċ carad do-ċiu folaṁ—Gofraid Fionn Ó Dálaiġ ..	400
117.	Teallaċ eimiġ iaṫ Laiġean—Eoċaid Ó hEoġusa	402
118.	Teasda easgcara an fiaḋaiġ—Fearġal Óg Mac an Baird	408
119.	Tomus múir Cruaċna i gCluain Fraoiġ—Aonġus mac Cearbaill Duibe Ó Dálaiġ..	411
120.	Tosaċ féile fairsinge—Aod Ollaḃar Ó Carrċoid (?) ..	415
121.	Turnamh ṫóċais tíoṫ muirne—Fearġal Óg Mac an Baird	419
122.	Uaigneaċ a-taoi, a ċeaċ na mbráṫar—Loċlann Óg Ó Tálaiġ	423
	Coimgain	427
	Nótaí	429
	Il-lêaġma	484
	Foclóir	511
	Filiḋ do ċum na Duana so	624
	Daoine, com, eiċ	625
	Áiteanna	630
	Fuirmeaċa ainm	635
	Fuirmeaċa na Gnáiṫ-Bréiṫre	641
	Meadar	642

Réamrádh

Duana, laoide, éigse, dán, dán díreach, &c. do goirtí den tsaghas filidheachta a-tá san leabhar-so; agus filidh, draoidhe, aos dána, luchd, &c. ealadhna, luchd, &c. eolais, ollamhain, cliar, dámh, &c. do goirtí de na daoinibh do chumaidhis í. Sidh gur gnáthadh na focail "Bards," "Bardic Poetry," &c. i mBéarla, ní hionann an ciall atá le "bard" agus le "file" san bhfilidheacht-so. Duine uasal do bí i bhfilidh, agus do bhíodh buidhean bheag aige ag déanamh comhluadair leis agus ag friothál air. Bard nó reacaire do b'eadh duine den buidhin sin agus cruitire duine eile dhi. Ní chumadh an bard aon filidheacht; is í an obair do bhíodh air duana an fileadh d'aithris. Saghas cantaine (nó *recitative*) do b'eadh an aithriseoireacht sain, agus do bhíodh cruitire an fileadh ag déanamh coim-cheoil leis an nduain do bhíodh gá haithris.

Cia mhadh na filidh seo? Dá léigheadh duine liosta fileadh na hÉireann—cuir i gcás i "Primer of Irish Metrics," Kuno Meyer—do thabharfadh sé fá deara nach líomhar na sloinnte atá le faghail ann. Ní fuighead sé acht Clann Uighinn, Clann Eoghusa, Clann Craith, Clann Ruanadha, Clann an Bhaird, Clann Con Midhe, Clann Bhruidheadha, Clann Ipearnáin, Clann Duinnín, Clann Maolchonaire, Clann Chumhain, Clann Richbeartaigh, agus roinnt beag sloinneadh eile. Is iad na cinidh filidha iad so, is é sin, na cinidh ó dtáinig formhór na bhfileadh. I dtaobh gach aon chinidh acu is féidir a rádh go mbíodh gnáth-bainte aige leis an bhflaith do bí i gceannas áite comhnuidhe an chinidh; ó Chloinn Eoghusa do thigeadh ollamhain Méig Uidhir, ó Chloinn Bhruidheadha do thigeadh ollamhain Í Bhriain, agus mar sin dóibh uile. Ní

mhontuighe as sonn go raibh cosg ar aonduine dá raibh taobh amuigh de na cineadaibh filidheachta dul le ceird na filidheachta agus grádh (.i. céim, tiodhal, 7c.) filidh d'fagháil dó féin. Dá comhardha sain do sgríobh Robert Mac Artur, O.S.F., Brian Óg Mac Diarmuda, Toirdhealbhach Ó Briain, agus Aodh Óg Ó Domhnaill duana i mBomarbhaigh na bhFilidh; agus is doichighe ná a chéile go raibh grádh ollamhan ag Gearóid Mac Gearailt, Iarla Cille Dara (1397).

I sgoileannaibh filidheachta (nó dámh-sgolaibh) is eadh fuair na filidh a n-oidheachas. Ní fios dúinn go cruinn cé méid sgoileanna filidheachta do bí ann, ná cá rabhadar. I nduain a 93 tá tráchd ar "cúig sgola na hÉireann," agus tá a fios againn go raibh a leithéid sin de sgoil ag Cloinn Craith (104 3), ag Cloinn Uighinn (i gCill Cluaine, TD x 12 n), ag Cloinn Dálaigh i ndúthaigh Ealla (73), ag Cloinn an Bhaird i dTir Conaill, agus ag Cloinn Maolchonaire, agus do réir gach cosamhlachta do bí san seisead deas mórán sgoileanna eile ar fud na tíre.

Ó na cineadaibh filidheachta is eadh do thánig furmhór na bhfilidh, acht ní gádh a rádh nárbh fhile gach duine de na cineadaibh sin, acht amháin daoine a raibh éirim iomnta chun na filidheachta. Fé bhuachaillí óga den chinead ar mhian leo dul le n-a gceird dúthchais do chuiread maighistir na sgoile ("oide" nó "saoi" nó "ollamh") fa sgrúdughadh iad, ag féachaint an raibh cuimhne mhaith acu, agus an rabhadar oilte ar an nGaedhilg do léigheamh agus do sgríobhadh. Tar éis gabháil dóibh thríd an sgrúdughadh do glactaí isteach iad san dámh-sgoil mar adhbharaibh ("sgoláiribh," "foghlacánaibh," "foghlaintidhibh").

Do b'é an chéad-adhbar léighinn ná a chéile do bí le foghluim aca gramatach agus meadar na Gaedhilge. Obair chruaidh do b'eadh í seo mar is léir dúinn ó láimh-sgríbeannaibh mar RIA 24 P 8, C ii 3 i n-a bhfuil riaghlacha an dána dírigh curtha

síos i gcomhair na sgol. D'fan na riaglaca i n-a sein-riocht gan aon acrugad do ceacht orra ar fead cúig gcéad mbliadan, 's é sin ón mbl. 1200 nó mar sin go dtí an bl. 1650. Dá gcuirfí duan ós comhair duine ní féadfad sé ó foirm na bfocal ná ó mheadar na rann aon tuairim do tabairt do dáta na duaine ná dá háit dúnaid; ní féadfad sé a rád cé acu i nÉirinn nó i nAlbain, ná cé acu san tríomhad haois déag nó san seachtmhad haois déag do cumad í.

Taob amuigh den teangaid, do bí d'fiacaib ar an sgoláire craobh gcinealaigh agus sein-sgéalta na nGaoidheal d'foghlum de glan-meabair. Do bí roinnt eolais ag na filidhibh—nó ag cuid acu 'pé sgéal é—ar an litridheacht romainseamhail ar a raib tóir mhór ar fud na hEorpa san seanaimsir, acht ní féadtar a rád gur sna sgoileannaib filidheachta fuaradar an t-eolas-sin.

Tá cúpla leabhar le fagáil againn i n-a bfuil tuarasgabháil ar an saghas beatha do bí ag adhbharaib na ndámh-sgol.* Do bíodh cillín nó "bothóg" ar leith ag gach sgoláire, seomrán gan fuinneoig agus gan trosgán acht amáin leabaid agus cathaoir. Gach tráthnóna do bailighdís le chéile chun céadta d'fagáil ón oide sgoile, agus i n-a diaidh sin d'imthighdís, gach duine acu go dtí a chillín féin, agus d'fanaidís ann i n-a luighe "ar a leabthaibh bog" ag machtnamh ar an gcéacht, agus ag déanamh taithighe ar dhuanaib do chumadh dóibh féin. I bfad amach san tráthnóna do-bheireadh seirbíseach coimhle isteach cuca, agus do sgríobaidís síos an méid filidheachta do bí ceapta aca. Ar maidin lae ar n-a mhárach do thighdís le chéile aris chun breith an oide d'fagáil ar a gcuid oibre.

Pé áit a raib dámh-sgoil ba mhór an tsuim do chuireadh na plaithe agus na daoine saibhre innte; nior leo do b'failligh gan gach cóir bíodh agus

* "Memoirs of the Marquis of Clanrickarde," pub. 1722; "Description of Western Islands of Scotland," Martin, pub. 1703.

dighe do chur ag triall uirre sar a mbeadh aon costas ar na sgoláiribh; agus d'fearaidís fáilte fíor-chaoin rompa Dia Satairn agus Dia Domhnaigh i ngach seachtmain, gá nglacadh isteach i n-a dtigthibh féin. Ó Féile Michíl go dtí lá Féile Muire san Earrach do bíodh an sgoil ar osgailt. Ar sgur don sgoil d'imthigthís na hadhbair agus teastas ón oide aca, ní hamháin ar an iomchar do bí fúca ar fead an téarma, acht ar an méid eolais do bí faghalta acu. Is minic bíos caint sna duanaibh ar "seacht ngrádha na filidheachta," 's é sin is dócha "Focluacán," "Fuirmidh," "Dos," "Cana," "Cli," "Anradh," "Ollamh." D'féidir gurab iad sin na grádha dó beiread an t-oide ar a adhbaraibh i ndeiread gach bliadhna de na seacht bliadhnaibh, acht ní fios dúinn cadain d'imthigh na tiodail sin as taithighe.

Nuair do bí na seacht mbliadhna curtha isteach aige agus na seacht ngrádha bainte amach aige do bí an file óg ullamh chum a cheirde do chleachtadh. D'imthigheadh sé ag triall ar flaith éigin—flaith a dúthche féin nó flaith eile—ag taisbeaint dó sampla dá chuid filidheachta agus ag iarraidh air é féin do ghlacadh mar ollamh nó "fear grádha."

Gach flaith nó rí a raibh cumacht mór aige agus dúthaigh leathan fa n-a smacht ba ghnáth leis ollamh nó a dhó do bheith aige i measg a lucht leanamhna chum caithimh aimsire do thabairt dó féin agus dá mhuintir, agus chum a ghlóire féin agus glóire a fine d'ardughadh. Do b'é dualghas ollamh caithréim agus éachta a ríogh féin d'aithris, a uaisleacht, a féile, agus a dheighthréithe eile d'admholadh, agus duan do cheapadh ar ócáid breithe nó báis nó cleamhnais aondhuine den mhuintir ríoghdha. Ba ghnáth leis na ríoghaibh na duana so do chur le chéile i bhfoirm leabhair. "Duanaire" do bí ar a leithéid sin de leabhar, agus tá cuid acu i n-ar seilbh againn inniu fós, mar atá: Leabhar Cloinne Aodha Buidhe, Leabhar Méig Shamradháin, an Leabhar Breathach, Leabhar Méig Uidhir, srl.

Ba mór an meas do bíod ag na flaithib ar an aos dána, agus ba fial fairsing do díolaidís iad, ag bronnad eac agus bó agus talmhan agus óir agus airgid orra. Acht do bí fád eile ag na flaithib beith ag "díol dámh." Níorb aon dóigh do ríg file do beith gá aorad agus gá imdeargad, "gá cosnam agus gá cnáimh-gearrad" ós comair an pobail. Teanga nimneach do bí ag na fileadaib, agus do bí cuid acu an-choilgneach an-bruigneach, agus ba mhinic dóib beith ag borrad le neart uabair agus díomais. Sna duanaib seo thíos do-chímid cuid acu ag imreas go géar le n-a bflaith féin, ag tabairt masla dó, agus san deiread ag imteacht chun gabáil le flaith eile.

Ní bíod de ceangal ar an filid fanacht i gcomhnuide i bfochair a ríog féin. Ó am go ham do téigead sé ag taisteal na tíre, ag tabairt cuairte ar flaithib eile. Do chuiread gach flaith fáilte roimhe, ag bronnad duas air i ndíol na nduan do cearad an file i n-a onóir. I n-a leithéid sin de dhuanaib ba ghnáth leis an bfilid rann nó a dó do chur isteach ag molad a flatha dúthchais.*

*Don léaghthóir ar mian leis tuillead feasa d'faghail ar na fileadaib moltar na leabair seo: "Bardic Poems of Tadhg Dall O hUiginn," Miss E. Knott (Ir. Texts Soc.); "Journal of Ivernian Society," 1913, Article by Professor O. Bergin.

1

Ó Dálaiġ Fionn ecc

1 A Colann cuġat an bás,
tuiġ féin go bfuil ann uaċbás;
ní dáil cosmail naċ cás lat
an bás san orsain aġat.

2 Creid naċ fada uait an t-éaġ;
bí a Colann ar do coimhéad;
ná creid don tsaoġal aċd seal;
a ċaoibaid deid ní diġċear.

3 Ós éigin duit duil i bfad
féaċ id diaid is féaċ romad
féaċ faoib is féaċ ós do cionn
féaċ ar ġaċ taoib id timcioll.

4 Féaċ an óige iar n-imċeaċt uaib,
a Cromm an duille diombuain,
mór n-amġar id Cionn do cuir;
dar liom ní haibar uaibair.

5 Imċeaċt do cos lúċ do lámh
féaċ do ċéadfada ar ġclaoċlád;
cuimniġ ar doille na ndearc
moille ar t'fuiġlib 's ar t'éisdeaċt.

6 Féaċ ar ċorad ċiġ a-maċ
asad, a Colann ċiontaċ;
do ċamra d'féaċain ret ais
féaċaid an damna diomais.

7 Féaċ na fiacla féaċ an rosġ
—ní ġlic naċ ġaibann teaġosġ;
ó tá a bféaġaim deid i ndán
creid do sgéalaib an sgáċán.

8 Déana ó ċarla mar taoi-se
sgáċán dot fior aonaoise
dá braiċteá a ċneas 's a ċruiċ
ní feas an mairfeá a-máraċ.

9 Ós imtè as éigean duit dul
féach an uaig ar n-a hosglaḋ;
truag an maise méaḋ [doḋ] gráin;
féag na taise ar n-a dtógbáil.

10 Féach a-ris—is raḋarc tinn—
pian an anma i n-uaim Ifrinn;
móide as cás an t-anam ann,
bás ní fagann i nlofrann.

11 Féach na teaḋma tá ar do ċionn
ag díogailt t-uilc i nIfrionn;
ní biaḋ fortacht ar ċ'olc ann;
ort do ċonntracht, a ċolainn.

12 Ní ċuireann ort guais ná gráin
roḃaḋ gach aonlá d'fagail;
ní gaḃann tú roḃaḋ riaṁ,
a ċnú folaṁ na n-ainṁian.

13 Iarraim ar eolaċ na naoṁ,
Micéal aingeal an t-aroṁaor,
mo ḃreiṫ ar long naoṁ nime
maor na nḋeiċ n-ord n-ainglide.

14 Dom ċur réiḋ re rig nime
máṫair ṁic na maigdine
díon m'anaim dí gid docar
tagaim i dom anacal.

15 Saoḃ nach aiṫnige ort féin
nach tráṫ duit dul ar díċéill;
luga sa ċáċ bríog do ball,
do bláṫ do ċrion, a ċolainn.

16 Allus fola Mic Muire
Micéal—maiṫ an teaċtaire—
rug ar neaṁ uaiḋ an t-allus;
mo ċean fuair an feaḋmannas.

17 Ní ḋeaċaiḋ corp naoṁmná ar neaṁ
aċd aonċorp Muire Maigdean
gid iomḋa bean 'n-a hóig ann;
ar neaṁ do-ċóiḋ a colann.

A ċolainn.

2

TADG MAC DÁIRE MAC BRUAIDEADA ecc.

1 A ċroċ Dé déana mo leigeas,
lus na sláinte sirid dam;
do maidbarr fa caom a ċéadoaċ,
a naomċrann saor gégaċ glan.

2 Congain liom ag leigeas m'anma;
mad áil leat fóir mo ċorp;
ar nDul i gcli san teag triallaim;
neam re ngaċ ní iarraim ort.

3 Dom ċrosgad tánag-sa ċugad,
a ċroċ Íosa fóireas mé;
doid rodalta ní dú a dímeas,
tú banaltra díleas Dé.

4 Tú d'altrom éinmic ar seatar
sluag an beada beanfas loċt;
fir 's mná na cruinne fad ċios-sa
a-tá bruinne Íosa it uċt.

5 Duit as marcaċ mac na hóige,
a eo corcraċ na gcaor ndearg,
bias san brát ar muin do marcaig;
trát sguir ba fortail bar bfearg.

6 A aball na n-uball gcumra,
a ċrann tortaid na dtrí mblát,
do fóiread leat lán na talman,
a ċlár breac ler caibrad cáċ.

7 Créad an ċúis fa gcantar aball
ret fiodbaid ċorcra, a ċroċ naom?
congain liom go leanar t'foras,
a mionn leabar solas saor.

8 A gráinne áluinn d'fiod Parrtais,
peacad talman [tú do] sás;
ba geall a ċlann ris an gcánaid
crann tar ceann n-Ádaim do fás.

9 Is é an crann-soin, a ċroċ Íosa,
t'adbar-sa—más fíor don sdair;
fa dearg an crann do ċrú a oċta,
is tú an call corcra fa ċnaid.

10 Abhall oile ón uball Éaba
do orduigh Críosd, a Chroch naoimh;
ammanna cáich uile t'ubla,
a mhuime bláith chumra chaoimh.

11 Is iomdat do doirt an Dúileamh
deiread Carghais —cródha an mhúich—
fuil a chridhe ar cuaird dar gcosnamh,
a bhile suairc dosglan dlúith.

12 Muir gorm do-ghéanta don talamh,
talamh don mhuir magh don tráigh,
's do-ghéanta péine, a Chroch chéasda,
roch ghréine is éasga madh áil.

13 Lá álainn don oidhche gheimhridh
do-ghéanta cheana, a Chroch Dé;
do-ghéanta trá [eadh dot aghaidh]
lá geal gémadh adhaigh é.

14 Ó chéadlá chruithighthe an bheatha
dá mbeinn dod luadh go ló an bhráith
gémadh mír do ghníomh ní [ghealfam]
do ríomh, a mhín [bheannchrann] bláith.

15 A Chroch dhearg i ndeachaidh Íosa
d'fhághail báis nachar bhás dó
don mhac Saor do bhí ar do bhruinne
do fhaomh rí na cruinne a chró.

A Chroch.

3

1 Ar n-oide múinte mac Dé,
oide múinte as mhac don mhaoi,
ar dtoil do thát re toil nDé
—ní hé soin re chách—a chaoi.

2 [Dáil] an scriptúir ó Dia dúin
cia nach iontnúidh res an eol
deocha millse as gá n-ól
deocha as mhillse blas i mbeol.

3 An ġlóir ċall ní cuillfir leo
an rann dá mhuinntir as mó
neaċ [ó] mharbha díoḃ ag Día
lia dá síol naċ dalta dó.

4 Roċrom do-ġabaid a ġrád
a ċaraid —ní comhċrom sion;
a luaġ oilithrina hé uam
mé do ċuar roidiomda an ríoġ.

5 Ón ngábaḋ do-ċiam 'n-a ċionn
ar [an] gcráḃaḋ do biaḋ barr
a scríḃeann dá sgaġta leam,
an ceann dalta as fírfearr ann.

6 Do ġaḃ sé romuiḃ an raon;
do sgoluiḃ Dé ní buḋ dual
neamhaḋraḋ do reaċt an ríoġ;
tearc díoḃ naċ deaġaḋḃar duaḋ.

7 Ní dá ċoil cartair an cion;
ní foil gan marċam 's ní mar
neaċ nar hoileaḋ a crú a ċneaḋ;
neamh an t-oirear as dú daṁ.

8 Olc an fulang naoṁ do-niaḋ;
caol gin gur cuimhng an róḋ
cuid ríoġ na talmhan don tréad
re a méad díoḃ as aḋḃar óg.

9 Cá beag daoiḃ re huċt a fiaċ
an t-uċt do sgaoil ar ḃar sgáth?
do ḋearmaid ar n-oide a fíoċ
naċ síoṫ broide ċeanglaid cáċ.

10 Do ḃí siad i n-easḃaiḋ iuil
na heasḃail 's ní hiad a-mháṁ;
cóir a n-altrom d'eagla an tuiriḋ
do mhúin eagna daġclann dáiḃ.

11 Do-ḃeir an té do oil inn
ó sgoil Dé mar do-ġeiḃ geall
dá dteagmhaḋ cás amhan ann
barr grás don aḋḃar as fearr.

12 Dá measda an méad dliġtear díoḃ
do ḋliġfeaḋ an tréad dá dtám
ḃeiṫ sgaġta ó ġnioṁ is ó ġlór;
is mór dalta ríoġ re ráḋ.

13 Ní fuide uann ainm a mná,
Gairm ar n-oide as duail do Dia;
Gid lán an cruinne dá clú
is dú ar mbuime do rád ria.

14 [Fionnar ó a] codlad 'n-a curp
dá dtograd d'iomad ar n-olc
go ndiongna rí an cruinne ceart
ar eact do bí [a] buime boct.

15 Gid iomda cinead do claoi
a diodba ná sinead sé
—ní bud dóig antabaig hí—
cóir dá mbí ar daltadaib Dé.

16 Crocad m'oide cáinig críom
's a loige a-táimid dá cúr;
mo martra d'fulang nac ál
cumang an grád dalta dún.

17 [Ní b]iad crádad ós a cionn,
Gid cian do-cámar 'n-a ceann,
sligе Dé d'imteact 'n-a nam;
an t-indleact mall is é as fearr.

18 [Mo] beit gan toirse dá cúr
's an toil-se do breit go buan
dom oide ní hanáir lán
grád gan loige d'fagáil uam.

19 Deacair cor i n-agaid Eoin;
tagaid mar do cog an fáid,
éantoga ar ab anta daoib,
dalta an tsaoir céadcara cáig.

20 Tarla ar gac cinead dá cloinn
go ndligead gan labra linn
cairt aga bás druim ar druim
a tuinn na ngrás gur failc inn.

21 Do reacad an fled ar luac
dar bpeacad do bean a blácht;
deoc searb do b'foircenn dá fíoc
do dealb síoc coitcenn re các.

22 Mar fuair ar síol Adaim am
—nocar slánuig díob act dream—
is uime do-cí sa cramn
'n-ar crom rí na cruinne a ceann.

23 Níor ċás pian acht pian gan ċúis,
ní 'n-a bás do bíadh a sbéis;
pian ar n-oide i n-uair an báis
ní loige an páis uaimn dá héis.
24 Fuair diúltadh as m'óige uam;
a míriar is móide as nár
gan é 'n-a soċar dá síol
crocadh an ríogh is sé slán.
25 Ní don anam glan a gut
an ċalann do ċar a-mach
dá n-aomadh Dia a ċeaċta im ċeadh;
cia an neaċ dá bud reacta a rad.
26 Gach ní do ċeilis don ċóir
bí, munar leigis do liaig,
ar do ċorp go gcuire péin
ort féin, a duine, 'n-a diaidh.
27 Cóir ó ċeas gráid a rád ria
an láim deas do dáil a crú:
"treadh m'fearann le [céadt] an ċló
créadt as mó le [dtreabam] tú."
28 Is dulta dóib uile ar t'iodt;
an Cóir gé ċuire 'n-a todt
is dual do dreiteamh deit ceart;
teadt fad dreit dud feiteamh ort.
29 Do pian, acht gin gur feit iad,
do mian ar mbeit mar nach díod
do ċuidigh [ar gcor i] méad
cuidigh don tréad ar ndol díod.
30 Docair gach cás don dá ċéim,
do bás dar lotuib gid liaig,
cuisle donnfola an deilg mhaoil
tromfola an taoib deirg 'n-a diaidh.
31 Truag iad ad ċaomhtach ar ċnoc,
a naomhráth, is siad ar sioc;
mine agus gile a dá glac
nír dac dinn-ne a rige riot.
32 [Ag] codal 'n-á dtoil gé a-tád,
ar gach bpobal dá bfoil fúd
racaid gairm fairsing ón éag;
bréag as ainm don aisling úd.

33 . . . . . Muire a deala daoib
Eaba 's gac duine 'n-a deoigh;
Ionann cré duid-se agus dáib,
foighse ná cnáimh é don fheoil.

34 Uair fa mbia cáċ ar crioċ
sa brát dia luaim 'n-a dá leaċ
an tslat ċall dá dtuga a-maċ
uċ! ní hann as buga an breaċ.

35 [Is creidte] 's a bás rem béal
san ċás gomad beitte bríogh;
re breiteamh ċeart Dia cóir taob
gaol don ċóir re reaċt an ríogh.

36 [Tréigeam] feasda ar bpeirg 's ar bpíoċ
—dá ċeird do bud [cheasda fuaċ]—
an lorg do gabas do gnáċ;
bord gaċ áit blagas a bruaċ.

37 Is é as reaċt don uile fíor
duine ag teaċt is duine ag dul;
gé a-tá an gnás i gcéill dá ċar
ní léir dam an bás im dun.

38 [. . . . a fala 's a loinn]
an bior ar naċ raba rinn
is baogal dún ar ar ndruim
súgh an buinn ler saoraḋ sinn.

39 An dile ar n-a dortaḋ dún
dine acht oċtar naċar b'ál
do báid muir gaċ duine dioḃ
a síol gur ċuir uile i n-ár.

Ar

4

Fear feasa ó'n Ċáinte ect

1 A ṡaoghail ón a ṡaoghail,
ó 'd-ċím do doirse baoghail
ar ndéamaḿ cruiḋ is ciste
nár mealladar mi-se a ṡaoghail.

2 A bhréagaigh ón a bhréagaigh
Gid sáime beit dot fhéagaim
is [tu-sa] an mhéirbheach mheangach
mairg do mealladh leo bhréagaibh.

3 A mheangaigh ón a mheangaigh,
Gid lór feabhas do gheallaid
ar Dhia nár dhearmar m'aimhleas
ar saidhbreas óir ná eallaigh.

4 A chealgaigh ón a chealgaigh,
Gid ait le cách do leanmhain
is tu-sa an sgáthán bhréige;
do chréidhe is mairg do mheabhruigh.

5 A chleasaigh ón a chleasaigh,
Gion go bfuilingim t'easbaidh
is lámh fa chaoidh nach cromann
beit reidh cumann, a chleasaigh.

6 A bhrionnaigh ón a bhrionnaigh
do-ní cumann an tsionnaigh
uait-se gach olc do mhéadhuigh,
a shaoghail bhréagaigh bhrionnaigh.

7 A mheablaigh ón a mheablaigh,
do chréidhe is mairg do mheabhruigh
go brách mi-se nár meallair,
a shaoghail mheangaigh mheablaigh

8 A lúbaigh ón a lúbaigh,
Gid tearc duit-se nar umluigh
ó Dhia ghlórmhar nior gheallad
nach meallfar fear do chumhdaigh.

9 A bhaoghlaigh ón a bhaoghlaigh,
do chor-sa is adhbar aonaigh
ó thaoi go cealgach umam
as do chumann, a shaoghail.

A shaoghail.

5

TAOG ÓG Ó hUIGINN ecc.

1 A-TÁID TRÍ COṀRUIG IM ĊIONN
FÁ NDLIG MÉ MEANMA ÍSIOLL;
DÚINNE BUD TRÁT DÁ DTUIGSIN
NÚIDE A-ĊÁĊ NA COṀRUIG-SIN.

2 NÍ DAṀ NAĊ DOIRB AN OBAIR
TEAĊT Ó NA TRÍ COṀROGAIB;
NÍ SIA AR RÉI-NE NÁ A RÉ SIN
AR RÉ LE ĊÉILE ĊAITIR.

3 GIB BÉ DO BEIT AR A DTÍ
AN LUĊT COṀRUIC-SE AD-ĊLUINTÍ
Ó GLEO AN TRÍR-SE NÍ ĊIOCFA
BEO ACT LE HÍSLE AIGIONTA.

4 COSG ÉANLÁ NÍ HEAD BUD LAT
IS A N-ARM ACA AR IOMLAT;
LÁ DOT AIMSIR GIRR NÁ GAD
IS RINN NA N-AIRM-SIN IONNAD.

5 GAN MO LIAIG DO LÉIGIN UAIM
RE HEAD LAOI D'UAIN NÓ [D'ANUAIN]
CÓIR DAṀ GO BFIONNAM AN BFUIL
BLAG IONNAM DO NA HARMUIB.

6 AN ĊALANN AG COṀRAG RIOM
'S AN TIGEARNA TÁ I N-IFRIONN
'S AN SAOGAL SEISE AR GCOLLA
ṀEI-SE IM AONAR EATORRA.

7 DOCAIR DON ANAM IODAN
DUL UAĊA GAN AIMSIOGAD;
A-TÁID TRÍ BIODBAID 'N-A BUN
AR TÍ IONNLAIG AN ANMAN.

8 AN T-ANAM IS UAIGNEAĊ DÍ
'N-A HAONAR GAN FIOR FÁIRTE;
AR GCLÍ-NE 'S A CÁRAID GAOIL
A NÁṀUID FÍRE D'ÉANTAOIB.

9 A-TÁID TRIÚR NAĊ TUALAING MÉ
DO ĊOSG DÍOM—DIA DO ĊOIRRSE—
AN ĊOLANN-SA BIAS DOM BRAT
'S A DIAS ĊOṀFALLSA ĊUMTAĊ.

10 A-tá roṁam bearn Baoġail
bréaġ Diombuan an drocṡaoġail;
is ġearr má ḋeaċ don doṁan
go ndeaċ ceann na gcatoġaḋ.

11 Siriḋ ṁ'aonta ó aois leiniḃ
teaġlaċ tiġe Lúisifir;
ar gcoiṁéiḋ-ne is beaġ a broiḋ
ceaḋ foiréigne ó naċ faġoiḋ.

12 Giḋ lá do ḃeiṫ ceaḋ an ċuirp
agam fa féaġaiṁ d'iarmuirt
caiṫfiḋ mé aiṫċeaḋ d'faġáil
nó caiṫfeaḋ hé d'ionsaḃáil.

13 An bonn do bí fan oċar
dom ċaoiṁna ar an gcatoċaḋ
's an dearna do bí fan mbior
na trí feaḋma go bfuilngior.

14 Dia Aṫar nior foláir ḋaṁ
do ṫeaċt ċuġam dom ċosnaṁ;
muna tí a dtámuiḋ i ngioll
dá náṁuiḋ nó a trí im ṫimċioll.

15 Do b'áil liom—leaṫtrom an cor—
go deaċam ó Dia Aṫor;
do b'áil leam don leiṫ oile
beiṫ teann as a ṫróicoire.

16 Ní ḋligim gé a-deirim so
gan doiġ agam a hÍoso
gé beiṫ lá gan réiḋe riom,
ar gcréi-ne a-tá 'n-a ṫimċioll.

17 Go mbia liom lá na breiṫe
Mac na hÓiġe d'áiriṫe
Sion go ndeaċaḋ saor aċt sinn
ó ġaol mo ṡeaṫar ṡaoilim.

18 Bean Áḋaiṁ an uair do ṫuill
fearg Dé fan deaċmaḋ aḃuill
a ġaol rinn-ne ní roiḃe
's do-rinne ṫaom tróicoire.

19 Bean Áḋaiṁ noċar áil di
coiṁéad aḃla na haiṫne;
fa-rior nior b'áil le hÁḋaiṁ
cáin an Rioġ do friotálaṁ.

Ní sirfead éaraic eile
orra ar-aon acht aithrige;
briseadh aitheadh Dé don dís
do mhaithfeadh sé acht go sirdís
A intinn Sion gur aithris
móide a aithbir iomaithbir
re freagra d'fagáil do an
do gabáil eagla d'Ádam.
Táinig crithe cinn na ndúl
air acht go n-aomadh iompúdh;
do rádh Dia: "I ndóigh a mhaithme
cia do-chóidh fam chomairce?"
"An t-uball far fás rinn-ne
lasair feirge t'inntinne
ní mé do bean, gá daoi dam;
lean ar an mnaoi é" ar Ádam.
Do-chuaidh d'agallaim Éabha
Mac Dé i ndóigh na haithméala;
do bí Éabha as a haithle
ar tí séana a sáraithe.
Do b'é rún Ríogh na n-uile
mar táinig a thócuire
beith léi-se ar lot na habla
's do loc d'éise a hagallma.
Do cheileadar a sciontа;
do chuig Íosa a n-aisiontа;
dul saor nochar dheachair dáibh
's a bpeacaidh ar-aon d'admáil.
Do ordaigh dóibh Spér Doirbh lais
a gcur ó chrannaibh Parrthais
dul ar eachtra leath ar leath
ar son gan teachta ar taithleach.
Do chaithfinn crithe toirrseach
[i-né] ar m'intinn amhoirseach;
narab ionann é is Éabha
mé i n-ionam na haithméala.
Iarrmuid síoth ar son ar loch;
ionmhuin le hÍosa an umhloch;
a-tá ar tí riaraighe rith
dar mianaibh-ne Rí an ríchidh.

30 As so suas dá seachnadh mé
na neithe do-ninn roime
a n-aithior an uighe sinn;
duilghe an t-aitheion im intinn.
31 Is é ceard na gceachta ndúil
—córaide ar n-aigneadh d'iompúdh—
an té do bí 's an té tá
agus is é an tí theastá.

Atáid.

6

1 A-tám i n-easbaidh mhoirc
ar gcaitheamh mo théadradhoirc;
sriam do chaithfinn ris an gcorp
ó mbiadh aithrinn ar m'amhorc.
2 Tuigim mo dhíoth mhoirc as
nach móide iarraim eolas
gan éantroigh ar a haghaidh
ag céadfaidh dom théadfadaidh.
3 So n-aithnighim orum fém
móide as oirdhios a haimhréir
nach foil roirinn ar mo rosg;
doibhinn lem choil a teagosg.
4 Dá mbeinn i gcogadh rem chorp
ní bhiadh easbaidh ar m'amhorc;
tug síoth do thabairt dom choil
dhíoth amairc ar an anmoin.
5 Ní cosmhail nach mealladh mé
mo náma i n-aimsir m'óige
's go saoilim go bhfoighbe fadh
oirn-ne i gcaoileirr an chéadh.
6 Nach faicfe sinn ó so a-mach
aithnim ar m'aigneadh ndíomsach,
gé theasda ón radharc a rinn,
d'amhorc feasda acht a bhfaicim,

7 AR NDUL Ó AR DTÍR FÉIN I BFAD
TUGAD LINN—LÓR DO DEARMAD—
DO BRÍG AR NDEARC DO DALLAD
SEARC DON TÍR I DTÁNGAMAR.

8 DO BARR AR BUAIN NA HABLA
DO CUIR D'ÉIS A HAGALLMA
MAR DO COILL ÉADA AN AITHE
SÉANA CROINN NA COMAIRCE.

9 OIDHE DÉ LER DÚINEAD NEAMH
DO BAOI GO CEANN CÓIG N-AIMSEAR
NAR ROINN SÉ A GLÓIR RE A GAOLTAIB,
AN CÓIR IS É D'ÉANAONTAID.

10 FUAIR AONTA AN ATAR NEAMHDA
GUR B'Í TOIL AN TIGEARNA
TEACT I DTRUAILL CUMAING AN CUIRP
TRE BUAIN AN UBAILL ORRDUIRC.

11 DO CEAD NA CÚIRTE MÓIRE
TÁINIG I MBROINN BANÓIGE;
AN COMAIRLE AS AR LUIG LEIS
DÁR NGONAIB-NE IS LUIB LEIGIS.

12 ACT ÉAD AR AN SEANÓIR SAOIR
FAN MAC NAR CUILL A TATAOIR,
D'FOILÉIM MAR DO-CUAID 'N-A CORP
TOIBÉIM NÍ FUAIR A HÓGACT.

13 DO B'IONANN AGUS A ÉAG
A TEACT I GCORP DÁR GCOIMÉAD;
DÁ BÁS DO BÍ 'N-A FIOGAIR
RÍ NA NGRÁS DO GIMIOMAIN.

14 BEATA CRÍOST GUR CAITEAD RIB
FEAD ÉANUAIRE DÁ AIMSIR
GO LÁ A BÁIS NÍ BÍOT GAN PÉIN;
PÁIS DO BUD ÉRIOC DÁ CAITRÉIM.

15 MÉ DÁMAD MAC DÍLEAS DÓ
AN CROC FAR CUIREAD ÍOSO
DO RACAD AR DÉARAIB DAIM
FÉAGAIN M'ATAR GÁ HIOMCAR.

16 NÍ BEAG AN DEARBAD DOILLE
MAR FOLAIGTEAR ORAINN-NE
NA RÓID DO NOCTAD GO NEAMH
LE SGOLTAD A CÓIG GCROIDEAD.

17 [Do] dúnad ar an teach tall,
ní raibe iadta ar Iorrann;
an bas do chosgair an clóg
glas nír osgail i n-éanló.

18 Do ling an t-anam gan fios
a corp Dé—díochra an cairdeas;
do bí a caithréim ós aird ann,
do airg don aitléim Iorrann.

19 Dá fichid lá isteach go dtug
do fuirigh—fa cuaird cáruid—
ar dtoacht a chinid re a chois
ar sligid go port Patrois.

20 Nach deachaid ar a dheis féin
go bfuair aontaid gach fíréin
do an-san—nior beag an báid—
re cead na n-aspal d'fagáil.

21 Na grása ler imthigh uainn
ní thiobra Íosa an athair
cumrad saor díob don duine;
ná bíom taob re a thrócaire.

22 An bratach le mbrispe cath
do-géana acht go dtí an tobach
ga seolad le sluagh nimhe
leogan don uan aingidhe.

23 Do thabairt impide air
ní racha naomh dá naomhaib;
ar Dia nach trácht dá tabairt
ní bia cách 'n-a chontabairt.

24 A osglad ar a agaid
pian don duine diúltpadair;
is cnead glúin nó cnead choide
súil ar teagh na trócaire.

25 Gan a fuathachad air féin
dar lat is lór do mhéill,
gin go mbeath m'easgara ann,
teach na heasbada Iorrann.

26 Don chur-sa cloinne hEaba
cúis eagla na hairrdeana,
na pianna 'n-a dtuile ag teacht
's na miana uile ag imteacht.

27 Go lá an bráid nach bia san corp
a-tá fós aige d'furtocht;
fuigeall builleann an anam ann
gan calann uime i nglórann.

28 Ní buí móide mo meanma
mo chonnluicce óm cigearna
a gcar go léir ar mo láimh
dámad léir dam a ndíogbáil.

29 An corp cig do nim a-nall
diadacht Iosa 's a anam
ranáir don tí nach tuigfead
fagáil na dtrí dtionnluiceadh.

30 Do geallad Glóir Dé dam-sa
an cuing do-cóid oram-sa
dá bfuilingeam go buan 'n-a bun;
is dual cuingeall i gcumrad.

31 Ní fuil easbaid ar m'ichr
nach féadfaide d'fóirithin;
mór gcré nach tabair torad
go bfagair lé leasogad.

32 A-tá 'n-a cnoc ard rem ucht
an díomas do dall m'anmarc;
tairgsim mo lot do leigeas
an cnoc aird-sin isligeas.

33 Ní bí dá caisgid im choil
rún as aimleas don anmoin
i n-uair caointe mo cheana
nach faoicfe a thruaill caisgeadha.

34 Ó nar caitheas rinn mo rosg
san aimsir tall re ceasasg
do riaglad céadfad an cuirp
déantar le hiarmar m'anmarc.

35 Im laithib do-cuaid caithim;
biaid m'aimsear 'n-a héanlaithib
ag dul coram go dtí an t-éag;
bí, a colann, ar do coimhéad.

36 Fa deireadh don doman mór
lá an báis—ní beag an claochlódh—
do-ní, a duine, doman beag
a torad uile d'aiseag.

37 Is cúiteacáid 'n-a cheadaib
cuimhne ar mo chríc ndéideanaig;
lá an báis act nach bí ar m'aire
a páis ní hí as eaglaige.
38 Nach léir dam gurab tríom tug
uan Muire i measg a náma
a slán fa cheasgain a cuirp
a-tám i n-easbaid amuirc. Atám.
39 A n-éisteacht tar ceann mo cheann
dá ndiultá an mac, a maigdean,
a Muire, ná faillig féin
guide an aingil 's an fíréin.
40 Ní fríoc ar fead an domain
do chorp iomraic ógamail
nó gur himleadh a lion lais
a díol d'innbear it éagmais.
41 Go ndeachaid síos ar a son
do bréag t'umla 'n-a héanar;
rí na n-uile i gcéin cuca
fa réim duine deorata.

Atám.

7

1 Blácht an machuire Muire.
a dhaoine, [nach diultfuidh]:
ní fuil agaib fácht fuirig;
an blácht abaid iomsuigid.
2 Ón lá cáinig i dtalamh
rí an domain fa deagbalad
a-tá [a] luib cabra ag cácht
garrda 'n-ar cuir fa comácht.
3 Córaide a meas re Muire
is béas dom blácht machuire
ar nach bí gabáil 'n-a glac
act a fagáil dom ti dogfas.

4 A DUASA MÓRA MINCE
GÉ A-TÁID ORUIB IMMILLTE
RACAID CORUIB TRÁC OILE
BLÁC TORUID NA TRÓCOIRE.

5 MÓR N-ADBAR ARAB EAGAIL
GO MBIA I N-UAIR AN AIRTEAGAIL
GIB LÁN DO CORAD AN TRÁIG
MO LÁM FOLAM DÁ HAGÁIL.

6 CEAD A BUANA Ó BÁS A-MAC
NÍ CIOBRA CRÍOSD AR CEANNAC;
SAOR A-BOS BLÁC NA FAIGTE,
A-NOS TRÁC A CIOMSAIGTE.

7 GIB IOMDA DÁ HAOS GRÁDA
DÓIB AG DEILB NA SIOCCÁNA,
IS LÓR DON UILE A HEINEAC
AR MUIRE ÓG D'IMPIDEAC.

8 DO [BIAD] AIGE AR BLÁC NA MBAN
'S A CÚL DO CUR RE PEACAD
ANNSACT NA MBEAC AR AN MBLÁC
GAC NEAC DÁ ANNSACT D'ÓGLÁC.

9 GO GCOISGEANN DIOMDA A DALTA
NOCTAR DO DRUIM DÚTRACTA
CÍCE AR MNÁ GAOIL GÁ GUIDE;
FA SGAOIL A-TÁ AN TRÓCUIRE.

10 A GRÁSAIB MUIRE MÓIRE
DÚINN NÍ DAMNA MIODÓIGE
AN BRÁGA DAR BEAN A GLAS
BEAN DO BU DÁNA DÓCAS.

11 DO DÁILEAD A-NUAS DO NIM
DON MNAOI LE MÉAD A CREIDIM
—DÓIG NA MNÁ-SA NÍR MEACAD—
GRÁSA AS CÓIR DO CUIMNEACAD.

12 RESIN MBRÁGAID DO BÍ I LÁM
DO COGAIR GEALL DO GABÁIL;
MAIT SÉAN AN GILL DO GABAD
SGÉAL BUD LINN DO LEASAGAD.

13 DO-CUAID DÁ FAICSIN 'N-A HUCT
GEALB MUIRE—GÁR MÓ GUASOCT—
GUR BUING DON DEILB A DALTA
'N-A SEILB DO DRUIM DÁNACTA.

14 "Do míriar Sió deacair dam"
do ráð re Muire máċar:
"beiċ dod réir ní dóiȝ dam-sa
mo ċóir féin go bfaȝar-sa.

15 "Má ċarla aindliȝe ann
Saḃar sgáċ m'aimḃis aȝam
breiċ na deilḃe leam i láim
mar ȝeall rem eiḋre d'faȝáil.

16 "Mo mac—ní dó a-ḃáin do ḃeinn—
go lá m'éaȝa is eað ċuiȝim
aċd muna sgaoile Dia dé
naċ bia ar Scaoin-ne re a ċéile."

17 Tuȝ Muire ȝur maol a ȝoim
aiseaȝ a mic don máċair;
fuair síoċ an té dá dtuȝað
is fríoċ é ȝan fuasluȝað.

18 Le a luaċa tuȝ a ċoraḋ
do bíċi dá ḃreaċnoȝað
a haiċle an ȝill do ȝaḃáil
nar mill aiċne an uaċdaráin.

19 Ní meaḃraiȝċear ar Muire,
Sió minic a míorḃuile
bráiȝe do ḃuain a ȝeimil
as áille fuair fóireiḋm.

20 Do bí ar an mnaoi Sá dám dí
—díom féin do beanað bráiȝe,
ní luȝa m'éiȝin dá héis—
cuma naċ éiḋir d'faisnéis.

21 Dom anmain is eað ḃeanas
an mac do bí i mbraiȝdeanas;
fan sgéal do ċráð a criḋe
dál mo ḋéar do dliȝfiḋe.

22 A-tá rem fiaċaiḃ uaim-se
—fan mac ȝér mó a hanḃuain-se—
go dtráiȝe mo ċuile loċt
bráiȝe naċ fuiȝe furtoċt.

23 Naċ ionann an t-aḋḃar déar
—crioċ fáȝḃuim ar an uirsgéal—
an cás dar ȝaḃomar ȝreim
is cás anollam ifrinn.

24 Suil dheas meas ar méad mo cheann
ní fóghnann dam dom dídean
a ghell dá ngabha mi-se
acht cara teann tairise.

25 Ní mhonghnadh d'fior mo dhoibheart
—bíd guasacht san ghealltoidheacht—
a chaomhna ar ghell do ghlacadh;
fearr go haobhdha m'anacal.

26 Ní bláth garradha as ghoirthe dí,
luibh an mhacaire Muire;
lán don bláth tarla an talamh;
is tráth m'anma d'fuasgalad.

27 Gér áibseach maitheas Muire
i súilibh na sochuide
beith do réir an Dúilimh dí
'n-a súilibh féin ní faicthe.

28 Chadáil do-ghéibthear ['n-a] gar
bean toighe na dtrí bpearsan;
gearr ó gach duine a dheighteach
ceann Guide na n-oileithreach.

29 Go ndearna ar siur éigean air;
grádh don chóir chuig ar dtosaigh;
do thréig a mhian do Muire
sriain nach téid re a thrócuire.

30 Bean déanta na ndaoine dí,
bean dar buidheach Dia is duine,
bean nar threabh le tuinn meanma,
cuing leir threabh a tighearna.

31 Iocshláinte fóireas gach nimh,
béal do b'foirbthe i n-aois leinibh,
crithe nach gabann fa ghrádh,
nighe na n-anam n-easlán.

32 Bean chúitigeas ar gceana,
ríoghan as mó muinteara,
bean thoibhgeas toil na gcroidheadh,
's ga bfuil saidhbreas sochuidheadh.

33 Leag lóghmar as lia buadha,
cruithneacht abaidh ionbuana,
comhurtha an tunna nach tráigh,
urra coburtha a compáin.

34 Bean do chuir na folta i bráid,
bean do thaoch neart a náimhid,
sód feichme na bfear ngrádha,
bean teichme na teagmhála.
35 Bean folaig an adhar mhóir,
bean do shaothadh re seanóir,
bean nach admhadh a fear féin,
bean nar hagradh i n-éinchéim.
36 Ní mionghnáth gráth d'fagáil as;
"fasaidh daonnacht tre dúthchas."
móide an t-álgas fuair an bean
uaim mar thángas 'n-a timcheal.
37 Do b'airrdheana dísle dí
ón dá thaob táinig uimpe,
a haobdacht is a humhlacht
a maordacht 's a measardacht.
38 Toil a mheanman dá [mhogaidh]
tug Críost mar do-chualabair
gur fuluing a gcion don gha
[ó choir] ubaill na habla.

Blát.

8

Amhran mac Aodhagáin ecc

1 Bréagach sin a bean,
ní beag seal don baois;
smachduig t'aigneadh óg
a bfuil ród dot aois.
2 Aimic tú ar an éag;
cuimnigh, a ghéag ghlan,
blát an domhain dhaoir
nach sealbh dhaoibh nó dhamh.
3 As do bhais mheir mhaoith
ná déin bhaois, a bean;
gidh bé as buaime ré
ní mhairfe sé acht seal.

4 Ná déin eisdiu uaill
Gearr san uaig go mbiad
na lúba ar lí an óir,
ná tug dot óid iad.
5 Bíod t'aire ar an uaig,
ná sill an gruaid geal;
san tsúil mairb glais mhuill
ná cuir suim ná sead.
6 San troig rocruim réid
ná fag-sa féin fonn;
taob as taise clúmh
tuig nach tú do chom.
7 Biaid mar blácht an fiaig
—i gcriaid ní cóir team—
snuad t'ochta mar aol,
do bruinne saor seang.
8 I dtalmhain—tuar leoin—
smuain fa deoig do dul;
biaid a gné mar gual
an béal go snuad sub.
9 Ar ndul duit i gcré
mi-se gid mé ann
ní chiobrainn riot taob,
a chúl na gcraob gcam.
10 Ret fhaicsin, a folt fiar,
do-chuaid mo chiall uaim;
duit, a bruinneall bán,
bad aithreach lá an luain.
11 Tuirseach dam 'n-a ndeoig
briathra do beoil binn;
do glór síde sáimh
ní mé a-mháin do mhill.
12 Ná bí baoth do gnáth
cummig cách ag éag;
an folt fleasgach fann
ní fuil ann acht bréag.

Bréag.

9

DOMHCAD MÓR Ó DÁLAIG ECT

1 Duime trír mátair mhic Dé;
go roib linn i ló an fhinné
a radalta [an] rí neamhda
banaltra trí dtigearna.

2 A n-altrom nír dheacair dí
trí branáin chláir na cruinne
aoibda an triar a trí dalta
dá riar do bí an banaltra.

3 Duime an trír-sin Muire mór
dá n-altrom do bí an banógh
triur i n-aoncholainn amh-áin
nó gur aonchroibaing [anbáil]

4 Ag ingin an fuilt leabair
maith do uair a oileamhain
a hathair i n-uchd Muire
athaid i gcurp choluibe.

5 An mac do b'fhearr-de i-se
dá oileamhain aicei-se;
an rí caránta ar a cíg
baránta í don airdríg.

6 An treas chú don chroibaing glan
teachtaire a huchd an Athar
fa hé [a] ionad a huicht-se
Spiorad Dé ar a diadaicht-se

7 Toircheas na hóige is é an fáid
aice do fuair a chógbáil;
ag so an tí do fóir oraind
trí cno óir a haonchroibaing.

8 Triur as goire gaol di-se,
triur do hoilead aicei-se,
trí leanmáin ler luig Muire
beangáin fuil a haonmhuine.

9 Triur i n-a dtrí daltaib di
trí meic ochta na hóige;
gach rí dib ruinn-ne dá roinn
trí ríg na cruinne an chroibuing.

10 Trí heochraca múir Muire,
trí tobair na trócuire,
rí 'n-a aonduine ós gach fíor,
trí aoguire dom feitheamh.
11 Trí dalta Muire móire
toirchéas bronn na banóige;
an tí tharla ar úrd gach fir
trí gabla dúm an Dúilimh.
12 An triur-soin ón tig neamhda
an Trionóid, ar dtigearna;
neach do bí 'n-a brátair di
is í a máthair 's a muime.

Duime.

10

1 Ceithearn coilleadh clann Ádhamh,
clann Ler coilleadh a riaghail;
buain re crann as a gcánadh
clann Ádhamh [uaidh] ar iarraidh.
2 Cé tá Dia ag díon gach peacthaigh
dá síol cia nachar chontaigh?
is truaigh an tráth fá dtuigtir:
tuitfidh cách uaibh 'n-a gciontaibh.
3 Gan seilbh an ubhaill d'Éadha
níor fhulamh—gér feidhm dána;
dá cloinn do bean a mbuadha
bean bhuana chroinn na cána.
4 Crann na haithne tré iomadh
—a aithne is ann do cailleadh—
do chuir sé mhaoi thar milleadh
do bhaoi i gcinneadh hé d'aingeal.
5 Seal péine ar chorp an Choimdeadh
tre ar bpém-ne i bport a bhíodhbadh
ar loit sinn más é a adhbar
damnadh Dé inn ro b'iongnadh.

6 Do fulaing beit fa a mbreathaib
do leit ubaill a fachain;
sé i n-uaig gan fear 'n-a fochair
teag ochair fuair ar n-athair.

7 Cuir, a duine, re a déanamh,
guidh ar Muire reo mínadh;
doilge deit é ná a déanamh
[sealadh] Meic Dé gan dúnadh.

8 Re fead diomdha Dé, a duine,
do biodba is é t'fear faire;
biaidh sé ort 'n-a dá eire
an t-olc reimhe is é ar t'aire.

9 Nocha bí act ar brú baoghail
san ní nach dú do déanamh
biodba Dé ar t'olc 'n-a fiadhain
gidh diamair é ort ar féaghain.

10 Saor na cruinne ó nar chrais
ní chuille an t-aob [ór] ailis;
fuath do reacht Dé níor dligis,
milis é re dteacht dhaibhis.

11 Foghnamh go bás dó dlighe;
mó sa mhó an gras do-gheibhe;
má tá ar-aon re Mac Muire
cuire lat gach aon eile.

12 Céim deacair dul ó a falaidh
gan cur peacaigh i bpudair;
gidh suairc bim fa mbí im dheaghaidh
dleaghair dinn ní ó a-nuraidh

13 Lámh linn níor féadh an uile,
is lán inn do mhéadh meanma;
níor faomh mé diol a diomdha
biodba Dé diom go nderna.

14 Mé an gort nach tig a thoradh;
tig gach gort mar a gheamhar;
is mé an siol nar gabh gliadh
ní taradh glan diom dleaghar.

15 Saor sinn ar falaidh t'ochair,
sinn it aghaidh re hathaidh;
[nír] faomh mé an corp do chaithimh,
braithidh sé ar m'olc, a athair.

16 Síol Ádaim is síol sligeadh
síol dá nach tárair toradh;
dá cloinn do chuit a dtaradh
coill falaim duit an domhan.

17 Tre ar fás gach laoi d'feirg t'ochair,
a leinb do bhaoi sa Deicil,
breith ar cách uaib, a Athair,
rachaid uair nach trát teicid.

18 Fa-rior is olc dot iarraid
gach olc do sior im shúilib;
múin do réir dúinn do déimhin
réidigh fein dúinn, a Dúilimh.

19 Nior lór deit gach dál eile
gan an ngrádh, a Meic Muire,
mo chrad tar ceann a nolige;
fag cride [i ngeall do] guide.

20 Maith mo dhíon ann ar aoibneas
fad dhíon an dann do-chuadas;
car red réir má do-rineas
díleas dam fein a bfuaras.

21 A bfuil reamhuin-ne id rídig
dar bfearainn-ne a bfuil fúchaib;
brátair duid mé ód mháthair
druid brátair Dé red dúthaig.

22 T'fearg, a rí, um ceann do chloinne
re searg dí bu fearr inn-ne;
do shíodh, a cinn na cruinne,
buime an Ríog rinn do-rinne.

23 Do bí raon dod rád roimhe
do bu caol re cách uile;
súg a cíg is a cride
slighe síd go múr Muire.

24 Do síoch re cách do ceangladh
bar bfíoch an trát do toirneadh;
breith t'fhine duit ó an damnadh
adbar luit cride an Choimdeadh.

25 Tú it aonar fuair a n-eire
do saoradh uaib an uile;
dul sa leacht clé dod cride
slighe i dteach n'Dé gun duine

26 Do ċeaċta ón ċóir 'n-ar gcoinne
is eaċtra do fóir inn-ne;
ón lán do bíod 'n-a bruinne
's ó buime an ríog is slán sinn-ne.

27 Tréan tú ar gaċ éinní eile
is tú éinrí na n-uile;
ort, a rí, go ria ar n-aire
caide an ní as Dia don duine.

28 Diomda ag uan Dé 'n-a deagaid
is truag don té naċ airig
grád do Dia an tann naċ tabair;
cia as cabair ann 'n-a aigid ?

29 An crann do-ċóid 'n-a ċroide
is ann do fóir ar n-eire;
gid feidm dó deilb na n-uile
mó ná an duine a feidm eile.

30 Rí an luain ag breiċ an báire
do-ċuaid ar gcreiċ na cróine;
iomda a bruar d'ulc san Aoine
aoige i bpurt fuar na hóige

31 Aigneas ag maor na meide
fa ċaom ċaidleas ar gcride
[dú] seal dí dá gaċ duine
mead na n-uile is sí ar slige.

32 A síod ní head do oileas
neam do síor gé do sireas;
is tearc aċt an té caġas
gabas reaċt Dé mar dligeas.

33 Cur re teaċta i dteag nime
ná lean ar eaċtra eile;
fognaid sí deit, a duine
guide is í ar n-a reic reime.

34 Dom deagail re dáil ċeana
'n-a deagaid nior ċáir cuma;
críoċ ar do ré ní raga
dá brага síoċ Dé ar ndula.

35 An fear len mian mo múnad
triall i n-a ċeag go dtúirear;
gid mór n-almsa dó do dáilead
mó as dáileam dam-sa an Dúileam.

36 Éiric álaḋ Dé im ḋeaghaiḋ
mé i ngábaḋ ó na gonaiḃ;
gaol na craoiḃe ḋar gcaḃair,
craoḃ ṫaraiḋ ḋaoine an ḋomain.
37 Ní glac sé maiṫ naċ millfe
giḋ bé ḋo ċaiṫ re caiḃṫe;
giḋ bé ag a mbí bean ċoiḃċe
an teagh ḋoirċe is í a fáirċe.
38 Gaol Muire maiṫ an ċoimḋe
do ċáċ ar ċréaċḋ na sleighe;
mór gcás far ċóir na huile
gan ghrás Muire ar [óiḋ] eile.
39 Miorḃuile máṫar Íosa
iomḋa fear fuair a n-aiṫne;
—fios a sgéal cia naċ cluinfe?—
lia uirṫe ná féar faiṫċe.
40 Mór ḋtáim ar tí ar mbáiḋṫe,
bás m'anma eagail linne;
ó ḃaoghal beoil na tuinne
Eoin Bruinne saoraḋ sinne.
41 Rinn lasraċ leice lfrinn
iomḋaḋ uaighe i n-am loiṫe
cás truagh téagaḋ na leice
ḋéanaṁ seice as tuar toice.

11

1 Cia ḋo féaċfaḋ ar m'éigin?
tarla a lán ḋom leiṫéiḋiḃ
san glas i ḋtámaiḋ gan tail
naċ tánaig as gan eoċair.
2 An glas do liaḃaḋ oirne
d'osglaḋ muna féaḋoim-ne
ná fuilngeaḋ sé ar n-osnaiḋ air
an té as cosṁail ḋár gcoḃair.

3 Fear is dáil cobra cuige
méad a éigne is usaide;
gníom nó go ndearna fa deoid
mo díon ar meanma Mícheoil.

4 Mo chion do-chuaid i roimhéad
gomad obair m'iomchoimhéad;
mise is m'óige re holcaib
móide an treise ar dtarochtain.

5 Ar m'fhognamh ní huair chaide,
anois trát ar dteasairg-ne;
an lá as goire as fearr m'feicheamh
m'oire ós 'n-a ceann cuirfichear.

6 Ní hé a díoch áirmhim uile
Dia dá ndiulta a cheachtoire;
dam-sa muna coisge tréan
doilge a masla do Mhícéal.

7 Ó bias liom lá na tiomna
maor tobaig an tigiorna
créad acht éara deise dó
mise dá n-éara íoso ?

8 Ní dligfead gan mo dearad
brát díreach an Dúileamhan;
dá mbeat m'éag 'n-a éag imill
an bread créad nach cuimnigim.

9 Ag coill reachta ríog nime
a-tú ó chús m'aimsire;
do caithfide ar sgát mo sgeoil
blát ar maithmige Mícheoil.

10 Leis do díolfaide a diomda
beith do choil an tigiorna;
a síod a-raon do-roigne
maor an ríog dá riaroim-ne.

11 Ní áiréamhainn m'éara féin
acht Dia do diultad Mícéil;
ní bud comnáir dam-sa is dó
masla d'fhogbáil ó íoso.

12 D'éanfuil is usaide ar ndíon
mise is máthair an airdrioġ,
Muire i n-ar seilb gach ré seal
gan m'feidm uile ar an aingeal.

13 D'fhior m'éigne is adbar diomda
ar ceacdaire an tigiorna
—ní caitheann do-chóid 'n-a tréan—
an chóir dá maitheadh Mícheál.

14 "'N-a fhíoch dá brásadh fuinneann"
m'fuigheall ris an arcaingeal
"suidigh sinn ar saor nimhe
ná taobh inn re himpidhe."

15 A réadla iuil na n-uile,
bean a truaill don trócuire;
tairg trát mo locht do leigheas
blát ar n-olc sul aibgigheas.

16 Gé tám ag tuar do diomda
cia tu-sa acht mo tigiorna?
ní tuilltir é mar budh eol
mé dod mhuintir, a Mhícheoil.

17 Ionnsaig an uaim as neasa,
mitid cuimhne an chairdeasa
—ag sin an brát ag bagar—
nó sir trát dar dteasraghadh.

18 Ga cur a-ris 'n-a riocht fein
i ló an mheasraighte, a Mhícheil,
cré a [chéile i gcách] ní chuirfe
ar gcréi-ne an trát tiomsuighte.

19 Cuma gan t'aitheartrach ann,
a chroinn fosgaidh na n-anam;
gá seise ar budh déanta id dheoidh
dá séanta mei-se, a Mhícheoil.

20 Tabair m'éigean dot aire;
laimhtar [thart id] trócaire;
an chóir is a rinn riom-sa
fóir inn as an éigion-sa,

21 Mo locta i ló na breithe
ar deoir liom ní leigfeithe;
lá ar ndaorthai-ne ag cramn an chís
ní ham maothchroidhe, a Mhichil.

22 Don anmain nó go n-ionnla
gadh dreise ar do tigiorna;
ar sal do gabáil glanta
fag i n-anáir t'umlachta.

23 Mitid mo cosg do cionntaib,
do-cuaid tort mo táirrioctain;
is treise dúin-ne fa deoid
gé múine mei-se, a Míceoil.

24 Tair dá n-adad im ionad
gona doimne an Dúilioman;
an taob dearg dá ndúine dam
searg is a úire an t-álad.

25 Ní fognann act 'n-a am féin;
cuir-se ar múnad, a Míceil;
biaid lá bus cás ar gcoimde
an grás gé tá ar táboirne.

26 Feiteam m'anma ós díot dleagar,
a maoir meic an Dúileamain,
féacar cia do héarad ann
Dia muna fágad oram.

27 An té tarla ar mo leas-sa
dá raib leam lá an aigneasa
do cóir gé adma an t-aingeal
ní dóig agra an t-arcaingeal.

28 Gin go maiteam do maor Dé
gan cur liom i ló an finné
fuair ar mbiodba d'át oirn-ne
nac fát diomda ar ndiultaid-ne.

29 Fa céile noca coimde
mei-se is maor an meadaigde;
dam-sa a-tá mar nar tuillead
an lá annsa an t-arcaingeal.

30 Créad act toibéim dá treise
Dia dá ndiultad m'oircis-se?
maor Dé, dá ndearnad ar gcóir,
nac bearnad é dá anóir?

31 Luac m'foganta d'fagáil dam
ionann dó agus mo dearad;
nac géadba act gun té do tuill
is é m'éara go háluinn.

32 Maor Dé do díon an uile
ullma iná do hiarrfuide;
re cabair d'iarraid ní an;
triallaid i n-agaid m'anman.

33 A aitearrac mar aigne
it agaid ní iarrfaim-ne;
cia a-béarta do díol mo cean
fa siod dá n-éarta an t-aingeal?
34 Goin an croinn ro cíoc deas-sa
gémaid fácain faitceasa
beag m'eagla fa crú an croide
dá bfreagra tú ar dteactaire.
35 A-tá an t-aigne im ionad
rem ceanaib dá gcúirtiogad;
teact ro teag muna tuillear
lean t'eact ar an arcaingeal.
36 A-tá do thuime ar n-éigne
's gan im corp dar gcoimhéid-ne
go gcaitfide a rinn reimpe
maithmige ar gcinn coimirce.

12

Ó DÁLAIG FIONN ecc (?)

1 Cia le gcoiseomtar m'anam?
cia éisdeas [rem] uragall?
díon m'anman—gá cruaide ceisd?—
[mo thruaige] an t-adbar aiteisg.
2 Eagal dam nach dionsna acd cóir
breitheamh ceart Sléibe Si-óin
lá na comme an trát tiocfa
cáid 'n-a coinne ar cuideachta.
3 Ar an sliab i gcomme cáid
tiocfa breitheamh laoi an luanbráit;
bread do-béara dóib ón dligead
mo sgéala as cóir creidfidear.
4 Ann do-cífear an cros doinn
—lá a taobaid a-tá romam—
ar an luig cealg ar gcionad
is fuil dearg an Dúilliomán.

5 Fóir dia luain lá na deagla
d'eagla feirge an tigearna
ar nguais-ne, a mhaoir na meirde,
do chaoid t'uaisle is t'impeirde.

6 Go hÍosa an lá do bí i mbraid
ón Adair is tú Chánaig;
an lá do sil crú a croidhe
a nim fa tú an teachtaire.

7 Neamh d'fagháil fa ní do-nim
ó nach fiu mi-se, a Mhicíl,
cóir fleadh d'fagháil it ainm-se
neamh it anáir iarraim-se.

8 M'anam chuas dá chur i gcion
i nglóir airdríogh na n-aingeal,
fagar tú mar dhuais dána
ó tú i nguais mo ghabála.

9 Déin ar síodh a Aingil finn
re mac ingine laichim;
mo cheann charla i dtréan t'itche
re béal m'anma ar imirce.

10 Iarrfaidh éiric ann for-íor
oram do mheas mo mhíghníomh
[labhradh] san luan ar a páis,
mo-nuar, is adhbar uachtáis.

11 Biaidh lá na breithe buaine
—mór an t-adhbar anbuaine—
a chion ar comhair gach fir
omhain don fíor nach airigh.

12 Muna fuilnge Íosa ar m'oilc
cara éigin dom furtocht
mairg a-tá ag teacht im eolas
a cheart an lá laidheoras.

13 A-tá 's ní feitheamh fallsa
cara m'anma agam-sa
gach aon [dá] dhogairm fa chréan
darab comhainm maor Micéal.

14 Biom 'n-a leith i ló an bhrátha
dom dhíon ar eagla an urghátha;
an maor [do] char dom choimhde
dam ní thaoi re tollairbe.

15 Do bualadh séala mun sídh,
a mhaoir na meirbe, a Mhicíl,
is tú caghaim, a chú chroibe,
gabhaim tú mar cheachtaire.

Cia re.

13

AONGUS FIONN O DÁLAIGH ecc

1 Cionnus díolfadh mo luach leighis?
An liaigh neamhda is é rom fóir;
radharc sinn do dhíon ar ndocra
dá dhíol do rinn moltha mhóir.

2 Tuilleadh ré dá ndáile dham-sa
díoghrais moltha as mhó ina so
an liaigh neamhda do-ní ar bhféaghain
is í ar meanma a déanamh dhó.

3 Ní d'iarraidh cruidh ná cuach n-órda,
ní d'iarraidh airgid ná óir,
do-ní ar bhfreagrai-ne i ndáil docra
fáidh eaghnaidhe an mholta mhóir.

4 Annsa leis-sean leachtann moltha
ná maith bhréighe an bheatha bhuain;
labhra chaoin is croibe fialchar
ní maoin oile iarrtar uaidh.

5 Fóir, a liaigh chabhra na cruimne,
an corp fuar-sa ar a bhfuil sgís;
a sháoi leagha an leighis amhra
leighis cneadha m'anma ar-ís.

6 A n-imtheacht ní dhamna doilghis
an déadh daithgheal ná an dearc mhall;
ní dhíol uaille an chalann chneasbán
thruaighe an t-anam easlán ann.

7 Ós é sire mar luach leighis
ní leasg leam-sa cur do chlú;
a liaigh mo chridhe as cóir d'adhradh,
glóir nimhe is talmhan tú.

8 Tú an Dia gan deireadh gan tosach
tú an ceard do chruthuigh gach dúil
a Rí na n-uile is na n-aingeal
do guidhe is í as dainghean dúinn.
9 I mbroinn na hóighe is tú tháinig
tú do cheannaigh cách leo chrú,
tú an taitneamh as sia soilse,
Dia ar nach faigtear tuirse tú.
10 Tú mhínigeas an mhuir anfaidh
is arduigeas an muir mhín;
a liaigh do theilg fuil an oícha
ní fuil ceird as docra díbh.
11 Do-géabh óm liaigh luach a mholta
mac na hóighe as airde duas
dar a dheilbhe ar na gaoibh goile
eidhre saoir an toighe chuas.
12 Dá dtáir mise anuair eile
ón éag cinnte tá ar mo chí
bíodh mo bhás is bíodh mo beatha
fa ghrás ríogh an bheatha bhí.
13 Deir, a Mhichíl, mé ar do buidhin
beag do-nim acht beart bun 's cionn
caithfead trá dhíla ar do dhílse
ó tá fola [óm] ríghse riom.

Cionn.

14

1 Creidim duit, a abhlann uasal,
far snámhadh ar saoradh,
it fuil it fheoil id dhiadhacht,
duid fá dheoigh 's doo dhaonnacht.
2 Creidim mar chreideas an eaglas,
ó nach creideamh cumang
creideamh mar as cóir do chaitheamh,
cóir creideamh do chumacht.

3 Creidim mar Dia duit im intinn,
mo ċiall is duit dearḃaim,
creidim tú it fíon is it aḃlainn,
is tú as Críost i gceardcaill.

4 Creidim tú, a aráin gan ainiṁ,
a ċaḃáin gaċ creidiṁ,
gaḃaim tú mar ḃiaḋ mar ḃeaċaiḋ,
is tú Dia go deiṁin.

5 Creidim deit i n-ainm an Aṫar
's i n-ainm an Mheic moltar;
creidim tú, a Sbioraḋ naoṁ neartmar,
do ṡaor iomaḋ m'folaḋ.

6 Creidim, a urraḋ gaċ aonċáis,
gurab tusa an Tríonóid;
creidim duit, a Coimḋe ċéillréiḋ,
it oiḋre 'gun fíoróig.

7 Do ḃraṫ go deiṁin dia Céadaoin
creidim—is ciall iulċáir—
ar ndéanaṁ glóir meaḃlaig maoṫcruaiḋ
le póig fealltaig Iudáis

8 Creidim dia Dar-daoin do gaḃáil
—ciall gaċ aoin [ní hainċéim];
bíoḋ naċ dingneam creideaṁ coṁċóir
ní ċeileam do ċaiṫréim.

9 [Is ar fríoṫ] gan aṁras uaiḃ-se
do ḋoċar dia hAoine;
creidim do ṗeannaiḋ do ṗáise
dá deacair 's dá daoirse.

10 Creidim tú, a Coimḋe, do croċad,
giḋ tuar toirse a creideaṁ;
creidim tú re clár do ċeangal
má tá naċ tú ṫuilleas.

11 Creidim dula san croic céasta
duit ar son ar saorḋa;
creidim tú tar ais it Íosa,
a flaiṫ na nḋúl ndaonna.

12 Creidim do ċor fa lia lánṁór,
glas ar naċ bia béalrún;
gan ċeaḋ doḋ luṫt fairre fraoċlán
's do ḋul aisde ar éalúḋ.

13 Creidim dot éirge dia Dhomhnaig
—ní ciall déanamh dearmaid—
go bfríoth leat le buain dod bíodhbaidh
creach as cruaidh do ceannchais.

14 Ar deis t'athar suas go seolta
le cruas gasda gníomha
creidim breith creiche na Cásga
deit, a eidhre, a Íosa.

15 Creidim duit—ní freagra faille—
do theacht, a mheic Muire,
a-nuas a-ris do bhreith bhreithe;
ag sein chríoch an chluiche.

16 Caithir-íonla liom ag labhairt
ar feirg Íosa d'feichimh
lá na breithe 'gun óig iodhain
dod threise is cóir creidimh.

Creidim.

15

1 Creidim mar chreideas an eaglais;
a fhir nach leanann lorg Dhé,
seol do mheanmain go múr nimhe,
meabhraigh do rún chridhe an chré.

2 Do bhíodhbaidh ó bheith 'gud leanmhain
go lá an bháis—ní beag an ruaig—
ar a roimhéad théid i dtarbha
ná léig coimhéad t'anma uaid.

3 Cré na n-asbal an t-iúl fhíre
ar fead do laoi ná léig chort;
maith an leigeas í ar an aimhios,
is í cheileas t'aimleas ort.

4 Gurab i n-aoindia a-tá an Trionóid
tuig, a dhuine, a-deir an chré;
creid uaim gurab í do riaghail,
ná bí ag buain re diamhair nDé.

5 I nDIA ACHAR IS EADH CHREIDIM;
IS CÓIR ADHRADH DON IÚL GLAN
MÁS ÁL GÉARACHADH AN GHRÁDHA
GHRÁDH M'ÉANACHAR DÁLA DHAM.

6 'N-A DIAIDH DO CHRUTHUIGH AN CHRUINNE,
DO CHUM NEAMH—GÁ NEART AS MÓ?
A NDUBHART DO DHEARBH AN LEABHAR,
SEALBH 'N-A CHUMHACHT DLEAGHAR DÓ.

7 CREIDIM I N-ÉAMHAC AN ACHAR
IOSA CRÍOSTH ÓR GHEIN GACH MAITH
GO MBÍ RE NGACH DUINE DÍN-NE;
DON UILE IS RÍ FÍRE AN FLAITH.

8 GABHAIS TOIRCHEAS ÓN TREAS PEARSAIN;
A PÓR NA NGRÁS DO GHEIN SÉ
GAN FEAR DO BHUAIN RIS AN MBANÓIGH;
NÍ FUAIR BEAN ANÓIR MAR É.

9 DRUIM AR TOSACH TUGH RE A CHINEADH
AR CÓIR NDÉ GO NDEACHAIDH BRATH;
TUGH A AGHAIDH RES AN UILE
AN ADHAIGH RUGH MUIRE MAC.

10 FUAIR FA PHONS PIOLÁTH PÁIS CROICHE,
CÁIN AN CHROINN DO CHÚITIGH SÍ;
GUR IOC A BÁS COIR A CHLOINNE
TOIL NA NGRÁS DO-ROINNE AN RÍ.

11 DO LUIGH SAN UAIGH, DO AIRGH IFREANN,
DO ÉIRIGH AISDE AN TREAS TRÁTH;
DLIGHIDH SEADH DO CHUR SA CHREIDEAMH,
A DHUL AR NEAMH CREIDEADH CÁCH.

12 A ACHAIR NA N-UILE CHUMHACHT
—NÍ CEANNAS NAR CHÚITIGH SÉ—
AN FÁIDH AGH A BHFUIL AR DTREISE
DO SHUIDH DOM LÁIMH DHEIS-SE, A DHÉ.

13 DÉARAIDH AN LÁ BHIAS 'N-A BHREITHEAMH
BREATH NA MARBH IS BREATH NA MBEO;
GACH NEACH LE NGABHAIR A GHRÁSA
NAGHAIDH BREATH AN LÁ-SA LEO.

14 CREIDIM SA SBIORADH NAOMH NEAMHDHA
DO-NÍ INNEALL DON IÚL CHAON;
A IONADH GOMADH HÉ AN CRIDHE
SBIORADH DÉ NIMHE NA NAOMH

15 An eaglas Catoilgeac creidim
cia agaid nacar oil sí ?
olc bean fa dalta do damnad;
sread glanta na n-anman í.

16 [. . . .] ceanglad cumann
a gcuing crábaid ná cuir díot;
do-béara an flait duid, a duine,
cuid dá mait uile 'n-a íoc.

17 Dá mbeat an aitrige iomlán
ar m'anmain ní fúigfead sal;
gabar síod ar son an peacaid
a cor díom ní deacair dam.

18 I bparrtas nó i bpianaib Iffrinn
d'éis na breithe beid 'n-a ndís;
racaid fan anmain uair eile
truaill don talmain reime a-rís.

19 Ní cuigid mar táid gá meallad;
mairg do créigfead teac na ngrás
ar seal ngearr do gloir an beatha;
do b'fearr dóib beatha gan bás.

20 Ós éigean dúinn dul i n-umla,
d'éisteact an ceoil a-tá tuas
leag do seol, a fir an uabair;
ceol mar sin ní cualaid cluas.

21 Do na loctaib nocar leigeas
i ló meadaigthe mór Dé
—ní céaltar an loct as luga—
corp dá ndéantar cruma is cré.

Cre.

22 Mír creid riam go raibe an saogal
San fhoinnséis ler fuilngead broid
act mar tuile ag teact re fánaid;
tearc duine crábaid do croid.

Creidim.

16

DOMHCAD MÓR O DÁLAIG ecc

1 Cúig cáis as mó le Moire
dar fuiling rí an ríogdoige
tiocfa trát as tuar toirse
gid fuar các sna cásaib-se.

2 Fios báis a haoinmic don óig
mar dair tarngaire Simóin
fiu a doilge do bí fan mbás;
ní ní gan cuimne an céadcás.

3 An dara cás—cruaid an sdair—
sé ar seachrán re trí tráthaib
mar mnaoi buile do bí sam
Muire agus í dá iarraid.

4 An treas cás do imthig air
—a fios mar fuair a máthair
gné do acruig dá hagaid—
gabthair é le hIosalaib.

5 Ar bfaicsin Críost i gcruth báis,
a óg, ba adbar uathbáis
t'oidre dod comair san chrann
go ngonaib doimne dearnann.

6 An ceathramad cás—'s é sam
saorfas mé ar péin an peacaid—
tre n-a croide do-chuaid sin
Muire san uaig dá faicsin.

7 Go raib Muire uair m'éigne
ort, a Chríost, dar gcoimhéid-ne
's na cúig cáis ag labra leam
's gach páis dá dtarla id timcheall.

8 An ga do cuiread id chíog
le ceilg, a oidre an airdríogh,
cuir leo grásaib leis an nga
luib leis na cásaib céadna.

Cúig

17

TADG MAC DÁIRE MAC BRUADEADA ECT

1 Déanaḋ go subaċ síol Ádaiṁ!
san oiḋċe a-réir ruig ar siur
mac Ler beanaḋ ḋíṁ ar ndoirċe,
leanaḃ cíg ó n-oigċe an t-iul.

2 Tógḃaim-ne an la-so lá Nodlag,
nuaċlann Éaḃa ó ṁór go mion,
ar gcroiḋe suas le méiḋ meanma
don ġéig go gcnuas neaṁḋa a-nioġ.

3 Oirċeas daoiḃ déanaṁ go subaċ;
suairc an torad ċáiniġ ḋínn,
leanḃ aoḃḋa do ṗóir ar ndoġruing
ó óig ṁaorḋa ṁongḋuinn ṁín.

4 Inneosad daoiḃ maḋ áil éisdeaċt
iomċús beirċe deigṁic Dé;
ní coiscéim ná léim tar line
aċd réim soisgéil ṗíre é.

5 Do ḃí an uair-sin—is é a ḋosaċ—
troimċíos Séasair ar sliaḋ ṗíor
dá ḋíol ag gaċ aon don uile;
ní saor do ḃíoḃ duine ḋíoḃ.

6 D'ioc an ċíosa i gcaṫair Dáiḃí
—diaḋa an turas—ċáiniġ sí,
Muire óg is í re n-iondaiḃ;
óg do ḃí gan iomḋaiḋ í.

7 Ṗuair Io-seṗ ar súr na caṫraċ
ar ċionn oiḋċe dá huċt slim
áit i ndiġ éanḋaiṁ is asail
don réaḋlain ġil ṗasaiḋ ṗinn.

8 Deiris Muire ar meaḋón oiḋċe
d'éis a haisdir éanṁac Dé
gé do ḃí uaṫaḋ ṗan aim-sin
uaṫaḋ ní nar ṗaillsiġ é.

9 Tug an daṁ [trá] tug an t-asal
aiṫne ar an ríġ rugaḋ ann
[ó] ċuaird ḃúiḋ ċaiḋliġ an tige
ag aingliḃ múir niṁe a-nall.

10 Tug an talam, tug an t-ai-éar
aithne i n-éinfeacht ar Uan Dé;
tearc, gé do bí i n-adbaid falaim,
ní ar talmain nar adair é.

11 Do foillsigh an réalta ríogda
do na ríogaib ón rann toir
an chéim-se fa chéim saorta
[. . .] céim naomhta a-noir.

12 Luchd coimhéadta cruid na cathrach
do-chí-sean [chuice] i gcruth neoil
an aimnear i n-uair a thuismid
sluagh aingeal go gcuirfidh ceol.

13 Do bí an néal-sain 'n-a néal soluis
—nior soillse gné imá a gné sin—
oidche neamhdub dóib go ndearna
dealram an tslóigh neamhda ó nimh.

14 Labrais riu neach as an néal-sain
dar nocht an sgéal nar sgéal rúin;
ar chan a gnúis neamhda ó néallaib
cúis meanma do déanamh dúinn.

15 "Ná bíodh sgáth ná uamhan oraib"
ar an t-aingeal d'aitheasg chaoin
"do-béar don labhrad dá leanaim
sgéal bus adbhar deasgfuinn daoib.

16 "Rugadh slánuigtheoir sluagh domhain
daoib a-niodh mar naoidin mbig
i gcathair Dái-bhioch—dáil oircheas;
láinsíoch cáigh don toirchess tig."

17 An mac rugadh do ráidh sei-sean
ós é Críosd ní cóir a chleith,
fear feithme gach aoin don uile
beirthe daoib a buidhe a bhreith.

18 Canuid na haingil an uair-sin
aointiuin ceoil nach cuala cluas
samhail a bhfuinn sin ná a sligh
ag druing ó tig nimhe a-nuas.

19 "Glóir do Dhia is dá dhiongnaib ardda"
do b'é labhrá luchd an neoil
"síodh do luchd daghaile an domhain"
luchd achlaimhe ar choraib ceoil.

20 Mar sin do foillsigh an t-aingeal
ar uair a beirtè breit Dé;
teacht don blát neamhda mar naoidin
fát meanma gach aonfir é.

21 Adbar meanman an mac ruig-se
ó fréimh Adaimh d'ioc ar gcion
gein sin do cotuig an cruinne
gein socair don uile fior.

22 Táirteamar do chaob an toircis
[a-tá ó rug ní ré as sia]
gnátaid agá gairm a guidhe
brátair mar ainm duine ar Dia.

23 Táirteamar don toircheas chéadna,
a chlann Adaimh—ard an cion—
rí dín is fear dar dhine
'n-a rígh ar teagh nimhe a-nioth.

24 Táirteamar do chaoib an leinibh;
i lá a beirtei-sean—báidh linn;
do leanb mar é is obar chéillidh—
cogadh Dé do réidhigh rinn.

25 Táirteamar fós—is fát meanma—
don mhac chéadna ar gcrann ós fiodh;
an dún ór fosdadh ar dhine
do hosglaidh múr nimhe a-nioth.

26 Táirteamar de do dhruim toirbirt;
tugsad aingil—ard an bríogh—
ar bhás d'fiodh chumra na cruinne
umhla a-nioth do dhuine dhonn.

27 Táirteamar de i ndiaidh ar seachráin,
sliocht Éadha na n-aincion dtrom;
do mhún dá gach aon dá fine
an raon go múr nimhe a-nonn.

28 Gá dú, ní féadfainn a n-áreamh
iomad na dtoirbheart tug dúinn
an mac do [sás] ógh an uair-se
pór na ngrás do b'uaisle úir.

29 Má do-chítei-se, a chlann Adaimh,
gurb adbar meanma a maoith mé
lúth i ngach éantoigh rer n-aoigidh
déantair do rún aonfir é.

30 I lóʼ a beirbe bíom go faoilíḋ,
féasda ʼn-a ainm dealḃtar dúinn,
bíoḋ gaḃáil uainn ris gach n-aoigíḋ
dʼanáir dá gruaiḋ faoilíḋ úir.

31 Canam molta don mac oirrḋearc
éisdeam briatra beoil an ríoġ;
oirḃeas dúnn mun am-sa uile
rún almsa aġ gach duine díonn.

32 Ní craos ní huaḃar ní himirt
ní huaill meanman molaim liḋ;
beanaiḋ an ċéill ʼs fearr as mʼfuiġliḋ
más dream go méin suilḃir sib.

33 Caiṫeam san ċruṫ-sa—cás molta—
maiṫ diombuan an domain cé
do śúil re hanáir nach aṫraiġ
dʼfaġáil dúinn i ndaġtaiġ Dé.

Déanaḋ.

18

Giolla Briġde o Heoġusa ecc

1 Dia do beaṫa-sa, a Muire,
a ṫuile lán do grásaiḃ,
a-tá an tigearna it fochair,
a ġein śoċair clann nÁḋaiṁ.

2 Beannuiġṫe tu-sa tarsa
daġmná na talman uile
ʼs is beannuiġṫe an ġein ríoḋa
losa toraḋ do bruinne.

3 A naommáṫair Dé, a Muire,
a buime mar an gcéadna,
guiḋ orainn-ne na peacaiġ
ʼn-ar mbeaṫaiḋ ʼs i n-am éaga.

Amen.

18A

DOMHCAD MÓR Ó DÁLAIG ecc

1 Dia do beatha-sa, a Muire ;
fada tá do charthaire
tú do thocht dar [mbéim a braid]
san bpéil a-nocht im Nodlaig.
2 Oidche Nodlag—naomhtha an tSeoin—
do rugadh [tú a rí an ríchid],
a rí an bheatha as Dia damh-sa;
dia beatha mo bhráthar-sa.
3 Dia beatha mic do mháthar
fóireas cách ón tSeanbhádadh ;
rí an bheatha go mbí ar do thoil
dia [a] beatha i tSeli dar tSabhair.
4 Dia do beatha ós dá reic ruib
i ngeall reo bhreith do [bháthair]
id dhia, id dhuine, a chú chride,
i [mbrú] Muire Maighdine.
5 Dia [a] beatha i mBeithil [dá] bhreith
do rug ar n-athair d'aimleith,
do-ní dhíon gach duine dí;
ar Muire bhoth a bhuidhe.

Dia.

19

AONGUS FIONN Ó DÁLAIG ecc

1 Dia do beatha, a Mhoire mhór,
a bheatha as gloine ná an grian;
Dia do beatha, a shúilmhall saor,
a chraobh beatha, a úrbharr fiar
2 Dia do beatha, a bhuime an ríogh
im sheasamh im shuidhe im shuan;
Dia do beatha, a fabhra úr,
a rún m'anma, a bheatha bhuan.

3 Dia do beatha, a folt mar ór,
Dia do beatha, a bos mar aol,
Dia do beatha, a blát na n-óg,
Dia beatha a lón [gnát] doo gaol.

4 Dia do beatha, a gruad mar gréin,
do buad ní measda do mnáib;
slige m'anma is déanta id deoig,
a réalta eoil cabra cáig.

5 Dia do beatha, a béal mar rós,
Dia do beatha, a géag na ngrás,
Dia do beatha, a chaob go gcnuas,
doo gaol suas beatha gan bás.

6 Dia do beatha, a mílla mín,
a ré lán le mbearar buaid;
Dia do beatha i n-am an eoil,
a chrann seoil an beatha buain.

7 Dia do beatha a déidgeal donn,
éinbean ní curtha ós do cionn
ar combáig do mongsúl mall
fa barr chom[úr] follám fionn.

8 Dia do beatha, a bruinneall saor
ler tuillead beatha gan biad,
a gnúis ródbán cneisgeal caom
a [deisbean] saor ógnár fial.

9 Fáilte uaim doo malaig mín
rer samail snátha seang sróill,
nó taoib ruainne cíorduib caoil
far sgaoil buaile d'íornaib óir.

10 Fáilte uaim doo mongsúil moill,
's doo gruaid donnúir fáiltig finn,
's doo céid gníomartaig tais chruim,
's doo bais gcuirr síodsocruid slim.

11 Fáilte uaim doo brágaid báin
ránaig buaid fáilte gac aoin
's doo súil glais forfáiltig féil
's doo bais réid corrfáintig caoin.

12 Fáilte uaim doo malaig mín,
do chuc t'aigde 's dot ucht séimh,
doo croigid slaitleabair saoir
dtaitneamaig gcaoimh roigil réid.

13 Fáilte romat tú máthair mheic
—fáilte ón dá chás as cóir duit—
sibh it óigh ar meas do mheic;
cóir a reic red chneas mar chuip.
14 Tú an fhíoróg gan righe riot,
an Trionóid ar lighe leat
tú ar ndainghean ar guim a ghlac;
aingeal ód mhac ruib do reac.
15 Tú urra cobartha cáigh;
do rodalta—is curtha i gcéill,
is tú an chraob do fás dar n-úir—
do ghrás dúinn i n-a raon réid.
16 Is tú glaingrian nimhe a-nú,
tú an bainliaigh gan righe ria,
iomda ní [le a] gcuire a chlú,
tú do-ní duine do Dia.

Dia do.

20

Fearghal óg mac an Baird ect

1 Dlighe, a dhuine, déanamh lóin;
éirghe amach go Sliabh Si-óin
ort, a chruaigh—gá deachra dál?
smuain ar t'eachtra gan iompádh.
2 Eachtra bhaoghlach bhios roichinn
leat ní háil a hoirichill;
do b'fhearr an chlann ceangal lóin
's do ghealladh go Sliabh Si-óin.
3 Dá lón as fhearr dot aitghin
o'fhios an aonaigh anaithnidh
an abhonn rod chuir i gcéim
's a hannlonn o'fhuil an fhéin.
4 Beir mar lón go Mac Muire
déirc is aoine is urnuighe,
ó nach fuil aitheachtra ort,
's na haitheanta tre umhlocht.

5 Beir fós soillse leat mar lón;
eadrod agus Sliab Si-óin
is iomda gleann doirce dub
agus beann foirbthe uathmar.

6 Ag toigeacht gus an tulaig
glóir an tige thuas-amain
go mba hí bar soillse sin;
bí le toirrse dá tuillim.

7 Searc Íosa na n-álad dtinn
go mba hé t'arm 'n-a n-oircill;
lucht do diomda ar gach rian róib
is iomda go Sliab Si-óin.

8 Do lucht éinleabtha is iad soin
na peacaid go n-a bpréamaib;
gér lib iad gus an am-so
ná bir iad don aonach-so.

9 Go comhál na gceasd ndeacair
ná beir leat fiú an éinpeacaid;
do guais ríog an tige thuas
bíod do chride leo cogus.

10 Lúisifear an lá do-chuaid
go teagdais Ifirinn adhuair
gé fuair go daor a deacar
smuain nar faoin act éinpeacad.

11 Ní mó do aontuig Éadba
act éinpeacad uaithnéala
laithe a dioghbóid druim tar ais
as ar coill priomglóir Parrdais.

12 Ré cúig n-aimsear—dál deacair—
do-chuaid ar aoi an éinpeacaid
lucht na cruinne—gér chreach chrom—
fa seach uile go hIofronn.

13 Mór an guais iomad na n-olc;
a-táid uile tre éanlocht
aingle an uabair—gid dáil doirb—
i láimh i n-uamaid Iofoirn.

14 Mé dá díol a-niod go nua
—mar sin bias m'ua agus m'iarmua
mairg gaolluct dan séala gain—
aonlocht Éadba agus Ádaimh.

15 Do-nim trát iomarcaid olc,
níor smuain m'adair act aonloct;
d'fuil Ádaimh inn is giúd ead
do sáraig sinn ar sinnsear.

16 Dá nglanainn go hannamh inn
do biad an t-aitéeo ar m'intinn;
ní gabaim fo-rior roibad
díom ní fagaim m'urdoibad.

17 Mó t'annsa imá an uile olc,
mó do grád imá ar nguasoct;
act gé tá clú treud croide
dá mó trá do crócaire.

18 Fóir ar guais sinne mar soin;
feact n-aon i bfoitrib fásaig
iolar slóig, a chú croide,
do fóir tú leo crócoire.

19 Do-chuadais feact ar fásac
i measg foitread n-uacbásac
a racal do bí id ballaib
ar tí t'adar d'agallaimh.

20 San uaigneas soin iar ndul duit
cúig míle ó a dtigtib teagaid
dá sgrios ó gac uile olc
dot fios uile tre umloct.

21 Do-rónais tre dúthract noil
seanmóir búid breithre an Dúilimh
dod lucht gaoil d'aithle a n-eactra
daoib iar n-aithne a n-imteacta.

22 Do na miltib trá tre cal
gé tug sib sásad briathar
i gceann gac neit nior lór lib
gan lón do beit fa a mbruinnib.

23 Fuarais ag duine san dáil
dá iasg chorcra is cúig arán;
an proinn-se do flúr séanta
níor thúr toirrse a taisbéanta.

24 An tan-sain gá dtámaid ris
i gcóirchuibreann do chuiris
taob re taob uille ar uille
an cuire naomh neamduide.

25 Na cúig ráin is dá iasg
leathuigid fead na brinnriasg
—i ndeoid cáig re [cais] teasar—
tre bais cáid dá gcoisreagad.

26 Le beagán do sásad séim
tugais a ndaoitin doib-sein,
a cara ar ar claon an biot,
's ní raba aon gan fuigliod.

27 Na sácramainte is sí an proinn,
an cruinne an t-uaigneas áluinn;
uc, is rathuag sinn mar sain,
is inn atsluag an fásaig.

28 Cúig míle do muin toile
do sás tú leo trócaire;
beitte ar tí ar sásaid mar sin
leo grásaib, a rí an ríchid.

29 An tí tug san fásach uaid
an sásad cumra an céaduair
urra ar sásaid-ne is sé sin
mo grásoidre Dé Dúilig.

30 Ní do proinn talmuide tám;
cuir, a Trionóid, le teasgrád
teachta ar mo ceann dá roinn rum
an proinn bus fearr dom anam.

31 Proinn na n-anmann is sí soin,
mar deir an canóin cuboid,
a corp do caitheam dá cloinn
maitheam ar n-olc san abloinn.

32 A fagáil nior b'fiú sinne
corp flatha na firinne
do-géabha mé maitheam m'olc
dá gcaitear é tre annsocht.

33 Muna raib an annsa ann
Rí nime na sé saorclann
bud nim a corp do caitheam;
ag sin an t-olc iocfaitear.

34 Gé caitim a corp miolla
i ndeoid déanta doigniomha,
rí nar comuill dá craide
oruinn go dtí a trócaire!

35 Ní cás damh-sa cur chuige
má tú ag iarraid fochraige;
mó a thorad gras ina ġoimh
tamhan do fás gan fachain
36 Ní hé Críosd do dhúltfad dam,
mé féin trá tá dom dhúltad;
do mhaith folta a ġlac ngonta
mac ochta na humhlochta.
37 Gras maithmeach [as] mhaith sochair
Sbiorad naomh is naomhathair
Mac do iongnuis an uile
slat d'fhiodbaid na hionmhuine.
38 Flaith tá agus bias is do baoi,
grian órda deiridh deaghlaoi,
bas do nig an uile fear,
duine dil agus Dúileamh.
39 Do éirig ón lia luige
—ní bás acht bás siorduide;
do bí dá áis crann 'n-a churp
iar bpáis nior chall a cumhacht.
40 Tar mo cheann do-chuaid dá ġoin
—dó ní dionġnuinn a urdail
gid ionann fuil dúinn is dó—
do luig san úir is do iompó.
41 An rí rom bean a bádad
do-chuaid tre chlí a naomhmáthar
an crann do-chuaid 'n-a chroide
barr uaid ar a heolchuire.
42 Nior throma dó ina dí-se
an liog comhthrom chloichi-se;
do bí an oil ar muin Muire
far loig tuir na trócaire.
43 Maith an fiach fuair i n-a crádh;
a-tá ar neamh na naoi naoimġrádh
a hiomdad mar as dual di;
tuar a diomdad ní dlige. Dlige.
44 Fuair flaitheas sior ar a son
na déara do doirt Peadar;
do comhsnoid cruaid a chride
thromġoin an uain ainġlide Dlige.

21

1 Do bríseadh cumhradh ar cách,
an cumhradh 'n-a bríseadh bíoth ;
an corr do ceangladh re cách
fáth meanman a dhol do dhíoth.

2 Ar ndol fa reachd n'Diabhail dúinn
ar riaghail tar éeart do-chuaidh;
do rad bean ubhall dá hóidh
ler bean an chóir . . .

3 Do-rinne ar náimha rann rinn
crann na cána nó gur chaill ;
an uaisle do-chuaidh ó cloinn;
ar mbuain an chroinn fuair-se ar bhaill

4 [A] éara ní fuair ón mhnaoi
—ar Éabha dá bhuain do bí
neimheagla as ar mealladh mé—
sé ar ngealladh deigheagna dí.

5 [Don] tuigse ar ar tréigeadh neamh
an céadsheal mar chuig-se toil
—mince as aimhleas dí ná dhamh—
ainbeas do ghabh sí ar a son.

6 An glóir ó do grádaigh súd
fan gcánaidh sul do-chóidh siad
do cealg [bean] uachaibh tre éad;
tréad gan bhuachail do b'eadh iad.

7 Bíoth 'n-a umhla buadh ál leis;
gan a chumhna is nár a-nois
aingeal Dé gé a-dubhradh ris
do bhris sé an cumhradh re a chois.

8 A-tá fala ar gach droing díbh;
don chloinn nach raibha dá réir
do-[bir] an dreichéamh beith cóir
ar bhreith dhóibh nó a bhfeitheamh féin

9 Táinig [a] ghábadh fa ghnaoi
Adhamh mar ráinig an rí
is cara ler haghradh é
fala Dé dá n-adhmadh hí.

10 Abáll na cána gur ceil
's a náma d'fulang 'n-a fail
iomarbaó dá síol ó Soin
gach coir díob d'iomardaó air.

11 Truag, a Éaba, is goire ar ngaoil
—séama ar gcoire nír dual dúinn—
narb ionann méin deit is dáib
—méin do na mnáib reic a rúin.

12 Ní diongnaó díot bud díot leis
síot ar mbiodbaó sul do bris;
oruinn ó do-cáid 'n-a [croiS]
toguim a-nois an fáid fis.

13 Do cuir Éaba ór fás gach teidm
séala ar bar gcás—ní cás soirb;
is tearc nach tánaig fan ngairm
snaidm rer náman mar eacht oirn.

14 Tualaing gach neach nige a cean;
dá mbeat ar mo chride [ag] cur
sealb an anma ó Dia do dol
an cor snadma ní bia ar bun.

15 [Moch] as a n-ucht léigtior leam
—gá dulc—an céidcion im cionn
—a-tá an baogal gid ead ann—
crann is bean ler saoraó sionn.

16 Is í le céile is an croch
is géire do bí dar mbrat;
liaide duine ag dul 'n-a teach
cor na gcreach ar Muire a-mach.

17 Grás Dé, gid radána a rád,
sás gabála na sé slóg
do himleaó le rig na riog;
díol an lín d'innbear an óg.

18 Bean dá ránaig grás is gnaoi
ní tlás re náman do-ní;
ar ioncuib mná dála Dé
dána don té a-tá ar mo cí.

19 Le ar dtagra go mbearar buaid
dleagar [a] agra ar an óig
gur buing bean an dúdaig díb
neam do bud tír dúdaig dóib.

20 Cia eile bud daingean dam
Muire [gar] caillead [an car];
a gealladh ó bhos n-a bun
gealladh dol sios ar ar son.

21 An cumradh nocar cead daoib
cungnam gur cead dá bar siair
cor le a cairdib ins an gcóir
cóir don maigdin dol 'n-a diaid.

22 Ar gceangal dá bfeagtaoi faoi
a-déardaoi gur mealladh mé;
do tréigead san fosadh hí
crosadh sí más éidear é.

23 Fuair eidreacht tre ghníom a gaoil
do dhíol ar seinsliocht re ar siair;
gach socar dá ndingne dóib
cóir d'imme docar 'n-a diaid.

24 An cóir dá mádair do marb
mo brádair nó gur fóir orm;
an uair fa rugad lé an leanb
tugad sealb Uain Dé 'n-a dorn.

25 Gar dá céile ar bfuil 's ar bfeoil
ní uil ar gcré-ne act dá criaid;
maith ar gceart ar Moire mór
gid tearc cóir duine 'n-a diaid.

26 Fuair nós ar a humla ón fíor
is le humla ar dtós do threab;
Moire gin gur chuaill a tol
ní har a gloine fuair fear.

27 Le ar siair chride is doilta dúnn
slighe na bocta ar a mbiod;
do gab reamaib—ní [réim] claon;
leanaid a gaor féin an fíon.

28 [Monad] olc do bud olc lé;
i dtalamh gid bocht do baoi
tug gach maith fa deireadh dí;
deighfear do-ní maith don mnaoi.

29 Do-cóid an fala ar a hais;
a ghlóir noca rabha ris
go rug an leanb céim san chois;
réid a-nois an bearn do bris.

Ó FRÍOT LAT CRÉACTA AN CLÓ
CRÉACTA NAC FRÍOT LE MAC MNÁ
NÍR FÁS GO NÉAG CEO AR DO CLÚ,
A CNÚ BEO DON TRÉAD DÁ DTÁ.

Do briseadh.

21A

1 Do cadail ar bfear faire;
ní husaide m'iongaire
gan mo coil-se ar tí a feicfinn
toirse 'n-a cli [comhicig].
2 Is éigin go dtiocfa as-teac
a biodba nó Dia dúileac;
mo teag do b'adba folamh
fead an adra d'osgolad.
3 A náimaid dá rab reime
móide adbar oirbire,
teacht don toig i mbí a biodba
nac ní toil an tigiorna.
4 An réasún aga raibe
cumas m'anma d'iongaire,
do leag uille ar an anmain
nac beag truime a cionnabraid.
5 Bíd a caraid diomdac díom
bíd easgcaraid an airdrígh;
ar n-iompád ó Dia dam-sa
cia nac iompann oram-sa.
6 A imteacht as a ionad
m'oibrigthe dá follsiugad;
croide díosg riam ní roibe
i mbiad Críost i gcomnaide.
7 Tréigean a mic móide as náir
ná bud urusa a admáil
ar fear éintige oile
go dtréigfide a teachtaire

8 Gur beannaḋ grása Dé ḋe,
an réasún ar ḃfear faire,
ar an anmain mar fríoṫ faill
a ċríoċ is amlaiḋ fágḃaim.

9 Cia an cara dá díste ḋam
: n-éagmais oiḋre ar seaṫar
ar ḃfás d'eiṫe lúiḋ mo loċt
as creiḋe ḋúinn dar ndúsoċt.

10 Do-géabam feasda ar ḃfaire;
a-tá i n-oirċill m'iongaire,
m'fairei-se gíḋ dál deacraċ,
lám ṫairise toirḃeartaċ.

11 Lám a carad do ċabair,
lám as ḃorḃ re bioḋḃaḋaiḃ,
lám naċ teagaim aċt re tréan,
lám naċ eagail don fíréan.

12 Iomċraiḋ sí an doman 'n-a ḋurn,
iomċraiḋ neam, iomċraiḋ lofann,
lám arab iomḋa aire,
clár tiomna na trócaire.

13 Moluiḋ ar-aon a heineaċ
an cara 's an coimḋeaċ
lám do ċuir ár an emig,
lám i ḃfuil ar ḃfóiriḋin.

14 Lám as comċrom dá cineaḋ,
lám fuilngeas ar n-aindligeaḋ,
coimḋeas a gráḋ dá gaoltaiḃ
lám foilngeas ar n-easaontaiḋ.

15 Gaḃaiḋ na ḋúile a nduan féin,
gaḃaiḋ éanlaiṫ an aí-éir;
molaiḋ an tráġ 's an tuile
lám ṫoḃaiġ na trócuire.

16 Lám ṫréan ara tréan cara,
minic fóireas m'easḃaḋa
ag claonaḋ gé a-tám ó a toil;
lám naċ baogal dá biḋḃaiḋ.

17 Do ḃuail builleaḃ as ḃaogal dam
re linn oíleann do ḋortaḋ;
lám ḃuailte an dara builleaḃ
dál a cuairte ċugainn-ne.

18 Dá cosg ar cionn na breithe
cia hoile re n-éisdfidhe
lámh gan naomhuidhe ar a neart
naomhMuire is nach ál d'éisdeacht.

19 Dar ngaol nach géabaidh re hais
tiocfa lá, a luicht an díomais;
an uair fa bhféachfaidhear sibh
féachfaidhear cruaidh a choidhimh.

20 An lámh do loit an tairnge
go raibh Críost dá comairle
gur fás sí air as ar n-ucht;
nochar mhair dhí acht a diadhacht.

21 Corp íosa d'éis a leachta
fan óig re huicht n-imtheachta
fuair ó gcuin báis 'n-a bais-se,
páis ar a bhfuil fiadhnaise.

22 [A chara nochar] chronuigh
[a] buain eisde d'íobholuibh
an deaslámh do dhol dá halt
ar son na n-easlán d'fhurtocht.

23 A-tá ar cumas a cóig méar
dá ngabhar leo mo leithscéal
iul an ródh do dhíorgadh dhamh
[tar gníomhradh . . . . . .]

24 Do bhudh eagail ar n-éara
—d'éis báis ní huair aithméala—
muna beith tús aice ón éag;
dhús as caithte re ar gcoimhéadh.

25 Ní fuil i gcomhthrom rem chion
foghnamh m'anma ó aois naoidhion;
beag nar thogaibh an mheadh mé;
do chodhail ar bhfear faire.

Do chaoidh.

22

DOMHNACH MÓR Ó DÁLAIGH etc.

1 Do-ní duine dia dá mhaoin;
ní fuil ann acht dia díomhaoin
tar Mac Dé na n-uile fear;
ní duine an té nach tuigfeadh.

2 Dia dá mhaoin is mairg do-ní;
cealg im Dhia níor b'fiu aoinní;
Mac Dé bí le hóigh gan fíor
do b'é an rí dar cóir creideamh.

3 Creideadh gach duine dá dhia féin;
creidim-se d'oidhre an Fhírein,
Mac Dé dar mháthair Muire
bráthair na sé socuidhe.

4 Eagail dóibh dá ndeachaidh so
i n-éadóchas ar Íosa
gach neach daidhbir dá mbí ar bioth
nó gach rí saidhbir sáitheach.

5 Guais don dís a-deirim féin
go mbeidh is Íosa aimhréidh,
díol toile don té gá mbí
's gidh bé nach oige aoinní.

6 Ní háil le neach saidhbir slán
Mac Dé d'fhaicsin ná d'iomráidh;
Rí na n-uile is na n-óg ris
is lón do duine an daidhbhris.

7 Muire 's a Mac maille ris
bíd aige i n-ioc a dhaidhbhris;
fearr sin ná saidhbreas eile
daidhbreas fir na haithrige.

8 Duine do-geibh lán a lámh
eagail dó dul ar seachrán;
is í an lámh falamh as fearr
leir b'ál anadh ó Ífearnn.

9 Cuid na gcomursan—cúis trom—
biaidh dá hagra ar an anam;
biaidh an calann 'n-a cruimhidh
's an t-anam ag osnadhaigh.

10 A-tá an corp dá cur i gcéill
go bfuil 's an t-anam aimréid;
tarla fíoc éigin orra
síoc nac éidir eatorra.

11 Ná tréig neamh ar ní nac lat;
ní leat féin a bfuil agat;
bíod t'aire ar a n-abair sinn;
caide agaib acht aistinn?

12 Gearr mhaireas [mlád] na hóige,
ná tréig teac na Trionóide;
Grás Muire ní céid i dtráig,
ná tréig ar Dhuille an domhain.

13 A dhuine chreideas dá chrod
nó do dhia eile d'adrad,
ní leat an teag tall go brát,
's ní head an clann ná an conác.

14 Ní leat an t-airgead 's an t-ór,
ní leat an rígteac romhór,
ní leat do céile cubuid,
's ní leat féine a bfuaradair.

15 Tuigtear lib nac lib na ba,
ní lib an t-ionnmhus iomda,
ní leat 's ní lat an graig,
ní leat an mac ná a máthair.

16 Ní leat an baile 'n-a mbí,
ní leat an fonn i bfuilti,
ní leat an brat i mbí an corp,
do-cí nac lat an lubgort.

17 A fir shanntaig ar a shon,
ar chomsuig tú san tsaogal,
ní mó ná an brá lín as lib
no má tá brís sa brait-sin.

18 Dá mbeinn ag seanmóir mar sin
daoib go deiread an domain
ní fiu an corp a léigir leis,
ní héidir a olc d'aithris.

19 Seachain mé ar gach olc eile
rem ré, a Mheic na maigdeine;
seachain mo ghnús ar baos ban,
ar chraos, ar dhrús do dhéanamh.

20 A Mheic Mhuire, seachain sinn
ar deas is ar fuacht Iffrinn;
seachain mé ar ceilg ón chrídhe,
's rem ré ar feirg gan aithrighe.
21 Nír thuill tu-sa—ní tú a-mháin—
grás Dé let óige d'fhághail;
grás na maighdine sir so
a fír aingidhe aosdo.

Do-ní.

23

1 Droichead na bpeacthach páis Dé
ród coitchionn—is cruaidh finné;
dá mbeith Dia ag cuma fa ceart
cia dus urra re h-imtheacht.
2 Siol Adhaimh ní iomdha díobh
nach briseann aithne an airdríogh;
bríogh 'n-a aithneadhaibh ní fuil
ag siol aithreamhail Adhaimh.
3 Nior fiú Adhamh go n-a chloinn
a bhuair Dia d'ioc an uboill
más é an t-uball fo-dearna
sé d'fhulang a oigeadha.
4 Gin gur ísligh a fhearg ruinn
go dtáinig Críosd i gcolainn
gar a ghaol don uile fhear
don taobh 'n-ar dhuine an Dúileamh.
5 Ar cuairt ón gcomhairle móir
táinig Críosd ar cionn tionóil;
tug síde a hucht an Athar
's a lucht tighe ar dtearcadhadh.
6 Mar táinig a-nall do nimh
le briathraibh óighe is aingil
do thogaibh ceo don chruinne
eo tobair na trócuire.

7 Iomdha rioċd 'n-a ndeaċaid Dia
nar ċubaid re Mac Maria;
sé saor an droiċid dar ndóin
saob an oifig ón Airdrigh.

8 Do ċuir ciseal fa gach ċeann
don droiċead ler airg Ifreann;
bia trát is bud damna déar;
cia fát cabra an dá ciseal.

9 A ċloċad an uair do b'áil
Domnaċ Páise an Priomfáid
gur ċeannaig sé an uile fear
ní duine an té naċ tuigfead.

10 Na cloċa-so mar do ċuir
'n-a gcéidċiseal fan gcrannghail
tug síoċ Dé fa gach duine
fríoċ é mar naċ iarrfuide.

11 'N-a ciseal fa ċeann eile
do ċuir aonċloċ d'áiride;
do bí 'n-a luige fan lia
rí na n-uile 's ar n-aoinDia.

12 Ceithre croinn do ċoisrig Dia
sailge droiċid Mic Maria;
droiċead é 's na sailge sain
daingne hé ná gach obair.

13 I sgéalaib na gceithre gcrann
iomda uirsgéal naċ ionann;
d'iomad sgéal n-iongnad orra
do-géan m'ionnram eatorra.

14 Lán do ċarċaib gé tá a-bus
an crann dar ċomainm Pressus
mó ná soin ċall a dorad
crann gá broil ar bruasgolad.

15 Ann sin do sáitead an ċroċ
i ndeaċaid Críosd dar gceannaċ
torċa uaisle i ngaċ am air
crann as uaisle don fiodbaid.

16 Móide mo mhuineaċad as
an crann séanta Si-pressus;
do-ċím an-ois é ar m'aghaid
sé fan gcrois 'n-a ċolamhuin.

17 An crann tarsna a-tá ar an gcrois
do ċiseal failme Pharraois
tugaḋ ann leigeas ar loċt;
ní crann ċeileas a ċumoċt.

18 Crann uasal re n-abar failm,
crann na mbuaḋ is é a foraimm,
crann gléasda na cruinne an crann,
féasda na n-uile anam.

19 Crann na hola an uair do ċuir
le síoṫċáin go síol Ádaimh
do maiṫ sé a fíoċ 's a falaiḋ
síoṫ Dé munar diúltaḋair.

20 M'anam ar comairce an ċroinn
do ċuir Dia d'íoc an uḃoill;
dul ar a sgáṫ is dion dam
maḋ síoṫ do ċáċ maḋ cosgaḋ.

21 Miorḃuile croinn na croiċe
a n-áireamh ní féadfuiṫe;
níor féad riamh neaċ gus a-nios
a leaṫ nó a dtrian do ċuiriom.

22 Na croinn far doirt Íosa a fuil
fa ċéad is móide a miorḃuil
—dul 'n-a gcaomhċaċ is dion dam—
aonċroċ díoḃ ar n-a déanamh.

23 Do ċruṫuigh gaċ ní fa nimh
d'fosgnamh do dís do daoinib;
mó an obair ar [fear] dá fuil;
do cosgaiḃ [neamh] ós néalluiḃ.

24 Le fiaċaḋ gnás agus gaoil,
don Choimdiḋ gin gur ċomaoin,
do ṫeilg sé a ċlár dá ċroide
do gnáḋ na sé socuide.

25 Na cóig doirse [ór] doirt a fuil
do ċeannaċ cloinne hÁdaimh
sleaḃ 'n-a ċíg, clóṫ 'n-a bonnaiḃ,
's a dó díḃ 'n-a dearnannaiḃ.

26 Ar sgoltaḋ a cóig gcroide
do dúisig Dia a ṫrócoire;
do ċuir sé an cóir 'n-a coillaḋ
is dóig mé dá mosgolaḋ.

27 Níor thogaibh an tóir a ceann
Mac Dé nó gur airg Ifreann;
cia as tóir ar fearaibh dá fuil?
Dleagair cóir i n-a chréachtaibh.

28 Rí na cruinne ad-chuala mé
gur b'í a theoch d'éis a oibre
domblas aoi d'fagáil mar dhíg;
níor b'farái caoi dá chloisdin.

29 Ar sgarthain cáich ré céile
—mór an t-adhbar aighéile—
a-tá lá cúirte 'n-ar gcionn
is lá nach fúigfe fuighioll.

30 Éaraic páise Mhic Muire
cia ionnmus re n-iocfuidhe
muna díol créachta do chuirp
[is] síoth an éachta orrdhuirc.

31 Slighe choitchionn na gcóig sruth
páis Dé dhroichead na bpeacthach;
dhroichead hí don uile fear
go dtí an duine fa dheireadh.

32 An dhroichead a-dubhairt sionn
do cháth gidh conair choitchionn
aon do chéad gér chomha bheag
ad-féad duine is an dhroichead.

Dhroichead.

24

1 Éanlá coinne ag cloinn Adhaimh
dá chloinn as coinne bhaoghail;
acht gidh gnáth an ghairm sluaghaidh
fáth uamhain an t-aimm aonaigh.

2 'N-a dháil goirfidh a ghaolta
'n-a bhfoichnibh ar ndáil dhúichta
ní hé a sluagh an sluagh séanta
thruagh gan chréachta Dé dhúnta.

3 Dligtir an dóig mar saoiltir;
sirfid cóir i n-a créactaib
gud faoibrac é gé [iocfair]
iocfaid aongud Dé a ndéantair.

4 Cóir Dé mar dligtir d'iarraid
sirfid ar na sé limib;
dá leat díob ar n-a déanaim
béaraid breat ríog dá-ríribh.

5 Cuid dá cloinn 'n-a gcloinn isil
ar mboing re cuid dá gcúisib
ar léig sé leo ar an lá-sain
ceo ar grásaib Dé do dúisig.

6 An lá-so lá na dála
an trát-so ní trát séana;
mar do tuil an trát nóna
ní trát córa d'fuil Éaba.

7 Tug cuiread do cloinn Adaim
don cloinn as cuiread uaim;
gid bé criot i n-a gcéimib
riot éinfir hé as a n-uagaib.

8 [Ga] mbia dá feirg re a fine
ar an leirg bus lia duine
dar lat nac mátair Moire
bráthair oile mac Muire.

9 Fearg an athar bud iongnad
ní fearg athar gan adbar;
a mbia do láim clé an Coimdead
coimmead Dé dáib a ndamnad.

10 Cáth ag déacain 'n-a ndeagaid
féacain as crád ó croidib
súil nach bia súil a samail
súil sgaraid re Dia as doilig.

11 Tiocfa an brát gid dál deacair
an trát nach trát an friotail
a bfuair mé do seal socair
focail Dé ar fead a bfriotail

12 . . . mar do cuiread
an óg másа lé a leanab
a-muig ní hé go n-anab
anad fuil Dé dá déarad.

13 An neac diúltar don domhan
as diúltaid go teac dteineadh
truag dom óig ós lé a leanadh
dearad Dé dóib fa deireadh.

14 Ictir na n-uile dtaraid
—mictid Muire do molad—
sgoc an túir nó go dtreabhar
treabaid troc dúin an domhan.

15 Ná leanam don uan aosda,
freagram an cuan 's an cósda;
do-beir sí ar [nguide] a grásda
Muire a dtrásda is í ar n-ósda.

16 Dagaigne ní agus ugdar
ar gcabair-ne is í an airdbean;
go các uile ar an ardmhag
margaid gnáth Muire maigdean.

17 . . . . . go raibe
sé 'n-a Dia agus 'n-a duine
fan leic do b'anba an t-oire;
lamba toige a meic Muire.

18 Ní gnát cairde ar a crictib;
a grád ní ar cairde cuirtir
nac bí cás i n-a cartam;
acraid sí an grás sul guidtir.

19 Muire ó nac treabann taramn
leanam uile go himill
—ní feas gá cáil don choluinn—
gcéin beas romuinn tráig cirim.

20 An trát-sa um ceart na colla
a neart ní grásta ganna;
re Dia nac dingnead cuma
cia an urra act ingean Anna.

21 Ar n-iúl [gé séid] a síorlot
ná léig, a siúr, a saorslat,
cur am ceann do crú a gléaglac;
tú an préamhslat as fearr aonmac.

22 A Moire tar dom tocbáil,
ó croide glan mo groidméin
a-nois is am dá eadráin
teagmáil tall reo bois mboigréid.

23 Mo ḃreiċ—gá náire as neasa?—
do leiṫ do láiṁe deise
mé, a Ḋé, is-toiġ agus tu-sa;
a Ḋé an usa a-moiġ mei-se?

24 Má tagrair rinn dá-ríriḃ
ná hagair inn sa gcánaiḋ
muna ḟuil t'ḟearg re a dioġuil
síoḋuiġ mar leanb ḟuil ċ'álaiḋ.

25 Do ḟáis giḋ óg re a haiṫḃir
ar ḟóḋ an ḃáis sul beirṫir
—níor ċuiġ mé ar ċríon dom ċriċriḃ—
doligṫir ḋíom, a Ḋé, deiṫḃir.

26 Ní hé m'iúl-sa dá ríriḃ
giḋ bé ċ'iúl-sa, a Ḋé ḋúiliġ;
ní hiúl glan acṫ iúl eolaiġ;
seolaiḋ iúl dam a Ḋúiliṁ.

27 Ḟiana móra i ndíol doliġṫe
síol na córa ó nač cuirṫe;
truag an teag i n-a [dtarṫaoi],
ḟeaḋ aṫlaoi uaḋ ní ḟuiġṫe.

28 Tinḟiḋ an bás re beagán
m'iṫir ar ar ḟás ḟaiḋḟéar
duille an ḃeaṫa ċé [ar gcaḋóg]
ḟaḋóḋ ceaṫa hé um aiġéan.

29 Óg do-ḃir gairm an ġráḋa;
mó ná sin a snaiḋm síoḋa
giḋ mór braiṫṫir a buaḋa
Caitir ċuamma óg Ḟíona.

30 Dia do ṫag naoṁ go nuaiḋeol
dam i n-a maor mar Míċéal;
gion go glan mo sgáṫ sgáṫán
gnáṫḟál dam sgáṫ a sgíṫéan.

Éan.

25

Eoghan mac Craith ccc

1 Éisd rem fuighlidh, a Athair,
cuir inn tar eol mearáidh;
suil leanas sé an álann úil
go mbé an t-anam ar t'ionáidh.

2 A Athair an Meic mhuirnigh,
iarraim ort an aithinghidh
mar theagh i n-anáir t'oidhre
neamh d'fhaghail dar n-anaim-ne.

3 A Athair Críosd cumhdaigh mé,
as do láim ná léig sinne,
's a Meic do-chuaidh tar ar gceann
do ghleic i n-uaigh 's i nifearn.

4 Ná léig sinn tar an slighidh,
lidh-se is éidir m'fhóiridhin;
dá n-agra coir 'n-ar gcoinne
tagra ní foil againn-ne.

5 [Athair Mac is Spiorad Naomh]
Trionóid is trí dheighearsain,
is creidemh dóidh mar dhleaghair
creidemh dar cóir creidemhain

6 Gach pearsa ar leith 'n-a Dia dílh
's 'n-a rígh ard ós gach éinrígh
triur as lia iul is aithne
's an triur 'n-a Dia dhearsnaighthe.

7 Is Éindia an t-Athair neamhda
's an Mac d'fhiodhbaidh fíneamhna
mór n-ionad [. . . . . .]
's an Spiorad neartmhar neamhda.

8 Ionann iadh d'aois is d'fhoghuim
triur fóireas gach aondoghruinn;
ionann iul dóidh a-dearair
an triur dan cóir creidemhain.

9 Ionnta féin fuaradar sain
dheith ó thús 'n-a dtrí taimhaidh
triur as lia ó bhroighdhe fios
['n-a] Dia foirdhe gan foilchios.

10 Ní mé do thuill teacht ón tig
ó dtugsad inn ar éigin,
acht fearta an té do chreoruig
mé ón eachtra aineolaig.

11 Créad as tús ná as deireadh dáib
ní héidir a fios d'fagáil,
gid iad féin a úrréamha sain,
a sgéala go léir dá leantair.

12 Sé féin is fréamh don Athair
's don Mac rí gan fréamhfacain;
don Spiorad Naomh iad mar-aon,
is iad a-raon 'n-a ríoghnaomh.

13 Ag so a-mháin maiceas an ceirt
trí pearsain aoindia oirrdeirc
an tí ó dtoilltear gach teisd
rí ó sloinntear gach saoiceisd.

14 Agaill, a óg, t'oirdre féin;
dom breit-se don úrug soiléir
ón mbruidin i mbí an péisd
guidid an rí agus ro-éisd.

Eisd.

25A

DONNCHADH MÓR Ó DÁLAIG cct (?)

1 Éisd rem faoisidin, a Íosa;
re n-áireamh is áibseach liom
mo peacaid i gcionn a céile;
deacair fa a gcionn réidhe riom.

2 Ó aois leinibh ag lot m'anma
níor anas fós—fada an ruaig;
tug dot óid, a Dé, mo dhocracht
gion gur cóir mé d'fortacht uaid.

3 Féach oram, a Athair gradhaig;
gabh m'faoisidin go mór mion;
a mheic Dé, is deacrach mo leigeas;
peacthach mé ceileas a cion.

4 Na seacht bpeacaid go n-a bpréamaib
peactach díom go ndearna siad
—crío nach fuigim grás dod guide—
cuirim i gcás uile iad.

5 Na hoct gcoire mar an gcéadna,
gé do car sinn saob an breat;
grád an dá ceathar im chride
do beanfad clár nime ar neac.

6 Na deic n-aicneada is ead brisim;
brisead saoire is sé mo mian;
gid bé ní nach ní dom anam
is é do-ní an calann criad.

7 Deachmad m'eallaig agus m'arda
gid olc díolaim, a Dé dí,
luga an deachmad cnú don croidhmig;
do leanfad tú oruinn í.

8 Fuil do ball agus do bruinne
ní díonn lá nach laidheann sinn;
a fir do cuit agus céarnó,
do luit sin gach éanló inn.

9 Dím ag iomrád m'fir cumuinn,
rem comhursain ní caoin dím;
díol id díomda gion go ndearnad
iomda gnioth neamhglan do-nim.

10 Brisim aoine i n-aimsir troisgte,
tréigim trátha ar comhól corrn;
gid beag mo lón lá na tagra
mór a-tá re a agra orm.

11 Ar m'anmuin—is adbar tuirse—
a-tá agaib mad áil lib
molad bréige, a Dé, re a díoguilt,
's ní hé féige ar sioruilc sin.

12 Cuid é dom faoistin beatad
béal cráibteach is croide díosg;
bud aithreach liom lá na comne
a-tá i gcionn a cloinne ag Críost.

13 I ndóig do thócuire, a Thríonóid,
do tocht oram—olc an ciall—
níor sguireas, a Dé, dom doighiom,
's níor cuireas é i roibrioghaim.

14 Níor iarras m'fhaoisidin oraibh
D'éisdeacht uaim d'éis gach uilc,
A Dhein shocair na sé líne,
Gur mhochuig mé chríne an churp.

15 Ciontuigim dhuit inn, a Íosa,
Agus don óig ór fhás sibh,
Im chiontaibh, a chinn an bheatha;
Ná ciontaig sinn seacha sin.

16 Absolóid, a Athair neamhda,
Is neamh re a cois chuingim ort;
Do lámh ós mo chionn dá gcuire
Budh slán sionn ón uile olc.

17 A-tá agam d'éis mo chionadh
Codladh fada, fhachain guil
—A-tá a shlocht mon-uar ar m'anam—
Suan ar t'iocht, a chalann chuil.

18 Tugas an choiscéim-se chugadh;
Gidh cóir m'obadh ná hob sinn;
Cuimnig ar ngaol ó fuil Adhaimh;
Cuir do thaobh an álaidh inn.

19 Cuimnig an comhaltas mbunaidh
's an mbráithreas dhamh, a Dhé bí,
Ó shin dodh réir gion go radha,
Is sibh fhéin dar gcara i gclí.

20 Tú fhéin do chum is do chruthuig
's do cheannuig mé—mairg nach tuig;
Ná diultadh mé gidh créadh mo cheana,
A Dhé, 's méadh mo dhealadh duit.

21 T'óglaoch dúthchasa ní dlighe
Do dhiultadh, a rí na ríogh;
Re neamh a-dearam ar ndúthaig
Ná bean m'fhearann ndúthaig dhíom.

22 Do neamh ar dtús táinig mé-se
I measg bréag an bheatha ché;
Dligim súil re naomhbruig nime,
Ní gaolmhar dhúinn slighe acht sé.

23 Beir leat sinn sa sligh gcéadna
I gcomne cáich gidh cuin tís;
Dom anmain gomadh léim loighe
Céim san adhbaidh romhe a-ríst.

24 Anois aithim an t-iul díreach
—déanaim sít, a Dé, bus dleacht
má rugas céim tarsna toruib—
's nar léir dam-sa an conair cheart.

25 Do bí mé—níor mhaith an creideamh,
cuid dom fhaoistin 's eadh é—
gus a-nocht ag cleith mo cheana;
tocht id leith gur mheala mé.

26 Máthair Íosa go n-a hógaib
dom anacal ar fheirg n'Dé
fhearg re a brátair ná bíodh uirre,
máthair ríogh na cruinne cé.

27 Micéal aingeal go n-a ainglib
m'fhaoistin go n-éisde siad,
mac Dé go gcuire dar gcabair;
nar chuire mé im aghaidh iad.

28 Sheasán mairtir go n-a mhuinntir
maith do chaithfinn cur re a ndíol,
níor dhligh mé a martra do dhearmad;
dalta Dé go ndearnad díom.

29 Go raib liom do leigheas m'anma
impide an dá easbal ndéag;
dá dtoighinn is tráth dá nguidhe
's do-chluinim cách uile ag éag.

30 Lá na breithe go mbeid liom-sa
Lúcas Marcus Matha 's Eoin;
uaim-se gémadh ór an almsa
is uaisle a lógh dam-sa im dheoidh.

31 Naomh agus bannaomha an bheatha
—beith dá muinntir mór bus fiu—
go dteagaid linn i lá bágha
mar tá sinn dá rádha riu.

32 Córaidhe dam dul id chumann
—a chroch Íosa ainic mé—
nach raibe liom loise t'fheirge,
a mhionn croise deirge Dé.

33 Éisdidh re molad meic Alphruinn,
éarlam as oirrdhearca teisd
ní fhéadh cách tuiream a theasda;
ní chuireadh fáth ceasda i gceisd. Éisd.

26

1 Fada deoraidheacht na ndaoine;
déanaid iompóid ar iul cóir,
cid bé do bean dílis an dúthaigh
neamh do bu tír dúthaigh dóilis.

2 Truagh mar thángadar a Parrthas
peacadh Ádhaimh do b'é a thós;
is cian ó dhol 'n-a ndúthaigh
an cor do-chiam fúthaibh fós.

3 Imtheacht uile d'éis [dar] gcuarta,
a chlann Éadha, is é dus lis;
d'anamhain ní neadh do-chuadhair;
daramhail fear sluaghaid sis.

4 Ag teasgasg dá dtug an Coimdhe,
a chlann Ádhaimh, nír an sídh
do aithin sé [dá] dhar síolad
caithir Dé do lionadh lith.

5 Táinig fairge ar fud an talmhan
tugadh i n-ioc feirge Dé;
an chuairt timchil tug a dhíle,
do imthigh, rug line lé.

6 Smacht an Choimdeadh do chionn uabhaill
uch, a Mhuire, mairg do bhris;
cionnus lat tré chraoibh na cána
mac an tsaoir do rádha ris.

7 Féach a thruaigh mar théid an domhan
díoch carad ná cuir i mbrígh;
rachaid na daoine d'éag uile,
créad fa gcaoine duine dílis.

8 An saoghal—ní slighe ghrádha—
gearr go mbia mar do bí ar dtós,
deireadh bárdadh Dé ar an domhan;
nír fágbadh é folamh fós.

9 Anmhain ort an uair do saoilead
ag sin a thrát, tig do ré
do leagadh do sheol, a saoghail;
leagadh i mbeol aonaigh é.

10 Racaid maiteas muighe an tadaill
mar téid blát do barraibh crann;
is eagal dún dál a conáigh,
lámh ar gcúl nír foláir ann.

11 Go dtiobhruinn roinn do ríogh nime
dá ní féin ní foláir uaim;
créad fa dtabhair don té caiteas
i n-aghaidh Dé an flaitheas fuair.

12 Téid uadha gan fios a díola
deireadh bhréige an bheatha cé;
ní cóir don talamh go dtiobhra
taradh dóibh tar diomdha Dé.

13 Mar leaghann an lá fa deireadh
déanaidh tapadh sul tí an bhráth;
tiocfa sgéala ann bus eagail,
a chlann Éadha, [teaghair] thráth.

14 Dá dtí cách i gcomhne an Athar
aithnidh dhamh dearadh a síl;
gearr ar gcuimhnei-ne ar ar gceanaibh
fearr cuimhnighe a ndleaghair dhín.

15 Iomdha aghat adhbar feirge
fadha é ó fochain bhig;
do riar a Dhé muna dhearnam
is é ciall na dteadhmann thig.

16 Lá éigin re huchd an bhrátha
biaidh fuil ag fearthain 'n-a ciothe,
biaidh teine uaibh ar a n-áitibh;
uair eile báidhtir an bhiothe.

17 Clódh na boise, bior na troighead,
trom an aghra iadh 'n-a ndís;
do chlann ní hionchora ón eire;
iomchora an crann reimhe a-rís.

18 Mo leigin uait d'éis a ndearnais
a Dhia Athar ionghnadh liom;
cia dhaoi san chrois ag ar gcoimhde
má thaoi a-nois, a Choimhde, im chionn.

19 A-tá ar bhreith dhúinn dul i n-Ifreann,
a Uaim Dé, nó dul i dtúr;
is sibh ar gcara nó ar náimha
—ag sin ragha dála dhún.

20 Tugais blát tre barr an fheadha
d'éis a bláta do-beire chú
táir is soillse sligi m'anman
coimse nime is talman tú.

21 Cion na mná do mill an lubgort;
leanaim ort—ní hagra réid:
"cia dara goire gaol Éadba,
a laog Moire, féagha féin."

22 Don comrád do can an t-aingeal
do fás mac ó Muire óig
do féad sé teachta mar táinig,
fearta Dé gá dtámaid dóib.

23 Dá oigid i n-ioc ar gceana
cionnus linn an lá do-chuaid;
i n-agaid meabla mná Adaim
a-tá dearna an álaid uain.

24 Ionmuin bas [ner] bean an t-álad
ionmuin troig a-tá ar n-a goin;
braon a chroide tar mo cheann-sa
laog oige ceannsa do chuir.

25 Cionnus liub, a luct an beatha,
beag do sochact do sir sé;
ní re lige ar leabtaib clúime
leantair sligi dúinn-ne Dé.

26 A-tá a ndearnais i ndiaid t'anma
ó aois leinib—lór a méad;
cionnus tiocfa díot, a duine,
ioc do cionta uile ar n-éag.

27 Ar do comairce, a chuirp daonna,
dá ndeach mé ní maith an tarm;
a cholann, bud truag do theasda
oram luan measda na marb.

28 Tar go humal d'iarraid grás;
glan 'n-a coinne an croide díosg;
gul 'n-a leith ní maith do molfuinn
ná caith re breith comchruim Críosd.

29 Tig chugam i gcrodaib fallsa
fear mo mealltha, a máthair Dé;
tiocfa mo náma ní as goire;
sul tí, tárra, a Moire, mé

30 Dia Áţar i n-uċt a ḃuime
do ḃí aġ teiċeaḋ—truaġ na ċuir:
ġo n-íoca mé d'eiriḃ oile
eiḋir Dé, a Ṁoire, ar do ṁuin.
31 Leantar máţair Mic an Áţar;
íoc an leinḃ do luiġ fa a ḃrat
—aġ sin congnaṁ uaim don uile—
ar ḋonnraḋ fuair Muire mac.
32 A ṫrí Muire, maiṫ do ċaiṫfinn
congnaṁ liom fam leiġin suas;
ná tréigiḋ mé, a naoṁa nime,
a ċré ḋaonna an tiġe ċuas.
33 Le ċéile ġur ċaiṫeas m'aimsir
aṁlaiḋ a-táim—truaġ an braḋ—
ġan lá do ġuiḋe Dé ḋaṁ-sa;
mo ré uile is fallsa ar faḋ.
ar gcur as na n-aingeal gcruthach
fa hainneamh glas suthach suairc.

7 Tar éis ionnarbtha na n-aingeal
nír b'iongnadh dóibh dáil a bhras
ar gcur a gcúl re clár nimhe,
lán a súl dá ibhe as.

8 Do dealbh Dia Éabha agus Ádhamh
d'iarraidh daoine—dáil gan chruas—
dá síolad agus dá snoighe
do lionadh an toighe chuas.

9 Do sáruigh Éabha go huaibhreach
Achair na ndúl—doiligh linn—
a síodh do luit as a luighe
gur chuit a síol uile inn.

10 Do cuireadh Éabha d'fódh Pharrthais
na bhfort ngéagach—glan a lí;
turas na slat—suairc an t-inntreamh—
fa cuairt mac is ingean í.

11 Marbhais Cái-in mear mac Ádhamh
Aibéal déirceach—díocra an mhóid—
do leacain leabhair chruaidh chámhuill
an sduaigh readhaigh n-áluinn n-óig.

12 Beirthear Seach—fa suairc an toircheas—
troigh mar eala, uchd mar bhláth;
ní fhíoch gein mar é 'n-a agaidh
is é sein do chabhair cách.

13 Gluaisis ainn-sém d'iarraidh Pharrthais
—prap an toisg nachar thoisg chlé—
sa bhfearann mhín chraobhach chrosach
i dtír bhraonach dhosach Dé.

14 Do-chonnairc uadh aonchrann lomáin
ar lár Pharrthais—prap an chuairt;
is luach do gabh crothball crine
an bogcrann glan síbe suairc.

15 Ad-chonnairc aonmhacaomh áluinn
ar fud an chroinn soir is siar
gur lion do chnuas an crann lomáin
a-nuas fa bharr bhfollámh bhfiar.

16 Lingis trí gráinne a géig abla
i n-uchd Seith rer seachnadh móid
beagán cnuasaigh maith re a mhaoidhimh
don flaith uasail faoilidh óig.

17 Gluaisis roimhe sa ród céadna
i gcríoch Parrdais na bport ngrinn
fuair go suairc na gráinne geala
áille 'n-a cuairt d'Eabha finn.

18 Innisis d'Ádam, dá adair,
imeall Parrdais puirt na ród;
"do-connarc aoncrann san fiodbaid"
ar an tsaorclann iomhuin óg.

19 "Do-connairc mé-se" ar mac Ádaimh
"aonmhacaomh—is nír chaom tláith—
go ndearna aontarad uile
don mhaoltamhan buidhe bláith."

20 "Sinne féin do chríon an crann-sain"
comrád Ádaimh "'s níor é a uair;
is é an bioth an crann, a chara,
gan iot ann 's gan ana uainn.

21 "Mac Rioga nimhe an naoidhe áluinn
do fóir sinn—ní seachmaid damh—
gur chrann úr an t-achrann éadtrom
fa chúl sgathcam géagdonn glan."

22 Tig an t-éag go hÁdam ainn-séin
d'aithle a thurais—truagh an chuairt;
do ba béad go mbleidhe ndeagóir,
sgeile a éag, fa seanóir suairc.

23 Eirgis Seath—fa suairc an giolla,
giolla óg nar adair ceilg—
agus cloidis uaigh dá adair
an souaigh roidheis ndathaigh ndeirg.

24 A thí gráinne gabais chuige
—cabair cáigh a-nois do-niad;
i mbéal Ádaimh seach gach ionadh
do cáraigh [go h-]iodan iadh.

25 Fásais trí géagha as na gráinnibh
—fa gort buadha ar beagán síl;
oirrdearc fós fan gcruinne gcrosaigh
nós gach buinne dosaigh dhíbh.

26 Tu-sa an treas crann do na crannaibh,
a chroch Dé fa ndligmid múith;
do bás 'gus tairngire ó thosach
id glainbile dosach dhúith.

27 Deirdear ainn-séin Muire máthair,
máthair Críosd do cosain blaḋ,
a folt dronghaċ mar ór n-íorna,
torraċ an óg ghríoḃḋa ghlan.

28 Deiris Muire an macaoṁ oirrḋearc,
Íosa Críosd an ċraoḃ fa ḃláṫ,
Aṫair na slóg—fa séan buaḋa;
an sgéal mór do-ċuala cáċ.

29 Tugaḋ ċugad-sa dá ċroċaḋ
tar ceann daoine Dia dá íoc;
an tí do cinneaḋ dar gcaḃair
do milleaḋ Rí an domain díot.

30 Tugaḋ ċugad, a ċroċ ionnuin,
aḃra gléaḋuḃ ós gruaiḋ mbrioc;
do bí, a ċaoṁċros ċaoṁ mo ċriḋe,
maoṫbos ṡaor dá righ riot.

31 Do ṡín riot a righeaċ n-áluinn
Íosa Críosd—fa caoṁṫaċ lonn;
do sgaoil ort, a ḃeannaċ ḃuaḋaċ,
a folt gleannaċ dualaċ donn.

32 Ionnuin cáċ do croċaḋ ionad,
ionnuin anam, ionnuin corp,
mo Rí, mo ċriḋe, mo ċara
do bí ag sniġe a fala ort.

33 Gion gur fás caor ort nó áirne
nó uball cuṁra nó cnú,
do síol, clann deaghan an domain,
dearḃaḋ as crann toraiḋ tú.

34 Tú fuair Maoise—mór an conáċ—
tre ċionn Ádaiṁ—aoḃḋa an folt—
do ḃun ṫall fa úir na huaigh
do ḃarr 'n-a ċlúiṁ uaine ort.

35 Tu-sa fuair Dá-ḃíoċ san díoċraṁ
i ndiaiḋ Maoise—meaḋair deis—
maiṫ a ċuairt d'faighsin an fásaiġ
aisgiḋ ṡuairc an lá-sain leis.

36 Tu-sa an céaḋċrann do ċuir Solaṁ
suas 'n-a ṫeampall—toisg nar íoc;
leis do ḃeanaḋ ṫall ar dtosaċ
do ḃarr leaḃar dosaċ díot.

37 Is tú ar ndídean, is tú ar dtearmann,
is tú ar leigeas i ló an bráid,
is tú an crann far cuir an Coimde
fuil a ball do coimde cáid.

38 Is tú ar sgiath is ar sclóideamh cumdaig,
a chroc Dé far doirt a crú;
noca cluinim fuaim na habann
uair nach cuirim taram tú.

39 Tú linn tátuigte na talman;
is tú an caisléan ós cionn díog;
is tú an loman lán do torad;
slán follán an doman díod.

40 Fillfead cugad, a chroc gráidach,
an glún deas le ndearnas olc;
léigim fúm é agus ní fuláir
an glún clé dom furáil ort.

41 Is asad do-cuaid an Coimde
ar creic Iffrinn—eactra soirb;
is tú cug an gcadair gcalma
i n-agaid na habla oirn.

42 Fa lór bláithe do beann gcumdaig
gid croc dub tú a-niod 's a-né
fa croc corcra tú dar dtearmann
ó crú octa is dearnann Dé.

43 Doilig leam gan an leic eile
d'fagáil cugad, a chroc naoin,
go mbeid sunn comfad an Coimdead
don crunn robog coirrgeal caoin.

44 Ní faca i bpurt do na portaib
puball mar do puball snáid;
ní faca teag mar do teampall
a dadta geal beannchorr bláid.

45 Tu-sa is Muire máthair Iosa
do fóir inn-ne is nior b'olc fád;
bar gcneas caoin nior cin a saraail
sib ar-aon do cadair các.

46 Peacad sonn ag sléactain cugad,
ní cóir m'obad gid olc mé;
toirn agus geib póig ón peactach,
ceil do móid, a deagchroc Dé.

47 Seacht mac Adaim fuair tú ar tosach
tall i bFarrtas na bport naoim;
fa lór t'áille is eadh do-chuala
id ghráinne geal chuanna chaoin.
48 Fada do las ar lár m'anman
inneall t'aighe as iomdhuin linn;
mar tig eatal do ghual ghréine
snuadh do leacan réidhe rinn.
49 Slánuigh an bioth, a bean chumainn,
comhall damh-sa duais mo rann;
mar thugais d'fearaibh na heatha
rugais d'feadhaibh beatha barr.

Martain.

42

Giolla Brighde Ó hEoghusa ecc (?)

1 Meitheal do bí ag Dia na ndúl
—cia ar nach breithemh ri na ríogh?—
coibéis ga roinn ón rígh mór
nír lór le droing díb mar dhíol.
2 Dream fa fríomh don phobal fionn
gus an ríogh gan chogar gcam,
lór ríoghdhacht a cheirt 'n-a gceann
dream san bfiongort fa theirt tall.
3 Toradh abaidh fuair an rí
ón madain ga buain do bhaoi
ní dheachaidh a buain do bheith Dé
tar an té fuair i leith laoi.
4 Tig i gceann nóna dream díb
—nochan ónna earr mo sgeoil;
nocha sia a-nonn imá nóin
do-chóidh go Dia an drong fa dheoidh.
5 Coibéis tug díb dá gach dreim
dá rug gun rígh ar a fhroinn;
meitheal Dé gomadh díb inn
go mbé sinn gun rígh fa roinn.

6 AR AN ĊÉADORONG ANN TRÉ ÉAD
ÓN ŻÉAŻLOM ŻAĊ CRANN DO-ĊIAD:
'' MEITEAL DAR B'AŻAIB SINN SÚD
ŻRÚŻ LINN AR SAMHAIL IS SIAD.''

7 ['' CRÉAD AN] TNÚTH DO BÍ AR DREIM DÍB
ŻÉ DO-NEINN '' AR AN RÍ '' A RÉIR;
CÓIR CONŻBÁIL ŻAĊ ĊUIR ŻO CÓIR
DO-ĊÓID DUIB AR BFORMHÁIL FÉIN.''

8 CIA AN ĊÉADORONG FORMÁLA ÚD
NAĊ ÉADTROM ŻCOMHDÁLA AD-ĊIAD?
DREAM DO ĊINN CRÁBAD ŻO HÓŻ
NAĊ ŻŻIRR FÓD ŻO HÁRAD IAD.

9 CIA TÁINIŻ I LEAT AN LAOI
DÁ NAĊ RÁINIŻ NEAĊ ŻAN NÍ?
DREAM ĊÉID TAR BLOIŻ DÁ N-AOIS É
DO ĊOIŻ DÉ ÓN MBAOIS I MBÍ.

10 CIA TÁINIŻ I DTRÁT RE ŻŻUR
DÁ RÁINIŻ MAR ĊÁĊ A ŻCOR
A ITŻE FÍRE ŻEARR ŻLAN?
DREAM DO ŻŻAR CRÍNE RE COL.

11 DREAM [Ó NÓIN] DÍB, DREAM ŻO MOĊ,
NÍR FEARR A MÍR DÓIB NÁ A DEOĊ;
CIÐ ÓŻ CIÐ SEAN TÍ 'N-A TEAĊ
IS Í BREAT NEAMH DÁ ŻAĊ NEOĊ.

12 NEAMH I N-A DÍOL Ó DIA AR NDUL
FEAR ŻÁ MBIA CRÍON AS A ĊUL;
NÍ FUIŻE AR ABA NÍ AĊO NEAMH
FEAR ŻA MBÍ AŻA AS A UŻ.

13 . . . . . BEARAR AN BUAIM
A-DEIR AN LEABAR ŻO LÉIR
NA SOISŻÉALA I N-A ŻCURP ĊÓIR
DÓIŻ LUĊT NAĊ COISŻÉARA A ŻCÉILL.

14 MAIRŻ NAĊ DO MEITIL DÉ AR NDUL,
SÉ RE A MEITIL NOĊA MION
[BRONNTA Ó] LEAŻAR NEAĊ AR NEAMH;
MEAD NA MBREAT IS EAŻAL D'FIOR.

15 NOĊA BEIR DIA CÁĊ Ó ĊIORT
I MEID AN TRÁT BUS LIA A LOĊT;
MO SOIŻNIOM A DÉ BA DEAĊT
ŻOMAD SEAĊT ŻCOMHLION É IS M'OIC.

16 Olc m'ar agus olc mo chuar,
isam gort nach gab a síol;
go mbé a Dé gráinne dod grád
ar lár gach áige, a Dé, díom.
17 [Fóir a Dé] m'anmain is air,
is mé an chré ['n-a] talmain tig;
a mbí im chromcholuinn d'feoil oiph
fuin, a eoin gormcholuim gil.
18 [Slan] mo chride, a Dé na ndúl,
ag smige go mbé do bhaon
im inchinn im churp im chliab;
iad fam uct, timcill mo thaob.
19 [Mo mheanma]—is tobar fuar fliuch—
ag luad meabla ag cogar creach;
mo chaoin ar n-a cur a-mach
dub mo dhath don taoib is-teach.
20 [Mé dom b]reith do-chí gun gcurp
ní bí acht gar mbreith ó chiord;
a poll camra, a chalann bocht
olc tharla an t-anam ar t'iocht.
21 . . . . . fallsa a neimh
fuarad damh-sa agus a ndoig;
bréagha doilbhe muin ar muin
géagha do chuir toirche [im] thoig.
22 . . . . . measgad a méar
cam mo sheasamh is mo sheol;
comuil dom dhéad do bhas bán
láig blas na mbréag as mo bheol.
23 . . . . . is each
noch cóir is mo chré fliuch
fearthain i n-eas [ruaidh] mo rath
clach i dteas [go n-uair] do fhiuch.
24 . . . . . do dál
nach anfuidhe ó dhún do dhún
a thruaig, ná toirche gan lón,
smuain gan do chlódh choidhche ar gcúl.
25 . . . . . cat
ach a mbí ar láthair láimh riut;
tiomna t'each do bó 's do bhrat
dod mhac is breath do ró riut.

26 . . . . . .
. . . . . CROIG
IS FÍOR DÉ NOCAR DÚ DUIT
AN DTUIG TÚ DO GNÉ DÁ GOIT.

27 SEANG SAN AOINE IS [EAD NAC] DÚ
AN NAOIDE 'S AN BEAN GA MBIA
NÍ DLEISEAD NAOIDE NÍ DÓ
SAN LÓ DO BÍ DAOIRE AR DIA.

28 TRÍ SÁIR DO FULNGAD LE AR BFLAIT
—AR GCUMRAD NÍ CÁIR DO CLEIT—
A CAOB GEAL DO CUR FA CLOIC,
DUL I GCROIC, IS BEAN DÁ BREIT.

29 DÁ RÓ 'N-AR NDÁIL-NE DIA FÉIN
NÍ BIA BÓ NÁ ÁIRGE AR M'ÓID;
ADBAR TEASBRUICNE A-TÁ IM DÁIL
[IS] GRÁIN LÁ AN MEASROIGTE MÓIR.

30 NÍ RÍ A-DEARAM GID EAD É
RE FEAR AGUS FEARANN FAOI;
RE A CABAIRT D'AOID IS É IS RÍ
AN TÉ DO-NÍ CRAOIB DON CNAOI.

31 DO DEALB AR RÍ-NE AN MUIR MÓR
DO SNOIG NA TÍRE GAN TÁL;
TALAM NEAM DO-ROIGNE A-RAON
DOILGE CRAOB LE [A BFEAR I BFÁL].

32 TUG [GRÉIN] COIR SA [MBIOT DAR MBRAIT]
TAR GAC TOIG 'N-A RIOT DO REIC;
TAR GAC N-UILINN SIAR DO SOIC
GRIAN 'N-A CLOIC MUILINN AR MLEIT.

33 DÁ LÉASBOIRE DÉ NA NDÚL,
AR N-ÉASGAI-NE A GNÉ IS GRIAN;
AN BIOT DÁ LOINNIR DO LION
DÁ COINNIL RIOG 'N-A RIOT RIAM.

34 RO BAD IONGNAD LE GAC FEAR
GÉMAD FIODBAD TRES AN AR;
DÁMAD NEAMGNÁT ÉAN A HUB
NÓ SMÉAR DUB A GEALBLÁT GLAN.

35 DO [SUIDIG] DIA RE GAC NDÚIL
I N-A [SUIDID DIA] BA-DÉIN
AN TALAM CONGBAS GO CÓIR
NÓ AN GABAL ÓIR [GABLAS] GRÉIN.

36 An saor do suidhigh Gréin ngil
a réir noca duilligh duibh;
a Chumhang Gid cia do-beir
do-geibh Dia ar ubhall nó ar uibh.

37 Le Dia is annsa iorna mná
ná almsa ríoghda dá ria;
táin ríogha ná raighne bó
mó an t-iorna ó mhnáibh daidhre ag Dia.

38 Comhairle uaim dá gach fíor
—ní comhairle ar n-uair bus omh—
gan eallach san chró do char;
[ní mhar] dó a cheannach 's a chrodh.

39 A dtabhair duine do Dhia
maraidh san chuile gan céo;
mairg nach tabhair bloigh na bó
[san] chró [a d]taraidh 'n-a boim beo.

40 Leiseochaidh Dia cisde ar gcradh;
brisge noca bia 'n-a fíodh;
cisde damh-sa créad a chan?
ní mhar séad acht almsa d'fíor.

41 Da le marbh don chill ad-chiu
is a fadhb linn mar is leo
an almsa do budh fearr dó
ná bó ón marbh-sa 's a beann beo.

42 Laogh damh-sa agus céad bó mbliocht
m'almsa rem éag budh mó mart;
maith an chuire 's a céad torc
do dhuine ar dtocht d'éag [do-n-ort]

43 Ní beag le laoch ar nimh naomh
an gaoth i n-a dig gá diul;
ní háil fromhadh ní háil ól,
lór dáibh a boladh do bhiudh.

44 Sruth fiona sruth meadha mall,
sruth meala bus miolla leam,
tobar trí gcioch ar mo cheann
lionn nach fríoth cogal 'n-a cheann.

45 Mór an baogal m'ord gach laoi
—is faobhar [go gcolg] mo chré;
lór a-tám 'n-ar mbeithidh bí
lág a rí ar do mheithil mé. Meith.

46 Brigid Bregh [as] barr na n-óg
'n-a teagh tall gurab mór mé;
gnáth ráth a gille 'gar ngairm
ní nár linne mar ainm é. Meic.

43

AONGUS FIONN Ó DÁLAIGH cecc (?)

1 Ná déana díomas, a duine;
deimin go brríoch fios do loch,
fogus daoib for-íor an t-uamhan
ná bíodh dá chaoib uabar ort.

2 A duine boicht ná bí díomsach,
do deireadh féin féach a-nú;
a-tá sealb ag an éag oraib,
is dearb nach géag choraidh tú.

3 Rachtair a-ris san gcriaidh gcéadna
—a criaidh ar dtús cháinig sib;
an t-uabar dá chaoib níor chéigis;
uamhan daoib ar léigis lib.

4 Cairde aithgearr is eadh fuarais,
ní fada ón chriaidh a cur ort;
dá mbé go bfuil do ré romhaib
ní fuil sé gan omhain ort.

5 O'éis an báis ní béara sib-se
sios fan dtalmhain a-tá fóib
—uch, a chruaigh, is truagh an mealladh—
buar ná cuaigh ná earradh óir.

6 Ni bia ach aonbrat is é cumhang
fad chorp ar gcaitheamh do ré;
tú mar chraoib ar gcur a duille
ar ndul daoib don chruinne ché.

7 Mór an truaighe mar tá sib-se,
seargfaidh do chí claonfaidh t'fholt;
mór an béad mar taoi id thoirrchim
's an t-éag gach laoi ag oirchill ort,

8 Brisfid do dearc—ba dáil baogail—
biaid do béal ar dáth an ghuail;
ná bí gan oman t'fir cagaid;
ag sin robad agaib uaim.

9 An troigtheach—is trát dá fógra—
re huct an báis—is beart truag—
creidte [díob] i gcriaid an Coimdead
biaid fo-ríor 'n-a oigread fuar.

10 Racaid claoclód ar cruth t'aigte,
d'éis t'éagta do b'olc do niamh,
biaid do béal mar an ngual ngabann,
ba tuar déar, a calann criad.

11 A dhuine, ná déana fallsacht;
is fíor dam a ndubairt mé,
a croinn 's a fréamh a húir Éabha,
is sgéal rúin ná déana de.

12 Féach orm, a doirseoir Dé atar,
a huct Críost ler ceannchad sinn;
ná léig im ceann cíog an álaid
i ngeall re gníom ádamh inn.

Ná.

44

DONNCHAD MÓR Ó DÁLAIG ecc

1 Náma m'anma an calann criad,
a hantal is damna déar;
ag lot m'anma is sí 'n-a suan
an clí is truag mar tarla tréan.

2 Truag m'anam uaim ar a hioct
an calann do-chuaid tar ceart;
ní tig díom díon ar a holc
do bríog a loct tríom ag teacht.

3 Beag sein dá loctaib gach laoi
gan a beit fa boctaib Dé;
ní fa annsa do b'fearr í
an clí fallsa do meall mé.

Ní díol toile gloin a gníomh;
mairg [a toil do-roigne] riamh;
leas m'anaim nach éidir dúnn
séidiú fúnn an calainn chriaidh
Toil na clí-se [as girre gnaoi]
mar do-ním-se is mistde mé;
mairg dar biodba anman í
do-ní adbar diomda Dé.
[A ruachtain a ríog] ar t'iocht
do bríog a [n-uarais] dom ulc;
i n-iomdaiu talmain ar dteacht
seacht mbliadbain m'anman rem ucht.
[Tréigean] meisge ní hé m'fonn;
ní mó tréigtear leisge liom;
gluais mar díolas an teag tall;
díomas do barr cean im chionn.
Ar ndamnad ar ndéinim craois
ní héidir nach adbar cáis
i ló an mheasda is cruaid an cúis;
ní cheasda drúis uaim gan áis.
Gluais nach roga leabtha luach,
ar mbearta folaig ó fríoch,
gan fúm acht comrag re cách,
dúil gnách i bformad 's i bfíoch.
Mun dti d'Éanmac Ríog na ríog
tar fíoch go ngéabad ar ngaol
séidead feirge is fuatha fún
ní feirrde ar súr uatha ar-aon.
Dul ['n-a séana] is docar dúnn
ar barr [Éanmac] t'ochta, a óg;
ní gan chartha troma tám
nár mo lachta i rolla rím.
Ón ti a-tá do bí agus bias
go dtí im dál—dian a luas—
cosg ó chrídhe ar bpeilgniom d'fás
do gnás deigríog nime a-nuas.
An t-Athair 's an Mac 's an óg
ni caraid nach glac ar ngaol;
ionad 'n-a ngrianbrag do-géad
ón Sbiorad chéan niamhglan naom.

14 Cuirim, ós é a dheagchráit dúinn,
sul tí ceartlá na sé slóg,
a adba iomchuir an Ríog,
dían m'anma ar t'ionchuid, a óg.
15 Coire do-ninn gus a-miog,
a Rí as rí don uile fíor;
dá dtí leam tadall fad tal
m'anam gad tar ceann mo chean.
16 Do [. . . .] ar ndoídheart dún,
don ríghteag go [roiseam] slán
[a ndíogbad] leam mar as lór
[an síodbun] róm teann [i dtám].
Náma.

45 Book of Conor Don

FEARGAL ÓG MAC AN BAIRD ecc

1 Ní díol gráda gleann na ndeor
ná lean a cádas go cian;
cia an dúil nar gortuig go géar?
dúinn is léan a rochtain riam.
2 Ná cluintear fíoch feasda fúid
a síol Eadba, a fuigeal áir;
do-chím-se nach teann bar dtóir;
gleann an bróin an tír-se i [dtáir].
3 Gleann na ndéar an talam trom,
do gréas nochan antar ann,
dá lár is soibeirte sionn,
is crádh liom m'oilithre ann.
4 Fan luchd toice fuil san úr
toirrse ní fuil ar a n-ór;
beag bar ngaol re gleann na ndéar,
a dream do féag an raon róm.
5 Fa chloich ó do-chuaid do chí
ní foil groig ná cuaich dod chaoi;
ní lib dod chrod acht an chré,
a fir a-né ar ndol fa dhaoi.

6 A FIR DAR B'EARRAD AN T-ÓR,
NÍ LIB D'EARRAD ACT AN UAG;
SAN TÍR DAR ĠOIRE DO ĠRÁD
LÁM AG RÍG OILE MON-UAR.

7 MAC MUIRE NAR AN FA FÁD
DON CRUIMNE NÁ CAR ACT SÚD;
NIOR LEAT DO CRIOC ÁLUINN ÓG,
NÍ BÍOC ACT FÓD FÁBUILL FÚD.

8 DO-CUAID D'FUIL ĀDAMM FA ÚR,
IAR 'N-A ĠUIN TÁNAIG I DTRÉAN;
IS FIÚ A ĠAOLMAIC DRUD 'N-A DÁL;
TUG ĠRÁD DO NAOMFLAIC NA NÉALL.

9 NÍ CÉID AR A DIADACT DLAOI;
NÁ TRÉIG AR AN IASACT HÉ,
FLAIC AS FEARR FAN UILE NÍ,
RÍ AR AR FEALL AN CRUIMNE CÉ.

10 TIAD NA TOIRCE MAR CÉID CLÚ,
NÁ TRÉIG AN COIMDE AR CEO;
TÁINIG MAR CIAIG TRE CLÍ MNÁ;
BIAID MAR TÁ MAR DO BÍ BEO.

11 TUILLE ĠRÁS NAC CÉID I DTRÁG
NÁ TRÉIG DO ĠNÁT MUIRE MÓR
EARLA FIONN AS DAINGEAN DÚN,
MIONN SÚL NA N-AINGEAL 'S NA N-ÓG.

12 AR N-EOCAIR, AR N-EITE LÚID,
RED BEACAID SEICE NÁ SÍN:
BEIC AR A TÍ TUG DOT ÓID
'S Í 'N-A HÓIG AGUS RUG RÍG.

13 NÁ TRÉIG MUIRE MÁCAIR DÉ,
TÁCAIG A CROIDE RED CLÍ;
NÁ ĠAB MEARBALL TAR AN MNAOI
SAOI ĠLAN AS NEAMĠANN IM NÍ.

NÍ.

14 FEADAR EASBAL DO B'ÚR DLAOI
AG TÚR NA BEACAD DO BÍ;
TUG A CAOLCORP FA CUING N'DÉ
DO CUILL SÉ AR NAOMTACT ĠAC NÍ.

NÍ.

46 Book O'Conor Don

FEARGAL Ó G MAC AN BAIRD ecc

1 Ní maith altuighim m'anáir
tríd nar b'oircheas m'iongabháil;
ní altuighim a n-uair mé
ó ghartfoirinn bruaigh Bóinne.

2 Feadmannaigh dó an uile fear;
mo dhuasa ó mhacaibh Mileadh
triath na dtriath dam-sa do dháil;
is liath gan annsa d'admháil.

3 Fa-rior nior altuigh sinn-ne
le hanuabhar intinne
ar chreidemh damhradh Dúine Breagh
dúin-ne agus adhbar oidheadh.

4 Nior altuigheas—olc an sdruaim—
m'isliughadh innte an achuair
fódla linnte na learg sean
ná mo cheard innte d'oirmeadh.

5 Ar n-ionnarbadh ó iath Ír
nior altuigheas rem Airdrigh,
mo thriall go Labháin tar linn,
dom anáir thiar ar dtoirling.

6 Ní hionann inn is l-óib;
an fortún fuair ón Trionóid
do altaigh ris an té 's triar;
do sgé antail na n-ainmhian.

7 Clann oirrdhearc, táinte agus tír
fríoth le hl-óib ón Airdrigh
's groighe is tréadha is cuirn corcra
cuirm is séadha saoghalta.

8 Nior chuir toice i n-uabhar é
l-óib dil—díochra an finné;
nior ghráduigh sé an saoghal boicht;
do naomhadh é as a umhlocht.

9 Do shmuain Íosa dá éis soin
fulung a óglaoich d'féachain;
an uile ní bhadh ní lais
do bí uile 'n-a éagmhais.

10 Do ráid l-óib "ó toil Dé
Dia tug Dia rug a-ríse";
do-cuala a cloinn láim do láim
ad-cuala coill a conáig.

11 An tuile easláinte air
do cuir Airdrí fear ndomain;
do fég ar n-uair a fulung
bréag ní fuair 'n-a urugull.

12 "Deirim a buide rem cinn"
do ráid l-óib tre uirrim
"ró cráid do cara ar mo corp
ba mana gráid mo guasoct."

13 Do bíod do dalta an Dúilimh
gur cneasuig a créactcrúimh
ag súr déirce ó brug do brug
a séitce ar cúl na comlad.

14 Do haltuigead re Dia ndil
's ris an óig milis muirnig
tabairt coda déirce dí
nó a séitce d'oba impe.

15 Nior caoin l-óib a ocra
féin go fagáil cobarta
's do-niod caoi i gcróluige a cnead
ar aoi clóguine an Coimdead.

16 Nior caoin a galar goirt gnáth,
's nior caoin a clann ná a conách
gér caoi croide caoi l-óib
ar aoi toile don Trionóid.

17 Fríoth aisiog na sláinte iar sin,
fríoth tír is clann ón Coimdiu,
fríoth a sealb mar tuile ag tocht,
mar do dearb uile a annsoct.

18 Do ráid mar do ráid reime
go búid umal aingliúe:
"an tí rug re ré ar ndeacra
is é tug na toirbearta."

19 Nior módae a bron a barr croid
's nior módae a meanma a fagáil
a táinte is a creoid troma,
a sláinte, a seoid saogalta.

20 Ón uair-sin go héag mar éaruic 'n-a foighidin
fuair sé an talamh ar a chúl
's gid é corad na talmhan.

21 Fós mar éaruic 'n-a fulang
an ghlóir naomhtha neamhchumhang
fuair ó Chriat an tighe chuas;
fa sgiath dá chrobe a chosas.

22 Ní altuighim mar 1-óib
boichte ná coice, a Chríonóid;
uch, nach déinim a ndearna
go dtéighinn rem Thighearna.

23 Mar 1-óib do b'fhorbthe cuing
dá fios nach d'fhéachain m'fhulang
fríoth an saidhbreas muin ar mhuin
is fríoth daidhbreas 'n-a dheaghaid.

24 Eadamar is dom fhéagain
do ghabadh dom ghaolghéagaibh
na Conuill badh dhionbun dam;
do dhioghladh oruinn m'uabhar.

25 Eadamar is dom fhéasgain
mo bhuar mo ghroigh ghimhéasgaidh
rugais a Dhé uile uam
nior b'é an duille nar dhiombuan.

26 Eadamar is dom fhéagain
do beanadh mo bhruitthéagair,
mo dhán is mo dhúchaigh dhíom;
cúchail mo dhál ón dimbrioghach.

27 Go n-altuighear a rí rib
beith gan bhuar beith gan mhuinntir,
's a brígh do bheith óm meanma,
's beith gan tír gan tighearna.

28 Go n-altuighear, a rí, rib;
a-tá i gcúirtib clann Miliodh
fál allmhuradh dhruim ar dhruim
im chlár gcamhdharach gCriomthainn.

29 Go n-altuighear, a rí, rib
mé gan fiú an bhaird do bhuidhin
i labhain fa cheo cumadh;
ní beo anáir m'ealadhan.

30 Ionann is altuigte dam
cáċ dom díol nó dom díúltaḋ,
nó beiṫ ós ċáċ ceann i gceann,
nó beiṫ fa ċáċ go coiṫċeann.

31 Ionann is altuigte dam
beiṫ fa díombuaiḋ san domhan
nó beiṫ fa buaiḋ nó beiṫ slán
nó beiṫ ar n-uair go heasláin.

32 Ionann is altuigte dam
mo beiṫ rem beo i mbeirt mogaḋ
nó beirt ríog do ċur fam ċneas
baḋ díon dam ar mo díṁeas.

33 Ionann is altuigte dúinn
beiṫ go maidin ar maoṫċlúiṁ
nó beiṫ i lionnṁuir gan luing
nó beiṫ i n-iomdaiḋ iaruinn.

34 Ionann is altuigte dúin
beiṫ im luige ar lár m'fortúin
nó siobal sneaċta ar sliaḃ lom
naċ biaḋ ag ealta a fulong.

35 Ionann is altuigte dúin
luige idir mo luċt míorúin
nó luige idir mo luċt gráiḋ
dom ċurp croiḋe gaċ ċompáin.

36 Ní fáṫ faoilte, ní fáṫ bróin
clann oirrdearc, earraḋ deargóir,
nó beiṫ gan ċoim idir cáċ,
nó beiṫ gan ċloinn gan ċonáċ.

37 Ní fáṫ faoilte, ní fáṫ bróin
cúirt álainn iomaḋ comóil
nó iomaḋ tarta is teaċ lom,
nó neaċ gan acra d'fearann.

38 Cré gaċ colann san ċruinne;
breiṫ nó oigiḋ éanduine
ní fáṫ faoilte ní fáṫ bróin;
ní caointe cáċ i gcéaḋóir.

39 Dá ndíḋean do ḋoirt a fuil;
níor ċaointe do ċloinn Ádaiṁ
rí 'n-a ḋeoiḋ ná rí reiṁe
le a ḋeoin aċt rí an ríṫige.

40 An rí tá is bías is do baoi
is tríd ba déanta déarcaoi;
ceo gach triath acht triath na nduil,
beo mo thriath ar n-a téarnúd.

41 Mairg nach caoinfeadh an chruinne;
a bás ní bás éanduine
do b'é uile an uile fear;
ní duine an té nach tuigfeadh.

42 Mairg nach caoinfeadh iad uile
tráigh, tír, coillte claonbuidhe,
éisg na mara is neamh na néall,
's an lear uile is an t-ai-éar.

43 Do gonadh an Grian 's an ré
is buidhne an bheatha seinché
lá fuile an tairnge do theacht
's na haingle uile i n-éinfeacht.

44 Ann sin do saobadh síona,
do bhéicseadh na bleidhmíola,
agus an fairrge re head
is na cairrge dá chaoineadh.

45 Do chaoinseadh saor a gceangail
na huisge is na hairdreannaigh,
is eoin lúdhmara deoidh i ndeoidh,
is neoil úrglana an ai-eoir.

46 Mior dionGna a dúile féine
do chaoineadh a gcoigcéile;
do-róine gach ní fa nimh
rí na glóire rí an ríchidh.

47 Ní fuil thuas ar neamh na néall
dúil acht ar dealbh an fíréan;
dúil mar soin acht dúil do chum
fúinn nochan fuil i nlofrunn.

48 Ó flaitheamhnas Dé budh-dein
síos go híochtar an aigéin
ní fuil dúil acht dúil do chum
do mhuir ná d'úir ná d'fochann.

49 Ón bhreac beag gus an míol mór
tigearna na dtrí bhríomhsloigh
don duine do dealbh gach dúil;
ar sealbh uile do b'iontúidh.

50 Uaiḋ fuaramar neaṁ na néall,
's an bioḋ uile is an t-aiġéan,
uaiḋ fuaramar an t-anam,
uaiḋ fuaramar uraġall.

51 Rí ġaċ ḋúine téiḋ 'n-a ċeaṫ;
uaiḋ fuaramar an t-aingeal
ar leaṫláiṁ ġaċ duine ḋíonn;
neaṁċáir don duine a ḋimbrioġ.

52 Uaiḋ fuaramar—foirḃḋe an tseaṙc—
a ḋealḃ féin—ġá fearr toirḃeart;
uaiḋ . . . . . inn féin
do rala sinn ar saoiḃċéill.

53 Ġér ġaḃ sin caoṁċorp ḋar ġcionn
naoṁṫaċt ar naċ fuil foirċeann
ḋar [soiúir] ġus an ḃflaiṫ ḃfíre
ré iúil na sé seimline.

54 . . . . . .
. . . . . .
do ṫoirling san óiġ ioḋain
coiṁling ḋan cóir creiḋioṁain.

55 Do b'fiú an toirċeas ṫarla ḋí
ar sgaoileaḋ cáiġ ó ċéile
ġur ṫáṫuiġ an uile fear
Muire an ṁáṫair 's an ṁaiġdean.

56 Óġ ioḋan ḋar ḃ'ainm Muire,
máṫair an Meic síoroḋuiḋe,
do b'é rí na soillse sin,
do bí 'n-a broinn-se ó bréiṫir.

57 Talaṁ í as airde ná neaṁ
bainrioġan máṫair maiġdean
mionn órḋa fuile hÉaḃa
Muire óġḋa fíréanna.

58 Triḋ do fáġḃas inis Ḃreaġ
[m'onóir do ḋiúlt maic] Míleaḋ
[flaiṫ o'Íḃ Airt agus Oilill
ní maiṫ ní huilc altoiġim].

59 Teaċ na n-óġ is na n-easbal,
teaċ daoineaċ an Ḋúileaṁan,
easbal as tréan an tiġe
Peadar fréaṁ na fírinne.

Ní.

47

FEARGAL Ó[G] MAC AN BAIRD ccc

1 Ní rí fíre ácht flaith nime,
rí fíre flaith na cruinne;
do bí ar neamh fan lia ligi
fear fine, Dia agus duine.

2 Ar chéith doinnbear dia hAoine
do coimmeád Dia dar ndín-ne;
daor do bhraith an raon róin-ne
laoch na hóige, an flaith fíre.

3 Rí fíre an fear nar chronuigh
cneád na cíche dar gcabair;
a chóir is é ar n-a oigid
oidhir Dé tóir a tabaig.

4 Tar a tal tiad a dhaoine
nior mhiad le mac na hóige
[dá chios ní] um chneid na cíge
rí fíre, gein na gloíre.

5 Tug malairt do Mhac Moire
slat do agair . . .
ar aoi a dhéire mar dligi
caoi crithe théine, a duine.

6 A Phéadair, déagaid dúin-ne,
déanaid, a easbail fíre,
guidhe ar mo chrú le chéile;
tú féine id duine dinn-ne.

Ní.

48

FEARGAL MAC DOMHNUILL RUAIDH MAC AN BAIRD ccc

1 Olc iocthar ar luag leigis,
a fhionfuil sa luan leanais,
guin cáig don luibh do leigis,
luibh leigis re báid beanais.

2 Do sín a fearg fa oigid
an rí tar ceann ar gcuiriud;
liaig nach gead gráin re a gonaib
do chabair chead cáig [coirig].

3 Re guin cige i gcéill cuiris
na sé line gur leigis
sé slóig do bí ar a banais;
sanais do-cóid dí ar deigfeis.

4 Ní bia a fearg uann gan faobar
a fearg go luan dá liomad;
nár dá rann dí do déanamh
clann le ngéabad rí is rioghan.

5 Fiu an óg do lean ar loirg-ne
an ceart do-cóid ar cairde;
luaithe má fás na feirge
meirge grás uaithe i n-airde.

6 Ó fleid gan obad d'aonar
ná creid m'obad im éinfear
a teach óil lé ga lionad
rioghan ar cóir nDé ag déimeam.

7 Mac Dé gar ndíon 'n-a deoraid
re ré a síol nó gur síodaig
tarla dó a díol do ghuailliud;
buailid i gcló ríog ríoghain.

8 Luach a chead d'íoc nach eagal
ar ndíon 'n-a leith ná leigead;
nir bean re hóig é d'obad
cogar Dé is cóir do creidead.

9 Lór do ceilt doirre an Dúilimh
feis do-roinne re ríoghain;
fada é i gcás fan gcánaid
gur sáruig grás Dé an díogail.

10 Ní séanta cách do chabair
ón séala _a-tá sa troigid;
ná creid fíoch Dé mar dearair,
síoch an dearaid é d'oigid

11 Chead [cíche as] slán ar síoda;
bean [go síne a] snách uama
dá fleid ní lón do-ghéana;
ná geib m'éara, a óg, uada.

12 Ní tarad gaoil do-geibtir
a branar taoib nó troigtig;
ar mbarr ní foil gar n-aicrib
a n-aitgin soin ann d'foichib.

13 Do-beir sé d'óig a n-iarraid
ó Choir Dé mar soin sinid;
Grás Dé ina tós a-támuid
ní ránuig sé fós finid.

14 Ní dar ngrád an glas biodbad
a bas re clár do ceanglad;
an síoc an uair do b'urlam
fríoc cumrad cuain nar ceanngad.

15 Mar ceiltir cóir do cheirde
re hóig as beirte a buirde;
dligid tú a ioc mar t'fine
crú an chride díot [a duine].

16 Bean do gnátuig cosg córa
ort a slánuib ar síoda;
clann ar óig sin dá séana
déana [a nolig] do chóir cíoga.

17 Feis fóirde cáig a cinnead
dáil na hóige—as dáil daingean;
do teacht i gcli do cumad
beart ullam hí ón aingeal.

18 Síoc na cána do coillead
fa slánaib ríog do-rinnead;
tug an cíoc cóir sa gceanngal;
do gealladh d'óig t'fíoc d'fillead.

19 Neam ó ar bfoltaib nír féagad
gur fosglad an feart lisgeal;
dar dtaoib do fás an t-éigean
éidead grás daoib nar díbean.

20 Tearc do cách ód fleid leagar,
ód fleid ní trát dar dteibead;
flead grás do ceil an cagad;
madan Cásg lib do leigead.

21 Clód t'fine ní ceard cubaid
's an tslige dearg id deagaid;
raon dearg id cíog ná cronuig,
conuir ríog as dearg dleagair.

22 Mór an cás far fear t'fionfuil
seal reo bás ina braonuib;
cóir do-geab feidm uaimain
fear t'ualaig i mbeirn baogail.

23 Seacna gaoil ar cóir gcroidead
ag óig do bao1 ga branar
bean do bac fás na folad
lat ag comar grás gabar.

24 Fuair rígbean am ar n-eagair,
—an rígflead ann do b'abaid,
flead grás nar coir do cogail,
cás cogair re hóig aguib.

25 An rí i gcrocuib dar gcinn-ne
nar cronuig na trí tairnge;
rángas grian fala t'oidre
doimne an mara Mian maigre.

26 Má tao1 ag meas éarca ar t'fine
leat na héarca ní fuige;
cuimnig tú id mac ag Muire
ní lat uile crú an croide.

27 Crann gar gcoimde i gcioc t'oidir
a fioc oirn-ne do falaig,
gar súr nir gab ga gonuib;
ar doimuin túr an toraid.

28 Saor dionguas claon na córa
iongnad an saor dar séana;
do cuir don chann-sa an cíoga
fonnsa díona um fuil Éaba.

29 Dulta i dtrát beirte an báire
ar sgát cneide na cíge
sgiat i bfuil díon, a daoine,
d'fuil taoibe an ríog do-rine.

30 Mór do bí ar dáil na dige
do dáil a rí re ró toile;
mairg nac díol fear na fleide
fíon dar bleide cnead croide.

31 Guin taoibe Dé 'n-ar ndeagaid
ní maoidte a méid a oinig;
gé tá bás Dé 'n-a deimin
ceilid a grás é d'oigid.

32 Dá fuil im dáil do deicbrig
muir gan tráig ar a toirchiu;
linn grás fam luing do leachuig
do fás d'feartain chruim chroigtig.

33 Iomchrais eire rer fuirig
nar hiomchrad eire a Samuil;
tug sé a chrom ar a chroigiu
oirdir Dé i gcrann dar gcaibair.

34 Ūir mar a tásg ar chorad;
úir grás an úir do hoiread
tuar síd an tann do threabad;
leanab cíg ann do b'oiream.

35 Ceo doirche ag cách ó a gceanaib
nach foigche leo lá turaid;
crú an cíge ón chaig do caibair
samail síne i ndiaig dubaid.

36 Luib re cheadaib nír cuiread;
a fuil d'fearad as oman;
guais dam gan triall sa turad;
gar dubad riam don ragal.

37 Cóir linn fa lár do leigead;
don Chóir ní tráth dá teagar;
fuil bas is cíg ad cogar
obad síd as nach eagal. Olc.

49

DONNCAD MÓR Ó DÁLAIG cct.

1 Ór na mban bainceann nime,
géag cubra an chuais ainglide,
cruth seanggLan go snas corcra
dar las dealLrad diadacta.

2 Ór lioglan ar nar luig sal,
réalta iuil fear an talman,
ciab claon 's a grianad mar gréin,
caor do mianach criad ceinéil.

3 Ór glan gealbán na cruinne,
bainceann na sé socaide,
folt na n-órclann gcruinnsliom gcas,
lóchrann ó bfuigbeam eolas.

4 Grian glan gealmaidne samraid,
eala innbir cubarglain,
folt órbuide failgead diog,
ógMuire maillgeal maigdean.

5 Guaillib deasláime an Dúilimh
's í ar ar sgáth 'n-a sgiaclúirig,
's n-a gnáthál daingean dar ndíon,
sgáthán aingeal an airdrioghacht.

6 Slat do fás a húir naomta,
óg glan go ngnúis neamhfraoctha
dar b'ainm naomtalamh ós nim,
failm go saorthaid saidbir.

7 Neimheas gach deilb dá deise
i ngar do gné a deilbei-se ;
beag mórbladh i ngar dá gnaoi
leag lóghmar mar gal grianlaoi.

8 A béal coimhdeargh re snuadh subh,
a rosg comglas re criosdal,
nó re hoigread ar eas nglan,
a cneas coimgeal le cubar.

9 Combuidhe é 's an t-ómra
bairrfiar an fuilt fordha,
a tirmdéad combán re caile
an finngéag follán orrdairc.

10 Siad coimgeal le clúmh eala
a troigthe, a taoibh gléghealá ;
méin caise 'n-a camchúl fionn
nach taise fannchlúmh faoileann.

11 Céim a bonn, builli a hadhra
's iad commall 's a ciunladhra ;
rosg glas gan formad fa ór
a bas comlag re caomhsról.

12 Mian a gruadh n-áluinn mar fuil,
an cuid eile dá hagaidh
mar uan imilleargh abann
snuadh ingindeargh abraidhail.

13 Inġean Laiċim ciaṁ ċlaṁaċ
cosmáil caoile a seangmalaċ
re sgríb d'fírinn ċaoilpinn ċuirr
ar sgríbinn maoiṫślim meamruim.
14 Máṫair ríoġ ráṫa nime,
mian súl na sluaġ n-aingliḋe,
gnúis déadla ó n-aġṫair an t-eol,
réadla naċ aṫraiġ d'aiṫċeoḋ.

Ór.

50

Book O'Conor Don

DONNĊAḊ MÓR Ó DÁLAIĠ ecc.

1 Ort do ṡeiseaċt, a ṡaoġail,
a sgian tana ċollfaoḃair ;
a ġille 's a lúb 'n-a láim,
aġ súd inn-ne dot fágḃáil.
2 Miṫid dam céim seaċad sair,
a ṡeanóir ḋoill, a ḋomain ;
do buḋ turċar ḋam, a ḋuill,
urċar do ċur lem ċoluinn.
3 Do buḋ coḋlaḋ ar ċlúim ṫé
gan iompóḋ riot a-rise ;
uċ, a ṫruaġ, más eaḋ as áil
seal uaḃ agus gan t'fágḃáil.
4 Seal 'san sliġe ḋíomaoin ḋam,
seal 'san saoġal dom ṡalċaḋ,
seal san laṫaiġ, loiġe an ḋoill,
aṫaiḋ oile san aḃoinn.
5 Ruaig agam d'iarraiḋ nime,
ruaig i measg mo muinntire—
tuig trá naċ deiġriḋe ḋam
an dá eitriġe d'aḋraḋ.
6 Siriḋ féin aiream eile,
a ṡaoġail, d'ar t'eitriġe ;
beir, a ṡaoġail, t'aġaiḋ uaim,
a ṡalaiġ ḋaolaiġ ḋiombuain.

7 A ṡeanóir ċuisleaḋaiġ ċruim,
mallaċt ort gaċ fir ċumuinn ;
go brafa sár it ṡeise,
a ċlár tana taipleise.

8 Gé taoi ar mo ċí, a ċruaġáin ċruaiġ,
duit do ċumas mo ċéadduain ;
mór an ceannaċ deaġóir dam
seanóir meangaċ do mholaḋ.

9 Is tú an giolla fionn fallsa,
riot do-ċuaiḋ an ċolann-sa ;
ní tú, a ḋalláin a ḋomain,
an ċnú falláin fogamair.

10 Is tú an tsaḋ meaḃlaċ meangaċ,
is tú an beiċir béimeannaċ,
tú an aiċir ṡeang, a ṡeise,
is ceann aiċiġ uirrei-se.

11 Do ċuiris díot a-dearair
cúig ḋíne do ḋíneaḋaiḃ ;
ní fuil tú aċt id ċuaille ċuir
ar brú na huaiġe, a ánruiḋ.

12 A ánruiḋ ċruaiġ, tomais dúin
gá fuil do-ċuaiḋ fad ċéadúir ;
sloinn go fíor, a bréagaiġ brais,
gá céadfuil ríoġ do fromais.

13 Fuil Aibéil meic Ádaim finn
dí do ċorcrais do ċéidrinn ;
a brais bréagaiġ, is sí sain
céadfuil do bí ar do béalaiḃ.

14 Fuil Críosd do-ċuaiḋ fad bruinne,
móide t'imṡníom orumn-ne ;
ceann fat iris níor ḋluiġ ḋam
ó do iḃis fuil t'aċar.

15 Do bratais Dái-bí na ndám
's do feallais ar Ab-rahám ;
tugaḋ ceann Eoin dá éis sain
'n-a feoil ar méis doḋ miasaiḃ.

16 Do ċroċais is a ċeann síos
Peadar apsdal na n-óirċíos ;
ar ndíoċ Peadair agus Póil
eagail do ṡioċ, a ṡeanóir.

17 Ní dearna cumann riot riaṁ
ó do fealladis ar Aibial
neac nar cuiris féine i bfód
act mad Éile agus Eanóg.

18 Tárras ort-sa eact oile
do cealga 's do corroige ;
ar do ṁuin—nior búiread binn—
do cuir an Dúileaṁ dílinn.

19 Bliadain dí—agus nior doibeart—
ar do ṁuin ag marcoigeact ;
ní fuair dion, ní tárraid tráct,
do síol Adaiṁ act aonbárc.

20 Tiocfa brát ainmin oile
dod bátad-sa, a bréagoire ;
ní bia beata eile ann
act ceata is teine is torann.

21 Báidfidear tú do connaid
mar báidtear ceap crionconnaid ;
do leagad a-dir gac dream
ar sin ní feadar t'inneall.

22 Ón lá loisgfidear do lár
agus géisfeas do gormclár
agus bearrfas muir do ṁonj
do seancas ní fuil agam.

23 Ag súd inne ag imteact uaid
i reilig na gcrann gcaolfuaid ;
beag do creiseact toct tar muir
ort do seiseact, a saogail.

Ort.

51

TADG MAC DÁIRE cct. (?).

1 Roga gac beatad beit boct
neac ag a toga act gid tearc
—uirre gan bréig ní léir loct—
san port nad téid céim tar ceart.

2 Beiċ gan toice ní díoċ dún
mar ioc im olcaib mar ċráð
nó beiċ boċt do réir mo ríog
díol a loċt ní léir dá lán.

3 A uan fionn do fás ón óig,
uað i ngioll red gras a-táim ;
asad gan bréig fa dú dóig ;
is tú an gloir naċ téid i dtráig.

4 Red toċt i dtionól an luain
an ċroċ 's an ċoróin red caoib
tiocfa sé ['n-a soċar] dúinn
dúil don [rotal], a Dé, daoib.

5 Ní fuil ag neaċ grád dá gaol
—uċ ! ní neam a-tám do túr ;
ar dtréide mo-nuar is nár ;
grád dá ċéile bað dual dún.

6 Go dtí so gan doilgeas daoib
—ós ort as oirċeas a úid—
suas don deagbrag, a siur séim,
an t-iul réid do dearbað dúin.

7 Gan luagall éiteig ós aird,
gan uabar, gan bréiteir buird,
mar luag i ndearnain an deilg
dual, a leinb, leanmain do luirg.

8 A óigmeic arsaid dar siair
mo ċasbraid go bfóire féin
's ná leig m'anam uaib dá caoib
sgaoil uainn mo ralam go réid.

9 A Ċoimde do-ċí mo rioċt,
dar gcoimde do bí go boċt,
go fóil ná cinn ar an gceart ;
fóir leo neart inn ó gaċ olc.

10 Ós í ceard ċosmail a clóid
sul ċí t'fearg ċum doċair dún
dá bar dtol, a rí na ríog,
go dtí díom a ċor ar gcúl.

11 A bfuaras don ċruinne ċé
uaib-se dá gaċ uile ní
bean dot fiortaib díom, a Dé,
más díol é i gciontaib mo ċlí.

52

DOMHCAD MÓR Ó DÁLAIG ecc.

1 Rugad báire ar an mbocdacd ;
tearc fuilngeas a hansocracd ;
nír cás duine a-báin dá breid,
do-cáid an uile d'éinleid.

2 I n-aimsir Peadair is Póil
—ag trágad gé tá a honóir—
do bí an bocdacd 'n-a linn láin
gur socracd linn í d'fagáil.

3 A-tá ag na daoinib do dligh
leanamain an luirg dírigh
beada as táire ná beid bocd
ag breid báire ar an mbocdacd.

4 Gin gurab air as mó meas
is buidead Dia dá daibdreas
bocdacd gin go mbead dá doil
nead leis nad olc a easbaid.

5 'N-a comdrom ní bud cuirde
conád gémad ceaduigde ;
an daibdreas gurab é as fearr
is é a aigneas go haidgearr.

6 Don druinne mar duid ronna
losa ar n-oide fogloma
an almsa rug do rogain ;
tug annsa dá heasbaidib.

7 Fada ó a báire do breid dí
Muire óg d'imdeacd uaide
bean a cardana ó droide,
bandara na bocdaine.

8 Do beanad dí—dia do dor—
gur fágbad hí na haonar
rí na n-uile 's a easbail;
Muire ní hí a héineasbaid.

9 Ní fuair fa deoig—is dó tám—
do díod carad ná compán
d'éis na n-easbal go [héanar]
easgar ó nad [éiréagad]

10 Gabtar i ngaistib an éagca
Fromséis fear a coimhéadta
—gár fearr bráige —[ag] an mbocta,
ceann báide na boctacta.

11 Fear do ba treise ar a toil,
fear iomcuir cuinge crábaid,
brácair nacar car a corp,
dam nar gnácaig a greasoct.

12 Béal tana dá dtugad fios,
bas geal nac glacad díleas,
croide ler cuma a docar,
urra a oire d'iomacar.

13 An traig mion ná an mala cam
ní cug oilbéim don anam,
ná an ciab maot nar maot gcrábaid,
far baot ciall a compánaig.

14 Ní as [ar] baogal a bréagad
don tsúil curr do coimhéadad
an t-ábra gan dion ar deoir
gá dtarla a díol do doirrseoir.

15 Le a crábad ag breit breite
do bí a héisdeact d'áireite
an cluas do ba caol tuigse;
saor do-cuas ón céadfaid-se.

16 Dá gcur fa umla an anma
na céadfada corparda
gá dtú act noca dtabrad sbéis
i gclú dá bfagbad fromséis.

17 A briatar milis málla
nír féad fear a fagála
neamhdóig as an ní a-deiread;
seanmóir í do oibrigead.

18 I gcontabairt ná cuiream
go n-éisdfead rer n-urfuigeall:
ní docuirte agad air
gabal cotuigte an crábaid.

19 An dtibreá d'éarlam eile
dá creise d'fior impide,
a rí na n-uile, ar a éis
an ní nac fuige fromséis.

20 Bráthair Mionúr do ráth ris
dá umla—gá dtám tairis—
sé dá ainmniughadh as a hucht
dainghniughadh hé ar a umloct.
21 Na géagha as airde san fiodh
ón ghaoith gé gabhaid briseadh
gach géag dá mbí umal ann
fudhar dí noca déanamh
22 An cnú doraidh téid sa sruth
do réir feasa na n-eolach;
beith ar talamh is dú dí
's an cnú falamh i n-airde.
23 Gach tuar as truime geamhar
le a gort is gnáth isleaghadh;
an tslat cumhra gid hí ann
is í as umla dá hubhall.
24 Móide an toradh táimigh dé
nir bean bráthair dá isle
—fán gach acaid as fearr gort—
geall dar n-athair ar umloct.
25 Is córaide dá clannaibh
an t-athair ór fásamair
na baramhla do-bhearar
a n-aradha d'isleaghadh.
26 Go breith an cluiche ó clannaibh
ní bíodh acu act éinriaghail;
reacht an clann-sa 'n-a dá cuid;
ní do theacht tarsa támuid.
27 Do filleadh orra dá éis
an clann do cin ó Fhoinséis
an báire do bí rompa;
do bí a n-áille iasachta.
28 'N-a gcloinn tabhartais a-táid;
ní gabh leo act an lá iompáid;
beith dáibh amhlaidh ar a éis
do tarngair an fáidh Fhoinséis.
29 Ní hiomdha dinn 'n-a theaghaidh
bráthair bíos gá hoileamhain
an riaghail gá dámaid dí
fiadhail act tánaig tairse.

30 Nach fiú aonmhonadh hé féin
dá iommus is iúl soiléir;
ní beag do dhíneas é air
do dhíleas dá mbé ag brátair.

31 Is cóir sa chás i bpuilim
gan failleachadh m'urfuigill
—ar síoth re laogh nDé dhige—
ní saor é ó oirbire.

32 Deacra dúinne iná duit-se
dul beo ón beirn gábaidh-se;
beag an pian do bí id bochtacht,
do mhian do b'í an anshocracht.

33 Ar n-éigean muna fóire
maoidh ar Mac na banóige
[buirre] na glaice gonta
duinne i n-aice t'umhlochta.

34 Maoidh fós ar oidhre an Athar
tú go héag dá hiomachar
—neimh an duinn gár docra duit?—
cuing na bochta fadh bráguidh.

35 Is tugtha gan mo cheibe
d'eineachlann it foigibe
Mac Dé dá n-eitge t'umhloct
leigthe mé leo mheasardhacht.

36 An gcuin báis do bhaoi id chrídhe
ar Críosd cíodh nach maoidhfidhe?
a dhoigh gár docra treadhlaidh?
gonn t'ochta ní hindearmaidh.

37 Im ionadh is tú thogaim
d'aigne agus d'fhior uroghaill;
do bhiadh ar náma réidh rinn
mo náma féin dá bpuilngimn.

38 Ní as a ndoirtfinn mo dhéara
bean osglach as m'aithméala,
a dheochain, a chú chrídhe,
ós tú eochair m'aithrighe.

39 A oidhe, a athair dála,
a fhlaith dílinn dhiongbála,
mo loct as a chruaill tugadh,
do-chuaidh thort mo theasrugadh. Rugadh.

53

Donnchadh mór Ó Dálaigh cct (?)

1 Saoghalta sin, a shaoghail,
ar gcaitheamh do chéadfaobhair;
saoghalta siubh má sain,
a fir shaoghalta shanntaigh.

2 Mar taoi fa thoice an domhain
—is riot eich gan arodhain—
más tuar bhaoghail an bhocta
truagh, a shaoghail shaoghalta.

3 A aidhbeirseoir na n-uile,
ro chumann, a chealgaire,
do mhuin deaghóigh nír dhulta;
sguir, a sheanóir shaoghalta.

4 Ní chéro duit-se fa dheireadh
do chiste dar cruinnigeadh,
luach an tsaoghail do ráidh ruibh;
bhaoghail do dhál, a dhomain.

5 Gidh bé chaitheas, gnát a goin,
críoch bhur gcumainn, a shaoghail;
a fir-se is a ghlac 'n-a gar,
dar lat is siubh-se an saoghal.

6 Más tú, a shaoghail chuirsigh thruim,
an bhiot cé do-chuaidh tharainn,
a earr ag breith ar an mbhiot
gá fearr a bheith ar biseach?

7 Fead an tsaoghail dá ráidh ris,
a dhuine a-tá ag teacht tairis,
do chéill san saoghal ná sir
a thaobhadh féin an faid-sin.

8 Fada gur chuigeas tu-sa
fa chumann na colna-sa;
mairg do rochaobhuigh tú, a thruaigh,
a thrú, a dhrochshaoghail diombuain.

9 Ar do sgáth, is tú dá thoil,
thaobh reo leithsgéal an lá-soin
mairg a-tá, a shaoghail shanntaigh,
go lá an aonaigh iongantaigh.

10 Ar catai[gc]iu na colna
le hainmianaiu ionmalla
gérsam dual im fear fallsa
truag ar seal san saogal-sa,
11 Crioch an tsaogail is sí sain
seacht dtroig[gc]e d'fag[gc]áil d'iomdaiu;
mar as dual dó agus di-se
ag so an uag ga innise.
12 Mar céid an t-uimh is an t-ór
céid an t-aoibneas 's an t-anshóg;
céid a chruit don chruit fallsa;
loch le sruth an saogal-sa.
13 Dar mbeith go hoirchilleach air
is córaide, a chlann Adaim,
an bioth go dtairrnge charaid;
rioth na hainnle a ionnsamail.
14 Nach cuireann an saogal sid
do déanam oibre im aigid
ní thig lá dá uaisle ann,
a thruailli-se a-tá 'n-ar dtiomchall.
15 Gé taoi neamnáireach a-nois
buid nár ar chionn an chonntais
do neamchoimall dá nochta,
a seancholann saogalta.
16 Mar tá riam dá chur i gcéill
córaide an cholann d'aimréir
nach fagann sé acht moirn nach mar
gid bé dan soird an saogal.
17 Dámad leat ó Dia an doman
más tú iarras atrogad
leathlám is méad a moltha
créad acht seachrán saogalta?
18 An saogal dá dearbad deit
dá mbeitheá it athair éinmeic
an mac san láthair nach lid
's nach lat máthair an meic-sin.
19 Caide an t-ól 's an t-aoibneas trom?
caide a dtáinig riam romam?
caide an saogal a-né a-nos?
caide an té aonar anas?

20 Ná coigliḋ cluiċe ná cleas,
ná coigliḋ ól ná aoiḃneas
má tá, a ḋaoine, gan ḃar nḋul
ná lá saoire ar an saoġal.
21 Fa ḋeireaḋ—truaġ an tuirse—
d'éis do sainnte, a ṡaoġail-se,
ceaḋ siḃ acht na seaċt ndroiġte?
Ag sin do ċeart críoċnuiġte.
22 Tuigtir naċ caiṫionn do ċroḋ
méaḋ ḃar sainnte ar an saoġal;
lá feasda ní lat doḋ láiḃ;
ná bac dá dteasda teasdáil.
23 Aontroiġ dá dtugta toraḋ
dá mbeinn agá breaċnoġaḋ,
treaḃċa dom iṫir ní fuil;
miṫiḋ do ṡeaċna, a ṡaoġail.
24 Ar an dtalaṁ ó ṫánag
a-taoi fúm ag fanáṁaḋ;
lúbġal darab gar a goiṁ
an doḋ súgraḋ, a ṡaoġail.
25 Gá fios an mairfeá a-máraċ?
a-tá an saoġal seaċránaċ;
a ḋuine, ní lat go lá;
ná glac don ċruinne [a carta].
26 Do buḋ miṫiḋ d'fior m'aoise
d'éis mo ruaṫair roḃaoise
gan ḃeiṫ reḋ ḃanncaiḃ baoġail,
a ṡanntaiġ, a ṡeanṡaoġail.
27 D'éis ar ḋáilis do ḋeoċaiḃ
oirn-ne is ar ar n-aiṫreaċaiḃ
ní cneasda go nḋliġe a ḋáil
deasga do ḋiġe, a ḋoṁnáin.
28 Fa ċaḃair Caitir-íona
do ṁúċaḋ mo ṁíġníoṁa
ní beag an daingean daṁ-sa
m'aingeal is m'éarlaṁ-sa.

Saoġalta.

54 Book O'Conor Don

DONNCHADH MÓR Ó DÁLAIGH ecc (?)

Mr. Cain dat = Hyde's text = Trans. 8.

1 Sbéacláir na cruinne an Chroch naoimh
crann suaichnidh na sleas ndonnchaoimh;
séala an chroinn-se na Gcóig Gcneadh
róid as soillse re silleadh.

2 Croch Íosa, mionn cabhra cáich,
mór ngné as a ngairtear sbéacláir
don órchuanna tiormglain tais
d'fiodhbaidh fórchuanna Parrtais.

3 Sliocht a cheadh an uair fégtair
páis Dé is aisde airléagtair;
an rí as cinnte dar Gcoimhde
innte do-cí ar Gcabhair-ne.

4 Dá taobh táimig an tsoillse
do sgaoil doirche an domhuin-se;
ní sbéacláir ar nach cáir cion
do báidh céadcáir an Choimdeadh.

5 Cóir sbéacláir do rádha ria,
naomhchroch céasda Meic Maria,
crann na slios Gcomhcorcra Gcáidh
ar sgrios dorchachta an domhain.

6 Mór Gciot do cuireadh impe
d'fionfuil Dé—dáil aidhmillte;
do chéadtráigh folta Gach fir
an sbéacláir chorcra chroinn-sin.

7 Aoine Cásg ria do rigeadh
corp Dé—díochra an t-aindligeadh—
croch [Guaisbeirte] cabhra cáich
—damhna a huaisligthe d'fagáil.

8 A-tá si-sc ó soin i-le
'n-a cairt síodh, 'n-a crois choimhde
re slios Géagcláir chaoimh choisaidh
'n-a sbéacláir saoir solusglain.

9 Iomdha raon Guasochta Gon,
lorg cneadh agus áit álaidh
tre chlár ngeal séanta a sleasa
'n-a sbéacla fear n-aimbeasa.

10 Silleadh créacht a chuirp chorcra
cúis truaighe, tuar furtochta,
dáil chabhra achair d'feichim
fachain anma d'fóirithin.

11 Sompla ar síodh, séala ar ngrádha,
fáth tuirse, tuar lúthghára.
An mionn croinn ghéigleadhair ghlain
do chloinn éidtreabhaigh Ádhaimh.

12 Cúis lúthghára a dtáinig tríd;
fáth tuirse an tráth do-chímíd
an slios corpghonta, an cíoch donn,
do bhríogh furtochta ar n-anman.

13 Mairg nach sill sleachta a beoghon,
mairg croidhe nach cuimhneochadh
iul diadha doimhneabtha a chneadh,
piana coimhdeacra an Choimdeadh.

14 Cneadha a chaoibh—truagh an sompla—
lorg bear a bonn mbeoghonta,
an dá chréachtláimh, an chlí ghéal,
sbéacláir don tí do thuigfeadh.

15 A thuigsin dúinn—dia do chéill—
an fáth far fuluing iaidh-séin
fead sléachtana díonn do dhligh,
créachtghona ríogh an ríchidh.

16 Dá dtugtha a hinneall dot aoidh,
a fir do-chí an ghroich bhfiornaoimh,
sléachtain ní ba díoláimh dhuit
don iomáigh éachtaigh orrdhuic,

17 'N-a sompla chabarta cáigh
thuigh ar tús mar tá an iomáigh
'n-a deilbh cheisiomláin chruaidh tigh,
'n-a heisiomláir thruagh thuirrsigh.

18 Thuigh fós—is feirrde a hionadh—
mar tá sí ar n-a suidhiughadh;
féach an tarbha a ndeachaidh dhaoibh
i mbeathaidh t'anma, a óglaoigh.

19 Fáth a cheangail is an ghrann
oidhir Dé—dhiadha an fhulangh—
fáidh gach aoinfear dar foillsigh
sgaoileadh cáigh san cheangail-sin,

20 Ciall a dá lám do leadaḋ
Uan Dé, dalta ar ndeirḃéadar,
nó gráiḋ ar n-a fáláir air
do gaḃáil cáig san crann-sain.

21 Mar fairrsinge dá aos gráiḋ
fuilngis cumṁgaċ—cúis tocráiḋ—
idir glaisreanna dealg ndonn
an leanb d'fairrseanga oram.

22 Fáċ fa dtug—truag an cosgar—
doirse a ċneaḋ re a gcomfosglaḋ
mar sluġe dar dtoċta is-teag
tre ċriḋe gcorcra an Coimḋeaḋ.

23 Fáċ claonta a ċinn san ċroiċ-se
d'umlaċt dúinn—dál aċtuirse—
Rí do bí i gcumṁga dar gcionn;
do b'í an umla gan fuigioll.

24 Fáċ fa dtug d'furtoċt oruinn
crann céasda an óig aḃraṁoill,
dul 'n-a rann go ráinig linn;
re crann cáinig ar dtuitim.

25 Báiḋċear ann d'fuil a ċroiḋe
croċ Dé, crann ar gcaḃrai-ne,
crann corcra slánuigṫe ar sean,
folta cánuigṫe an Coimḋeaḋ.

26 Crann do luḃgort puirt Parrċais,
mionn croiċe clár leaḃarċais,
crann soillse na sé gcineaḋ,
ré an ċroinn-se ní caiṫfiḋear.

27 Cros Coimḋe cloinne hÁḋaim,
luiḃ ċaḃra créaċt bfiorgáḃaiḋ,
crann do tomais Mac Muire,
slat tomais na trócuire.

28 Sḃéacláir cáig, éanċrann ós fiod,
tríċe at-ċonnairc Dia ar ndíḋion;
d'éis ar gcaḃarta tar cáir
taḃarta sḃéis 'n-ar sḃéacláir.

29 Peadar comarba an Coimḋeaḋ
biod leam an seanġ séagainnġeal
fa ċréaċtċáir na gcroiḋe tall
sḃéacláir oile ní iarrfam. Sḃéacláir.

55

1 Seacht n-ingeana 'gon umla
seacht gcomursain ciallumla
seacht muine iad a haonbun
siad 'n-a gcuire comgaolmar.

2 Rún ní hinnéanaim orra;
sloinnfead a seacht n-anmonna,
na seacht mbinnsreaba bunaid
tearc ingeana a n-ionnsamail.

3 Céadgin cloinne na humla
go gcreidear dá comurda;
an foighde is í a hainm-se
gloineide an clí i gcleachtainn-se.

4 An fírinne óna hard cride
ainm an dara hingine
mór luag na fírinne d'fior
luan na dílinne ón Dúiliom.

5 An treas ingean—cruaid an céim—
an fhaoisidhe is í a hainm-séin;
gan a labra is coll creidim;
long na hanma an fhaoisidim.

6 An ceathramhad céim don cloinn
an aoine as crád don coloinn;
gid seang ón aoine an clí cuil
feall taoibe hí don anmuin.

7 An cúigead ingean eile
re n-abrar an aithrige
gach ni as aitsluige don uile
is í an aithrige a furtacht.

8 An trócuire is sí an seiseadh
—tearc mná mar an móirseisear
na sé mná umla aile—
is ullmha a-tá an trócaire.

9 An déirc deireas neach ar neamh
is í so an seachtmad hingean;
feidhm diongbála [do] Dia hí
is ria as ionnád airdrí.

10 Do áirmeamair gan easbaid
anmanna na n-ingean-sain;
tearc lá nach síolfuidir sin
seacht mná as fíorcuibid d'áirim.

11 [Ón] umlaoid nar faoim ceana
ag sin na seacht n-ingeana;
Dia [dá] gcomtail go coimseach
cia ortaib as amoirseach.

12 Seacht maigdeana óna mó [a] síol,
seacht mná éintige an airdríog,
seacht n-eachraca nime a-niog,
seatraca cride an Coimdead.

13 Seacht mná lionas lios na bfeadb,
seacht mná folmuigeas lfearn,
seacht n-artraige na hanma,
tearc bancuire as banamla.

14 Seacht dtobair na dtrí Muire,
seachtród na sé socuide,
seacht sroda ag teacht a talam,
seacht gcloca gan cumsgugad.

15 Seacht gcathaireacha céille,
seacht bfáide na fírféile,
ceart soillse na seacht nime,
seacht ndoirrse nach dúinfide.

16 Seacht sceoil Saorta síl Adaim,
seacht mbuimide an mórchráibaid,
tearc i n-a gcomairle cion
seacht gcomairle an Coimdead.

17 Seacht n-eitnide cnó gcorcra
ingeana na humloctа;
an umlacht 's [a] clann cadug
is lubgort crann gcomadaid.

18 Ar comairce na cloinne
's 'n-a humla dar n-anmain-ne
—mairg nach creideann don cloinn-se—
go gcreideam don croibing-se.

19 Seacht gcaogada cat fam ceann
tug Pádraig puirt na hÉireann;
go raib mé tall 'n-a threiseacht
is é ann go n-airceiseacht. Seacht,

56

Donnchadh mór Ó Dálaigh ecc.

1 Sguir dod dhíomas, a dhuine;
Gearr go dtiocfa teachtaire
—is iongnadh leam créad do char—
ar do cheann ón éag uachmar.

2 Muna coisge tú do thal
dod chraos dot fheirg dot uabar
gearr go mbia cosg ón éag ort;
féag ar do rosg gan radharc.

3 Ní hadhbar dhíomais duid-se
do mheirbhe is do mhíochuigse,
's beith dod chorp ó chéill ag dol
is t'fholt go léir ar liathadh.

4 Do mheanma mear acht gér mhór
do-chím i uaigh ar gcladhlódh;
is tearc tuile nach téid as;
tréigh, a dhuine, do dhíomas.

5 Neart do lámh ar aird ní fhuil;
do leath a lúth fad chosaibh;
féach meirg ar do dhreich ar ndol;
eirg ód beith mar do bádhar.

6 Smuain boirbre na gcluas [choidche]
's do bheith feoighe fannfoirbthe;
smuain ar an uaigh t'ionadh ceart
's do sbiorad uaibh ar n-imtheacht.

7 Ar dtocht téarma do mhire
bíaidh tu-sa i n-eirr t'aimsire
sronnán id chom ar n-a chor
mar lomán gcrom ar gcríonadh.

8 Do-chím ort airdeanna an dháis
—dúinn uile as adhbar nachdháis—
d'fhás duibhe id théadh da soillse;
's ní chluine créad chanaim-se.

9 I n-áit do choilceach gclúmh dte
['s é] t'iomdhadh an uaigh úire;
's badh iomdha daol donn ag dul
a-nonn treud thaobh da thollad.

10 Dréimire beag léigtear liú
ós cionn ceathrair do dhaoinib;
ó thead go tig dod chuir-se
ag sin each bar n-iomchuir-se.

11 Musgail feasda, sgar reo sgim,
gan teacht ar a cheann cugam?
5 Ní miasocht áruis nimhe
a-tá ar Aonghus d'áiridhe;
gearr gach sosadh acht mar sain
do-san nior b'fearr ga adhair.

6 An tsealb bunaid bios a-nois
níor leam acht iasacht Aonguis;
ní fríot uaid acht atáid de;
do-chuaid le a athair oile.

7 Iasacht bunaid do buain air
ní iarrfainn ar an athair
—níor léig sei-sean an leanb linn—
a sealb leis-sean do léigfinn.

8 Do Mac Dé bí is beannacht lais
deonuigim anam Aonguis;
ní fuigfinn neart bud fearr air
reacht fa a ceann noca cosmail.

9 Croide Dé d'furtacht orm-sa
truag nach táinig cugam-sa
ar mnaoi roime ráinig teag
mar táinig croide an Coimdead.

10 Lá dá ndeachaid Mac Muire
go teag Marta mionghloine
an bean dar cinn an rí rath
re a linn do bí go brónach.

11 Do fiarfaig Mac Dé di-se
créad an cúis fa raibei-se
ar bfuicsin déar le a gruaid ngil
an léan fuair gé do fidir.

12 "An mac óg do b'aithnid duit"
ar si-se "a athair orrduic,
teasda 'n géag bassolus binn;
Lasarus créad nach caoinfinn?"

13 "Gluais leam" ar Dia do dealb neamh
"tuigim mar tá do chreideamh
go léigfinn uaim do mhac maith
lat ón uaig" ar an t-Ardflaith.

14 Gluaisis leis—níor leasg an céim—
d'fios an adhlacte ainn-séin;
sona an flaith ó bfuair proigeacht,
maith do-chuaid an comhdeacht.

15 Do ráid Dia ag dul ós a chionn
ris an mac—mairg nach tuigeann:
"cuirim ort, a chalann chriad,
tocht 's an t-anam ar éinrian."

16 An sgáth bréige do bí ann
as ar imdíg an t-anam
ní dearna an Rí acht a rádh sin
's do bí slán is an slighidh.

17 An cleas-sain, dá mbeinn buidheach,
do-rinne an mac míorbhuileach
a Dhé nach déanann a-nos
is nach féagann é ar Aonghus!

18 Ghion go bhfaghaim mar fuair sin
do chonn ghuidhe Dé dhíligh
d'éis a mhíorbhuile ar Mharta
dá fíorghuidhe is adhartha.

19 Ghion go bhféagh Rí nimhe a-nois
orm-sa um fhóirithin Aonghuis
dámadh fiu mé a dhéanamh dhamh
do-ghéanadh é is do fhéadfadh.

20 Ó nach fiu a dhéanamh dhamh-sa
Mac Dhé d'fhurtocht oram-sa
mairg más eadh do fuirigh inn
ris an mbuilidh ngeal nglóirghrinn.

21 Nior shaoil mé gur mhaith an bhreath
gan mhac re a athair d'fhuireach;
ní hamhlaidh do an rem dhul
acht amhain dhamh re a dhol-san.

22 Thaosgha thug mei-se ná an mac,
Dia thug orainn an t-iomlat;
ghidh thaosgha rug sei-sean sain
ní hei-sean thug ó thosaigh.

23 Tosach uaim-se fuair sei-sean;
truagh dhamh gan dul reimhei-sean;
d'óighe ar meic-ne dar mhó ar gcean
do badh leighthe dhó dheireadh.

24 Ní dheireadh don tuirrse thruim
d'éis an laoigh d'fholach oruinn;
fa romhoch cré tar a cheas,
sé d'fholach nochar dh'oirdheas.

25 Ní bheas eilthe d'éis a laoigh
agam d'éis an ghil ghlacshaoir;
ní thabhar laogh oile air
go saor mo chroidhe ón chumhaidh.

26 Sód na heilte ní holc dí
a laog féin ó téid tairse;
do laog oile do-geib grád
a croide féin ag siodlád.

27 Buan mo cumha um ceann mo meic,
ní hionann is an eilit;
d'éis an laoig re a dtabraim taob
ní tabraim m'aird ar aonlaog.

28 Laog mo chroide an mac muirneach,
mo chara, mo chomairleach,
nior bean tuirrse roime rinn
mo chuisle croide caoinim.

29 Mo chruit chiuil as caoine nglóir,
mo ghlór caoin as cosg dobróin,
éinfear cumainn mo chride,
m'urraim agus m'áisige.

30 Mo chraob chuais, [mo bile bláit],
mo ghéag fíneamna fíorbláit,
mo mhac octa agus anma,
mo slat corcra chraobaibla.

31 Mo chiall, mo chuimhne, mo chonn,
mo mhac, mo dalta drólann,
mo mhochmacám, mo mhionn súl,
mo fhoclacán fionn foltúr.

32 Do oileas d'Airdrígh nime
Aonghus ar gcuid criche-ne;
fuaras doimheanma uaid as
do luag m'oileamna ar Aonghus.

33 I ndoilghead re Dia adar
—do b'éagcóir an t-ordachadh—
do-chuaidas—is do b'é m'olc—
fan té fuaras ar iasacht. Ar

34 fuair fionnghuala fód dunaid
d'éag Aoda, d'éag fearadaigh;
do-chuaid siad is siad gan locht
ní fuair iad acht ar iasacht.

Ar iasacht.

70

EOCAIḊ Ó hEOGUSA ECT

1 A-tám i gcás eidir dá comairle;
Gá cás as roḋailge ná an dál a-direim-ne?
Guais teacht ó chíocḃun an dá comairle
Dá neart comaiḋḃle dar síorcur dar
sligiḋ-ne.

2 Dá cúis rom-goin le diamair ar ndoimeanma
toil na hoileamna ag iarraiḋ ar n-araḋna
ó fairge ráthaig gartgloin geileamna
['gar] máthair geimeamna is m'antoil anamna.

3 Measaim triall le mearḃail ar mórcumaḋ
ó fiaḋ na n-órculaḋ, ó seanmaig síoḋMumain,
go naḋḃaiḋ mbuig sruthḃinn na saorcuraḋ
is cuid dar saothugaḋ ar nach cuirfinn
críochnugaḋ.

4 Measaim dá éis i n-aimsir ar dtriallai-ne
go géis ngriandaire ros failsig gach fáiḋfile
is mé go haomchéim ar ndul sa dréimire
nar chéillide sgur re baothréim ar mbáirei-ne.

5 Anfaḋ re cuma ar nduaine deiriḋ-ne
sumna i neimhinne—gá cruaide comairle?
más thruag leo—giḋ eaḋ dá n-anaim-ne
ní ragaim-ne beo go sluag mear Moḋairne.

6 Ó chríoch caillgil na gcalaḋ síoḋamail
dá n-anar san rioMumain mhaigrig mhiondoirig
gá dulc dún ar sealaḋ go sírrigin ?
Dleagar do rígfiliḋ súr gach síoḋoirir;
an dara bliaḋain gan triall fa chuaiḋeamain
ní biam ó sluaigfeaḋain riaraig rioguilig.

7 Gér linn ón droing do gnáth a ngualainḋeacht
do luaigiḋeacht tar cách is roinn a ríogaḋart,
is luiḃ caḃra dúin ar ar ndeoraiḋeacht
ó ceoloireacht gaḃra ar súil re a sírraḋarc.

8 Dursan ar dtriall ó oirear fionnDaoile
na moigeaḋ ndionnaoiḋe go fiaḋ ḃfionnÁine;
giḋ ionmuin clár sreathlan seanDáire,
neamhtal ar leannáin-ne fa dál diombáiḋe.

9 Uċán ar gcéim-ne ón talmain cuaideamain,
's ó Éirne cuaimealaiġ balbġlain braondoiriġ,
is ó fréim armruaid rúnbrais ríoġuidir,
's ó síodúidib glansluaiġ súlġlais saoroiliġ
's óm Aod féine mo ġrád tar ġaoidealaib,
as céile d'aoiġeadaib 's as fál d'aoġairib.

10 Is í ar ndáiġ nać ba cian ar gcéilide,
ar gcéilei-ne riam a-máin dá mórfine,
ó Máġ Uidir dá roiseam 'n-a ríoġbaile,
síodaide boisseanġ ó bruiġin ar mBóinneine.

11 Do-ġéab i síoċlios fionn an Aoda-sa
mo dínċrios taoba-sa, mo lionn lúda-sa,
is ġan ar dtriall a hamarc an aoilleasa
radarc ġać aoibneasa san fiad Úna-sa.

12 Dud mór saorċlann dom fios do b'inríoġta
is fraoċlann rimliomta ar slios na sean-
bóċna;
dud iomda béinne úr airmniamta
is glainbriatra cléire san dún dealbórta.

13 Dud iomda le moltaib fáid fan bfionnorlár,
's ġair bionnorġán le hoċtaib imeilméar,
's ceo doilġe ar ġać leaċ fan loinnearmúr
ó ċroibmearlúd boirrte eać n-ingeinġéar.

14 Dud iomda aġ triall don ealtain éigseiġil
éigsfilid dá riar ón ġreantaiġ ġéagsdaraiġ;
bad iomda ricleard áit le hógsgolaib
go ráit bfódsgoraiġ na n-ilċeard n-éagsamail.

15 Dad iomda sompla úr ar óireanġaib,
is lúd aġ sróilleadraib corcra ós ċaoilreannaib,
ġair aġ seilġ, bionnġair aġ buaballaib
fan leirġ mbuaballaiġ lionnbáin laoideanġaiġ.

16 Do-ġéab rom ġan folta ġan imreasain
an slóġ re finnleasaib corcra an ċuirmlissin;
do bad díol teinead don uallċaċ eamna-sain
dealblasair buadċlaċ bleidead na bruiġneisin.

17 Do-ġéab Aod romam 'n-a ríoġsuide,
síoduide saor nać bloġann a béalluiġe,
's a ógbad créan ar ar cinne caomfile
's ar bfréamh craobei-ne ime go héanduine.

18 Dá roiċeam doṅ ḃruġ fionnfuar oireaḋa
buḋ diombuan ar ndoimḣeanma ar ndul san
deaġaḋḃa;
do-ġéaḋ san furt mo ġaol ġeineamna
is Aoḋ seineamna go n-a luċt leanamna,
lám ler sgaoileaḋ teaġar gaċ tiġearna,
dreagan naċ infeaḋma re haoinfear
n-ealaḋna.

19 Fuat na dreime ó raonċlár nioḃóinne,
baoṫġráḋ fioróiġe seinge sioḋśaoire,
fa noċtaiḋ fialmná a meanma mímeine,
ġrianlá rifeine mearḋa mionḊaoile.

20 Beiṫir eamna dar fuilngeaḋ fiorfoġal,
nioġoḃal Teamra na mbuiḋneaḋ mbéimneimear,
seaḃac d'ealtain na ġcuraḋ ġcaolfoġaḋ,
saoraġaḋ dearġtair gan oman éinfileaḋ.

21 Mo ċéile rúin, caomṫaċ gaċ comuiḋiġ,
ón saoċraċ ar sgoluiḋiḃ múir Muireaḋaiġ,
fear siorċuir óir ar ar n-ealaḋain
tar deaġfalaiḃ an tslóiġ fiaċmair fuineaḋ-
aiġ

22 Mo ċean fionnḃarr na ḃfeaḋ [nduiḋfeaċta]
dá dtioḃram cuideaċta re feaḋ ḃfaideaċtra,
's an learg neamċruinn fionnġlan fadoċta
mo ċearċuill ċodalta, ionnlaḋ m'aigeanta.
A-tám.

71

Ġiolla Briġde mac Con Midhe ccc

1 A-tá sunn seanċas Mu-áin
ó ċaṫ cairrġe seanċu-áin
rioġa Banḃa go mbearair
ġnioma is gaḃla geinealaiġ.

2 Niall Naoiġiallaċ an neirt truim
seanaṫair Mu-áin méarċuirr
go Muir nIoċt ní fuil aċaḋ
naċ fuil sliocṫ a seanaṫar.

3 Mac Eogain mic Néill náraig
atair Mu-áin mórdálaig
glas na bfuineadach bfuileach
Muineadach cas céadguineach.

4 Earc ingean ríog Alban aird
máthair Mu-áin mir mórgairg;
Móirbinn a seanmháthair sin;
dearbháthaid sinn go suaithnid.

5 Ingean ríog Sagsan sleagaig
Móirbinn máthair Muineadaig
súile gorma agus glac bán
mac mar mac Morna Mu-án.

6 Muircertach mac Earca finn
do gab Albain is Éirinn
—énbean fa deagmháthair dáib—
dearbráthair méirgeal Mu-áin.

7 Téid lá a Teamraig—toisg readach—
athair Mu-áin Muineadach
dá dtarla ar an seachrán soir
a gealchlár banba i mBreathnaib.

8 Dá dtarla ri Gabráin guirm
ar Eirc ingin ríog Logairnn
go ros lion grád í Cuinn cais
ó sál a buinn go bathais.

9 Téid adbar airdríog Banba
i n-Albain 'n-a hathardha
mac Eogain Teamra dá tairm
do sealba an leogain Logairnn.

10 Seacht mbliadna déag sa tír thoir
do Muineadach mac Eogain
gur imdig tar gleannmuir nguirm
le hingin leannmair Logairnn.

11 Ráinig go bun na Boinne
mac ríog fódla fleadhmóire;
codlaid san furt—níor feall de—
is a ceann i n-ucht Eirce.

12 Mucaid Eogain a athar
láim re Boinn na mbreaclacan
do-cí i mbun innbir fóid Breg
ingin n-óig agus aoinfear.

13 Gabais éad 'gá fáicsin sain
mucaid ainbfeargach Eogain;
táinig bás an damna de;
don Banba níor cás coisge.

14 Sleag i Muireadach gur marb
sáidis an t-aiteach atgarb;
leamán sluag Gaidheal do gum;
truag a maidheamh do mucaid.

15 Gluaisis Earc go heogan n-ard
innisis dó a mac mórgarg;
cuirtear teaglach úr le heirc
go múr Teamrach dá coirbeirt.

16 Bearcar i dTeamraig is-teach
an rí i n-aireagal uaigneach;
i mbarr an broga act an bean
ní roba ann dá feitheamh.

17 Tig eas tar airdrig bfear bfáil
a froigid gil an Grianáin;
buailis go garb Earc an eis
go ros marb tre teacht tairis.

18 Eas oile i gcéadóir do chuir
luib 'n-a béal go ros beataig;
ar dteacht a hanma san eis
tarla Earc ar a haitris.

19 Do láid barr an luis leabair
an bean i mbéal Muireadaig;
don Banba do bud bean sid
teacht a anma san airdrig.

20 A fir do dealb an domhan
is duit as dual altogad
mar tearna slat Teamra ón tán,
go ndearna mac mar Mu-án.

21 Siol Mu-áin móir meic Earca
saoire ná siol cruitheachta
laoich gorminnse finne fáil,
gille coirmmilse Cruachain.

22 Nior canta, a coimnle Teamra,
taoiseach re bar dtigearna
nó go mbeat oireacht mar ib
ag toigeacht go teach taoisig.

23 Tarraid tigearna an tíre
eocraca na hairdrighe
treabha ban nach bí ag fearaibh
rí go ngabh Ó Gairmleadhaigh.

24 Niall Ó Gairmleadhaigh Geirge
garbh móide 's min Gaoidheilge
ní bud mór ar cách [a] croidh
[a slógh an trát] a-tá-san.

Ata.

72

Giolla Brighde mac Con Midhe ccc.

1 A theachtaire tig ón Róimh
le n-a sioltar gach seanmóir
déana mar a-deir an peann,
[ní geibh] séala acht an sgríbeann.

2 Tabair mar tugadh a-noir
crois ó Chomarba Peadair;
duille doirce gan druid ris
má do-ug toirce tairis.

3 Mar do ráidheadh ins an Róimh
leasuighthear—lór do seanmóir;
nior b'éidir glór oile ann
do bud lór d'oire a fulang.

4 Nior niomráidheadh san Róimh rib
díochur na gcliar, a chléirigh;
fríoth ó neamhRóimh éigin uaibh
seanmóir éididh re héanuair.

5 Caide an sgríbeann 'n-ar sgríobadh
an ealadha d'aithríghadh?
déana mar do fógair inn,
tógaibh séala do sgríbinn.

6 Focal nach fríoth i leabraibh
gan ní ar éigsc n-ildealbhaigh;
is léigeann gránna Gallda
dámha Éireann d'ionnarba.

7 "Donum Dei" an dán binn
i gceartlár cuirp an léiginn;
gaibh é is casgair a céill;
"asgaid Dé" sain go soiléir.

8 Gan a luaċ ar na laoidhibh
má a-dearar le deagdhoimhibh
do ráidh gan aoradh gach fir
do saoradh cáigh, a chléirigh.

9 Más do mhian méadhuighthe an lóin
beantar d'éigsibh a n-anóir
nach lór, a chléirigh, re cais
lón gach éinfir 'n-a éagmhais?

10 Cidh um nar dhíochuir an dán
ar dtoigeacht a tír Romhán
pádraig an iris do b'fearr
a himis fádhuigh Éireann?

11 Créad chuig ar Colum Cille
nach fionnfadh acht fírinne
gach Dar-daoin ag dul ar neamh,
crodh ar laoidh mar do léigeadh.

12 Do himnarbadh eacht oile
cliara fódla féaraige;
a gcomhall do na cliaraibh
ó Cholam an chéidhliadhain.

13 Tug gér oirrdhearc an t-eineach
Mo Dhí cráibhteach Cláireineach
a saogal féin—fial an gníomh—
don chléir do iarr gér d'fairdhrioghi.

14 Tugadh lé ar an laoidh n-uallaigh,
gér achuingidh anuabair,
an bhróg do chuir an dealbh dhi;
go dearbh [. . . .] ní fuil impe.

15 Duais nach tiubhradh dhamh duine
do-bhéara mac mórMhuire;
do-gheabh ar dhuain dom dheaghán
neamh mar fuair Ó hIfearnán.

16 Moladh daoine is dó as mholadh
an neach do-ní a gcruthughadh;
ní bhí ar domhan ag duine
ní acht moladh a mhíorbhuile.

17 Rinn gach roinn, rinn gach meadhra,
ag teacht tar an Tigearna;
fogar gach tuile re tír
moladh uile don Airdrigh.

18 Gémadh bréag do bhiadh san duain
is bréagh bhuan ar bhréig dhiombuaim;
bréag uile gidh créadh an cradh,
bréag an duine dá ndéantar.

19 Ní ba liai-de ór ná eadh
ag duine dámadh doichleach;
gan sbéis i nduain ar doman
dá mbuaidh ní ba buanogadh.

20 Dá mbáidhti an dán, a dhaoine,
gan seanchas gan seanlaoidhe
go brách achd adhair gach fir
nachair cách gan a chuinsin.

21 Dá dtráigeadh an tobar fis
ni béarthaoi muna mbeimis
go deigfearaidh saora a sean
craobha gheinealaigh Gaidheal.

22 Do bhiadh i n-iarmairt fada
do mhíleadhaibh mórbhaga
folach a sgéal—ní sgrios beag—
gan fios na bhfréamh ó bhfuileadh.

23 Folach cliathach agus cath
fear n-Éireann do bhuidh easbadh
dá n-éis gémadh maith a méin
gan sbéis i bhflaith ná i bhfírfréimh.

24 Gé tá marbh mairidh Guaire
's Cú Chulainn na Craobhruaidhe;
ón ló tá a nós thiar is thoir
a-tá fós Brian 'n-a bheathaidh.

25 Beo ó mhaireas a moladh
Conall agus Conchobar;
a nós 'n-a bheathaidh i-bhus
nocha dheachaidh fós Fearghus.

26 Lugh do marbhadh le mac Cuill
ní mhaireann cháimh 'n-a choluinn;
a nós ar nguil don doman
fós do Lugh is leasogadh.

27 Muna leasaigdís laoide
a ndearnsad, gér deagdaoine,
i brad a-nonn do biad brat
ar Niall, ar Conn, ar Cormac.
28 Riograd Cruacna is Caisil Cuirc
na filid fréamha a lubguirt
slata teaglach na dtrí mbrog,
Dá Tí Teamrach is Tuathal.
29 Ní biad muna mbeit an dán
ag cruit téidbinn ná ag tiompán
fios deigfir ar n-a dala
ná a einig ná a eangnamha.
30 Fios a seanchais ná a saoire
ní fuigbidís ardoaoine;
léigid so i ndán do déanaim
nó no slán dá seinsgéalaib.
31 Dá mbáidti seanchas clann gCuinn
agus bar nduana, a Domnuill,
clann bar gconnaor 's bar gclann saor
ann do bad comdaor comsaor.
32 Fir Éireann más é a rotal
ionnarba na healachan
gach gaoideal bad gann a breath
gach saoirfear ann bad aitheach.
A Theachtaire.

73

Fear feasa óil chainte

1 Bean dá cumad crioch ealla;
a-tá—ní taom soineanda--
neoil éachta impe re head,
linnte téachta 'n-a timcheal.
2 Síona corrach ceacha,
saighéin lonna loisgeacha,
tuile cumad ós a ceann
nach duibe dubad díleann.

3 A-tá re hacaid d'aimsir
'n-a tír dorca dogailsig
nar bean a déarculad di;
ní bean éancumad i-se.

4 I gcríc Ealla na n-eas nglan
iomda comarca cumad
cáraid dá tocrád re treall
gur sáraig oclán Éireann.

5 A haibne i dteirce torcar;
ní trom féar a fanntolcad;
iúl fraoch mar a sligte sain;
sirte faolcon 'n-a fiodbaid.

6 A-tá—ní cuma cuimse—
dá adbar 'gá hactuirse;
gid bé díob as dimbriog di
do lion sé d'imsníom i-se.

7 I nEallaib d'éis a leonta
aimrid gach craob ceineolta,
luat ar an gcioch measdar mall,
ní easgar ioch 'n-a ionam.

8 Do caillead le crích Ealla
—tug dorca a dreach soineanda—
tuir iorguile acaid Finn,
nachair iongnire a himill.

9 Do caillead fós—fada a gom—
a mionn adarca, a hollam,
caiteam aimsire a sluag sain;
truag an ainnsile d'Eallaib.

10 Domnall Ó Caoim creach bruigad,
Ó Dálaig díoch ollaman,
a mbeith mar táid 'n-a dtaisib
dá creic an fáid Eallai-sin.

11 Dá leonad a flaith ngoile,
dá buaidread a mbancoire,
dá cúis dagra leascláir luirc
dá damna an easráin d'aduint.

12 Mór as easbaid d'iach Ealla,
mór as díoch d'fuil Oilealla,
dá fuidir luige gach lis
don Mumain uile is éisleis.

13 Díoṫ dá marcraiḋ mac Í Ċaoiṁ;
díoṫ dá n-ollaṁnaiḃ d'aonṫaoiḃ
—ní léir sreaṫ aḋṁolaiḋ as—
creaṫ dá n-aḋḃoraiḃ Aonġus.

14 A-ṫáid mar a-ṫá an Mumha
fa ndíṫ-sin ag déaróuḃa
beiṫre foraire Fóid Ḃreaġ,
sgolaiḋe na gcóig gcúigeaḋ.

15 Gér ṁór ag sgaoileaḋ don sgoil
a n-orḋra i ndiaiḋ Í Ḋálaiġ,
níor luġa ag deaġail don droing
a gcuṁa i ndeaġaiḋ Doṁnaill.

16 Ní ḃíoḋ sgolaiḋe don sgail
dá mbíoḋ i mbaile Í Ḋálaiġ
gan ċomaoin éigin ón fíor
d'forraoin nar ḃ'éidir d'áiriṁ.

17 Ċuige do gaḃdaois trá ag teaċt.
do ḃídís aige ag imṫeaċt
go hionḃuiḋ sgaoilte don sgail,
faoilte ioṁṁuin re a n-aġaiḋ.

18 Oide sgaġa na sgoile
's a gcompánaċ coṁnoiḋe
re linn síḋ nó i gcailg ċaġaiḋ
mairg an tír re a dtéarnadair.

19 Díoṫ don ṁolaḋ, olc don aoir,
bás Aonġusa ṁeic Aṁlaoiḃ;
saoṫ don ġaisgeaḋ líoṁṫa lonn
an baisgeaḋ díoċra Doṁnall.

20 Mac Í Ċaoiṁ cearḋċa goile
díoḃaḋ uaisle a faonloiġe,
álaḋ doiliġ dá gaċ dáiṁ,
báḋaḋ oiniġ is easráin.

21 Níor ṁian leis an lá do ṁair
gan ċuairḋ ollaiṁ 'n-a foċair;
an fáiḋ ó ḃfuair gaċ oideaċt
cáir do-ċuaiḋ 'n-a ċoṁoideaċt.

22 Doṁnall ṁac Airt 's a ollaṁ
doíḃ is aoiḃne—adamar—
béine nar an ar-oile;
gar dá ċéile a gcoṁnoiḋe.

23 A-TÁTAR leo—leor do sníom—
AR GAC taob d'feart na n-airdríog;
tarcaid sinne ar ndíobúd de
i ríogmúr Cille Créide.

24 Sáit í Dálaig do damna
i nDomnall dread nacarda;
sáit an donnagaid sing séim
dar linn d'ollamain ainn-séin.

25 Suaimneac dá gac duine díob
gan marcain d'fulang fairdríog
i ndiaid an comtaig ro cleacht;
liaig dá n-orcraib a n-imteacht.

26 Ionnsamail Domnall dread brás
ní dóig go bfuigead Aongus;
fa críc ndaitgil mbraonglais mDreag
aitgin Aongais ní fuigead.

27 Bíod gur mait le mac í Caoimh
beit is ollam d'éantaoib
meisde é dul d'Í Dálaig
sé ag cur ar a compánaib.

28 Do b'easbaid duas d'Í Dálaig
díot céile agus compánaig
bás an fialruire séim sing
tar féin Fiadmuige Féilim.

29 Is toirmeasg sgéal do sgaoilead
díot dréacht agus duanlaoidead
fa Clár nOilig dtonnmall dtais
do Domnall oigid Aongais.

30 Mór gcompánac croide Dé
do-cuaid ag iarraid éigse
—ró dogruinne nar líot lais—
do díot fogluime Aongais.

31 Gréas marbnaide meic meic Airt
damad beo an t-oide orrdairc
do snoigfide 'n-a gréas glan
gréas bad sgoitgile sgiamad.

32 Nior guais dí 'n-a deagaid sain
toibéim oide ná adbair;
nior beag d'feitiam, a Dé, di
gomad breitiam é uirre.

33 Do bí—níor bheag do chuigse,
níor ghuc dóib é an ionbuidh-se—
geall gach oide 'ga ucht slim
a hucht a oige n-ingill.

34 Do nós í Dálaigh sa dán
do bí Domhnall dion forrán
re súr fead, re feidheamh cruidh,
'n-a bhreitheamh ceann is coguidh.

35 'N-a láimh leadhartha biodhbadh,
'n-a ghrís chuirche caithiorghal,
'n-a dhóigh oinigh, 'n-a eo ghlan,
'n-a dhoighir bheo gan bádhadh.

36 Mac í Chaoimh, cuingidh Ealla,
troigh luaimneach lá doimeanndha,
bas dána dhíobhraighe sleagh,
brága mionnaithe Míleadh.

37 Ursa trodha, túr theadhcha,
fuigheall iarainn aithleaghcha,
láimh éachtach álaidh docrach
bádhadh céadchat gcumhachtach.

38 Mac Eilionóir, adhra slim,
ní hé a inme acht a inntinn
tug ainm d'iomarcaidh gach fir
don bairdhe iongantaigh éigsigh.

39 Roga foghluma fríoth lais,
cur feadhma, fogal ionnmhais,
cosg dílbeirge cháigh dá chrích,
rímeirge áigh is eissíth.

40 Geall gach oide thaoidh re thaoidh
mar fuair Aonghus mac Aimhaoidh
geall gach ríodhamha rug sin
ar fud fíonadhba Éibhir.

41 Ó Dálaigh an dréachta ghloin,
mac ochta cloinne Cartaigh,
dalta an chróchslóigh mhálla mhir,
órtóir an dána dírigh.

42 Bádhadh tnúcha, tobar fis,
cosg dubha, dúsgadh áinis,
léaghadh meall nglanrolla ngeal,
ceann fogloma na bhfileadh.

43 Ursa breicniġte ġréas ngill,
sgolaide d'ollam ingill,
altra cáiġ i n-ar ġceird-ne,
fáid ġlanta na Ġaoidheilge.

44 Dursan, a Dé, a ndeaġail ruinn
in'oide, mo ċéile cumuinn;
san ġcruċ i rabadar rum
uċ nar anadar aġam!

45 Ġéarsam uaibreaċ orra sain
mo luċt comċa, mo ċomċaiġ,
teidm as tinne do ċreaġd mé
a bfearġ rinne ní raibe.

Bean.

74

ĠOFRAID FIONN Ó DÁLAIĠ ecc.

1 Beir eolas dúinn, a Dhomnuill
réidiġeas ġaċ rodoġruinġ;
is ceisd oruinn eol Banba;
seol romuinn, a ríodamna.

2 Má beir siar, ná seol bu deas
an slóġ trom-sa an tráċ ġluaisfeas,
a eomaiġre Easa Ruaid;
neasa ar seolaid-ne sor-ċuaid.

3 Seol inn ar ar n-aġaid soir,
a Dhomnaill meic Méig Carṫaiġ,
go faiġṫe dúin ċorrbláiṫ Cuirc
ġus an ngormráiṫ n-úir n-orrduirc.

4 A meic Cormuic an ċnis ġil,
beir eol d'Eoġanaċt Caisil
is an tír naċ fuil fúṫaid;
sin soir is an seandúṫaiġ.

5 Tiġe Ġall is ġríosad duid
ar láṫair fobuil Fáḋraiġ;
ionnsaiġ sluaiġ biodbad 'mun mbruġ
do diomnad uain don éarlam.

6 Is tú oiḋre Cuirc Caisil
ler tógḃaḋ an teagḋais-sin;
a eiḋre do ċoċt is-teaġ
níor ḋeimne Corc i gCaiseal.

7 Créad naċ leanfaiṫea lorg Cuirc?
leasg ón dúṫċas do díoḃuirt;
do roġaḃ Corc an ceannport,
port ór canaḋ Caiseal-Corc.

8 Aġaiḃ fa ḋeoiḋ, a Ḋomnaill,
ḃias Caiseal cleaṫ anforlainn;
do ḃréagnaġaḋ ní huair d'fior;
uaiḃ do ċéadġaḃaḋ Caiseal.

9 A-tá i dtarngaire na naom,
a Ḋomnaill na ndearc mongṡaor,
gomaḋ ċoir ḃós ḃar mbunaḋ;
a-noir ar tós tángoḃar.

10 Fuair sinn i Saltair Caisil
go dtiocfa-sa an turais-sin
d'féaċain fionnfuirt ṡuairc do ṡean
ionCuirc do ċuairt go Caiseal.

11 Caiseal Cuirc mór meic Luigḋeaċ
tángaḃair—toisg mearċuimneaċ—
ón ráiṫ gil ḃiliodain ḃuig
ḋar iḃiodair dig ndearmaid.

12 Do ṫréig t'oireaċt orra sin
tuaṫa tá i dtimċeall Caisil;
gráḋ d'fiaḋgleannṫaiḃ níor díor ḋáiḃ
fíon ar iairleannṫaiḃ d'fágḃáil.

13 A Ḋomnaill Óig, a uċt boġ,
dá ċúis aṫroigṫe agad:
fearr suṫ na talmán tréigṫir
's is ġuṫ aḋrad d'fuirṡléiḃṫiḃ.

14 Fuinn ċaomha Caisil na ríoġ
ní críoċa dan cóir dimbríoġ;
na seaċt dtuaṫa déag do ḋol
ar séad uaṫa do b'iongnaḋ.

15 Seol is an sligiḋ ċéadna
sinn, a ḃarrċais ḃaisġéagḋa,
mór an brad a seaċna sain,
lór fad ar ndeaḃṫa ór ndúṫaig.

16 Aigillte duit, a Dhomhnaill,
d'fóiritin ar n-anforlainn
an cúis-sin go gcuire i mbrígh
do cúisigh uile is t'uirrígh.

17 Do cóirigtiú taoiseach dtrom
is é lion leanas Domhnall
a seacht déag do dhíon Mumhan
go lion gcéad gach córuighadh.

18 Taosga is réidhigthe reampa
ná as gluaisde, a ghnúis naoidheamhta,
mearghroigh nó buar bar mbruighadh
a gleannmhoigh fuar larMhumhan.

19 Ní fuil as so go Sliabh gCrot
—Dia [dá] réidhiughadh romhat!—
acht muir ar n-éirghe anfaidh,
a chuir Éirne, d'Allmhurcaibh.

20 Imirce Mhaoise tar muir
gá tabhairt 'n-a tír dúthaigh
dar thráigh an Mhoir Ruadh rompa
re sluagh soin ba samhalta.

21 Oireacht Mhaoise mheic Amhra
i n-éagmhais a n-athardha
ba cian, a Slat Dhanba, i mbroid
mac Amhra nó gur fuasluigh.

22 Clann Israhél re head gcian
i gcrích Éigipte ar aimrian;
go ceann a mbróm 's a mbroidhe
nior ghearr dóibh a ndochuidhe.

23 Dar cabhradh le Maoise mór
do chumhachtaibh Dé an deaghslógh;
rachas mhó ní fuair oireacht
a mbuain dó dá ndeoraidheacht.

24 Meic Israhél d'furtocht dó
Maoise thríd i dtigh Iosa;
tre bhuain a ndaoirsine dhíbh
saoirsine fuair ón Airdrígh.

25 Sluagh na hÉigipte 'mun am
rí orra darbh ainm Foramh;
rí nar lean don chreidemh chóir
ní leigeadh seadh i seanmóir.

26 Forann mór—meisde a sgéalá—
níor léig go Día a deibléana;
urramas nacar dlúig dó
do cuir d'urradas orra.

27 Maoise do brís na beirte
tus d'fágbáil na hÉigipte
ar an ramuir ríogda Ruaid
agaid a díorma deagsluaig.

28 D'fóiritin fobuil Dé di
slat buadá do bí ag Maoise;
maic an buaid do bí ar an tslait;
na sluaig is í do anaic.

29 An muir sriobuaine srocac
do cráig mar muig mionsgocac
mar fuair ó glaic bairrgil béim
do slait aingliz an fíréim.

30 D'fosdód muinntire Maoise
do-cuadar—céim robaoise!—
a slóg is forann féine;
fa torann mór micéille.

31 Ó 'dconncadar an ród réid
tre iomdomain an aigéin
gabaid rian Maoise san muir;
do bud trial baoise is baogail.

32 Do cráig an Muir Ruad roimear
don cuideacta Críosdoidead;
don lucht nar cuill níor cráig soin,
do báid an druing 'n-a deagaid.

33 Mar do buail Maoise an Muir Ruaid
don tslait le rus gac robuaid
sduir, a Dómnaill, na sluaig soir
buail do gairmloinn ar Gallaib.

34 Neart Gall, a meic Méig Cartaig,
ní himtéigte ar eogancaib;
rus Maoise a maicne tar muir,
a-taoi-se ag aicme Eogain.

35 Clann Eogain [. . . . .]
cinead mar clomn is-raiméil
do gaois-se a broid ag a mboing
mar Maoise doid, a Dómnaill.

36 Ná fuilngid [feasda] reamraib
ní as faide ná d'fuilngeadair
Muma ag dreim nachar dúla
's bar gcura i n-eirr iargcúla.

37 Mad sib-se a-nois do-ní an roimm
cuimnigthe daoib, a Domnoill,
an Muma gan a roimn ruib
Goill dá bar gcura i gcumaid.

38 Do gleo, a Domnaill, is Danair
ní bia d'eagla Allmaraig
neach, a rí finn[eicne], fúib
ar tí imeirce i n-iargcúil.

39 Cuirfe re calad nDairbre
's re cuan mBéirre mbeanngairbe
's re Corca Duibne do druim
's re porta Uibne áluinn.

40 Tréigfe ar Caiseal na gcorrport
iochtar Cua do céadlongport,
cuan arab neamfaglach neach
'n-a mbual leabarloch luigdeach.

41 Gid 'gun loch-sain na learg nglan
rugad tú agus do tógbad,
fada ó bruach Lacha Luigdeach
racha is ní d'fuacht iarMuimneach.

42 Do gabáil Mumhan móire
sochraide chrom chionóile;
tig dod chairm, a chuir luimnigh,
na bu t'ainm duib Deasmuimnigh.

43 DeasMuma 'gá dúthaigh féin
léigthe, a Domnaill Óig airmgéir;
's is tréigthe ar iathaib as fearr
sléibthe iathair na hÉireann.

44 Dream danab dual do bunad
dá eoganacht iarMumhan
léig dóib seandúthaigh a sean;
neamhmúchaid gloir na ngaidheal.

45 Mag gCoincinn, Corca Duibne,
'ga ndúthaigh féin fágbaim-ne;
mó as drumchla a sáimrighe sin
tulcha clármhine Caisil.

46 Léig d'iarcar innse Banba
dá gac fíor a acarda;
sín go corrmaoilinn gCaisil
ngormaoibinn mín mallglaisig.

47 Beir, a Donnaill Dúin Innbir,
t'oireacht go n-a n-imirgib
san iodainleirg bfleadaig bfinn
n-ealaig n-iobairdeirg n-aoibinn.

48 Bar gcuirn bláithe is bar mbrannaim
cuimnigcior do céadarraib;
ní ba socht dáib í ndún Cuirc
sa mur mar cáir a dtabairt.

49 Tar Carrcaig, tar cuan mBeicbe
cuir agaid na himeirce,
tar cuan Leamna, tar loch Léin,
a sgoch Eamna, bar n-eicréid.

50 Seach Ciarraide don taoib ceas
tre Mag gCoincinn na gcraoibleas,
tar seanluachair síl Deadaid
min ngealbruachaig ngoirmsreabaig.

51 I gceann Ó gConaill Gabra
doo cóirigcib cacarda
tar Claongglais daoib 'n-a deagaid
tar Daoil mbraonglais mbáinealaig.

52 Do Dún ard Eochair Máige,
d'imlinn Muman mionáille,
ruag sliabail nar cáir do ceilt
tre Máig an lobair oirrdeirc.

53 Do loch Goir gar do cabair,
do Sídh álainn Eogabail,
d'Áine an múir cirmleasaig cais
dúinn gan imreasain eolais.

54 Lámh deas re himleach n-lobair,
lámh clé re Cliaig bfóidiodain,
do seanCruit Cliach nocha cam
agus d'iach gealchuic Grafann.

55 Seoch Macaire bfionn bfeimhin
don laochraid nach lingfidir
i gceann beoil broga Caisil;
roga an eoil an t-eolais-sin.

56 Ráit Caisil, a chraoibh Ealla,
buidh i ceann bar gcoimhleanga;
buidh luchd meanman airde ib
i ngealbhuidh cairrge Caisil.

57 Ag carraig Caisil na ríogh
cuirfe tar ais a n-imshníomh,
na seacht dtuatha déag-saim di
uatha ag déagsain a ndúichche.

58 Cuin gach taoiseach 'n-a thuaith féin
do thuathaibh Caisil chlaidhréidh;
ar áitibh treabh a sean sin
sáithtir teach gacha thaoisigh.

59 Suidh féin dá choimhde ar cheanaibh
i ndúin Caisil coirrshleaghaigh;
dún ris nar dhealadh dún dhruim
gur mheala an dún, a Dhomhnaill.

60 Duit as cuibhe crú do sheanchus;
uime nach antach ó Chaisiol;
tú as cródha i dtroidh 's i dtealaigh;
doid is córa creidheamhain.

61 Is í tuigse tuigtear dam,
a mheic Móire ó múr Chruachan,
gan t'aithgin do dhúil duine
don úir thairchis thalmhuidhe.

62 Mar chubhar dtuinne do thaobh,
nó mar bhlát n-abaidh n-órchraobh,
mar smuaul dá gcuirtear crithre
do ghnáth chruitgheal chrithirthe.

63 A-tá cathair chaolaigh dhuinn
ós do ghnáidh dheirg, a Dhomhnaill,
rosg ar dhath gloine guirme,
a sgiath Moighe Modhuirne.

64 Tearc do chommór, a chinn Dreagh,
ar sgaoileadh each nó áirgeadh;
is ceart choingeodha an dá chuing,
tearc do choimbeodha i gcoluinn.

65 Ar n-a **co**innmheadh ar do churp
a-tá, a Dhomhnaill, an thaonnacht;
gan thaonnacht ann nochan fuil
aonach ná ball dod ghallaibh.

66 A mheic na ríogna ó Ráit Cuinn,
a Dhomnaill mheic mheic Dhomnuill,
teannaidh as an tír i-le
ná bídh i mbeannaibh Béirre. Beir.

67 Beiridh t'inneach iul do dháimh,
a ingean súlghorm Seaáin,
a bláth clúmhfeadha ceinil
a úirealla, a Aibilin.

68 A Aibilin nar éar sgoil
mar do cosnais clú an tsaoghail
a bhreath don bhoth do-bhire
go nach beath ort oirbhire.

69 Beir dhúinn, a Dhomnuill oile,
eol fa inis laoghaire,
a Méig Carthaigh Cláir Gaillmhe,
cáir carthain do chonnailbhe.

70 Beir eol dhúinn go dhún Caisil
ar taisibh na tolcai-sin;
lion a tháth, a Bhuadhaigh, bir
gus an ráit sluaghaigh saidhbir.

71 Féadtar, a Thaidhg, gan teacht soir;
thar a-tá do thír dhúthaigh;
ní teachta beit linn i-le
ar eachtra, a mheic sheing Saidhbe.

72 A-tá ag éigsibh innse Cuinn
eolus do dhúin, a Dhomnuill;
t'ór, a Í Chaoimh, ní cheile,
's is mór dhot aoibh t'oirbhire.

73 Beir eolus díreach dam-sa,
a naomhMhicíl neamhfallsa
don chathraigh óghaigh ainglidh
shlóghaigh rathmair ríoghsaidhbir. Beir.

75

EOCHAIDH Ó hEODHUSA ecc.

1 Bíodh aire ag Ultaibh ar Aodh—
díochoisg meanma na macaomh;
eagal go bfuighthear ar failli
dreagan cruithgheal Ó gConaill.

2 Éagcóir do léigfidhe liubh,
a shlógh iomchúchaidh Oiligh,
dé do ghabháil 'n-a goire;
nior b'fhaláir é d'iongoire.

3 A Ultaigh féin féachtar liubh
nar b'fholáir d'Aodh Mág Uidhir
fear amhairc fionnMhuighe fáil
malairt iongnuire d'fhagáil.

4 Do-ní-sean Ultaigh d'fhaire;
comaoin dóibh é d'iongnuire;
ógbhaidh cathardha Chláir Bhreagh
rathardha dáibh a dídean.

5 Ó Éirne go Binn mBoirche
caomhnaidh Aodh re haonoidhche,
's ó Bóinn úir bhionnfoclaigh bhais
go fionnochtaibh brúigh Bearnais.

6 Coimhéadaidh Aodh amhlaidh sain
Dún Sobhairche, slios Murbhaigh,
goirmtheallach fa ngealann ghrian
fearann oirthearach Oirghiall.

7 Ní fuil leaba mhíl mhuighe
i nDoroibéal dá dhiamhruighe
fan taobh thuaidh ó Aodh Uladh
ná taobh cuain gan chuartughadh.

8 Ní choidealadh cliabh na sreath
bíodh go luighfeadh Ó Luighdheach
d'eaghla faghla fear nUladh
fead an fhabhra d'osgladh.

9 Ní bí aonlá 's ní hé a-mháin
gan imshníomh éigin d'fhagáil
dos fionnchorr nach dáigh Danair
i dtiomchall Chláir Conchabhair.

10 A lucht eolais fuinn Ulaḋ,
a chliar, a aos ealaḋan,
taḃraiḋ mór n-impiḋe air
fa sloigh ḃfinntighe ḃfiaċaiḋ.

11 Ná léigiḋ d'Aoḋ Mág Uiḋir,
neamhghráḋ fleaḋ, fuat fionċuiriḋ
ar ól sreaḃ ḃfiorċobar ḃfionn
re siorċoghaḋ fear nÉireann.

12 Súr deaḃċa, diúltaḋ cána,
ghráḋ foghla, fuat sioċċána,
ursa sluaigh ḃoinnleasghaigh Ḃreagh,
toirmeasghaiḋ uaiḋ an t-aighneaḋ.

13 Beag leis iomḋa 'n-a aghaiḋ
nó ḃeiċ d'féin ar aonaraiḋ
d'éis a ḋtuigh d'anaċain air
ar fuḋ gclaḋaċaiḋ Choḃċaigh.

14 Gan riar sgol, gan duais do ḋáil,
gun ghleo, gun troiḋ, gun teaghmáil
a-tá sluagh Éireann uile,
[a] sduaḋ mheirsheangh Mucruimhe.

15 Do léigseaḋ díoḃ déanamh cean;
tairseaċ coghaiḋ chlann Mileaḋ
do sguir críoċ Éiḃir d'ineaċ;
bíoḋ gho céillidh comhnuideaċ.

16 Ní hinḃeiċte dá ghruaiḋ ghloin
'n-a aon i n-aghaiḋ fobuil
laoċ na ngreagh sioḋḃuainmhear seangh
ag siorḃuaiḋreaḋ fear nÉireann.

17 Do rinneaḋ do ráḋ gaċ fir
d'Éirinn is d'Aoḋ Mág Uiḋir
slat gan aimh aċt óighe,
"ghlac i n-aighidh oroḋighe."

18 Do-ghéanaiḋ amaḋán d'Aoḋ
mar naċ beiḋ is é ar aonraon
críoċ eighreaḋta na sreaḃ seangh
re neimhghlioca fear nÉireann.

19 Dá gcluineaḋ oncú Ulaḋ
toisgh an tríoċaḋ fealisamhan
fear ḋar ċóir fionnmhagh na ḃfionn
ḋóigh naċ dionghnaḋ a nḋéineann.

20 Tríocha feallsamh fada ó shoin
chall-ód i dtosaigh domhain
do sir diamair néal nimhe
ar séan d'iarraid fáisdine.

21 Do-chítear dóib dá dhruim sonn
éinchiot uaithnéalta d'fearrtain
—cead act tuile gan tarba?—
fead na cruinne ceatarda.

22 Tarfás dóib—diamair an fhios—
a mbeith gan céill gan chuibdheas
re huct an cheatha do chur
luct an bheatha dá mbeanfad.

23 Tiagaid an tríocha feallsamh
i ndóigh cáich dá gcreidfeamh-san
re sgéalaib dá chur i gcéill
ar sgur d'fégaint an ai-éir.

24 Do himiseod leo an lá-sain
a méad d'ulc is d'uathbásaib
—damhna caoi don uile fear—
do bhaoi don chruinne i gcinneadh.

25 A-dubairt an dronga céadna
"fearfaidear fhais uaithnéaldha
fan mbiod do chomhfhiochad cáich
do chiod foirleatan anbáil.

25a "Bíodh agaibh-se" ar na hugdair
"tuir dhíogluinne dheagcumhdaigh
'n-a srothaib corra ar n-a gcar
do chlochaib troma an talmhan."

26 Do ráidseod d'aitheasg éinfir:
"ní bia act óimhid éigcéillidh
i ndiaidh ar biod dá mbeanfa
an ciod buile buaidhearta.

27 "A shluagh an domhain, déanaidh
uamha doimhne i ndroibéalaib"
ar luct eagla an bheatha bí
"ar eagla an cheatha ad-chluinti."

28 Ní chreidead duine ar domhan
fáisdine na bhfeallsamhan;
dream dreachdoigheal dar cóir cion
neamhchroidheamh dóib níor dligead.

29 Mar nar ċreid cáċ a gcoṁrád
ruig an buidean briaċarnár
céim luaċ dá bfirdíreadh féin
fa bruaċ ndínlisgeal ndoiḃéil.

30 Níor b'faḋa dóiḃ 'n-a deaġaid
an cloċ gáiḃteaċ gráineaṁail;
ní mór do-ċóid seaċa sin
slóiġ an ḃeaċa do ḃuaidir.

31 Tar éis an ċeaċa do ċur
táimig an tríoċa feallsaṁ
a huaim ḋoirċa na gclaċ gcuir
a-maċ ar ḋromċla an domain.

32 Do b'é iomċús fear ndoṁain
fuaraḋar na feallsaṁain
níor ċuig duine iad idir
's iad uile n-a óinṁidiḃ.

33 Gid eaḋ do ċuir cáċ i gcéill
don ḃuidin uġdar ainn-séin
dream ḋreiċṁíolla na ngníom nglan
neiṁċríonna díoḃ go ndearnaḋ.

33(a) Do b'é riu ráḋ gaċ éinfir
a mbeiṫ óinṁideaċ éigcéilliḋ;
níor féad ceannsuġaḋ na gcaṫ
an tréad feallsaṁan bráṫaċ.

34 "Déanaim-ne aiṁġlic aṁail
sinn féin" ar na feallsaṁain
"beag díol na cruinne dar gcéill;
ná bíom 's an uile aċt d'éinṁéin."

35 Dá ndéanaṁ féin mar gaċ ḃfear
do b'é a gcríoċ ḋul fa ḋeireaḋ,
tuigse an ḃeaċa mar do ḃuaiḋ,
fa uisge an ċeaċa i gcéaduair.

36 Éirġeaḋ fa uisge an ċeaċa
leoṁan loċa seinḃeaċa;
bíoḋ re gcéimeannaiḃ a ċor,
bíoḋ is Éireannaiġ d'éantol.

37 Go bfaġa aoinneaċ éigin
ċuirfeas leis dá leiṫéidiḃ
bláṫ na ríoġ ó ráṫ Doire
bíoḋ mar ċáċ 'n-a ċoṁnuide.

38 Beit mar cáċ ní mongnaḋ d'Aoḋ;
féaċaḋ uime ar gaċ aontaoḃ;
fa ċríoċ dtaoibgil gcruaistig gCuinn
ní gluaistir aoinśleig d'ealċuing.

39 Gan fiú na sleag i láim laoiċ,
gan ċeinnbeirt um ċeann óglaoiċ
—ní ham fogla fa iaċ mBreag—
gan sgiaċ re formna bréimneaḋ.

40 Failligeaḋ an láim fan loinn,
ná bioḋ an t-eaċ san orsoinn,
ná feilm óir na gcraoḃ gcorcra
um Aoḋ ar ċóir gcodalta.

41 Caiteaḋ fleaḋ gan luċt feiṁe
—ní trát ḋó beiṫ buaiḋeirṫe
fa ċlár bfoirbṫe mbosglan mBreag—
codlaḋ oiḋċe gan éideaḋ.

42 Gan ċoirm, gan leabaiḋ, gan fleiḋ
ná bioḋ Aoḋ Mág Uiḋir,
slat boisleabar ón mBóinn mir,
ḋá ḋoirseagaḋ d'fóir Oilig.

43 Ní biú ḋó, gé deirim sin,
ḋá bréadaḋ d'ás nó d'éigin
naiṫir na gcéimeann gconfaiḋ
maiṫim Éireann d'Ailmurċaiḃ.

44 Rinn baoglaċ go mbrioċt neiṁe,
dreagan uaṫmar aingiḋe,
grioḃ droibéil d'feiṫim Ulaḋ,
beiṫir oilém d'fásugaḋ.

45 Leoman coiṁéadaċ cosṫaċ,
onċú doiliġ diogaltaċ,
draig lonn gaċ áite d'fagail,
tonn báiḋte ḋá bioḃḃaḋaiḃ.

46 Caoṁa Muṁan na múr ngeal,
sgiaċ ċuṁdaiġ cóigiḋ Laigean,
—cia an duine [do] dionsbuiḋe de?—
[ionsuire] muige Meiḋḃe.

Bioḋ.

76 Brh O'Conor Don

TADG Óg Ó hUIGINN ecc.

1 Cia do-géabainn go Gráinne
do bacfad dí a dearbáile?
ar mo comairle an mbia an bean?
m'forfuigle cia ó gcreidfead?

2 Más fíor Gráinne i nglas cumad
nach urusa d'fuasgulad
a-tá oram 'n-a eire
gobang na mná Mainige.

3 Diaid mar saoilim ó so a-mach
ag ríogain ráta Teamrach
mo céadfuigle acht go gcluine
éagcuimne ar a heolcuire.

4 Bás a meic gid mór an crád
do ríogain Rosa Comán
a fearg do ba doilge dí
an ceard do-roigne Ruaidrí.

5 Dámad hé a hadbar sgíse
sgarad ria don Ruaidrí-se
ní hadbar sgís an sgarad;
fagbad dís gan dealagad.

6 Tuigead féin nach fád tuirse
duilleabar an domain-se
—gabad sé do Gráinne greim—
is sgáile é nó is aisling.

7 Mar corcuire tugad dí
nuacar na ríge Ruaidrí;
an té rug é as a haicle
is é tug an torcairce.

8 Do bí ag mnaoi do mnáib Connacht
—is cubaid a gconglonnacht—
mac mar sin do uair oigid;
bir lat uaim dá hionnsoigid.

9 Do cuir mar cuirim ba deas
Mac Coise ceann na n-éigeas
go hingin Taidg uair oile
san aird cuaid [a] teactaire.

10 Teastoa céadroga an cuaine
rug do rígh na Craobhruaidhe;
an bearn do-cáidh san cloinn-se
Dearbh-áil nocar fuluing-se.

11 Nír b'iongnadh éagcaoine a meic
d'ingin Taidhg an Eich oirrdhreic;
Rí Oiligh do b'é a athair
sé 'n-a oidhr d'Ultaibh.

12 Aodh mac Domhnaill Dúin Monaidh
ráith Oiligh 'n-a urcomhair;
dá mbeath d'ádh ar Oileach Néid
fa soidheadh lán a leithéid.

13 "Ná bíodh uirre aithim dí
cumha a meic" ar Mac Coise
"abair dam-sa re Dearbh-áil
gur sealbh fallsa dá fagáil.

14 "Ní tarla ar neach gus a-nios
ní badh aoibhinn le haigneadh
nach cúis toirse i n-am oile;
sloinn-se tall, a seachtoire.

15 "Mac ar iasacht má uair sin
ón Dúileamh aithidh éigin
abair re Dearbh-áil as m'uchd
nach sealbh do b'áil don iasucht."

16 Searbh ar tús lé gá labhra
teagasg an fir ealadhna;
gidh eadh do thráigh a tuirse
Dear-bháil leis na briathraibh-se.

17 Tug do Dhia nach dingneadh sain
ingean ríogh Cruachan cumaidh;
mairg nach dingneadh a ndearna
ingean Taidhg dá tigearna.

18 Déanadh a ndearna Dearbh-áil
do Dhia athair mar anáir;
ua an Chrobhduinn gá doilge dhi
ná oidhre Domhnaill di-se.

19 Sgar dam a ceo reo chridhe,
—ar Gráinne is é m'impidhe—
d'éis do mheic, a fleasg leamhna,
gidh leasg deit gan doimheanma.

20 Dias aile áiréamhas mé
cuig dá honóir don éigse;
dá mbeat rún m'éara agaib
déana tnúd le a dtugadair.
21 Fead bliadna buan a loise
—sgéal ar a bfuil fiadnaise—
Maol Seachlainn do-bir Banba
dom leacéuing fir ealadna.
22 Biod ar c'úid a aitris soim
a bfuair Aitirne ó Eochaid;
eochair dod chosg do chumaid
ross Eochaid don ollamhain.
23 Súil Eochaid 'n-a honóir sain
ceannas Banba re bliadain
d'fagáil as an gceas chumad
treas anáir na healadan.
24 Fiarfoigid do-nim a-nos
an fulang leat ar labras?
munab cead ar chan t'ollamh
gá beag dam a ndubromar.
25 Gab cugad a gcanaim ruib,
a ríogan do fréimh Cheallaig,
—gá dás grád ag duine dí—
tuile agus trágh gach toice.

Cia.

77

TADHG Óg Ó hUIGINN ecc

1 Dá brágaid uaim i nInis
triall cugcha is cuaird neimhnilis;
adbar sgís a sgarad rinn
anad ón dís ní dligfinn.
2 Dá brágaid—buan an fudar—
nach fuigcear re bfuasgulad
—do bá uair is do b'ionmuin—
a-tá uaim i n-éimiomdaid.

3 Dias brágad—ní beitte ris—
do-cuadar uaim go hInis;
mé gan séise ó sain a-nall
do sgair mei-se dá marann.

4 Is é ar leas gan í d'fáicsin
Inis d'éis na mbrágaid-sin;
mar saltraim ar úr Innse
aċmaing mo súl silim-se.

5 Truag mo comrád ós a gceann
ag ceileabrad don cuibreann;
do-bir mo chridei-se i gceas
siú san Inis-se i n-uaigneas.

6 A-tá i nInis—uċ do bróid!—
Taog Ó Briain i n-a brágoid,
a-tá Gráinne—doilge dam—
bráige naċ foigbe a fuasglad.

7 Gé a-tú beo ní fuilim ann
Úa Maċgamna ó naċ marann;
mo séise mná ó naċ mair
a-tá mei-se gan mairċain.

8 A-tá gaċ éigeas oile
ar fud Innse Laogaire
mar tám i ndiaid na deise;
lán do ċiaig an chridei-se.

9 Mo doimeanma 'n-a ndeagaid
ní hurusa a hoileamain;
sul do bí aċt éantoirrse ann
ní féadfoinn-se hí d'fulang.

10 A-tá doig éigneaċ oile
im ċaoib ċlé 'n-a comnaide,
doig ag iomgoin ar m'árainn
im iomdaid naċ iompágainn.

11 Rioghan do fréim na gCollad
is í ar tús do toghamar;
truag dam-sa i ndiaid a togha
m'anmsa d'Ú Briain Bóroma.

12 Ní liom naċ cian bus cumain;
tángadar a Tuaidhumain
sgéala do-ċuaid fam chridhe;
déara uaim 'n-a n-ainnsile.

13 Gion go ndeaċaḋ—dia do ċor—
ingean ríoġ Ráṫa Cruaċon
Ó Briain do buḋ bráiġe gill
gáire 'n-a diaiḋ ní dligfinn.

14 An ċríoċ-sa Muman Meic Con
méad a hansóiġ ní hiongnaḋ
's a mbuain dí i ndiaiḋ a ċéile
ní Ó mBriain 's a baincéile.

15 Deiṫ doḋ loṫ ar do lár féin
dóir fioḋḃaiḋ is eiċréiḋ,
a Muma-sa, ó naċ maraiḋ
urusa doṫ eascaraiḋ.

16 Ní raiḃe i ndán dá deirc moill
ingean mhoċair Maoil Seaċlainn
teaċt tar ais—is cráḋ criḋe—
ó Dál Ċais dá céiliḋe.

17 Is amlaiḋ buḋ áil linne
ó ċalaḋ Cuain Duiḃlinne
sí nó a taise do ċoiġeaċt
gér maise dí a deoroideaċt.

18 Ní gut o'ealaiḋ Áṫa Truim
gan a haḋlacaḋ aguinn;
mac Sláine 's sé nar ċeaduiġ
gan Gráinne 's é i n-éinleabaiḋ.

19 M'uaḃar a huċt na deise
ċuireas inn i n-éidtreise;
as mo ṫreise ṫángas riom
ránġas mei-se ó naċ maireann.

20 Gé do ṫréiġeas iaḋ uile
ar ċoinnil Ċláir Maonmuiġe
nior ċoill an ċlann-sa Colla
gan roinn m'anmsa eatorra.

21 Ag síol Ċeallaiġ 'gar ċleaċt mé
ní anaḃ ar éis Gráinne;
mo ċuid ronna díoḃ ar ndol
ó síol Colla do-ċuamar.

22 Ionmuin teaġ a-tá folaṁ
rer deacair mo dealoġaḋ;
neaċ don dís noċan foil ann
don toiġ a-ris ní raċam.

23 Ag ól buaball is bleidhe,
ag ceannach ar gceirdeil-ne
do bádar lá san tig tall
fir agus mná nach marann.
24 Déim bud iomnár dá n-aigtiu
ní fríot 'gun aos anaithnid
mo luicht comta an gcéin do mair
gan déim orta 'sa n-eolcaib.
25 An dias fa dtá mo thoirse
—is í breach do-déaroinn-se—
rem ré ní faca a aitgin,
gid bé aca fiarfaigtir.
26 Ar éis Taidg mar tángas ruinn
crod ná ionnsus ní iarruim;
crod do-deirim ar ndul dí;
crod do-geibinn ó Gráinne.
27 Gotha isle 's éigean dóib
a mbíod aice fa onóir;
a charaid ó theasda Taidg
ní lamaid feasda acht fodard.
28 Ar n-éag ingine ní Cheallaig
is Taidg fa dtáid Éireannaig
—ní háil bas do buain uma—
do-chuaid as an saluda.

Dá.

78

Goffraid mac Briain mac an Baird ecc.

1 Dairt sonn dá seolad go Taidg
criticir bruithneach breacht neamgarg;
a sblanne dí ag deagail re a sreing
ní dleagair gan í d'faicill.
2 Réim ag fágbáil a fiodbaic
leis an óinsig n-eisionnraic
mionn soigde le bfromtar fuil
do chollfad oirone iobair.

3 Tar Taoig n-Óg ní dual di-se
's ní dol do Chaoig Cairis-se
's í dá himneal re head air
gid ead ní cinnead cogaid.

4 Gid soigneac siansa [ó] a haoibill
i ndáil meic Í mhórDaoigill
ní hí dairt as doilge neimh
ar ti oidhre Airt Aoinfir.

5 Soigead go sigmid toile
is í d'arm na hionmuine
dá congbáil dá cor fa greim
dam dá fagbáil lem intinn.

6 Cúipid aobda an amais grib
di tárraid sinn an soigid;
soigdeoin na hannsa is í an bean
an t-arm-sa is dí [do] dirgead.

7 Dá saordact snoige an cailb-se
dá craobraid [an] corcair-se
ar eitib caomha an chuilb glain
nach duirn daonda do dheasaig.

8 Dá fiod cagais don colb fein;
dá feidm ceardcha an ceann soiléir;
a snuad ar coimlib an cinn
go bfoigrim druad ón dílinn.

9 Cóir roimn a glaice gráda
baindia an breacta síodchána
Cúip-hiodha fa déadla doirr
re diodha céadna Ó gConoill.

10 A gá fein foidhe ar seise;
maith seanchas ná soigdei-se
sí i ngnás na glaice dá bfuil
cás a caithe ní [ceasnaig].

11 Dorlach do dairtib seadha
maoidhean ar chrios Cúipiodha
le hamas gach aoin dar b'áil
mar rannas le craoib Cruachain.

12 Trí soigde go séan láimhaig
gabas greim ar leannánaib
—cia díob ar nach dligtear brath? —
ríomh a-dirchead fan dorlach.

13 An ċéadoairt as cur beadgaid
doigir nach dál foirdeargaid;
an dara dairt 'n-a deoid soin
feoil is ailt ar a mionċuid.

14 Gid treas soigead na seirce
iomċús éarma a himgeilte
dul don ċriċir go croide
i n-iċir na mionmuine.

15 Céadsoigead ċuirċe an beadgda
sonna go seol driċleannta
—'s ní ba ċailg 's í 'n-a héanar—
ar tí Taidg do ċaigéarad.

16 Cusbóir re gcaiċfe mei-se
dá deirdsiair na dairtei-se
an ċuid oile don glaic gráid
croide ren hait a n-easráin.

17 Céile ar a gcumgid leaba,
sgoláir do sgoil Cúipeada,
gnúis dealbda dá ndeaċaid cion,
eoċair meanma na maigdean.

18 Meanma ó bruigeam guin fa guin
fa lár nach léigfe ar ndeabaid,
rún nach daor sligde seirce,
dridle ċaoin dar gcoigilt-ne.

19 [Deigfear] re ndoligim roḃáid,
Ua Baoigill meic Duadagám,
taman a criaid Dálaig dil
fa liaig álaid dar n-aiċrid.

20 Mac Máire, mac Taidgmeic Taidg,
ua Coinn Doire as díol [a] mairg
plannda cuir ó braongort breag
far fuin saordaċt mac Mílead.

21 Ua Cuinn meic Úna ó Áṫ Truim,
sbraic ionCuinn re huċt bforluinn
rún crodluit ar cóir troda,
súg póir Cormaic ċurada. D.S.

22 Más Aongusa as úr maicne
cusbóir é dar n-annsaiċt-ne,
seangslat as saor mar fuba
ar aon is deagMac Diarmuda. D.S.

23 Mairgréag ingean Méig Flannchaidh,
Géis d'ealtain Cuinn Cobarthaigh,
is aire ar a laigead linn
saigead toile fa a tuairim.
24 Danua Ruairc go roich ar mbáidh
slios do géig Ite ón Easbáin
tréad far mín mórchuing Danba
géag d'órcoill Ír Ollarba.
25 [Déas] gan iot úire Gallda
foichne go brás saorchlannda
d'fochan Gaoidhil fa geal sdair
bean len faoilidh ar brighair. Dairt.

79

Eochaidh Ó hEóghusa ecc.

1 Dealg athlaidh ocras Taidhg;
dar n-antráthaibh tocht an tuilg;
créacht oile ar feolfoghail ndeilg
loighe an deirg beoghonaigh buirb.
2 Ar n-eagla tar éis gach cráidh
an té ro bui teasgadh dúin;
is sádad deilg deoidh i ndeoidh
i n-álad beoil deirg nar dúin.
3 Rugad uain-ne—anba an choill—
na huaisle fa hannsa linn;
fuighleach áir cathlóigh Ó gCuinn
do bádh i dtuinn athróin inn.
4 An Aodhlann rer dheacar dréim
do heasgrad go haonchrann siuil;
damhraidh as daithe do-chuaidh
saithe sluaigh barrglain Ó mBriúin.
5 Gan iarsma leanfas a lorg
ar ealadha na ngliadhcath ngarg
ní tearc m'aithgin trá ro threagh
dealg san aithcheidh mar tá Taidhg.

6 Táinig d'ocras eidre Briain
gan doċar eile ar ar n-úid
—ar dteadlaid fa súgrad sáim—
dúblad crái gur dearlaig dúinn.

7 Nior ċeinn go heasgar an fir;
nior ċeidm acd teasgad mar sein,
beag más tinne an tí ar a bfuil;
nior doig linn-ne ni acd a neim.

8 Ni rángas deacar go a dáil,
go a ċeasgad ni tángas fúinn;
do b'i an ċreaċ-sain críoċ ar leoin;
easbaid 'n-a deoid ni díot dúinn.

9 Deo ar n-aignid, éanlaog ar léis,
ar ngéagcraob go n-aibċe fáis,
snáide ar saogail, sead ar gcruais,
ar nguais, ar gcnead baogail báis.

10 Ar meadar, ar macám búid,
ar mbradán beadad, ar mbrig,
ar n-aon d'fine, iarsma ar n-áir,
dile ar ngráid, ar siansa síd.

11 Iomda cruċ i n-éagcruċ uad
is céadfad dá cur ar gcúl,
tíde greanta ar mionbun méar,
dearca fréam gciorduib dá gcrúd.

12 Ni tearc triaċflaiṫ gan ċur gcrú
is fiallaċ naċ glac a ngó
'n-a los-sain 'n-a loige a-tá
's croide mná 'n-a ċosair ċró.

13 Ni cleaċtar corma ná ceol,
leantar don orċra mon-uar
folcad fead gciabdoraċ gclaon
miamdonaċ taob ngeal na ngruad.

14 Iomda ó leadbruaċ léime an Ċon
go hÉirne na ngealċuan ngeal
beoċroide ar n-a goin ón gal
goil ban is eolċuire fear.

15 Le dubad eagla mon-uar
don ċur-so ni leagar lám;
nior fead sinn le sealad fúnn
ni bearar glún linn do lár.

16 Ní dó uile is eagal linn
a thuisle acht go dteasgfa sinn,
buille ar mbuana, béim ar gcroinn;
fa coill gan fréimh uadha inn.

17 Ní hé caointear acht cách féin;
dá gach aoinneach do b'fát bróin;
do sheich sna croidibh ro chráidh
gráin gach neith badh doiligh dóibh.

18 Ní hiongnadh go gcaoinfeadh cách
fraoichneimh na bfiongal 's na bfuath,
fearg na síon, catha na gcríoch,
fíoch na ríogh, taca na dtuath.

19 Gár mheisde don mac-sain Briain
a sgarad re a mbeirtibh bróin
mar sompla cobarcha cáigh;
nochtha dáibh comharcha cóir.

20 Is iadh caointear ceann i gceann
gion go saoiltear gan iadh ann,
súgh talmhan, tromchoirce coll,
torchairce tonn marbhglan mall.

21 'N-a otraisbeirt fagtar fairrge,
ná hadhmadh ochairchneidh dtruim;
sgiamh aithméile ní háil linn
ar rinn áigh caithréimhe Ó gCuinn.

22 Éirgeadh sunna ar chomair cáigh
i [gcosmhaile] a chrocha féin;
sgarad sé a dícealtair ndúir
re a ghné mbúidh sítheascaigh séimh.

23 Ní hoircheas a bheith—ní bhá—
mar sein san troimcheas i dtá;
cuirche do ghríbh groighigh Chua
brígh nua sna croidibh do chná.

24 Gan dulann re dathadh coigh,
fulang gan amharc na n-ard,
gan fagla, gan iomram sealgh—
iongnadh an chéadh tarla ar Thadhg.

25 Ní sgíos comhnuidhe do chleacht,
ní sníomh tromchuirse, ní tocht,
oigeadh cnámha cruaidhe cnocht
—gé tárla nioct nuaidhe a-nocht.

26 Meince a ágaḋ ar fál reann
so ḋtráṡo iná i ḋtaċaiḃ ċrom
bas ḋaiġeal le nḋearġċair lann
bann tre ċeaṙḋaiḃ caiṫṡleaġ ġcorr.

27 A ċos ċuinge caċa Ó mBriuin,
ḋo luiġe is taċa ḋar ḋtreoir,
a ċiṡḋe na ġcianḃann lúiḋ
naċ briṡḋe fúiḃ fiarḃarr feoir.

28 Táirċeaḃar—gá truaiġe treas—
táiṫċeangal go nuaiḋe a-nos;
cúis cuirse mar táiṫe i nglas
fa gnáiṫe i n-as cuisne an ċos.

29 Mac Máire ar n-annsaċt—liaċ linn—
Taḋgṁac Briain, ar mbráiġe gill,
ar gclár tilte, ar ḋtuir gan buing,
ar nguin buinn, ar ḋticne tinn.

30 Ar nḋá Aoiḋ-ne an eanaiġ bí
a n-imṫeaċt ḋo ṁearaiġ mé;
ḋeaċar meas m'inṡníoṁa ar aoi
rom ċnaoi i gceas ḋimḃríoġa a Ḋé.
Ḋealġ.

80

Seaán buiḋe mac Bruaideaḋa cct.

1 Ḋliġiḋ ollaṁ urraim ríoġ;
ḋliġiḋ rí cáċ ḋo ċoiṁḋíon;
giḋ sluaġ ḋo ċromaḋ fa a ċuing
ḋual ḋá ollaṁ a urruim.

2 Rí go hurramaċ uṁal
re huċt feirge a ollaṁan
—gealaiḋ snuaḋ ḋuḃlaċta ḋáiḃ—
is tuar uṁlaċta ḋ'faġáil.

3 Cúis eaċa ḋ'fás tre ṫalṁain
urraim airḋríoġ ḋ'ollaṁnaiḃ;
an tsíon ón foiġiḋe as fearr,
gloiriḋe síoḋ is soineann.

4 Tig don bréit blát tre dairgiu,
is móriasg i mionaibniu,
na croinn dí ag donnad a bfolt,
rí dá ollam ag umlacht.

5 Biaid ó so a-mac sa Mumain
ót umlacht dot ollamain
suan, a Mathgamain, 'gum muir,
tuar dagtaraid, tuar turuid.

6 M'urraim uait fat fíon comóil
's ar fuilngis uaim d'easonóir,
a Í Briain, a bronnad greag,
d'ollam im díaid bud díden.

7 Do las m'uaill ót fíon nuadonn
's ót uaisle d'fíor aongualann,
a bas seang géigmiolla geal;
fa teann éigcrionna m'aignead.

8 Briog uaibreac an fíona finn
tug mar do arduig m'inntinn;
neart an dá fíon it ollam
gníom nar cleacht ar céadlongad.

9 Niam ciontac reo céib ndorolaig
fa a noubairt mé, a Mathgamain,
dámad gníom m'fearg-sa—is ní nead—
act t'fíon dearg-sa is do dáileam.

10 Gac easurraim dar féad sinn
duit, a Í Briain ó Boirinn,
tug mé act gan mé doo bualad;
fa druid é re hanuabar.

11 Nior coigleas, a ciab na ndrong,
tu-sa—nior teangmáil comtrom;
tú rom coigil-se, a gruad glan,
a souad boiginnse breatan.

12 Buinne luat lasrac mire
ná néal gréine goirtige;
loisgnige m'fearg—do b'fearg mear—
gur searg t'foisdine m'aignead.

13 Mei-se go critreac corrac,
tu-sa áiseac urramac,
ar dteagmáil, a slat Sligig,
lat gá headráin d'foigidin.

14 Mar so is dual, a dreac cocláic:
file faobrach freagartach
agus rí maithmeach málla
do-ní taitleach teagmála.

15 Dá mbeitheá mar do bí sinn
is lasair feirge it imtinn
ó ar dteagmháil agus tu-sa
ar n-eadráin níor b'urusa.

16 Ná bíod aithméala, a folt tais,
ort-sa fan urraim tugais;
rug t'urrim ós aird t'áirim,
a buimnéimg aird forbfáilid.

17 Iongnad duit-se dá ndeacad
d'éis do clú do céitleatad
ar aitreacas dod gnúis gil
an cúis aitleatas t'áirim.

18 Ó adnad t'feirge im agaid
do b'fearr mei-se, a Mathgamain,
le a bfríot d'urraim ód gruad geal
damad fuar umainn t'aignead.

19 A Í Briain balbas tonna,
bud feirrde t'ád urruma
t'adra glan dromanmac dub
dam go hurramach umal.

20 Urraim cáich, ceilt dá ndeacraib
agad, a meic Muirchertaigh,
an bread cumainn as cubaid,
is t'urraim dot ollumain.

21 Urraim ót filid d'fagáil
do bud ei-séin t'easonáir;
t'anóir, a bile Banba,
t'file d'fagáil t'urrama.

22 A-déar riot, a rí Banba;
"do-feadar iocht Mathgamna;
ní fúigfead mé a gualainn ngil,
dá mbualainn é mun aim-sin."

23 Usaide dá folt drongach
beit dá ollam urramach
d'urrim ní iarrtair act sin
ar coimlid iartair Uisnigh.

24 Sgéal beag agam dá fhoil fhionn
ar uaibar ollamh n-Éireann
dias dar ghiall gaisgeadh 's gal
ar Bhrian Maisdean 's ar Murchadh.

25 Lá do riacht Murchadh meadhrach
go Ceann Corad gceitearnach,
an bile úr geaslach geal
ag súr easlach is innbear.

26 Bean oirfidigh Meic Liag loinn
tarla dó ar nóul san urlainn;
laogh ar shlabhradh glas 'n-a glaic
ar hadhnadh as do b' orrdhaic.

27 Tug grádh ar láthair don laogh,
guidis an ingean foiltchaomh
Murchadh fa mhac na heilte
slat na n-urchar n-innilte.

28 "Fa chomhair Bhriain muna beath
fada go bhfuigthea eiteach
uaim, a chraobh bhithe bhandha,
fan laogh sithe saorchlannda."

29 "Gér b'fhearr uait linn" ar an bean
"soirbhidh dhamh-sa fa dheireadh,
a chaomhchraobh do chlannaibh Luirc,
an baothlaogh allaidh orrdhuirc.

30 "An séadh ríogh [do] rádh go Brian"
do ráidh an ingean foiltfiar
"cidh nach biadh gidh bronnadh teann
ó Bhrian ag ollamh Éireann?

31 "Don oirfideach ón ollamh
dáilfidhear an deaghbronnadh;
an laogh bu liom-sa fa dheoidh,
a chraobh fhionn-sa dot aimhdeoin."

32 Re briathraibh millse na mná
mac ríogh Éireann do iompá;
tug an laogh don ingin óig
— taom as ar imdhigh urchóid.

33 Gabhais éadh dá faicsin sin
oirfideach Meic Liag luimnigh
dar gheall Inis Fáthdhain Fáil
d'fhágbháil gér b'iris éagcáir.

34 "Ní biú-sa i nÉirinn idir"
ar Mac Liag "d'éis m'oirfidig."
"ní biú" ar Brian na ngéirreann nglan
"i bfiadh Éireann gan m'ollamh."

35 "Tríom-sa ní tiocfa" ar Murchadh
"Mac Liag dá lean sobharchan"
ar an tslat fial ágnáir fionn
"ná Brian d'fágbáil na hÉireann."

36 "Ós mei-se as éasgaidh n-asdair
leig liom mo lucht tuarasdail"
ar a mhac re Brian mBanba
slat fa rian gach ríoghdamna.

37 "Dá léiginn-se leat tar muir
lucht do mhórbronnta, a Murchaidh,"
do ráidh Brian nar óbair fheall
"ba dá dtrian d'óghaidh Éireann."

38 Ag mnaoi an oirfidigh ann soin
tarla tuarasdal Murchaidh;
do ráidh sí nach biadh a-bus
is triall don tí dá dtárras.

39 Imtinn re haitheasg na mná
don oirfideach do iompá
dar fosdadh Brian na mbrat nglan
gan triall is a mhac Murchadh.

40 Le hardollamh Innse fáil
gealluis Brian Éire d'fágbáil;
na táinte bó an bronnadh each
mó dá ollamh an t-eineach.

41 Muirn Meic Liag 'n-a lasair chruim
'n-a tuinn ionnarbthaigh ionuinn,
rinn ar macnais-ne go mear
ón linn atmhair-se im aigneadh.

42 Clann Táil do chleadh Banba
saoilim le séan Mathghamna
Banba fa bhreith a chinidh
ar gcleith fágla is aindligidh.

Dligidh.

81

Fearghal Óg mac an Baird ecc

1 Do bádh teine Tír Conuill;
táinig díoth don déadoruinn;
ghríos beo do bádh ar dtreise
do-cáidh tre beo ar mbaitheise.

2 Cia do shuagh Bearnais nar bádh
lasair inmighe anbáil?
Do loisg tall seanróimh ar sean;
ar neamhglóir ann do hoirneadh.

3 Árus diadha Dúin na nGall
lá a dheargtha—doirb an fulang—
táinig toruinn tuile bróin
do robuing uile ar n-onóir.

4 Doire Choluim Chille cian ó soin
do loisg teine é amlaidh;
do bádh ghrisneimh dá uair inn;
suail nar islig ar n-uirrim.

5 Rí Éireann—anba an t-eineach—
do bronn Aodhmac Ainmireach
naomhDoire na bhféarmagh bhfionn
d'éarlamh raonmhoighe Raoileann.

6 Re mac Ainmireach ann soin
rug buidheachas a bronnaidh
Colum cráibtheach craobh shéanta
naomh na bhfáithbreath bhfiréanta.

7 An lá-sain féin—fíor an dáil—
do éirigh—anba an diombáigh—
lasair bhras teinntrighe te
dar las deirgteine Doire.

8 Tre losgadh longphuirt Choluim
do ghabh bhrón síol saorChonuill;
bhrón a ionnsamhla re head
ar shlógh lionnadhba Lighean.

9 Doire d'éirghe an dara huair
táinig d'fuil Chonuill chrannruaidh
d'árus séimh na sreabh leisgeal
badh-éin is eadh innisdear.

10 Córaide a uaim anlaid sin;
an rac céadna ar cac Leitbir
fo rior ní raibe dá n-éis
a mbíod i mbaile Broinséis.

11 Rómh crábaid cata Éirne
cóir do Día í d'aitéirge;
nír b'é tol a mbráthar mboct
bádad do dol san diadacht.

12 Dá ndíogbáil táinig thoruinn
uile i n-ar síol saorChonuill
tonn báidte—is béad lem chride—
tréad na háite hainglide.

13 Móide as díot a ndul seacha,
fa crábad a gcéidbeatha
—dóib do b'aitbeatha a n-umla—
aithreacha na healadhna.

14 Dub tréad gan buachaill crú Cuinn
nó go gcruinnigid cugainn
tre annsa i gceann a céile
dream ler b'annsa an aithméile.

15 Gér boct nír boct a gcride
ord na háite hainglide;
ní bíod a lóg orra ar-ís
gid mór dtonna do tráigdís.

16 Ní d'iarraid clú ar cathaib Breag
do ceannchaidis fíon fuairmhear
's ní do grád comhól ceana
act d'onóir an foirgneamha.

17 Teach aoigead coitcheann do cách,
molad íosa i ngach éantrácht,
fa gnát acha ucht re hucht,
slata dar blát an bocthacht.

18 Tréad báid dar beatha an bocta
fuair do dhruim a dhaonnacta
glóir saoghalta mar nar sír
i rómh chaomhanta an chreidimh.

19 San eaglais boicht nar boct céim
go bfaiceam ar-ís iaid-séin
ar éinsligid sonn fa seach
an dhong céimrigin chráibteach.

20 Smuain mar tá Éire dá n-éis
cuir tre seirc, a San Proinséis,
ar impire na n-aingeal
impide nach éadaingean.

21 An coimhtionól nar chleacht sgís
togbáil an baile i mbídís
sin ó chroide ar Cearo na núl
danab goire a fearg d'iompú.

22 A San Proinséis nar mhuid móid,
guid fa leit chuas an Trionóid;
sul tuga sí éara ort
fa trí déana do dúthracht.

23 Fa furtacht ar t'árus féin
nocht ar a agaid laid-séin
a cóig comharta ar do churp
róid nach dogabta ó dúthracht.

24 Ar deis Dé go ndeachaid sib
dot isliugad dar-irib
do sior do chráidis do chorp;
ní gniom áinis an umhlacht.

25 Do thréig tu-sa do tír gnát
agus innile is órsnát
is leabta suain ar beit bocht
go breit buaid ar an mbochtacht.

26 Do thréigis fós—foirbde an gloir—
beirt órda ar éadach ndeargóir,
is fion ar an uisge fuar;
a bríog duid-se ní diombuan.

27 Dar ndóig ní dionsna an Coimde
t'oba ar aoi na connailbe;
do-rala Rí an beatha bocht
's do b'í do beatha an bochtacht.

28 Ná léig feasd ní as sia ná so
ó tá t'impide ar iosa
san banda fa ealta éan
leabta palma na bfiréan.

29 Córaide a cur 'n-a chruit féin
dá snadmhar ar-is ei-séin
teach suide na mbráthar mboct;
bádad ní fuige a n-umhlacht.

30 Go gcluine sinne sonna
san mainistir mhorbalda
faoi bhróin mar do bí reimhe;
fa róimh hí don aithrighe;

31 Ag molad Dé leat ar leat
go gcluineam ceol a haithreach,
is ceol abaigh a héan mbinn;
ní cagail déar do dhligfinn.

32 Go bfaiceam a hiobra ar-ís
fa bhlát mbuan mar do bídís
's a habla feacta fanna;
balbha a n-ealta eatorra.

33 Do b'iongnadh Ultaigh dá héis
treabh shuaitheanta San Phroinséis;
gnát éagnach ar ar gan fál;
do gabh ar gcéadrat claochlódh.

34 Samhail dúinn iar n-a dol sios
cearbdha gabann gan ghailgrios,
beith gan mhil, teach gan tughaidh,
nó each gan ith n-urchumhail.

35 Guidh ar a son san tigh thuas,
a Phroinséis fa cruaidh coghuas,
na guaisbeithe ó Ghurt Eine
luchd uaisligthe t'aithreibe.

36 Conallaigh dá ngarmthaoi Glais
fiallach uaisligthe t'árais,
guidh go siorduighe ar a son,
cuir t'fiorghuighe let focal.

37 Guidh le laochraidh Fóid Eine,
guidh leam i n-am d'áirighe,
a chraobh dhíona an duille gloin,
a Mhuire mhíolla mhochuir.

38 A úir as airde ná neamh,
a bean rúin Rioghna n-aingeal,
a ghlór nachar ghnáthuigh coir,
a mháthair, a óg ionmuin.

39 A ghéag fíthe as uaisle bpóir,
lá na breithe ar Sléibh Si-óin
ag toigeacht dúin i gcionn cáigh
nach liom do rún tre robháidh.

40 A Easbal dan hainm Feadar,
a doirseoir an Dúileamain,
uć gan [sinn-ne] id gar do gnáth;
rinn-ne go rab do robád. Do báid.

82

MAOL SEACLUINN NA NURSGÉAL Ó NUIGINN

1 Do briseas bearnaid ar Brian;
ní gabća dó mar dímiad
gid bearna do bristi leam
ar cisde feadma Éireann.
2 Gé brisim air im aonar
beirn le beagán iolfaobar
brisid caićbearna ar céad fear
géag as aićreamla aignead.
3 Ní hionann agus é féin
meinic briseas beirn n-aigméil,
ar cuir mBeardha níor blagas
bearna as a bfuil foltanas.
4 Urćar beirne do brisead
dom iomarcaid aigei-sean
is béimeanna ar a mbí neim
is trí géirreanna gaisgid.
5 Dá manaois bristi bearna
aige agus lann loinnearda;
an tsoigead gémad í ann
noća bí a hoiread agam.
6 An t-arm ler briseas bearnaid
ar ćuingid clann dToirdealbaig
ní fuil ag an dearccorr donn
leaćtrom nać cuir i gcomćrom.
7 Do ríneas beirn do blagad
air a hućt na healadan
cóir labra dá ćar i gcéill
mar ćarla dam is doi-séin,

8 Seacht leicthliadna do léigeadh
gan cánaig gan coimhéigean
Mag Inghine an Ghàil far ghoil
ó Finnbile Clàir Coitcoig.

9 D'ionad a n-áirgead nó a n-eac
ní coigillte ar cionn Cairbreac
fear uaim i n-oirchill a gcruid
ná cluain oirchinn dá n-eachaib.

10 Mac Raghnailte an rúin chéillidh
gabais fearg an bhflaithfhéinnidh
mar nar seachnad uaim don fhior
cluain a eachrad nó a áirgead.

11 Ní nar b'iongnad dó dá dhruim
m' fhearg mhór-sa re mac Domhnuill;
lasaim go fear ar bhfeithe
gur bean asainn imirce.

12 Bristear agam 'n-a aghaidh
bearna ar Bhrian Ó Conchobair;
a bhaile ránag a-ris
tánag a bhaile i mbímis.

13 Mhor briseadh—beag dá uaisle—
bearn air acht an aonuair-se
ó aois leinb gus an lá a-nioghi
gé tá re beirn do bhriseadh.

14 Mar sin nach aithristear uaidh
go ndearna an Cú ón Chraobhruaidh
bas Géigslim far ghrádach mná
lámach éigrinn acht aonlá.

15 Lá dá raibe i nDún Dealga
Cú Chulainn cruit naoidheandha
óidh na gcurad ar an gCoin
slóigh Ulad i n-a fochair.

16 D'éis an óil ar n-éirghe a-mach
dá bhracaidh an fian Ultach
crann go nduille fheacha fhaon
ealta ag luighe dá leacthaobh.

17 Lionaid dá n-annsacht uile
mná Cúigidh Chlann Rudhruidhe;
gá cur do dhuidh deacra dáidh
cur ris an ealta d'fhaghail?

18 Do dóig a láṁaċ an laoiċ
iarraid ar aṫair Conlaoiċ;
teilgṫear uaid na heoin áille;
fa tuar leoin is lúṫgáire.

19 Marḃṫar le Coin an ċleasraiḋ
ar itgiḃ na n-ingean-sain
na heoin don dírim deagḃan;
firrinn ceoil a gceileabraiḋ.

20 Ar roinn na healta don fíor
níor ḋearmaid umpa aċt eiṁear;
do bí ar eiṁir reaċt fan roinn;
deiṁin nar ċleaċt an ċomroinn.

21 Gealltar uaiḋ 'n-a éiric sin
na céideoin eile d'eiṁir
do ṫorngaḋ ar ṫaoiḃ an ċnuic
ó ċraoiḃ na n-orċar n-orroruic.

22 I gcionn trill teagaid go cáċ
dá éan go n-éagcosg neaṁgnáṫ
—cia naċ taḃraḋ óid orra?—
go slaḃraḋ óir eatorra.

23 Tug bainċéile Con Culuinn
grád dearṁáireaċ doṫuluing
don ċáraid iongantaig éan
ṫánaig d'fionnoċtaiḃ oiléan.

24 Agrais eiṁear an fuilt truim
a ċunnraḋ ar Coin gCuluinn
fan dá éan gér ḋainiṁ dó
gan sgéal 'n-a haigiḋ umpa.

25 Dá uair nó a trí teilgṫear lais
na heoin áille is níor amais;
do bí ar confaiḋ mar do ċuir
trí horċair tar na héanaiḃ.

26 Feaḋ bliaḋna ní ḋeaċaiḋ de
aṫtuirse na n-éan síṫe;
ní miad imṫeaċta na n-éan
as inleanta aċt an t-uirsgéal.

27 Gan éinéan riaṁ roiṁe sain
do ḋul do ḋaltán Caṫḃaiḋ
gan ḃeirn ar Brian do ḃlagaḋ
riaṁ aċt d'feiḋm na healaḋan.

28 Ní gabtar géill na teangad;
bearn ar Briain do briseamar;
níor tadaill beirn nacar bris
dá lamainn a feidm d'aitris.

29 Lion timcill gacha tíre
i n-oircill na hairdrige
rí Sligig is sé seolas;
ní mé idir foillseogas.

30 Do-feadar buid éigean dam
cúl re cinead a mátar
ar Brian muna bear dá ceilt
ar bean a Trian an Tuaisgcirt.

31 Fogus d'féin Murbuig mi-se,
ní féadaim a innise
mar do blag a gclaca cuir
's a cata fa mag Murbaig.

32 Ar Mag Luirg na learg solas
dá n-áirmimn a urradas
a ndearna Brian d'fogail ann
do biad 'n-a folaid oram.

33 Na táinte bó do bean díb
dá n-áirmimn ar an airdrig
Fir Monac ní bud réid rinn;
i bfolac go léir léigim.

34 Síol Muireadaig is Manaig
do cuirfead im ceartagaid
beit ag tuirim na dtreas tug
beas gid duilig a ndearmad.

35 Goill Connacht do cur dom dhuim
nó a n-iarmoireacht ní féadaim
a breacta troma [ar a] dtig
ná a creaca orra d'áirim.

36 Ní fuil éintír aca so
nac bí cuid éigin aca
ag gabáil le a cneas mar caile
d'fagáil treas nó dá dtabairt.

37 Ní bí anbuain i nUltaib
ná coimérge i gConnachtaib
nac é triat an Tobair Gil
as cliat cogaid dá cairdib.

38 CARA NÁ DEARGNÁMA DÍB
NÍ FUIL D'URRAD NÁ D'AIRDRIG
D'FINE CUINN DÁ GCUIR LEIS-SEAN
GAN TUINN DÁ FUIL UIMEI-SEAN.

39 LE FOLUIB UAISLE IOMDA
IS LE TRÉIDIB TIGEARNA
DO COSAIN BRIAN CLANNA CUINN
Ó BANNA SIAR GO SIONUINN.

40 NÍ MIONUIGTEAR A MUMAIN
BEARNA AR BRIAN Ó CONCUBAIR;
NÍ TIG FIAN EAMNA DÁ FIOS,
BEARNA AR BRIAN GÉ DO BRISEAS.

DO BRI.

41 BÁS INGINE Í BRIAIN DO BLAG
MO [CROIDE]— CRÉAD NAC BLAGFAD?
DO GNÁT NÍ LUGA DO LÁ
MO CUMA AN TRÁT FA DTEASDÁ.

42 MÓIDE DO BRISEAS BEARNAIB
M'ONÓIR A HUCT TOIRDEALBAIG
GAN CUR RIS I DTRÁT TUGA
AR CÁC DO BRIS BEARNADA.

43 NA TRÁTA LE MBRISINN BEIRN
A CROC DÉ, AR DEAMNAIB IFEIRN
UAIM AR DEARMAD AG DOLA
NÍ NEAMLAG UAID M'ARODA.

DO BRI.

83

GOFRAIḊ MAC BRIAIN MAC AN ḊAIRḊ cct.

1 Doirḃ don ċéiḋseal cinneaṁuin tairngeartaiġ;
indearaiḋ d'airmbeartaiḃ a héigean d'feaḋmfortail;
fiu a heire éara dá hilreaċtaiḃ
dá minleantair fréaṁa a neiṁe go a neaṁḋocruiḃ.

2 Deacair snáṁ an anfaiḋ iodlannaiġ;
tarṫair dá hiodlannuiḃ dán gaċ doirḃiomaiḋ;
iomḋa i ndiaiḋ na toice do ċeaḋmannaiḃ
do ċiaiġ ṁearḃallaiġ naċ croidte dá coiṁleangaiḃ.

3 Rian tairngeartaiġ gémaḋ tál roiṁeanma
doiḋeagla re a lán d'airmbeartaiḃ oiliomḋa;
dá measdar fáḋa raṫa gaċ roḋaṁna
is coṁarḋa taċa a ndála doigeamla.

4 Dál riġe go roiċtir 'n-a hinnsiġe
timḋibe díne i ndoigtiḃ a doirḃneiṁe;
mór dar ḋearḃ doġruing a furnaiḋe,
gid Ruḋraiḋe Ó Doṁnaill do ḋearḃ a doinniġe;
ní ċeasda uaiḋ é dá haṁġoire
tarngoire a ḃfuair sé dá soinniġe.

5 A gairm larla fan iocṁuiġ n-Eaṁna-sa
grianġa Bearnasa ioma ḃrioċtair folfrasa
do ib do ġuaisiḃ na garma-sa
an t-uai-sin Maġnasa diġ ndomlasa.

6 Suil táireas gus a-noise a-nallaṁain
loise ṁallsuḃaiġ a háineas 'n-a hiomairiḃ
iomḋa d'fairbriġ a hoic n-indearaiḋ
do noċt an ċinneaṁain d'airdriġ fionnOiliġ.

7 Do ċroiġiḃ do ṫoṁais a haoḃḋocra
soiġin ṁaordaċta forais na miarlaċta;
nior ḃ'farail 's a ḃfuair dá firḋeacra
do souaiḋ riġḃearta [d']aġail a miarmarta.

8 Do b'iad fádha a racha 'n-a ríodhmna
dála sníomholla cacha cianfoghla,
drud re roibdiu, cúilte cródhodhba,
dúinte sróllamhla i bfoidhriu fiadhamhla,
tar a súile gan oba ó éiniomda
troda géiriomda fúin-ne i bfianadhba.

9 Fa meinic i dtruaill earnaigh áidheamhdlúidh
ar sduaidh gach bláidheangbrúidh go Teamhraigh
dtréidhfionnmaoidh,
nó slios seadha an cosgaigh ón Chruachanráidh
ar leaba luachardláidh i bfoldaibh nó i bféidh-
iomgaoidh.

10 A béart iarna re rochtain 'n-a riogruire
ag Iarla mhionDuibe 'n-a somplaibh sróillfighe,
a mhéara ó gáibh ar n-a ngriansnoighe
táir d'fiadhaidhe Ó Éanna na hóirrighe;
a bfuair do thacha um Thulaigh nluagoime
do sdiuraidhe an racha is cadhair ar chróilighe.

11 Áineas raidh an tagaid thalmaidhe
ag flaidh ballDaile as abaigh n-urlaidhe;
balg fis na tarbha do thairngire
an dainmhighe tharla ris 'n-a Rudraidhe.

12 Tairreasdair adaid d'imsníomh foraire
finnghríobh Toraighe gan fachain n-airighe;
díol 'n-a forbais iar n-uair dá urfaire
fuair do subaighe dhomnais a daighfine.

13 Fa miad aidhme a adhbadh n-aolamhail
mainnre do chaolfoghaibh dá n-adhnadh re nuaidh-
ghealaigh;
flaidh Lighean ag áineas fa fíneamhain
tháireas do mhíneadhair a n-ibead d'fuair-
sreabaibh;
a bfríoth le ríogh Ó gConuill do chróiligiubh
fóiridhin ar dodhuing don tír thuaidheamhain.

14 Diseach síne i n-aimsir earrchamhail
'n-a ríghe ag an ghealchladhaigh thaidhbsigh thor-
charaigh
'n-a tuinn oir gan folta gan aincheanaibh
gan mhoir n-ainbheanaigh do thochta achd re
torcharaibh,

15 Gan cuir acd croch orca um fearannaib,
fearannaig ag ar gac dromcla dagagaid,
fád an diona do gáib goilearraig
fa cloideangaib siodha an cláir Conallaig.

16 Tréigis a dúire dá deirc ríoghnaidhe
miondruine núidhe i mbeirt na bánghoile;
mogail na gcnó ar inneal n-óirdleidhe;
inneamh póirgine gach cnó dá clárshnoighe;
gréas meacda ar folt gach fiardoire;
dearca ar n-larlai-ne lucht a lámhdaighe.

17 A snig do draonaib le feadaib fannáille
'n-a gcraobaid amáille i sreadaib sean-ghuaire;
céir ag tál le slatcoill slimfeoighe
ag tacmhoing gach milseoire mar bad grán gealnuaidhe.

18 Coill eacha ós gach dprionnmhuig dróid-féardha;
'n-a dpiodbaid róidéanmha mar bad sreacha siodórda
do tamhnuib a duilghe idir gáib géigiarma
fa céidlarla cláir Luighne lioghómra.

19 Dreiteamh as aibce le a n-uirríoghaib,
feiteamh ar uillioghuin d'aicme fionnDálaigh,
fear neamhsocra an raic do rinnféagain,
flaith indéanaimh fearacta an lollánaigh.

20 Criocdun coinne clann dprionnloga,
bann iomramha ón moille siocladh seanmhara,
dreac geal dar d'aoincheol na hurbadha,
gaoithreod turnamha fear an eangnamha.

21 Órad na gcladhocht um Deirg ndalldamaig
dar ceird an-allamain faloct i dprinn-feadaib,
dreac soirb as éideadh i n-iomomain,
beac rionnamail fa doirb don céidseal cinneamain.

Doirb.

84

SEÁN Ó CLUMÁIN ECT.

1 Dorn idir dá is dásacht;
Gairid bíos ar buanfásoic
fulang na ndám—dia do rat;
cia leis an ndán nach díomsach.

2 Mo dán agus mo dorn deas
dias impidech ar m'aimleas;
is ollam mo dorn deas-sa
ag sonnad orm m'aimleasa.

3 An díomas fo-deara dam
do bualad-sa, a Dadh Chruachan;
a-deir a lán as a los
"do-beir an dán an díomas."

4 Mór an dásacht do duine
dorn chorc, a chuir Maonmuighe;
a flaith cró, 's gan a car tart
do bud mó dam a dásacht.

5 "Nior chubaid riom, a rosg mall"
a-déar ruibh, a rí Cualann,
"bualad neith dod ghualainn gil
gion go mbualainn cleith gCaisil."

6 Tugas, a Aodh an fuilt tais,
dorn duit agus nior díoghlais;
dá mbeanta orm, a cleath Chuilt,
do theach ní dorn gan díoghuilt.

7 Dámad i leith Mogha a-muigh
do-béaruinn é nó i nUlltaibh
arm do dearghaidhe san dorn,
a Dadh seabcaidhe súilghorm.

8 Mun ndorn do chógbas id thaigh
ná mionnarb mé, a meic Eoghain;
bean an dorn díom mar dhlighe
is ná bíod orm t'oirbire.

9 Leat a buain díom is an dorn
an lám deas, a dearc mallghorm,
a luach do dán díom dhligh
nó an lám, a ghríobh Gairidhe.

10 Ní ba, ní heic, ní hór cearo
do-béar duit, a dreac mínbearg;
noca lámh ceana ná cos
do-geaba act dán 'n-a ndearnas.

11 Cuirfid gach ar léigis linn
barr anuabair im intinn;
smacht ar m'uabar do b'fearr dam
do bualad gid leam leagar.

12 Ní dearna ollamh Ulad
a comhmór ar Conchubar;
ní bualad ríog do-roigne
's do lion uabar Achairne.

13 Ní bualfead Torna an taoib gil
Niall Teamhra ná Corc Caisil
Niall is Corc dó 'n-a ndaltaib;
mó do-niam ort d'iomarcaid.

14 Brian mac Ceinnéidig Coduil
dá mbeinn aige im ollamhain
tearc do chreidfead, a cinn Mis,
go leigfead linn ar léigis.

15 Léig a béalcorcra barrglaim
anuabar let ollamhnaib;
maicfid rí, a donnabraig deis,
ní d'ollamhnaib ar t'aicheis.

16 A Í Conchobair nar cleacht
gan dán fear nÉireann d'éisdeacht
bud é luag ar léigis linn
duan gach éigis i nÉirinn.

17 Ná biom ní as faide, a folt fionn,
gan luige ar aon ar émpiull;
's ná bíom:, a bile Suca,
gan fíon d'ibe a naonchupa.

18 Fa liom do leacgual deas
go ndearnas uirre m'aimleas;
ná bean díom giod do gualainn
ná miod ná fíon t'órbuabaill.

19 Mé t'fear gráda, a géag eachtga,
fa mé riam t'fear éinleabtha,
mé fear do gualann gile,
a nuabarr geal Gáiride.

20 Tú do-beir ní dá gach neach
tú an treas uaithne don oineach;
ní fuil, [a] bonn mar aol, ann
acht Aod is Donn is Domnall.
21 Duine id ceann ní cuirthe dam,
a Í Conchubair Chruachan;
ní fuil t'aonmhac samhla sonn
sa Bandba, a chraobshlat Cualonn.
22 Do lingis an lucht ro theilg
riot um chró Cathail Chroibdheirg;
chró Cathail do dísligh duib
t'athair mun dtír-sin torchuir.
23 I mbroinn do fágaib t'athair
tú, a Aod Í Cuinn Céadchathaigh,
gach aon dá ráth, a rí Cuilt,
d'Aod do bí i ndán a díoguilt.
24 Ní mairg athair fágbas mac
i mbroinn, a barr na bprionnsiat;
sgéal leam dá dheimheadhadh duib
nach fearr seinleabhar seanchuid.
25 Rí do gab Bandba mbladhaigh
dar b'ainm Fiacha Fionnolaidh
dó fa báingeala na ba
áirgeadha bó na Bandba.
26 Aitheach-Tuatha fuair a bpioll
ro mharbsad Fiacha foiltfionn
gur hionnarbadh ann uile
clann Fionnaroglan Ugoine.
27 Foirbre mac Fine 'mun bfeall,
Sanb mac Ceit, Eochaid Ainceann,
agus Éilim nar an de
nó gur gab Éirinn uile.
28 Gan iot sa Bandba, gan bliocht
ó Éilim tres an aimiocht,
gan torad tar éis an fill,
gan déis nar folamh d'Éilim.
29 Gan mac aige 'n-a agaid
iar mbás Fiachaidh Fionnfalaidh
do bí acht an mac do baoi i mbroinn
an tslat gan chaoi gan chroboing.

30 Fágbais Éirinn—fá é a leas—
bean ríog Teamra le a toirrdeas
go riacht i nAlbain Cithe
gan argain fa a himeirde.

31 Rug ingean airdríog Alban
mac ris nar dóir comardaid;
rug an tslat goirmdearcach glan
an mac toirbeartach Tuathal.

32 Fiche bliadan dó a-dearair
i nAlbain dá oileamain;
tug ruathar neartmar a-noir
Tuathal Teachtmar go Teamroig.

33 Leis do cuiread an céad cath
leis do marbad mac Connrach;
Éilim do tuit le Tuathal
dar loit Éirinn d'éanruathar.

34 Dar marb ríg Mumhan a-muig,
dar marb ríg Almhan Eochaid,
dar marb Tuathal ó dtaoi-se
Sanb Cruachan id chomaois-se.

35 Do dítcheann sé ar son an fill
rígh gach aonchóigid d'Éirinn;
ioc as fearr fuair sa meabail
buain a gceann dá gcóigeadaib.

36 Do teasg Tuathal an taoib gil
méide cinn gacha cúigid
dar lean Mide don mhuig-sin
ó bile geal gormUisnig.

37 Níor baisdead riamh roime sin
Mide do mhuig ard Uisnig;
do lean Mide do Muig Sainb
ó tuir line gér leasainm.

38 Cosmail tú ag teacht dar gcoibair
is mac Fiachaid Fionnolaid;
do bí baois, a barr foltchas,
it aois ann is arrachtas.

39 Aitbir mar aitbreas Tuathal
t'athair, a Aod FionnCruachan;
a bile Seagsa is mar sain
dar leam-sa dlighe a díogail.

40 Do loit Éirinn 'n-a aċair
seanaċair Chuinn Chéadchaṫaigh
cosmhail, a rí Sléaċta, sain
's mar do-ní éaċta it aċair.

41 Cosmhail cuma, cosmhail laṫ
duit is do Chuaċal Teaċtmar;
ghéal do ċaoḃ, a Aoḋ Uisnigh,
's do b'eaḋ caoḃ an Chuaċail-sin.

42 Punann cúil duiḋe daċluigh
ort, a mhéirgil malaċduiḃ;
cruiṫneaċt na mbarr an bairr-sin,
cam buinċeart an dunainn-sin.

43 A rí Teamhraċ, a-tá fód
troigh deas dá gcumċar caolḃróg,
's a-tá glantroigh óg oile
fód, a marcaigh Maonmhoighe.

44 Dearc uaine ós t'aghaiḋ mar fuil
mailghe donna ós na dearcaiḃ,
barr maoṫċam ós do mhalaigh,
a ṡaoṙċrann ċlann gConċaḃair.

45 A Aoḋ í Conċuḃair Chliaṫ,
dearghfa im ċeann néireann t'óirsgiaċ,
dearghfa i n-áigh, a aḃra gorm,
gallgha dan lán do leaṫdorn.

Dorn.

46 Tuilleaḋ dod ċéiḃ ċuirr chlaḋaigh
uaim, a Aoḋ í Conċaḃair,
leat rann gaċ duaine san dorn,
a barr Muaiḋe agus Modarn.

47 Minic maiṫiḋ mo dorn dam,
a Taiḋg í Cheallaigh Coraḋ;
go dtaḃair t'fhile deit dorn
do ghleic ní mire an Modorn.

D.

85

GOFRAIÐ FIONN Ó DÁLAIG ecc.

1 Do tógbað meirge Murċaið;
is tráċ aigċe ar Alluṁurċaiḃ;
díorma i ndeagaið na meirge
d'fearaiḃ díogla díḃeirge.

2 Do tógbað leo ar leirg fódḃáin;
buð séan creaċ dá céadtógḃáil
ós laoċ draoiḋeirge an ḃraga
saoirṁeirge ṁaoċ Murċaða.

3 Buð séan greama do gabáil
do Murċað Ú Maðaðáin
meirge ċláiċ as neaṁċláiċ neart
ón ráiċ eaċḃláiċ ag imċeaċt.

4 Suairg an ríogcoinneall roiṁe
d'ionnsoigið na hiorgoile,
sróll fann re caoilfiodḃaið gcruinn
crann mór d'aonfiodraið áluinn.

5 Is áluinn an earr meirge
do-ċiu i gceann na minleirge;
éanaṁail a heiteall sin
breicearr séanaṁail suaiṫnið.

6 Cia an mongar mór-sa san maġ?
cia an sluaġ-sa ag milið Muṁan?
nó an doire corr slataċ sleaġ?
nó an bratać donn ar deireað?

7 Bratać meic éaċtaiġ eogain
miniċ bios 'n-a baindeoraið;
laðaiḋ Anmċaðaiġ impe
na harmċuraiḋ innilte.

8 Ar dtiomsugað a ċionóil
im seaḃac síl Éireaṁóin
earr ċana mionsróill san maġ
buð mana díogḃóiḋ Danar.

9 Leanaiḋ cáċ é i n-ionað ċe,
leanfaiḋ Murċað an meirge
nuaiḃile eilge 'má fóir,
gualliḃe meirge maoċsroill.

10 An gcéin mháireas an mheirge
ós laoch foltchas finnleirge
méaraidh gaisgeadh na nGaoidheal;
ní clasdear a gcommaoidheamh.

11 Tug Brian i gcath Cluana Tarbh
teisd mar sin as sníomh oram
ar fear comhanma cinn Doir
rodhamna gill dá gníomraidh.

12 Dál gCais fa Murchadh mac Briain
rángadar gus an roighliaidh;
Éire ar láimh Briain ó do bí
san ghliaidh níor b'áil an t-airdrí.

13 Tig láimh le laochraidh Sionna
rí Éireann is aoingiolla
ar mhaoilinn ghléanuaidhe ghlom
aoibhinn fhéaruaime fhásaigh.

14 Cóirigthear peall is puball
ann sain don fhial adhradhomh;
teagar mionn saltrach saoire
go marcach bhfionn bhformhaoile.

15 An lá nar léigeadh san gcath
le Dáil gCais na gcolg bhraobhrach
an rí do radháil a arm
do bí as gabháil a ghnáthsalm.

16 Ar nduil i gceann a chéile
don dá fhirinn aighnéile
léigid Gaoidhil gáir rothrom
as maoidhmh áir fhionnlochlann.

17 "Créad an gháir-se 'n-ar ngoire,
a ghiolla" ar Brian Bóromhe;
"Gáir Gaidheal" ar an giolla
"as maidheamh a mórghriolla."

18 "Innis, a fhir an fheithme,
ó thaoi i n-áit a n-infeithme
mar cuirthear an cath cródha"
ar sgath cruitgeal Crannmhóna.

19 "Ní hurusa, a Briain Bandha,
le dhús na gcath gcathardha
aithne ar fear seach ar-aile
fead ghraifne na gasraidhe."

20 "Fionnam uaid" ar airdrí an tslóigh
"Créad rian a meirge maothróill
Ler cosain Murchadh mór dteann
Ag clódh urchradh na hÉireann."

21 "Do-chiu i lár locta an éidigh
do mhac-sa, a meic Chinnéidigh;
do-chiú a comharda catha
ós rodhainna an ríoghlacha.

22 "Do tanuigeadh tiogh an tsluaigh
fa mhac ríogh Éireann armruaidh;
san treascat gé teilge a fuil
is seasmhach meirge Murchaidh."

23 "A duine dhéachas an cath,
ná creid an gcéin dus seasmhach
meirge na flatha ó Bóinn Breagh
go racha do ghlóir Gaoidheal.

24 "Féach a-ris raon an chatha,
innis dúinn a dheachradha"
ar craoibh eilge nar éar sgoil
"féagh ar chaoin meirge Murchaidh."

25 "Is é iomtús an chatha"
ar óglách an arofhlatha
"ar sniomh a airm d'feirg Murchaidh
maidm san leirg ar lochlannchaibh

26 "Ar dtuitim saorchlann síl Bloid
timcheall Murchaidh san mórchroidh
feidhm na leirge a aonar air
do chaonadh meirge Murchaidh."

27 "Do chaon oireachas Éireann
de sin" ar Brian baismhéirseanch
"d'éis chaonta meirge Murchaidh
aonta fheirge ag Allmurchaibh."

28 "Saoth leam" ar Brian an bairr ghloin
"mar bias Éire d'éis Murchaidh;
bás Murchadha ceann i gceann
leam is urchradha Éireann."

29 Táinig do thuitim Murchaidh
bás an ghaisgidh ghniomharthaigh;
flaithfhéinidh ghlaoi mar do ghin
do aithéirigh ghlaoi an ghaisgidh.

30 Mac Eogain Cliaċ cleiṫ urċraḋ
cosmail is an céaḋMurċaḋ;
gnáṫ tromṫóir ḋoirḃ 'n-a ḋeagaiḋ
comṫóir moirn ḋá mairgeaḋaiḃ.

31 Mac Eogain is eiḋre Briain,
ḋá slaiṫ fíneamna a héineriaiḋ,
géill Gall i gaisḋiḃ na bfear,
ḋá barr gaisgiḋ na nGaoiḋeal.

32 Murċaḋ mac Briain an bairr ṫais,
Murċaḋ mac Eogain armglais,
ḋá ċuraiḋ comlann gcalma
conglann cuḃaiḋ comanma.

33 Gan ḋ' urraim ag oiḋre Briain
ó mac Eogain fuair móirgliaiḋ
aċḋ Brian re céile ḋá ċur
[noċar] giall Éire ḋ'Eogan.

34 An flaiṫeas fuair a aṫair
mar ṫá fa ṫuir Conaċaiḋ
do baḋ é a céile cleaṫ Ḋor
aċḋ go mbeaṫ Éire ag Eogan.

35 Fine luirc na lann ḋtana
timċeall meic Briain Bóramha
samail síl Anmċaḋa an áig
im griḃ n-armṫana n-lomḋáin.

36 Lionmar do luṫt a ṫige
an aḋaig as uaignige
comḋál mar do beaṫ 'n-a bruig
a ṫeaċ lomlán do laoċraiḋ.

37 Lán ón orsain go ar-oile
an teaċ d'uaiṫniḃ iorgoile;
lán na coirn donngasḋa ḋóiḃ
do ċoirm somlasḋa so-óil.

38 Lán do lúireaċaiḃ gorma
is do ċeinnḃeartaiḃ caṫarḋa
—as tréiḋe treasa goile—
sleasa réiḋe an rioġṫoige.

39 Lán do giallaiḃ na geimil
i ḋtig flaṫa finnfeimin,
is airḋleanna na n-arm nglan
airmreanna baḋḃ do briaṫaḋ.

40 Lán do mnáib fiala fionna
na fuinneoga fairsinga
as cur corrcair óir eangbláic
san longcois móir muirearghnáic.

41 Ar sleasaib bláithe an bhraga
suidhfidhear síol n-Anmchadha;
bíd 'n-a ríoghsuidhe reampa
síodhuidhe a sídh saoirleannta.

42 Line do leith a aighthe
do chathaoiribh cumdaighthe
—rachaim a scríbhe re sgeiro—
file i ngach cathaoir chróidheirg.

43 Gach fear as freagra a feadhma
san bhruidhin aird oireaghdha;
druim re fraighidh slatsaoir sonn
macaoim fa bhraithibh buadhall.

44 Gan fear dearmaid ná diomdha
díobh is siad sluagh ro-iomdha
gan luadh cionadh re head n-óil
gan fear i n-ionadh éagcóir.

45 Tar éis a suidhighthe so
do-ní aoibhneghadh orra
cliar téadh do focuil oineach
i nglothuim géag ngallsailech.

46 Gabhthar ainn-séin ga n-aos ceoil
dán re cuisleannaibh ceineoil
faoidhe téadh dá chéibh chlannaigh
as béin séadh do saorchlannaibh.

47 Ní chuigim má tá easbhaidh
ar an ndúnadh ndaoineach-sain
acht an dúnadh gan doirseoir
do dhúnadh a dhoroisheoil.

48 Mac meic Murchaidh móradh ceall
diomdha ar Dhia noca dligheann;
lór do shuaidh Eanna a fagháil
ar smuain meanma í Madadháin.

49 Agartha aicme Mileadh
le chéile 'gá gcoimhsineadh;
tiadh do bhruidhin mhóir Murchaidh
slóigh fuinidh dá n-agartair.

50 Ní cuala ar lámaċ loga
leiṫéid lámaiġ Murċaḋa;
Murċaḋ is ar maiṫ le a ḋroing
má ḋo ċaiṫ urċar n-iomruill.
51 Dá ċúis far ḋoiṫa fa ḋíon:
is tuar orċraḋ a eissíoḋ,
is díon ar urċraiḃ d'fagáil
síoḋ Murċaiḋ Í Madaḋáin.
52 Ó Madaḋáin as mín cruṫ
maḋ cor ris im ráiṫ Teamraċ
tríḋ slóġ Teamraċ baḋ tana
ó Teaġlaċ mór Murċaḋa.

Do tógbaḋ.

86

1 Do ċuiṫ meirġe caċa Cuinn
a-rís—ní ráḋ gan foċuinn—
gé fuair soin a ráḋ roime
san áġ ar Moiġ Mucroime.
2 Cóir a-rís a fríotal sin
a ndoubairt draoi Airt Éinfir
comrád truag a haiṫle Airt
ar Ċairṫe an Druaḋ a-doubairt.
3 A-doubairt mar a-deir sinn
"meirġe ó gCuinn do-ċiú ar dtuitim";
an dá sgéal do sgailt croiḋe
léan Airt is ar n-orċrai-ne.
4 Art gémaḋ aḋbar toirse
fa ríor ní hé m'foċoinn-se;
ní ċuir sinn i gcás ċumaiḋ
go bás ċinn Ó gConċubair.
5 Tug ar n-anbuain 's ar n-olc féin
a ndoubairt—dia do míċéill—
go broil im ċriḋe a ċuma
an file ar Moiġ Mucruma.

6 Dá ċurnaṁ ċáiniġ an n-olc
meirġe marcraiḋe Connoċt;
ó a ċuiṫim ní biḋ ar bun;
dá ḋṫuiṫinn is críḋ ċiocfaḋ.

7 Re huċt a ċrialla i dTeaṁraiġ
móiḋe um ṁarḃaḋ Toirḋealḃaiġ
far ġcaraiḋ-ne mo ċuṁa
anaiḃġe na heasḃuḋa.

8 Do b'aiḋḃseaċ aḋḃar ar neirt
go bfuair an t-easġar oirrḋeirc
clann Luirc 's a dteaċta dá ċaiġ
ar dteaċta a ċuirp san ċomraiḋ.

9 I ġcalaḋ Dearḃa do biaḋ
i ġcoinne re caṫ Gailian;
dá maraḋ ar n-a ṁárać
do buḋ calaḋ conġárać.

10 Do toirmisgeaḋ—truaġ an cion—
le síol Néill ar n-a-noirċear
a ċoinne fa Ċaol nUisge;
do-roinne taom tubuisde.

11 Mac Aoḋa, nar éar dáṁa
suil fríoṫ fios a ċeasḋála,
i ndiaiḋ a ḋóroiṁe tiġ
Ó Briain Bóroiṁe i mbráiġiḋ.

12 Mac meic Toirḋealḃaiġ—truaġ linn—
do bí—nior ḃeaġ an inntinn—
gion go raiḃe i nḋán da-san
ar Ċráġ mBaile a bárda-san.

13 Dá ġaol féin—ní fiaḋaċ gar—
naċ truaġ an treaḃaḋ meanman?
dá lár do lingeaḋ an Traoi
dá milleaḋ d'áġ i n-aonlaoi.

14 Is leo torċair—truaġ an béaḋ—
an dream dar ċóir a ċoiṁéaḋ;
ní cóir ġan ċuiṁne ar Caḋaiġ
duilġe ḋóiḃ a ndearnaḋair.

15 A fine ann ġan fuireaċ
mar buḋ cineaḋ comuiḋeaċ
téiḋ ar bfaicsin na faille
go séiġ n-aisriġ neoċaille.

16 Oc ráidsead ar gcur cuige
tre beit beagán socruide
'n-a aonar go raib a-ris
baogal air nocan fuigois.

17 Téid neac dá náimdib bunaid
aca i gcoinne Í Conchubair;
gonais an tuir ó Chluain Caoin
—ní guin do-chuaid gan chomaoin.

18 Fa goire bás dá biodbaid
gér luaithe lot Toirdealbaig;
do bí sé 'n-a chosair cró
's ní hé an rí ar tosaig ceasdó.

19 Guin ó gach aoinfear do fuair
dá dtigead—trom an anbuain;
do rad an rí goin fa goin
an fad do bí 'n-a beathaid.

20 Ar dtuitim dá thaob mar cailc
gion gur b'é a díol do díogailt
do bí a biodba bonn ar bonn
is rí Cliodna san chomlonn.

21 Nior fulaing laoch loca an Sgáil
aithris marbtha meic Damáin;
ní fuair an dream é i n-asgaid
ceann a ré gé rángasdair.

22 [A] loit is lór do pudair
tír cáig ar [n-Ó] gConchubair;
dá Clannmaicne is é do fuair
ré a adlaicte go n-anbuain.

23 Fear do marbta, a meic Aoda,
tar éis maidte an miothaoma
nior féad as do dearnoinn deis
an seanloinn ndéad far dúinis.

24 Mac Subaltaig is mar sin
a bas fa ceann a cloidim
gan dol fa a déis do duine
d'éis na Con 'n-a crólugie.

25 Nior beanad a bais na Con
le marcraid Meidbe Cruachan
sealb a dornchla re trí thrát;
do bí orta 'n-a urgát.

26 Gur cumaḋ—is cúis truaige—
cealg ar Coin na Craoḃruaiḋe
mar buḋ beo corp an curaḋ
gan toċt leo dá lámugaḋ.
27 "Éan" ar cáċ—ní cleasraḋ beag
—is í cealg ar ar cinnseaḋ—
"níor gaḃ riaṁ ós cionn na Con
naċ biaḋ i ngioll dá gaḃoḋ."
28 Clann Cailitín—cleas neime—
ós cionn ċéile Eiṁire
dá féagain an beo do bí
na n-éanaiḃ leo do leigti.
29 Ingeana an druaḋ i ndeilḃ éan
do ḃul idir é is ai-éar
Cú Culainn, gid bé do braiṫ,
do fulaing é don éanlaiṫ.
30 As do haiṫneaḋ a éag soin
aonṁac ingine Caṫboiḋ
mar nar goill cleas an ċleitín
san treas ar ċloinn Cailitín.
31 Meaḋḃ mar do maoideaḋ an bás
dírim laoċ--fa lór d'uaṫbás—
do leaṫ Moga do ṁeall sin
dá gcora ar ceann an ċloidiṁ.
32 Do b'é iomṫús a ndála
tríoċa laoċ gan leaṫláṁa
do-ċuaiḋ don laoċroiḋ ón loinn
gan ḃuain re caoiṁĊoin gCuloinn.
33 Fágḃaid mar sin—saṁail cáir—
do loinn mbuaḋa id ḃais géagḃáin
luċt doirtte t'fala i n-iorgail
—mana a dtoitme, a Toirdealḃaig.
34 Faoḃar do loinne id láiṁ deis
dóig go ndiongnaḋ a aiṫris
—meisde a ngeall dá seaċna sin—
dá ndeaṫa ar ċeann an ċloidiṁ.
35 D'iomarċaid an fir roime
do lann, a laoiċ Dóroime,
gá dtú aċt do leigeaḋ id láiṁ
gé do creidead ċú ar dteasdái.

36 AG COSNAM AN ĊUILG NEIME
DUIT I NDEIREAD AIMSIRE
GAN NEART IOMROMA IO GLAIC GIL
SBRAIC NA HIOMGONA IT AIGID.

37 AR NDUL D'ÉAG NÍ DEACAID DE
AN GRÁIM DO GABAD ROIME;
DO-ĊUAID LE LAOC LOCA AN SGUIR
A FRAOC CACA SAN ĊOMROID.

38 IOC AN TALMAN AR AR ĊUIT
DO-ĊUAID UAIM-NE 'N-A ÉARUIC
Ó DO SÚIG FUIL NA FLACA
AN ÚIR FUIL MAR FIADRACA.

39 DON ĊUMAID IS CNEASDA SIN
A BEIC MAR BIAS A DAIMIN;
A-TÁ TOIL ÁIG LE A ĊAOIMIN
LE A BFOIL DÁIB [DO] DOMAOMIB.

40 AR MO ĊOIRSE NÍ ĊÉID FAILL,
MAR SIN FUARAS A FOCAINN;
MEADAID AR MO GUC ÓN GOL
—UC NÍ LE MEADAIB MÚCTOR!

41 MEISDE BIM TRE BILE Ó GCUINN
AR M'OSNAID AN UAIR GABUIM
GID MÉ AS TOIRSIGE DÁ ĊOCT;
AR DTOIRSEI-NE IS É M'ANNSOCT.

42 BEAG DO SÍOL ĊUINN DÁ ĊUMAID
OIDRE ĊLOINNE CONĊUBAIR
NAR ĊRUAILL FÍOC AGUS FALTA;
DÁ DÍOC DO-ĊUAID CONNACDA. DO ĊUIT.

87

DOMNALL (MAC TAIDG) Ó DÁLAIG CCT (?)

1 DUINE DEIGMISNIG DÁI-BÍOC;
MÓR FUAIR D'ULC IS D'FÍORLÁINDÍOC
BUD TOIRRSEAC LE TRIAC OILE
FA IAT GCOIMSEAC GCONAIRE.

2 Mór n-adbar leir cuir i gcéill
mac Séamuis nar cuill toibéim,
por glainsligthe, an mear min,
ar bfear daingnighthe Dáibhí.

3 Do doirt Dáibhí as maith mod
a dóchas i nDia Athar;
do glac firmisneach nach fann
slat do sídhsligheadh Saxan.

4 Do cuig i dtós a aoise
triath Barrach—beart roghaoise—
ros mear as creathtóir ar chrod
gur neamhchóir sead sa saoghal.

5 Nior glac sé ó soin i-le
ró sgíse im sgéal dá doilge
dá mbeath go mothuigh sé sin
acht rothuil Dé do déinimh.

6 An lá do-chuin cúis toirrse
far déanta dó doghillse
ní fheas doimheanma ann air
an mall soirdealba sochruidh.

7 Ní faicthear a brón go brách,
ní théid caitheamh 'n-a chonách
marcach gruaidhmhear as glan cruth
nior ghabh buaidhreadh an Barrach.

8 Meinic fuair-sean feirm docrach
troid leathrom gleo guasachtach,
gid ead nior theith, nior chuill guth
go breith gach hoill don Barrach.

9 Iomda troid 'n-ar toilleadh lais
clú le misneach meic Séamais
fir cholgsnasda nach [uar] ail
do [sluagh] borbghasda an Barraigh.

10 Fuair iar n-éag a athar dil
go lór imsníomha is aisoir
fonn cathardha na sliogh sean
ag dion athardha a aithreadh.

11 Tugsad [aigthe] i n-aimfeacht air
Goill is Gaidhil Guirt Fionntain
fear séimh nach sochlaomthe brigh
an réidh dochlaidhthe Dái-bhí.

12 Do chuirsead Goill—is é a fíor—
le neart [dá] neimhdeoin Dái-díod
sduaid cheasaolta go ngné gloin
i n-easaonta é orcaib.

13 Nó gur b'éigean dó fa dheoid
dul 'n-a n-aghaid dá aindeoin
a beith umal do b'é a rún
go ré an churad do chlaochlódh.

14 Rug air—is ní hé do chuill—
d'fhoirneart is d'iomad leacttruim
aigneadh síde múinte mear
cúirte a círe gur chéig-sean.

15 An ló nar ghabsadar Goill
úmlacht mo chéile cumoinn
téid ar díon an déadbláith dil;
ní gníomh éadtláith do foillsigh.

16 Ní toirrse, ní trom lighe,
ní meacchtacht, ní meirtnighe
do glac an ghéag fhearda fir,
acht méad meanma is misnigh.

17 Gairid dó 'n-a dheaghaid sin
go bfuair sé ar son a mhisnigh
fógra síochcána sluaigh Gall
gruaidh fíochdána nach anbfann.

18 Aoincheann Barrach na mbreach séimh
beirtear leis—lán do dheighcéill—
cuairt aithearr le bfuair a coil
go bainceann sluaigh na Sacsan.

19 Fríoch leis aiseag a fola;
fuair Dái-bíd dreach neamhdona
gnúis fearda ar nar braitheadh béim
maitheadh a ndearna do-séin.

20 Ní fuil aonfód tiar ná toir
ná cios i gcairt an Barraigh
nar fríoch le grásaib Dé dó
rer cásaigh é fan am-sa.

21 Do bud mó sa cách a cion
ar ndol Dái-bíd fa dheiread
ruire suairc nach saoibchim gus
ar cuairt go saoirchinn Séamus.

22 Neimhionghnáth—dia do rath—
roimhisneach Diocond Darrach
's nach fuil díoth obair nar fhéas
síoth nó coghadh do chomhéadh.
23 Mar an ghcéadna a chéile dil
Oiléan óg aighneadh suilbhir
ghruaidh soidhearcha as séimh breath
doimhealltha a méin 's a misneach.
24 Mhor [chuir-se i gcéill] do neach
go mbíoth cás trom ná tuirrseach
ná anbuain ar a ghnúis ghloin
fá chúis amhluaidh dá bhfaghaibh.
25 Inghean Dái-bhí—Dia dá dhíon—
maith chongbas aithne an Airdrígh;
ní thuillfe ar neamh diúltadh dhi
bean leis nach diúltar duine. Duine.

88

MAOL SEACHLUINN NA N-UIRSGÉAL Ó HUIGINN
ccc.

1 Each gan aradhain an fhearg
do-ní—gá deacra díbearg—
ag breith chéime ar a conair
déine eich gan aradhain.
2 Each gan aradhain uirre
déine ná riocht réalluinne;
deirge ná dritle gan smál
crithre na feirge ar bhradhadh.
3 Ionann a n-airdeanma sin
—ní horam-sa nar imthigh—
neach nach gabann ar a ghut
each ga mbloghann a béalbhach.
4 Fearg ar bhfaghail a sboraidh
mar bhios each gan aradhain
tarla rinn 'n-a tomhgoil te
sinn ag comhgoil re chéile.

5 A mheic Raghnailte, a rún ban,
tu-sa a-deirim dá déanamh
gan feacadh ó aonghuc dhí
an eatal faobhrach feirge.

6 Gidh meise féin ní fríoth ann
locadh aonfocail agam;
níor loc mé mian mo cheangadh;
a sriain lé do léigeamar.

7 Níor thógbais do súil ó sin
riom, a Bhriain í Bhriain luighigh;
ní cara an tí dá dtabhar
fala agus í ar n-arsaghadh.

8 Do chéigis an béas bunaidh
riom-sa, a rí Ó gConchubhair,
an fearg ní luaithe leat-sa
ná ag searg uaithe t'aigneadh-sa.

9 Cosmhail re Coin na hEamna,
a Bhriain, a bláth fíneamna,
do chonn feirge i ngoire ghliadh
's do cheirde oile ar aoinrian.

10 Mar nach faghadh Cú an chleasraigh
dhíol a feirge d'imreasnaibh
níor bh'iontaoibh cách ris an gCoin
i dtrát iompaoidh ó éachtaibh.

11 Laithe do-chuaidh do chur chreas
nach fuair a fóirithin d'áitheas
dá dtug mire chatha an Chon
crithe na flatha ar bhruchadh.

12 Don feirg do-chuaidh 'n-a chrithe
Cú Chulainn cúis deibhtire;
do hadhnadh a fuil 's a feoil
go bhfuil 'n-a adhbar uirsgeoil.

13 An lá-soin ar lasadh dhí
do-rinneadh imtleacht uirre
as ar chosmhail a searg soin
fearg na Con-sain an chleasraigh.

14 Trí dabhcha—dia do chuigse—
do líonadh ann d'fhoruisge
dá chur i ngach dabhaigh dhíbh
do chabhair Chon an chleitín.

15 An ċéadduḃaḋ uisge fuair
i ndeaċaiḋ —díoċra an anḃuain —
do ḃí an soiḋeaċ tall go te
's do ċoimḟioċ ann an t-uisge.
16 An dara daḃaċ díoḃ soin
mar do foċraig Cú an ċleasroig
a ċneas ar fud an uisge
[do-ug an] teas tánaiste.
17 An treas daḃaċ—dia do rad—
mar do toirneaḋ a ċeasḃaċ
d'aiṫle na dtrí gcuairt do ċur
do ḃí gan fuaċt gan fiuċaḋ.
18 Cú Ċuluinn an ċroċa gloin
táinig as na trí daḃċaiḃ
d'éis a feirge do ḋul de
mar sgur leirge dá luisne.
19 Ar lorg an ċleasa ċéadna,
a Ḃriain na mbreaṫ ḃfíréanda,
do-ní sinn suaimḣneaċ i-se
do linn uaiḃreaċ feirgei-se.
20 Na trí daḃċa a-dubairt mé
do cumaḋ do ċosg feirge
—cóir teann as a soigniom sin—
a gcoimlíon leam do laoiḋiḃ.
21 Do ċoraḋ mo trí laoiḋeaḋ
do ċionn t-eaċ is t'iolmaoineaḋ
gid bé a-dearam reo gruaiḋ ngil,
fuair mé t'fearann i n-aisgiḋ.
22 Dá mbeinn doḋ ċur i gciontaiḃ,
a Ḃriainmeic meic Muirċeartaig,
cionntaige sinn ina sib;
ar gciontai-ne linn léigiḋ.
23 Gaċ aonuair, a uċt mar ċuinn,
dar fás imreasan eadruinn
gér neimneaċ inn it aġaiḋ
neimḋrioċ rinn do rónaḃair.
24 As an gcloiċ, a ċroiḋe te,
re siorḃualaḋ tig teine;
rer gceiro-ne do samlaḋ sin
ag adnaḋ t'feirge ar éigin.

25 Gá dám act ní déacaid as
gur éirig, a uct solas,
fearg nua ret filid oraib,
a ua cinid Conchobair.

26 Tig don fheirg-sin leac ar leac
is do chomairleac Cairbreac
gur cuiread as ar n-áit inn
cáit a suidead dá suidiunn.

27 Téagad na háite uaire
deacair d'fhior na haonuaire
'n-a dtuilleamh buide bíd sinn
gach duine is tír a dtéigim.

28 Do luach nar léigeabar dam
mo beit mar bíos gach deorad,
a Mhuire nar fhéag t'oireacht
nach tréan duine ar deoraidheacht.

29 I n-éagmhais m'fhearainn cairte
nach truag mé, a mheic Ragnailte,
is do mheic óglách uaib ann,
a gruaid mar ógbhlát n-aball.

30 Beir mé im dúthaig, a dhreach geal
—an ní a-déaruinn fa deireadh;
na tolca ar ar hoilead inn
go loigead orta m'intinn.

31 Mag Eine na n-inbear gciúin,
Mag Céitne na gcuan dtaidiúir,
cnuic áille ar ar hoilead mé
oirear mo dháire daoise.

32 Dun Loinne agus Loch Gile,
Calraige is Cuan Sligige,
is iad amairc dub fearr linn
mar ceann adairt fam intinn.

33 Dá bhfaginn uaid, a uct geal,
mo breit d'fhéachain na n-oirear
ní bréagfad lán súla sinn
do chlár Una agus Féidlim.

34 Usa dam gé deirim soin
beit ar do chionn i gCruachain
ó tá ar Chruachain Aoi t'aire,
a buachail Chraoi Conaire.

35 Dar n-oireacht ag éirghe amach
go Mag Inghine Eachach
ní rach síos ó Chruachain Cuinn
's nach tíos uachaibh do anfuinn.
36 Carn fraoich ag feitheamh oraibh
'n-a ríoghthar clann Concobhair;
a rí Leamhna, luathaigh ort
's do mheanma i gCruachain Connocht.
37 Críoch Connacht ó Choirrshliabh suas,
a mheic Domhnaill na ndeaghdhuas,
biaidh sin i n-a chéidhe creach
muna théigh sibh Sligeach.

Each.

89

Fear flatha ó Gnímh ecc.

1 Éireannaigh féin fionnlochlannaigh
dá bhréimh ó na finngheallCollaibh,
an feadain saor suilbhearchonnail
nar thaobh Eamhain innbhearthonnaigh.
2 Aicme ad-roigh re robhuanaimsir
tar moir ngoilthe ngoibhéilinnsigh,
luicht sealbha na seimhEireann-soin
ó Shurt Eamhna oiléiminnsigh.
3 Trialladh tar cuan gcormbhogadaigh
sluagh dá bhfianaibh formaidheagair
do láidh dhruim gér dhearmadhobair
le clár Cuinn far chomraigeadair.
4 Dhongha go gcéill chomairleimhir
do fhréimh Colla chridhiorghalaigh
ó shoin um fhágh n-oireamhonaidh
a-tágh thoir 'n-a thigearnadhaibh.
5 Ré cian fa chuing fheinnidheachta
ó fiadh Fhloinn thoin leomhainealta
dheighseal raith an ríoghoireachta;
maith dheiredh na dheoraidheachta.

6 Tír dúthaig chláir chríchfionn Mhonaid
dáil nior dúthaig máthardunaid;
fan tír foirthe féithinnbearaig
dib nior goirthe acht gnáthallmuraig.

7 Fillid díob táin tromthuinigthe
go Tír bfáil na fearcoinsirte
do léim tar fál n-anfadaithe
i gClár Néill is neamhcoimigthe.

8 Gasraid do dhuim dúthracttoga
tar tuinn anfaid áithneartmara
fád Dá Tí ar tí a luathroctana
's a-tád ar tí a táirteactana.

9 Banba Chuinn bad críoccoganta
do dhuim fagla 's éachtaigeanta
sirthe ón bannbras bárrcuideachta
adhnas crithre a gcéadchaigealta.

10 Críoch réid maithe mearRudraide
fan aithme ós fém bfhionnAlmaine
don eing cheathraig cheallainglide
beanfaid greim na giollanraide.

11 Mo chean báigfir beoigleacacha,
fir go bfáinnib órslatacha,
dhong gan táir gan thaobfhreiteacha
do sáid sonn a sróllbratacha.

12 Caor slóig don fréim ríoDomnallaig
nach dóig dréim re a ndírimdreamaib
do sín i-le i léibeannlongaib
gus an dtír dte dtírimgleannaig.

13 Ceann brugad is breithemhaithe,
ceann na gcurad gcaithmhilte,
ceann riagla agus rochomairce,
fearr ón larla an aithimirce.

14 Éan d'ealta na heoMhodairne
do féag reampa a [róimhfleidhimhe]
mac Máire mac saorSomairle
slat fáinne dar n-óiridhib-ne.

15 Cú do-chóid ós chuimfearconaib,
ar gcnú óir ar n-aonaithmheadair,
Ragnall griangha an Gaoidhilchinid
larla garmann ngaolaithreamhail.

16 Dlúth cnó ar dteachta ó thréanCholladaib
ní dearca a chló ar chaorthandoraigh;
do-chuas ler gcéir lochrannamail
céim suas tar na saorchlannadaib.

17 Sruth mion ní mead d'iomuisligthi;
d'fior Breag ní bean tomaschomaid;
ré do só tar soluisreannaib
is é a chló ós comursannaib.

18 Do sgaoil d'fád snaidm seantarngairead;
lán dá ainm an Fionntanmaigean;
gid bé ad-cead a coimthinmeadair
fear is é ná mionntamlaigead.

19 Tugar párr min meamramulla
ón rígh do rád tingeallranna
lá garma i gceann coimdiogluma
Gleann Arma agus innbearbanna.

20 Dún liubse na leathangormmagh
múr nach brisfe bratairmimnlead
gan geis ann dá acoirbhearnad
a-nall leis is lathairmimnbear.

21 Beantar smuais faoi 's fearainnfiadhuil,
gach sgaoi chuais do chroibuingéirigh,
tug burba ar bóid neamaindeonuigh,
róid chumga do conuirréidhigh.

22 Lán arba i ngach iothlannchuiliu
fa chlár n-Arma n-eathairrsleamain;
tug tír d'or ar eachradhgroighib
sgor síl ar na seanchaibdeanaib.

23 Sgotha cnuais 'n-a gcoillfiarghoblaib
sroda um Buais do beangáingeimlig;
bric chorcra ar thaoi a dtiomáinghoibngiu
gach laoi ar dtochta a dteannáilgeimhriu.

24 Dreach úr séimh mar shomplaicrithe
don fréimh gan rún gconntarcaithe;
tonn do lion do lonntorcairthe
síol na gCon gcomparcairthe.

25 Múr seang aige 's aontaghosmail
le Dún na reann réaltachoibsaid;
mar tá sonn mi Mártaitheasbaig
do bí fan gCon gCéadchathach-sain.

26 Glóir na gcuac nior caomhchoraighe
ó Dhóinn go bruach saorthoraighe,
nior ghairdhe an mhaith mhórtoghaidhe
i bflaith Cairbre 's caomhchonaire.
27 Gach ceall i bfuair álaidhoirse
uaidh as fearr a haoileagair-se;
searc gach baothmhná brághaoisoillse
ní claochlá neart naomheaghailse.
28 Sine cóir síl seinfhéidhlimidh
ar an mDóinn min mainéirreannaigh;
aoighe thall í i n-oiléineangaib
an chlann do bí ag bainéireannaigh.
Éireannaigh.

90

FEARGAL Ó G MAC AN BAIRD ecc.

1 Éisd rem éagnach, a fhir ghráidh;
is tús dam ó Dhia an domhnáin
i ndiamhair le dlús guidhe
iarraidh ar tús trócuire.
2 Tug an toice re haimsir
druim riom san chríchaibh Conaill-sin;
im aghaidh is ionnsa í;
liom-sa labhair, a fhlaithrí.
3 Do chailleas onóir m'anma
's mo bhuar 's mo luchd leanamhna
's mo dhúthchas—gidh dhál pudair—
i gclár chlúmhchas Conchubair.
4 Fás sliosaghamh re hathaidh
d'easbhaidh síl Cuinn Céadchathaigh;
am slat chroimcheannach re headh
i ngoirmcheallach mac Mileadh.
5 A chara—ós dá chasaidh ruibh—
Goill dom athchur 's dom arguin
rom thug go labhán tar linn;
rug a hanáil óm intinn.

6 Ainm uasal san Eoruip ort,
tú airdeasbag Cláir Connoct;
déana báid is roṡáid rinn;
is cáir dot onáir m'faitchill.

7 Ní maith mo dóig, a dearc mall,
díot toice má tug oram
teacht ó caitÉirne an chúim thruim,
súil re haitéirge aguinn.

8 An blát chuireas an coill di
tig a ionnsamail uirce;
re ndul dúinn go cathúr gCuinn
súil ris an achlúm aguinn.

9 Tig teas iomarcach d'éis reoid;
glanaid grian i ndiaid duibneoil;
fásaid slios ré ar n-a ragain;
gá fios nach é m'ionnsamail.

10 Cuirpe as mo chroide a chumga;
a-tá iomad t'ealadna
's do rifréamha dom reic riu,
a meic fíréanna fíchil.

11 Maine mac Néill, Niall péin,
Eochaid Muigmeadón maoithréid,
drong fuineadach nar b'olc n-áig.
's Muireadach ort dom furáil.

12 Fiacha Sraibtine, súil glas,
Cairbre Lifeachair lúthras,
agus Cormac dom char ort,
donnglac nachar gab guasocht.

13 Art Éinfear, Conn na gcéad gcath,
Féilim Reachtmar rí Teamrach,
is Tuathal dom furáil ort,
a branáin Chruachan Connocht.

14 Diaid a bfuil ó Thuathal thiar
go hÉireamón ar éinrian
ag labairt leam ais re hais,
a cheann adairt gach eolais.

15 Dlige ó chrú Cormaic meic Airt,
's ó gairm onóraig orrdairc,
is ót seanathair láim linn
báid ret ealathain ingill.

16 Do seanachair san aois óig
do chuir Gaill—dar gar urchóid—
fa dán re hadhar eile
glár far hadhnadh oirdhire.

17 An uair-sin ó thír do thír
do-chuaidh Muirgeas mac Paidin
a-nonn i gceann mo chinidh,
drong ór fearr a fóiridin.

18 Tug m'aicme [iar] sin láim do láim
le Muirgeas do mhuin rográidh
cuairt Ceinél go Cruachain gCuinn
ó thuathaibh Ceinél Conuill.

19 Rug m'aicmei-se—iúl go bfios—
breath san mhórdháil le Muirgeas
an uair-sin féin druim ar druim
—céim do uaislig a foglaim.

20 Ris an bfine dá bfuil sionn
mac Paidin oide Éirionn
ceangal síor ó soin i-le
ag a síol i Moig Meidhe.

21 Sliocht Eogain Mór Meic an Daird,
sliocht Muirgis ón mBúill mbraonairdh,
fa mhóid gráidh síordhuibhe ó shoin
tar dáimh fionMuige Fionntain.

22 A airdeasbaig fóid Aidhne
mar chairt ar ar gconnailbhe
—ní cóir blag do dul di-se—
an i mbun na báidhei-se.

23 A mheic Fíchil, adhair di
baidh ar n-aicmeadh rer-oile;
buail séala ar m'annsa as a huchd
déana damh-sa do dúchrocht.

24 Ag sin an páirt 'n-a páirt te
cuir a huchd ar dá n-aicme,
a géag abla ó Choig Dá Chí,
do choil leo labhra, a Flaithrí.

25 A mheic Onóra éisd rinn
gé táim ann nochan fuilim;
ó theasda m'ana éisd m'uch;
a chara éisd rem éagnach.

26 Sir sioċ dáṁ ar dáonnaċt Dé
Sion go ndearnas a deigréir
rem ré san beaċaid i-bus,
a Ṗeadair, éisd rem éagnaċ.

Éisd.

91

Sorraid Fionn Ó Dálaig ecc.

1 Fa ngníomraid measdar meic ríog
na bfreabsgor mear daob re daob;
fa deagsdair na ndeagṁac ríog
measdair gníoṁ na seangsláṫ saor.
2 Ní breaṫ as cáir uile d'fíor
ar duine fa dáil a sean;
ní fa fréiṁ bud dleasda dol;
measda fa ṁod féin gaċ fear.
3 Fearr d'fíor a ċlú 'n-a ċlú maiṫ
ná a ċrú ós ċrú gaċ neiċ;
is fearr moda flaṫa i bflaiṫ
gid maiṫ roga daṫa ar dreiċ.
4 Feirrde fear dá bfagbad hí,
gid ead noċa n-adbar gnaoi
gaċ ríograd ór ċin a ċré
muna bé gníomrad fir faoi.
5 Fear do-géanad gníomraid gloin
do-géanad míonṁuin don ṁuin;
d'fíod gan ċnú is cruaisleigeas sin;
clú fir uaisligeas a fuil.
6 Fear saor is a blad dá breaṫ
dá ċar Sion gur caoṁ a dreaċ;
•ar gnúis bláiṫ do-bearṫar gud;
ní ar ċruṫ cáiċ bearṫar breaṫ.
7 Áille is feidm calma re cois
i ndeilb daṁna ro bud deis;
a ráid gomad saor crú a ċnis
ní daob ris as dú aċ láṁ leis.

8 Ag a mheas do-géabha gnaoi
Gion gur fear na fréamha ó mbí
Gníomh arnaidh mad eadh ro-né
Fear gidh bé ar talmain ó dtí.

9 Damhna ríograd noca roic
A ngníomhrad calma do cleic;
D'éis gach ríog méaraidh a maic,
A gníomh do flaic béaraidh breic

10 Mac ríog ó nach rac i bfad
Dá brat ar gníomh a glac mbog
Tar ceann a dtibre 's a dtug
Rug geall imme munar ob.

11 Mac saoirríog dá seoltar dán
D'aoinsíol agus Eogan Mór
Ní cig re ré an raimheic ríog
Gníomh ar nar ainic sé an slóg.

12 Diarmuid Mág Carthaig Cuain Dor
Na sluaig 'n-a dagthaig ag dul
Maith gach triath ann is gidh eadh
Gan fear tar barr gCliach do cur.

13 Téid a feidhm do dhearbh gach drong
Tar a dheilbh—gá dealbh as fearr?
Uaisleacht a bproil d'fionfuil Gall
Ní thall soin dá gníomhaibh geall.

14 Dáidh leam bar dteisd ar cuir Cua;
Ar cuir dá ceann ní ceisd dó
Tar méid milidh gé téid tú;
Sínidh 'gad clú méid as mó.

15 Do ríg Gion go rabtha id mac
Do sgarfá re sin an sioc;
Dá measda i n-ág gníomh do glac
Cheasda mac ríog do rádh riot.

16 Bar dtuigse ann is bar n-aoibh,
A chlann Cuirc-se 's a chlann Táil,
Méin maith uaibh-se gé do fuair
Uaidh féin as uaisle flaith fáil.

17 Oilill is Corc agus Conn
Is don foirinn a folt fann,
Dá ti Teamhra agus bé Dhonn;
Cré na dTrí bfionn Eamhna ann.

18 Adair a comanma caoin
facain robanba do réir
Cormac mac Muiredaig móir
slat don fóir fuinedaig féil.

19 Cormac Mór adair an fir
i gcatair nior clód a sdair;
do doirt dream armach a fuil
i Muig Tamnach do feall air.

20 Giall dá dagmac ro ba dú;
Cormac ó nar cian a lá
riogaid fuinedaig fear Cua
Ua Muiredaig do mear mná.

21 Ag coimdiogail Cormaic móir
dá rogladh soigniomaig saor
do cuit foirionn úr le féin
ó Féil go Dún Gcloidhionn gCaoin.

22 Ua fialbloid gér caibair cách
Diarmuid agaid ar gach lath
nior sguir fa athair a fíoch
gur cuir díoth ar cataib Cliach.

23 Tug go huathad iolar sluag,
a sliobal fa ruathar ríog,
do dítig náimde i ngort gliad
gur lad im Port Láirge a lion.

24 Ar síol mBriain do ba beart doirb
ar dteacht i ngliaid nior gnioth meirb;
do cuir im Gleann Maidir maidm
i sbairn fa ceann blaigid beirn.

25 Mac Cormaic móir do gab greim
ris nar gab tóir 'n-a tóir tim;
a rian bud carta dá cloinn;
riar Goill ni lamta re linn.

26 Mór gclad do claonad re cois,
mór gcat bud baogal do bris,
d'aithle tuga gach Goill glais
bud lais Mumha gan roinn ris.

27 Ag sin Diarmaid más lór liu
is an Diarmaid Mór nach mair;
ri breag tra fa tairm an fir,
fear ór cin a-tá a ainm air.

28 Ionann dáil arm, ionann gníom,
ionann tarm áig, ionann séan,
ionann ainm a n-aitreac saor,
act gairm na gcraob dtairteac dtréan.

29 Fear é as inDiarmada Móir
ar gné, ar dinnsenchus, ar dáig;
a gníom san Diarmuid fa deoid
agus treoir riog fhaldúis Fáil.

30 Méin na fiadna ar a bfoil sliocht
léir soin i n-earla na n-alt,
feidm na mBrian, laoidheacht na Lorc,
rian na gCorc, aobdacht na nArt.

31 Gid uaisle an glan faltúr fial
ó Artúr dána gar a gaol
méin Éireannach ní hoilc dún
fa foilt úr céimeannach cliaon.

32 Trí Domnaill teas im ua dTáil
—i dtreas bud dograinn a ndréim—
trí Toirdealbaig don taoib tuaid
mun sduaid saoir roigreadnaig réil.

33 Dá Conchobar, dá Tadg tall
dá dtard tromtorad [an tonn],
trí Cormaic teas ceann i gceann
im an seang n-orrdraic ndeas ndonn.

34 Dá ceinnbile nar chrion dos,
dá deirbfine an ríog ó Rus,
sód na leoman bfial ro feas
Eogan Mór teas, Brian i-bus.

35 Airde a chrú is comarda dúin
ar clú na rodamna ón fréim;
ní bí ar mearugad é uaim;
fuair sé a meadugad dá méin.

36 Méin an chomanma ór cin sé
[sa] rodamna a Tig Dá Tí
—fa gein buadha oile é—
is é as gloine [ao]-chuala i gcli.

37 A chréide i nDiarmaid as dluig
—fa réide tiagmaid 'n-a toig,
réid an céidDiarmuid ór cin—
fan gcéib dtig ngéisfiarbuig nglonn.

38 Mac meic Domnaill adlaim Óig
ris nach gabtair radhruim róid
's a chaomchrú do chin mun ngéig
fa aonchlú act méid an fir óig.

39 Casnaid báidhe gid bé díb;
áille ná gach cré an dá chraoib;
geall fir dá chéile nior cáin
do dá chéile clár gil gaoil.

40 An té aca as aithnid dam
nocha bfaca a aitgin d'fior;
ós ag luad saorclann a sean
sduad Breag an t-aonchrann ós fiod.

41 Ó do-cóid comhainm an laoich
—nior chomhainm ris nach cóir tnúth—
gan fear gcoimgniomha an féil áit
fa céib dtláit ndoimhmiolla ndúit.

42 Rí ó teaglach ar a mbia blad
lia Teamhrach Dá Tí a teag;
uathad a glóir a fiú d'fior;
"is liú sriob imá Bóinn Breag."

43 Ní mhonann rí is Diarmaid díb,
ní ó Diarmaid dá gach dáimh;
"ní mead minleac agus móin"
firbreat as cóir ar fear bfáil.

44 Is é tarbdamh chuirfeas gnaoi;
adnad a nuaicleas do-ní;
ní samhalta re cruit a chré;
is é an srut rabarta an rí.

45 Is é an bile ós chronn cuir;
fonn a chride nachar ceil;
is é an fion dearg ós gach dig;
cearb gach fir do díol a-deir.

46 Is é géag déan as doirb ngleac;
ar teag séad ní soirb a lot;
is é ar mbunad bói-ne 's brat,
mac Móire agus curad Crot.

47 Fríot Solamh dá car i gcli;
an dam i n-a rodam Ré;
giolla a hoirear braongla Baoi
mar laogdam naoi n-oigead é.

48 Gan síoċ meaḃla 'gun ṗial aro
do ḋíoċ ṗeaḋna dá mbiaḋ borb;
an sruċ as mó is moille ṗearg
ní dearg i ló coinne a ċolg.

49 Ar ṗios meic meic Domnaill dún
do baḋ doġraing gleic re gníom
ṗeilm ċaṫarḋa 'n-a dá clár
ó ṗeirm lám racalma an ríog.

50 A lám deas re díoċ gaċ laoiċ,
lám nar ṗríoċ i dtreas go tláiṫ,
lám ċlé re congmáil a sgéiċ
is é i gcléiṫ re corrġáiḃ cáiċ.

51 Cóir do cáċ a ċíos dá ċionn;
is gnáṫ bíos idir bróin reann
a glac roigeal ċaoṁ fa ċrann
barr saor [a] ṫroigeaḋ re teann.

52 Mac Cormaic béilġeaḃaiḋ beirn
le a ċorrslait ngéirleaḃair nguirm;
téid tar ṗeartais mara ag maiḋm
re baiḋḃ ndearcglais Braġa Boiḋḃ.

53 Ṗear dá ċoig ag tarraing deoċ
a gallaing is a groig eaċ;
mar leagar bréid longa ar loċ
tonna ar dá roṫ ċéid 'n-a ċeaċ.

54 Deoċ le bṗalċair gile a gruaḋ
d'ú Ċarṫaig 's a hiḃe a hór;
dearg gruaiḋlearg gnúise an ríog
re a crúi-se ó ṗion ṗuairdearg d'ól.

55 Ríogḋáṁna ar naċ céaltar clú
ṗéagtar tre ṁionaḃra ṁná;
ní cian uaḋ an t-ainm as mó
a gairm dó is dá ċuar a-tá.

56 Diarmuid Cliaċ, cara na ndáṁ,
ar dtriaṫ is ar raġa ríog,
ní d'ṗaġḃáil teasda gan tuar
measda souaḋ Gaḃráin fa gníom.

Fá ngiomraiḋ.

92 Bk. D'C D

EOCHAIDH Ó hEODHUSA ecT.

1 Fód codarsna críoch Banba;
mór d'uaislibh na hathardha
thaoch ar sgáth oilém na n-olc
fan ghábh doimhéim do dhúsocht.

2 Iomdha leacht Goill is Gaoidhil,
iomdha éacht do b'ionmhaoidhim,
iomdha oil úir san eing-se
re goim chúid 'n-a timchill-se.

3 Rioghraidh Gall, Gaoidhil Banba,
ghábh leo lot na hathardha
re goimh croidhe dá chéile;
bliadhain oile dá haimhréidhe.

4 Meimic a-niodh 's a-nallain
miosgais chroidhe ag cniocht Gallaibh
do chloinn mheirsenn Gaoidhil Ghlais
fa Éirinn bhraoilidh bhoithchais.

5 Meanma chroidheamhail chogtach,
aigneadh doiligh díoghaltach
dóibh sin ag saorchath Banba
fir na n-aoichlach nAllmharda.

6 Luchd ingreama innse fáil
's clann mhilleadh Mílead Easbáin
casmhail a rún dá-roile
fa Múr n-arsaidh n-Ughoine.

7 Eagla cniocht Gall re a gceanaibh
eagla Gall ar Gaoidhealaibh
's gan ghlas fa éineing orra
ní has d'Éirinn eatorra.

8 Gidh eadh ní mhonann gach oic
is anbuain fairche Connocht,
achadh cuaingeal na gcall sean,
ó bhuaidhreadh Gall is Gaoidheal.

9 Sluagh Danar ar dhruim a [ceann]
ar oic re huaislibh Gaoidheal
tír na sruth bhraoilidh bhrosaidh,
Gaoidhil san chruth chéadna-sain.

10 Tnúčaċ bṗoġla re ṗaba
Ġoill is mac Meic Diarmada
—mór d'éintir ionnraṁ a n-olc—
ṗa ṗionnṁaġ ġcéiċtṁín gConnoċt.

11 Ní ċoisgid aonlá d'ṗoġail
Ġoill Ṗóbla d'ṗuaċ Conċobair;
bíd aṁlaid ar ṗuaċ na nġall
ṗaġlaid a dtuaċ 'n-a dtiomċall.

12 Ní luġa as ṁilleaċ mac Taidġ
ar iaċ Cruaċna an ċláir ṁinaird
tír breaclonġaċ na mbruaċ slim
d'ṗuaċ eaċtronnaċ 'n-a inntinn.

13 Mór longṗort do leaġad lais
ṗead coġaid an duinn dearcglais
's nior tóġbad dún ná dionġna
san ṁúr ṗóġlan oireaġda.

14 Ġid ead is easbaid air ṗéin
ġaċ cion ġnáṫ, ġaċ greas aiġṁéil,
ġaċ díbearg dá ndéanann sain,
ṗa réadṗonn ṁindearg Maonṁaiġ.

15 Bud aiṫreaċ leis uair éigin
iaċ Cruaċna an ċláir ṁinġéiġgil
muiġe slaiṫġeala síon dte
ġan aiṫreadba ríoġ roiṁe.

16 Caiṫpid cuimġid Cláir Meadba
beiṫ ag ól ṗlead bṗíneaṁna
—náir don tairngeartaċ ros toġ—
ṗa ġairbleaċtaċ cláir Cruaċan.

17 Ġaċ bruġ dar bris go talaṁ,
ġaċ lios dar loisġ Conċabar
bud saoṫraċ ar a ġruaid ngil
ag uaim aoliloċ 'n-a n-áitib.

18 Adamar tar éisceart nGall
bud ṗuar do druim a ndéanann
ráṫ Séadcruaċan na sread dte
ṗa éadnuaċar ngeal nGaillṁe.

19 Seinbean na ríoġ, Ráṫ Cruaċan,
go mbia cuiṁne a ċreaċruaċar
saoilim—gion go saoiltir lais—
'gun ṁaoilinn braointiġ beannġlais.

20 Tuigce dam gé deirim sain
do nós ban nach bí Cruachain
iosdaḋ úr oileamna Cuinn;
roidiomda dún mar dearaim.

21 Luighid air d'éis a ndearna;
ní bia cuimne a céidfhearnna
glac as créachtoman ó chat
ag séantolaig mac Mágach.

22 Rách Meadba na múr ligfeal
fiú a bruair d'ulc dá himdíbean
do diodbaiḋ Bruighne na bfionn
cuimne ar diomdaiḋ nach dligeann.

23 Minic riam do rinneaḋ sain
ag dían Connacht d'Ú Eogain
gnímh neamchláir i n-uair feadma
fa chreachráit bruair bfinn Meadba.

24 Minic lingeas leirg dtroda
re cathaiḃ clann nDiarmuda
tre bróin ngéirreann síothlan sean
ar léibeann bfíochmar bféinneaḋ.

25 Minic doirtear i ndeabaiḋ
d'fuil coṁnaig clann Muireadaig
ceacht braon ndorus ndomain
fan dtaoḃ solus síodamail.

26 Adbar omain dá dreic duinn
a bfuil d'airdíḃ Con Culuinn
san grib dreachmaorda ón Muaiḋ mir
dá neamchaomna ar uair éigin.

27 Cú Culainn an croidhe mir
nior cuir riam i rinn éigin
brioġ i gcréachtnugaḋ a cuirp
síol na n-eachtchuraḋ n-orrdairc.

28 An trách fa dtigdis uile
i gCúigeaḋ clann Rudraidhe
nior b'uamhan le beithir mBreagh
sluaġaḋ na gceithir gcóigeaḋ.

29 Fir Éireann d'aonrún cogaiḋ
d'éis na Tána tángadair
d'fios Eamna na mbánsroc mbinn
ealbha ánrach fa Oilill.

30 Lingis i láthaib Ultach
an Cú fíochda fóbartach
tré bhróin gcrannruaidh coille reann
i gcoinne armshluaigh Éireann.

31 Innlid ar Coin na ceardcha
a gcleasa áig imeallta
uaisle an chuire cheisgil chaoith
sa bhreislig uile d'aontaoibh.

32 Leacttrom muinntire Meidhe
don chur-sa ar Mag Muirtheimhne
téid soin ar chéadfaidh catha
do Coin éachtaigh fionnMhacha.

33 Sidh ead tar éis a ndearna
ar chathaibh Chláir seinMheadhba
do chréichtchorrbhadh cneas an Con
sa treas éichtionghnadh uathmar.

34 Cuiris láimh—lór do fhudar—
d'eis a chuirp do chréachtnughadh
slat do b'orsa d'fhine Ír
ar crithe an Con-sa an chleitín.

35 "An croithe ad-chiú ar n-a thollad
go dtí orm ní fheadamar
gur neamhchruaidhe ná cur cloch"
ar cur fearchuaine Ultach.

36 "Gé a-tá a-mhogh 'n-a chosair chró
ní saoil mé—móide m'iarghnó—
narbh iarann cruaidh mo chrithe"
ar sduaidh Grianfonn Gairithe

37 "Beith dom chroithe d'fheil nó d'fhuil
dá saoilinn" ar Cú an chleasraigh
"fa chlár sreabhglas na mbeach mbinn
leat a ndearnas ní dhingbinn"

38 Mar sin narab séad samhail
beith i gcath, a Conchabair,
gan ghuais fuileachaidh d'arm ort,
a bhadh fuireachair éadtrocht.

3 Saoiltear leat le linn deabhtha
croithe iarainn aithleaghtha
s gan sgáth a chréachtghoine id chorp,
a bhláth céachtMhoighe Connocht.

40 Dar leat bíd lúireach loga
i gcat fad chneas míontana
red dimbriog i ndíon do chuirp,
a Ghríod na n-ilghníom n-orrduirc.

41 Ná saoilid tu-sa, a daod slim,
go mbí airm Uair meic Tuirinn
id dais tslim géisgealtais gloin
i rinn éigeantais agaib.

42 Munab ead, is iongnad linn
mar dig tu-sa toisg imnill
saor i gcéidrinn gach cata,
a chraod géisglim gormMacha.

43 A aignead fosaid feidmeach,
a gus reachtmar ríbeidreach,
a dreach slim níamsoluis náir,
a Ghrianfhorais finn Fuaráin.

44 A éigne ón Charraig cladaig,
a fosd cata, a Conchobair,
a ghúis gairde re dtéig tol,
a réim aidbe dá hanfad.

45 A leac tairsig na trod,
a choiléin clann nDiarmod,
a bolg fidig fionnsrod dtréan,
a chridir sioblach soighéan.

46 A-tá im chunnrad re a céib dtig
rann do ghád d'Aod Mág Uidir,
géag armgonta ón mínfinn muill
d'firrinn admolta oruinn.

47 Fiacha oram-sa amlaid sin
ingean Domnaill, dread faoilid,
dligid sin mionrais molta
dá siodbais dil donnchorcra.

48 Diograis molta dá dreic duinn
ní fulair d'ingin Domnaill;
clú a saoradar is dual dí
sdúad ó chaomhachad Cairbre.

fód.

93

FEARGAL Ó G MAC AN BAIRD ecc.

1 Fogus furtacht don tír tuaid,
fogus furtacht dí dom dóig,
tiocfa d'Aod ner-oile a huaim;
don taob tuaid is goire an glóir.

2 Broid an cóigid saorfaid súd;
fóirfid ar gaoltaib a géag
an t-larla oirbeartach óg
grianga ó fód goirmealtach Gréag.

3 Dá dagfád fa dílcas rún
fícheal is Dallán na ndám
i gcuimne níomhtair a-raon
fiorfaid Aod fuigle na bfád.

4 Muaid is Doire is Dún na nGall
agus múr Oiligh 's an Fionn
's ní sa mó—ní mídáid leam—
dó do geall an fiorfáid Fionn.

5 Na Conaill fíre as fearr buaid
dar geall Coluim ríge róinn
ná saoilid nach ba díob dúinn;
bíod súil gach gaoidil re glóir.

6 Ar labair Cormac Ó Cuinn
ní samail d'orcar re haill;
d'Aod Breag acht go triall tar tuinn
Treab Cuinn ní ba fiad ar fail.

7 Glóir a garma iarrfaid Aod,
triallfaid le cablach tar cuan,
lionfaid beannbanba na mBrian,
fiorfaid ciar seanlabra suad.

8 Géisfid an Ana re n-Aod,
na slata géisfid dá grád,
géisfid gach ní do-ní nuall,
géisfid an cuan dá dtí i dtrágh.

9 An loc léin-se léigfid gair
an éirne géisfid re a glóir;
cuirfid meanma ar gach dúil díb
Súir mín agus bearba is bóinn.

10 Mar bóċna bailb briaċar mall
an grianga dá gairm a-nonn
ar tí a garma ceann i gceann
bud teann labra na dTrí dTonn.

11 Na feada ag claonad dá gcloinn,
na gaoċa ag gealladh Í Ċuinn,
tug a dáil go domhan finn
fogar hinn re tráig ag tuinn.

12 Don sgoit Breag-sa do bí i ndán
gaċ ní do gealladh dá gaol;
an cuire do imtig uainn
filleadh a mbuaid uile ar Aod.

13 Clann Dálaig fan teo gaċ toil
do-ċádair mar ċeo do mhuig;
do sóig an ċrobuing ór ċein
gloir i dtreib Conaill do ċuir.

14 Go brага tuir Tolċa floinn
do ċomhda a ċuirp ar gaċ ċaill
an ré do bean Dia don druing
naċ bia d'ib Cuinn fear ar faill.

15 Lór go foill a ndeaċaid díb
nór bud tóir ar Tealaig bráil,
.i ċoimhde ar ar cuiread uaig;
i ir toirne uainn m'fuigeal áir.

16 Creaċ eile ni fuige an tnúċ;
meinic bud cuirte do ċáċ,
fa ruire tilid na dtuaṫ
sigin luaṫ is guide gnáċ.

17 Lór don formad teaċt rer dtréan,
's ar gcomhlot do ċeaċt dá daoib,
roga ar gcuaine aga i n-úr;
nár gada an tnúd uainne Aod.

18 Do bí soċar bánfuinn Briain
ó Conga go Máluinn mín
sios re fánaid ar fead fúinn
gur bean tnúid Í Dálaig dínn.

19 Dá foiċne a haonċrobuing iad
naomhColuim roimhe i ngaċ ród
Críosd cáid le grianga na ngréag;
ní dáig d'éad an t-larla óg.

20 Flaith dan cóire Teach Dá Chí
ná meas ar a óige é;
Gach gliór fa dheoidh fearfaidh faoi;
leathfaidh a ghnaoi do dheoin Dé.

21 Dá mhórrach buidh fogus fás
is dá mhórdhacht dola i ndúthus;
teas caol do-ghabhar re ngríos;
caol bíos gach tamhan ar tús.

22 Ní i n-aimfeacht gealas an ghrian,
ní i n-aimfeacht treabhtar an-tuar,
biaidh neart Ó nEachaidh ag Aodh;
teacht caol ag deathaigh is dual.

23 Beanfaidh a chasnaidh d'fódh Ír;
giodh óg budh harsaidh a threoir;
ar Bandha chonmhaill budh tóir
gliór garma Í Dhomhnaill fá dheoidh.

24 Do chleacht go dlúith doghraing reann
ceap Í Dhomhnaill Dúin na nGall;
ag uaim ródhlearg na dTrí dTonn
do bí Conn 'n-a óigleandh ann.

25 Conn Céadchathach ceann gach sliogh
fa teann ar éachtaghadh n-Ír
rí Breagh do hanadh re a uaim;
'n-a thamhan fuair Teagh an Trír.

26 Posdo cothuighthe na gcóig sgol
Conaire Mór fa mór seadh
fuair gliór dá thagadh ó thal
do ghabh 'n-a thamhan Dhoinn Bhreagh.

27 Fós ós cách do-chuaidh 'n-a am
go hág ar an uair do b'fhearr
lath Bhreagh do chosain dá chionn
do ghead fhionn ó thosaigh teann.

28 Ar an nós-sain—ní nós nár—
acht giodh óg órfaidh a ghaol;
cia an fádh nar tharngair a thréan
séan 'n-a bhládh amhlaidh ar Aodh?

29 An dream fuair go hóg tre aoidh
gach fódh um Bhuais is um Bhúill
is Chliodhna is Dhoinn is Teach Táil
mar do-chóidh dáibh go ndeach dhúinn.

30 GAR DAR NDOGRAING DOLA AR GCÚL;
FOGAS D'Ú DOMNAILL AR NDÍON;
LEACFAID AR GCOMHTA UM GAC GCUAN,
BEANFAID AR SNUAD DORCA DÍONN.

31 SNUAD DORCA AR GAC AOINNEAC UAID
ORCRA GAOIDEAL DIAID I NDIAID;
BLÁT GAC ABLA AG DUBAD DÓIB
CULAD BRÓIN FA BANBA BRIAIN.

32 SNUAD NA HORCRA AR TEALAIG DTÉ
LE DORCACT NÍ DEALAIG SÍ;
MEAD DO BÓINN TAIRTIG AN TRAOI;
DO MNAOI BRÓIN IS AITGIN Í.

33 I MBRÓN NA TRAOI TARLA CIALL
AN TANN-SA DO BAOI GAN BRÍOG;
MÚRAD A CLAC DAMNA DÉAR
TARLA LÉAN DO RAC A RÍOG.

34 FÓIR GRÉAG IAR NGABÁIL NA TRAOI
DÁ HANÁIR NOCAR FÉAC SÍ;
DÁ PORT ÚR DO B'EAGAR CLÉ,
DO LEAGAD LÉ GO HÚR Í.

35 BILE RÉID DÁ FIODBAID FÉIN
IS É DO B'IONCUIR DÁ HUAIM;
AN OBAIR DO BÍ GAN BRÍG
DO TOGAIB PRIM NÍ AR N-UAIR.

36 TOIGÉABAID TOIMSE NA MÚR,
TOIGÉABAID TOIGE NA NAOM,
TULAC SGAICMÍN DÁ TÍ CIAR
DÍ AR DTRIALL BUD HAITPRIM AOD.

37 COSMAIL RE CÓIRGEAD NA TRAOI
MAR FÓIRFEAS AR TULAIG DTÉ;
TÍR 'N-A LOIGE TÍR DÁ TÍ,
DÍ GOMA PRIM OILE É.

38 BÓINN BORDBLÁIT NA SEINTREAB SÉIM
DO TOGBÁIL A TEIMTEAC MBÚID
LE GRÁD TAR GRINNEAL AN CUAIN
FILLEAD FA BUAID I NDÁN DÚINN.

39 A-TÁID NA TOIRTE A-TÁ AN ÚR
MAR TÁ GAC FOICNE 'S GAC FÁD
'S AN GAOT GUIDBINN DÁR SÚR SIAR;
TRIALL TAR SRUIDLINN DÚN I NDÁN.

Cuireadh le mbréagfa [i mbruig] Floinn
tuig an Téamhaig go n-a dtuinn
is na neoil flatha re a linn
's na heoin do rinn catha ó gCuinn.

Mar sin do laoi 's do loch Cuan
's don Daoill i nglas acht a glár;
ón Deirg bailiu ad-bat a bríog;
clach na ríog dá gairm tre grád.

Aodh Ligean dá ngabar greim
dá ndligtear raga agus roinn
—bíodh a dtall ag catair Cuinn—
racaid tar tuinn go fiadh Floinn.

Iar ndul tar lear béaraid buadh,
géabaid gach ar gabh a gaol,
cuirfid na talmha fa dtréan;
luigfid séan a anma ar Aodh.

A-tá lais go fiadh na bFionn
cairt ó Niall is cairt ó Conn;
ní bia taobh re cúirttreib crann;
fúigfid tall gach aon 'n-a fonn.

Fillfid a bruigaid le báid
fillfid a urraid tre aoib
go fleisg Éadair san taoib tuaid]
's ar sgaoil uaid dá géagaib gaoil

Biaid roineart ag dáinn fa dheoid,
biaid gach oireacht 'n-a n-áit féin,
biaid ana ar adba gach naoinn,
gabla im chraoib dá cara i gcéill.

A croidib cáig cuirfid fíoch,
suidfid le cáir idir cách;
le reacht binn báidfid an fuath;
cinn a tuath táidfid 'n-a trát.

Caor buadha ler tuilleadh toil
ní cluinim, ní cuala, a sdair,
fíor flatha nach fuair a fuil;
ní fuil buaid gan fatha air.

Lúl fíorglan le bfuigtir saoi,
do ríogad re gcuingid Cé
don tréad darb iomcubaid í
céad acht rí ós tiormTulaig Té.

50 Gaé annáil dá laoidead linn
Brenáin Gaoideal druim ar druim
a-táid fa Mál fine Floinn
's na Goill as sine i gclár Cuinn.
51 Mac Brigde fa mbloghtar dair
buid himme an bronnad do-beir;
tread seandirt ó muir go muir
do gead fuil Gearailt ór gein.
52 Gnát méin gach con i n-a cuan;
a-tá ag dréim re dol tar sál;
do Rudroide do oir Aod
craeb cumraide re broil fád.

Fogus.

94

TADG Óg Ó HUIGINN ecc.

1 Foillsigh do miorbuile, a Muire,
maoideam asad is é ar lón;
bíod mo cás-sa ort 'n-a oire
noct do grása, a Moire mór.
2 Tuig féin go bfuilim i n-éigin,
is oirdeas duit déadain faoi;
éisd rem fuigeall gid olc mei-se;
cluineam ort a Dreise a-taoi.
3 Cuimne an bráithris bím do maoideam,
a máthair Iosa an fuilt claoin,
ó nach cuiread re mac Moire
an cumain lat goire ar ngaoil?
4 Mall mo freagra ó Rígh na n-uile:
'gum urnaide gá fad bia?
mar a-taoi liom meisde ar meanma
leisge riom dá ndearna Dia
5 Rí na núl dá ndearna ar n-eiteach
iarraim ort, gid ard an déim,
sinn ar-aon do dul fa diomdaid,
a suid craeb dar bfiodbaid féin.

6 Gid bé itce iarrfas mei-se,
a Mhatair Dé—dia do bail—
gomad neamh ar tós a tarad,
gid ead fós ní anab air.

7 Ní haisgid cruid gid créad eile
iarrtar uaim ar t'earrla nocht;
ní beitte, a Mhátair Dé, i ndiamair
gid bé a-tátair d'iarraid ort.

8 Dá ngluide Críosd tar ceann m'anma
lem aignead ní head bud lór
ar son Néill Gairb muna gluide
im ainm féin, a Muire mór.

9 Riot do-beirim—bíod ar t'eineach—
a ingean Anna as ard clú,
taob re hÓ Conaill do chobair,
togaim mar maor dtobaig tú.

10 Cabair do rígh rátha Murbaigh,
a Muire, a buime na mbocht,
mar do beinn féine i n-id iarainn
déine ná sin iarraim ort.

11 Ní beidís Gaoidil Guirt Banba
muna bead cosg a gcinn sluaig
ní as sia gan creideamh dá céile
dá leigead Dia Éire d'uaim.

12 Gion go bfrioct ceannas Cláir Fódla
i n-éinfeacht 'ga earrla bug
do Banba Dá Tí ní tualaing
rí ná damna an tuaraim tug.

13 Gid mór mbliadain do bí i n-éigin
Inis Banba, bean Dá Tí,
a-déarad féin nach fuair dogruing
go buain Néill Í Domnaill dí.

14 Má rugad bread 'n-a breit leathruim
ar laochraib nGall im gort bfloinn
rugad do breit ar fiad n-Éireann
Niall do beit i ngéibeann Goill.

15 Cead nach tráigfid a dtonn meanma
mac Toirdealbaig ó tá i láimh?
roime soin gér mór a meadair
do loig brón ar fearaib Fáil. Faillsig.

95

TADG MAC DÁIRE MAC BRUAIDEADA ecc.

1 Fóiriḋ mo leisge, a Leaṫ Cuinn,
ní haiṁleisge gan foċuinn;
an leisge labarṫar linn
leisge ón hanaṫlaiṁ ṁ'intinn.

2 Tugaḃair aḋḃar aoire
ḋúinn—is damna éagcaoine;
leasg linn gan deigféasgain duiḃ
neiṁéasgaiḋ inn fa aoruiḃ.

3 Do creaċaḋ gion gur ċeaḋ riḃ
sinn re dreim dá ḃar ndaoiniḃ;
glacaḋ mo ċruiḋ munar ċeaḋ
bacaḋ ní fuil ar ṁ'aiseag.

4 Leasg liom uaisle Gaoiḋeal ngan
d'imḋeargaḋ uaim nó d'aoraḋ;
's is leasg maiṫeaṁ mo ṁasla
nó go n-aiṫear m'aḋḃar-sa.

5 Do-ḃéar an ċairḋe as ḋual daṁ;
do-rinne mé ḃar molaḋ;
ag so an breacaḋ san ḃagar
ḃar bfreacaḋ má fuaradar.

6 Troisgfead oruiḃ as a haiṫle
mar tá ag éigsiḃ ordaigṫe;
do-géan trá roṁoille ruiḃ
mar tá oruinn-ne d'fiaċaiḃ.

7 Tar ceann mo leisge, a Leaṫ Cuinn,
fa ḋeoiḋ dá ndeaċaḋ ċoruinn
gid bé neaṁfaoṁaḋ do-near
ḃar ndeagaoraḋ a ḋeireaḋ.

8 Dá sgaoiltí aonrann don aoir
fa ċáċ—ní cluiċe díoṁaoin—
ní ḃiaḋ neart anacail air;
radacair teaċt óm ċeangaiḋ.

9 An gcéin ṁéaras Gaoiḋealg glic
mar glóir i n-Éirinn orroreic
biaiḋ a gcanfuim-ne ar ċuiṁne;
ní hanċuiṁne m'forfuigle.

10 Mar sgaoilid criche a cearda
d'iaram d'éis a deighdearcha
sgeinnfid dricle uaim dom aoir
nach sirde uaid dar n-achmaoin.

11 Ní báidfead Búill mear ná Muaid
ná Éirne an oirir ionfuair
neimh ar saighéim as sia goimh
go ria daighfréimh nDálaigh.

12 Ní churfe fuarshruth finne
ná linnte im loch nAilinne
ar ndricleanna druim tar ais,
ná flichbeanna fuinn lorrais.

13 Dearfaid gruaidhe gille mbras
im Shliabh Badhna is im Bearnas
re a n-aighéile mun mDaoill mbuig
im thaobh Braidhshléibhe, im Buanaid.

14 Sgeinnfid uaim aoibhle nimhe
don tsoighéan trom theintighe
le ndreachas gruadh gach gille
do shuagh neamhchas Neimhthinne.

15 Béadh gruaidhe nach teo teine,
béadh ómh briathraibh frithire,
drúthbhraoin ris gach ndreith d'Íbh Cuinn
is don Bhúrcchraoibh fan gcreich chanaim.

16 Biaidh ó gach dhruing thoir is thiar
do shíol Chuinn, do chloinn Uilliam
ómh cháir dá gconghbaighthear mé
thromaithbhear cháigh dá chéile.

17 Biaidh "mairg do-chonnairc a chrodh"
dá ráidh—ní ráidh gan adhbar;
i ndiaidh a gcaithréime ar cháth
biaidh a n-aithméile [i n-antráth].

18 Biaidh mallughadh mór a nimh
ag cloinn Aoidh ar a n-aithriubh
tre choimheas ngruadh ngnéadhonn
thoillfeas uam a n-aibéaram.

19 Más d'iarraidh clú do churseadh
an chuairt nach cuairt thuruisbheagh
is 'n-a mhionclú mharfas sin
ar fionnchrú Ghlanchas Ghaoidhil.

20 Ní fás ríge ná rath
ná buaid troid ná tréanchath
bias don tí ar a n-iméar m'aoir;
a ndingéan dí ní díomaoin.
21 Biaid an chóir ag congnamh leam;
biaid congnamh ardnaoi Éireann
ar sluag bonnglan chaoi Ó gCuinn
mar aon is congnamh Coluim.
22 Aigeoraid tre bar n-aimiocht
Colam i n-a choraigiocht
na sluaig-se ar a dteasmuinn teann
eadruinn is uaisle Éireann.
23 Ní heagla nach géadaid greim
—biaid 'n-a eisiomláir d'Éirinn—
tre m'aoir [a] folaidheacht sin
coraigeacht an naoimh neimnig.
24 Sul tí an dál-so mar deirim
daoib, a Leath Chuinn, cuimnigim;
bean far dtoirmisg-ne far dtoil;
dar dtroimleisge féin féachaid.
25 Cuirid fos dá bragam cead
do chor airde ar ar n-aiseag
orm a dtuaid, a chaoimleath Chuinn;
ní daoirbreath uaim a n-abruim.
26 An t-oireacht ner cead mo chrod
acha agus ib-se d'aorad
fagtar ón oireacht díol dam;
fíor nach doibeart a déanamh.
27 Mo chúis im ceann mo leisge
—anois trát ar dtoirmeisg-ne—
ní cneasda nach cuimnid sib;
fuilngid feasda nó fóirid.

Fóirid.

96

MAOL SEACLUINN NA N-UIRSGÉAL Ó NUIGINN

CCC.

1 FORAIRE ULAD AR AOD;
NÍ HADBAR EAGLA D'AONTAOD
BEIC D'AOD AG COMFAIRE A GCROI'
TAOB RE A FORAIRE AG ULTAIB.

2 DO LEIGSEAD ULTAIG UILE
TAOB RE HAOD AN FORAIRE;
FUAC SUAIN 'GA DEAGOIREACT DE
SEALOIDEACT NÍ FUAIR IMPE.

3 DORAS OSLAIGCE ULAD
TARLA AR SLIOCT NA SEANCURAD
FIAN TORAIGE I DTEANNTA GALL;
BEARNTA FORAIRE A BFEARANN.

4 BAOGLAIGE INÁ A [BEARNAD] DÍ
DÁ BFUIL AISDE AGUS INNTE
CRIOC CONAIRE IS CUIRC CAISIL
FUIRT FORAIRE AN AODAI-SIN.

5 INNBEAR BÓINNE AGUS BANNA
IS GAC FONN DÁ BFUIL EATORRA
FEICIÐ—GÁ FORAIRE AS FEARR—
BEICIR ROMAIGE RAOILEANN.

6 DÚN DÁ LEACGLAS NA LEARG NGLAN
DÚN SOBAIRCE DÚN DEALGAN
DO-NÍ AG COMFAIRE NA GCAC
FORAIRE NA DTRÍ DTULAC.

7 DÍRIM DO MUINNTIR MEIC AIRT
GO BAILE AN IOBAIR ORRDAIRC
GO RINN SIBNE DÓIB AR NDUL
'S NÓ GO RÓIG IMLE ULAD.

8 LEACAID AR POBAL FUIRT ROIS
'S AR CALAD GCAIRRGE FEARGOIS;
'S AR CRÁIG MBINNCEOLAIG MBAILE
IMCEOGAID AN FORAIRE.

9 Ó CÚL RAICIN NA RÓD NGLAN
NÍ FUIL SOIR GO HAIRD NULAD
PORT DÁ ROIMÉAD NÁ CAOL CUAIN
GAN COIMÉAD D'AOD RE HAONUAIR.

10 Ó Aird Ulad an feoir maoit
go Beinn nÉadair meic Caogaoit
gan foraire ó Aod ní foil
raon maraide ná marcoig.

11 Ar Mág Aonguса uile
tairgfid ó tá an forfaire
drud i ngoire Glanśluaig Gall
's a broige d'anbuain d'fulang.

12 Ar sgáth cóigid Clann Rosa
fuilngid Aod Mág Aongusa
cian uada a gníoma goile
síona fuara ag foroire.

13 Siobal oidce 'n-a éanar
is é as fearr do fuiléangad
's a lám um caolga nó um colg
dá caomna lám le leacboro.

14 Siodaide Beinne Boirce
fuilngid ar fead geamoidce
gan ceann fa teac do tabairt
fa ceann greac i gcontabairt.

15 Fuilngid mad fada an adaig
gan bais do buain d'aradain;
fuilngid le hanbuain an fuinn
i dtuigniġ adfuair iaruinn.

16 Mórán baogail beagán suain
iomcraid Aod an airm rionnfuair;
béas na gcurad riam roime
do mian Ulad d'foroire.

17 Cóir do cuireadar Ulaid
eatorra agus Allmuraig;
tugsad geall ar deigtreoir dó
an feidmeoir do b'fearr aco.

18 Mág Aongusa na n-arm ndéad
ar tí an cóigid do coiméad
méide an gaothmara do gab
aoncara féinne Ulad.

19 Íb Eachach na n-adall bfiar
idir fiodbaid is oirśliab
idir fairrge mín is mág;
gá tír as gairde ó gábad.

20 Guaisseałbać Gleanna Rige
gabais ar a gáibtige
greim do caoimheirr an cóigid
'n-a heing aoibinn urcóidig.

21 Ar sgáth síl Eogain do an
Mág Aongusa i n-eirr Ulad;
aibhe sa cách a cosnamh
ar sgáth mhaicne a mháthar-san.

22 Cóigead mheic náraig Neasa
díoghnid do dhruim bhráighleasa;
an gort 'ga leighnead leis
feighfidear gan tocht thairis.

23 'N-a bhráthair aca uile
a-tá rí Ó Ruadhruidhe
tuar congantha le cloinn Néill
's 'n-a bhonnaltha ag dhoing díbh-sein.

24 Cú Chuluinn na gcleas ngoile
mar sin do fhéimh Ruadhruidhe;
díon an tsluaigh-se ar-aon orra;
dá gaol uaisle eatorra.

25 Cineadh mheic Fachtna Fáthaigh
ba díbh-sein a dheaghmháthair;
na slata do fhuaigh Eamhain
aca fuair a oileamhain.

26 Mac Deighthine dearc uaine
dar b'ainm Cú na Craobhruaidhe
'n-a chomhall-san do chuill bladh
ag iomchosnamh fuinn Uladh.

27 Coimhdeas do chír is do chuinn
do feighthí le Coin gCuilinn
do ghrádh chombráighreach na Con
do chlár fonngháibtheach Uladh.

28 Do cuimhnigeadh uair oile
comhaltas Clann Ruadhroidhe;
nior léig fagail na feadhna
i n-aghaidh a n-oileamhna.

29 Nior luigh ar leith a mháthar,
do-ní seacha soláthar;
nior shanntuigh an frosmhagh fionn
ag cosnamh allthair Éirionn.

30 Do chloinn Eogain amlaid sin
do-ní cosnamh an cóigid
Aod go hionCon na hEamna
an caor iochmar fineamna.

31 Más Aongusa an earla cruim
ní lamhtar lucht a leacttruim
folt na ndual snáthailgeach saor
'n-a mháthairleat uad d'éantaod.

32 An uair nach aithrigid soin
a gaol Í Conaill Cearnaig
gaol na ríog do fréimh Conaill
do síol Néill ní neamhcomhaill.

33 An uair chuirid i n-a chionn
ceithre hollchóigid Éireann
folt claon ar chur na n-idead
Aod 'n-a lug dá leithcinead.

34 Lug nó Cianmhac an Cáinte,
nó Naoise a fear éanpáirte
slat dá ndeagair corrDruim Caoin
d'fearaib comhluinn Mac Miodchaoin.

35 Tairrngeartach Teamhrach Mide,
leannán lochta ar gceirdei-ne,
taisdealach Trága Dá Dan,
gaisgeadach ágha Uladh.

36 Adhartach aonaig Taillteann,
siodhuide nach seachainteann,
caisgid fagla dá fine,
taisgid anma Eimire.

37 Coiléan caomh Caithreach Fiona,
croide gan fuath n-eissioda,
rún faobrach ag faicsin cheann,
aonroth gaisgid na ngaidheal.

38 Coimhéadaid cloinne Rosa,
Aod mac Airt Méig Aongusa,
sleagh glaisbeann i n-a goire
fear fairseang foroire.

Fuaire.

97 BL 24 P

GOFRAIḊ FIONN Ó DÁLAIG ECT.

1 Fuirig go fóill, a Éire,
Gearr go bfuige fírċéile;
do ċéile ní fear foirbče,
a Éire, a ċreaḃ ċéadgairče.

2 A fionnráiṫ Teamra Dá Tí,
aiṫnim an fear dá bfuiltí;
triaṫ d'óigleanaḃ do b'áil liḃ,
a ċláir Foirdeadair Uisnig.

3 Fada naċ fuarais, a ḃean,
doinfear d'aicme na naoidean;
fad do ċairde is dubaċ duit,
a Tulaċ Ċairbre is Cormuic.

4 A-tá fear i n-dois leimḃ
—gearr go bfuige fóiriḃin—
i ráiṫ na ngéigbeangán ngeal
a ċéirdleannán mac Mileaḋ.

5 Tánaig an té daoi d'iarraiḋ,
a finnḃean Néill Naoigiallaig,
dar dual Doinn braontana binn;
aontaiṁa go fóill fuiling.

6 Eirbre ó gCarṫaig, ceann Gaoideal,
gearr bias i mbeirt ógnaoidean;
feiṫ, a Danḃa, a ḃean Tuaṫail,
go bfagḃa ċ'fear ionnuaċair.

7 D'éis dealuigṫe go réiḋ ruiḃ
d'fuil Ċuinn is d'fíorfuil Eogain,
a ḃean naoidbe an Ċláir ċoiṁṫe
an áil naoidbe neaṁfoirḃṫe?

8 Meinic riaṁ seinḃean mar sin,
a leannáin Airt Éinfir,
do gnáṫ ag iarraiḋ fear n-óg,
a ċreaḃ diaṁair na ndeargród.

9 Liṫear ort-sa re haṫaiḋ,
a finnḃean Ċuinn Ċéadċaṫaig,
caor do ṁianaig Mogha Néid;
sona an liaṁain dod leiṫéid.

W

10 Duit do cairngir an fáid Fionn
feacht riot i ráithe aoibhill
do dearb go mbiad 'gun banfáid
leanb a-mar dá nuagabáil.

11 Ort, a Dóinn, ná bíod tuirse;
leanb óg don chloinn Carthaig-se
do thileadh Cláir Barrgloin Breag
do tharngair an fáid Fitheal.

12 Dá labrad éinfear eile
leat go teacht don tairngeire,
a bean Fionn Foighéasglan Airt,
oiréadmar liom an labairt.

13 Do-níd fáidhe Fuinn Ealga
do-níd síona soineannda
ar Tealaigh na dTrí gCuradh
rí leanaibh do lámhugadh.

14 Ar a leithéid do leanabh
sgéala duit dá foillseagadh,
aoige sgeoil uaignigh annamh
d'uaidhibh an eoil fuaramair.

15 Lá coir i gcath Cluana Tarb
d'airdrigh Éireann na n-órarm
tig an uair-se d'fagail gliadh
's a branáin uaisle ar aonrian.

16 Le cloinn Briain na síodhbrugh seang
an banfáidh dearb ainm Aoibheall;
gus an mnaoi d'iarraidh feasa
tiagair ar chaoi cairdeasa.

17 A-dubairt Donnchadh mac Briain:
"Cia dinn tuitfeas san tromghliadh
d'uaislibh Gríandachta Clann gCais,
[a sann iarrata] an eolais?"

18 "Airdrí Fódla na sreabh seang
tuitfidh Brian ann" ar Aoibheall
"tuitfidh Murchadh—gá mó sgéal—
ní fogbar 'n-a chló a choimhréan.

19 "Tuitfidh Toirdhealbhach óg ann,
mac Murchaidh bus cruaidh comlann
re cois rogan fréime Cais;
folamh Éire 'n-a n-éagmais."

20 "Cia géabas Éire dá n-éis"
ar Donnchadh gnúis mar geilgéis
"sloinn dúin, a banfáidh Ó mBriain,
súil ní faláir re finnchliaig."
21 "Biaidh an tír-sin na dTrí bFionn
do réir m'fáistine" ar Aoibheall
"i ndiaidh na n-aróstlat oile
ag Tadhgnac Briain Bóromhe."
22 Gá dám dó, cuiridh an cat
lochlannaigh is laoich Teamhrach;
má tá nar slán clann Cobthaigh
ár ann ar na hAllmhurchaibh.
23 Marbthar le Donnchadh 'n-a dhiaidh
urra codhnach síol saoirBriain;
reacht na fódla mairg do mhill
le fógra Taidhg do thuitim.
24 Go hAoibhill d'éis an chatha
tig Donnchadh gnúis gealdacha
go fáidh na ríogh ó Ráith Luirc
do ráith narb fíor a n-éadairt.
25 "An tí dar thairngir sinne
Ráith Teamhra is Dún Dubhlinne
—a chionta dhíom ní dhlighe—
dá síol tiocfa an tairngire.
26 "I gceannas Críche Teamhrach
rachaidh mac Taidhg Toirdhealbhach
ua na ríogh [dhus] rí eile
do-ní fíor dar bfáistine.
27 "Beag dtarbha dhuit, a Donnchaidh,
caill do chirt leo ghníomharthaibh;
uait féine i ndiaidh do dhoibheart
biaidh Éire gan aoghaireacht.
28 "Ní laibhéar go laithe an bráth
d'éis síol mBriain" ar an banfáith
"gidh doiligh linn gan leamhain
don bhuidhin fhinn ilghealbhaigh."
29 Do b'fíor d'Aoibhill a ndubhairt
fuighle ar nach fuil contabhairt;
ráinig ríghe is reacht Teamhrach
neart na tíre ag Toirdhealbhach.

30 Do tairngir fáid fada ó shoin
go mbiaid neart Oirir Fionntoin
ag Domhnall do chloinn Cartaig
roinn gormlann ar gniomartaib.

31 Muna ti an tairngire is-teach
don Domhnall-so fa deireadh
—biaid lá dus ard a eire—
do Tadg a-tá an tairngire.

32 Fáisdine agar más fíor
tiocfa is-teach d'oidhe an airdrioghas
más fíor labraid gach fir eoil;
ag sin adbar m'uirsgeoil.

33 Tréigh, a Taidg, do trealamh leinb,
ná luaid feasda feidm roimheirb
—súil Mumhan rib dá-ríribh—
sir do chlaid gcaithmílidh.

34 Gab umad t'úirbheart iaramh,
a rosg glas mar gormmiamhainn,
caomhchruaill do glanlúirigh gil
gardhglúinigh daoilchruaidh deilgnigh,

35 Gab do loinn gcorrghlais gcumdaigh,
a mheic na mná ó ríogh [lundain],
samhail smuail do dhirtlinn deirg
dá [fichlinn] chruaidh leo céidfeirg.

36 Gab mar so le séan uaire
dá sleigh Con na Craobhruaidhe;
fa baoghlach brath na bhroghadh
i gcath faobhrach Fionnchoradh.

37 Minic ród fuair a féadhain
mionn litreach lán d'óiréanaibh,
sgiath fa cruaidh i gcath Gabhra
's do-chuaid ón cath catharda.

38 Má beir leat i gceann catha
acht airm adhbhair ardflatha;
[t'fhailm fionn] dathómra ós do chionn
do mhionn clachórda cloichfionn.

39 Tairg do chobhach do chóra;
go meala, a mheic Onóra,
t'airm curadh go gceo nime
ler chuman gleo Gairige.

40 Ní mholaim dheit, a leinidh,
—cóir duit Éire d'fóiridin—
beit éigcríonna ro leanadh go léir
dearbh do céidghníomha, a Coiléin.
41 Mór gcaith cuirfeas do dheoin Dé
mac Domhnaill, gnúis mar ghlainré;
cóir súil re sealgaire an luin
dúin gid leanbaidhe a luaghail.
42 Cuirfid cath Mullaigh Maistean
gleo re bréachfaid fíorghaisgeadh;
brisfid calg fa mhag Mide;
gar do Chadhg an tairngire.
43 Cath dibheirgeach Dúin na Sgiath
cuirfid oidhre fóid finnChliach;
re a ré muirfid gach mearchath
is cuirfid sé an Saingealchath.
44 Dá ró Tadhg i dtréan Danba
biaidh ar-is 'n-a n-achadha
gach aonneach san rioct reime
do shlioct daoneach Deirgteine.
45 Dligidh ollamh uirrim ríogh,
reic a áitis 's a féilgníomh;
gabh ar tós m'forfuigle, a fir,
rem chomairle fós fuirigh.

Fuirigh.

98

TADHG MÓR Ó HUIGINN ccc.

"Gach éan mar a adhba"
oirrdhearc so is ['s] sé leantar;
gach ealta mar oiltear;
ní chleachtfa acht a cleachtadh.
2 Lachain i laoidh sneachta
ag snámh eigridh uaine,
ní fearr leo lá ghréine
as teo ná an chlá as cruaidhe.

3 Eoin ioctair na fairrge
dá nac fognann faidfear
bid coidce gan cadud
gach n-oidce fan aigéan.

4 Éadána eoin mara
ar muig nac múr trága;
eoin moige ná móna
ar doire ní dána.

5 Eoin coilleadh ní cleactaid
cuaird ar muig ná ar maigsléib;
nocan fagbaid d'anbuain
nac adraid don aimréid.

6 Beatadaig an beata
mar bíd eoin na n-ealtad,
gion gob d'aoncrúd oiltear,
gan claoclúd do cleactad.

7 Cáid fa a gcleactad bunaid,
blát dearcan tre daraig,
fir fa cáil a gcionaid
is dáid sin a samail.

8 Gach macaom mar múintear;
Magnus maith do múnad,
slat breag, Brian na ngaidheal,
mac mar Niall geal Glúndub.

9 Maith do múineadh Magnus
mac Concobair Carna;
gid tréan noca togba;
gach éan mar a adba.

10 Magnus mar do múineadh
cá gall glas ó ngéabadh?
sé ag dul tar gach nduine
lug é is ní hé a énar.

11 Lug é is Cú na Cearda
—gach cleas 'gá cúl craobach—
ainm dó im gach mbuaid buadach
i ngach uair bus aonach.

12 Gach buaid as buaid aonaig
fuair 's ní fuair gan iarraid;
sleag re soarga soudaig,
fear falga, fear fiadaig.

13 Fear feicthe gach fásaigh,
fear cacha agus comluinn,
badh ghéal go ngroigh séanghduinn,
fear 'ga bhfuil gach foghluim.

14 Oide mhúinte Maghnuis
maith ar cách a chomaoin;
tug dhuim re gach ndobhuaidh
Ó Chuinn Sion go gcommaoidh.

15 Do mhúin féin dhó dochar,
do dhruid é i ngach ionadh;
níor mhúin ón ló as leanadh
dhó acht a shúil re síobhal.

16 Do mhúin trá dá chroighidh
chéidh i n-áigh re n-ógaibh
ag breith cruidh gach chóigidh
fuil do bheith 'n-a bhróghaibh.

17 Do mhúin dá ghlún ghealchorr
ghabhas beirn re díodhbaidh
a fhilleadh go harnaidh
re himeall i n-iomguin.

18 Do mhúin múnadh éagcóir
dá uchd réidh go riartair
bheith i gcomhdháil chaomhchaigh
re corrgháibh i gcliathchaibh.

19 Do mhúin béas dá bhrághaidh
—béas aice as ord cathaidh—
gan ní umpe idir
acht muince go madaim.

20 Níor mhúin at acht iaraimh,
nó at cotún craobhach
ón cam gach craobh líneach
'n-a barr as caoin caolach.

21 Do mhúin bheith ag bogadh
fan gcleith nó fan gcloidheamh
bas choirrgheal an churadh
re toirneamh na dtroighedh.

22 Do mhúin meadhón oidhche
oncú an earla ghlúinigh
loighe i ndoire dhiamair
's gan loighe acht 'n-a lúirigh.

23 Olc d'fulang ga fogluim
is eadh dligeas deigfear;
fear céadmaoidhte curadh
ní héagcaointe a eidhear;
tig 'n-a tuile a toradh
do dhuine fa dheireadh.

24 Ní tearc toradh iongnadh
aige d'éis a fordhaidh
do sról dearg, do dhoimhin,
don ór ceard i gcornaibh.

25 D'feoil, do lionn, do luachair,
do chuachaibh fa chreabhaibh,
do dhíon bó, [do] bhrogaibh
d'fíon is an lá leabhair.

26 D'éadach agus d'eochaibh,
is d'éideadh mar fagus,
d'arm go n-ór, is d'ionmhus,
dionghus Mór do Magnus.

27 Magnus mullach Taillteann
troid ris is réim anáigh;
gar don rígh ó roBdoinn
tír nar gabh do gabháil;
maith dá bhuair ní furáil
do flaith ar n-uair d'fagáil.

28 Rí gaisgidheach nGaoidheal
gorm a choidheamh crosglan;
rí na n-each a each-san
do-ní an chreach do chosnamh.

29 Ní héagcosmhail aigneadh
dá eoch 's d'fíor a druimne;
lán Éire dá n-inmhe;
re céile isadh cuibhe.

30 Each geal, gruagach doinnfionn,
dias a-tá ar tí fuadaigh;
creach fear is each n-éidigh
re n-each ngeal an gruagaigh.

31 Gruagach go méadh mílead
do-éid ar gach n-aoinfear;
each gráineamhail gléigeal
re ngáidhfearaibh Gaidheal.

32 Manannán an mharcshluaigh,
Magnus Muighe Muaidhe
fear eidh seinnsir síde
agus eirriodh uaine.

33 Níor chumhsa neart námhadh
ní do-san ná di-se;
Dia deisiol na deise
ei-sion agus i-se.

34 Is í an liadh mór Macha,
mór n-anbuain ro fhulaing;
tus sei-sean bú a Boirinn
is ei-sean Cú Culainn.

35 Is i-se an t-each oirrdhearc,
each gheal Taidhg ghloin ghraifnigh;
ó a choigh thei-sean teicthir;
Taidhg ei-sean nó a aithgin.

36 Is i-se an liadh luirgneach
lingeas cách i gcathaibh;
sei-sion mhac Maoil Mhicheg
as fhrab re taoibh tachair.

37 Si-se re sluagh nGaoidheal
Gob na Sgéal sgeamh sholamh;
sei-sean Murchadh Mumhan
nach tomhthar do chomhadh.

38 Sei-sean Síoda Oghar
dar b'aithnidh gach aonach;
si-se leath re lámhach
a each achd nach aontach.

39 An Bhlár Aodháin i-se
agus Aodhán ei-sean;
léigthe an magh dí is do-san
dá rabh sí agus sei-sean.

40 Sei-sean lugh lá an tachair
leir chuit fine fomhra;
trialh teichidh ní tarbha
ris an mbeithir mbodhbha
fa fonn Mughe Meadhba
ar Donn Gróidhe [Garmna].

41 Conall Cúigid Connacht
cosnas Mag n-Aoi n-armglas;
is catraige coimdeas
fan macaire Magnus.

42 Magnus mullach Cruachan
croide brodla bágach;
doird fa múr Saind srianach
sbairn re lúd 's re lámach;
re gleic ní gab lúireach
fa Mag mac meic mágach.

Gach.

99

GOFRAID FIONN Ó DÁLAIG ECT.

1 Gaois Ailde i n-ingin Doimnaill
ainnre 'mun mbinnigil mbarrduinn,
ingean saor dealbda Doimnaill
craob gormfuinn leanna labraim.

2 Geall Gaoise is oinig Ailde
'gun mnaoi-se oirir Uirne;
ní dá mein tre mein Saidbe;
Ailde í ar céill 's ar cuimne.

3 Sadb ingean Doimnaill Daoile,
finnbean a horlainn áine,
ceannsad neam—gá ní as buaine?—
bean Muaide 's do-ní náire.

4 An bean 'n-a mnaoi as fearr inme
do bean geall do gnaoi Ailde;
gan grád neid ar craoib Coimle
coimde do dreic saoir Saidbe.

5 Ingean Doimnaill Óig agar
tar gach móid ag a molad
díolad a duain d'éis filead
re cinead géis Cuain Corad.

6 Éisdid sluaig innsir Uidne
ner ndúain d'ingin a n-oidre;
éisdid sluaig iartair Aidne
duain Saidbe ó iarrtair oirne.

7 Céim ansóga ní hionráid
tar préim Anóra d'fagbáil;
bacad uilc diorma dagsluaig
anduain ríogna Guirt Gabráin.

8 Ingean Méig Cartaig Cliodna
cartair fa méid a meanma
do sia don toig bean Banba
nó targa a-noir teag Teamra.

9 Dáil a cruid cian ó Talluinn,
dáil a sguir sgiam don Coinnill,
a ndáil uman gceird cumaim
cáir urraim don deirg doinnfinn.

10 Gnúis niamda ranua roigeal
ag banua larla Ulad;
do Saidb is cáir a gcuiread
cuiread gairm ar mnáib Muman.

11 Rug ó gac mnaoi buaid bronnta
fuair gnaoi—ní gnaoi as nar teamta;
do-ní sgol do réir rompa
bronnta ag fein Dor go ndearnta.

12 Re taoib a dtabair d'airrid
's a bragair d'aoib ón ainnir
sgios ó Cuaird ar gac Coinnim
bios ar Coinnil Suairg Saingil.

13 Táin do gnát i nglas Congna
[do láid] bas mar blát n-abla;
do Cuill san eing an ealba
ar Cuirr seagla seing Sadba.

14 Do ráidead re a dreic ndeiggil
"do seic t'áream i n-Albain;
gé fríoc riam olc ó a n-airgnib
gan mian Cairbrig ort d'argain."

15 Mac Dé ní dóig doid créigean;
is é as gloir do glac ndíggeal;
is dóig dá mbé ort éigean
éidead boct Dé dod díden.

16 Fial an bhroineach réidh rioban
nach léir tar t'oineach éanar;
dá ndearnta ag dáimh ib d'aorad
baogal lib dáib a déanamh.

17 Re linn mná Broga Dóinne
ní tora lá acd lá gréine,
maidean reoid fa mag Máige
eoin áille ag car le céile.

18 Sa mhoig mín aibnig ealaig
'n-a tír gloin ainglig iodain
sreab caol 's a cuan 'n-a coraid
ó bonnaib craob n-uar n-iobair.

19 Sruth go mín, eas ag turnamh,
teas i sín, suth i bfoghmar,
crodh fan mbrag, iasg i n-innbear,
dam ag ingear riasg roghan.

20 Mionn súl áille gach ubaill
ó Dún Máige go Manainn;
a-nuas do sóig le soininn
cnuas mar foirinn óir d'abaill.

21 Druim re fiodh foghnaidh dúinn-ne
miodh cuill i gcornaib uaine;
caithear an lá geal gréine
re céile is fleadh mná Muaidhe.

22 Tír bar sluaigh-se i seilb Sadhba
fuair-se deilb 'n-a deilb dionsna,
luath ar leith fa buaidh dealbha,
meanma an tsluaigh ar cleith Cliodhna.

23 Eala Cuain locbuig luimnigh
do chuair fochruig dá hanmain;
fuath dí ní bia acd ga biodhbaidh,
ionmhuin le Dia í amhlaidh.

24 Mo cean don mhoill úir iodain
nar chúir doirr acd doirr Deamhain;
a chrodh gé do-cí ag buidin
guidid sí a ndol gan deabaidh.

25 Ráidhte dúinn d'fuighlib aobha
ris an suilbir n-úir n-ógha:
"ní fuilc acd adbar ríogha
t'iorna fannglan fuilt órda.

26 Uaċaḋ bean i mbia t'úire,
ní lia fear mar fear n-Áine;
mór bur n-éaḋ re clú a ċéile
tú is do ċéile, a ġéaġ Gaille.

27 Súil Banba fa bean d'Éibear
ret fear, a faḃra mionduḃ;
an teaċ i mbí is barr Gaoidheal
dá maoidheamh ann ní is ríoġan.

28 Fuair an ríoġain-se roḃlaḋ
do fíoraidhbsiġ uaill ndeaġḃan;
sí céaḋ nó dá ċéaḋ fionnḃan
ní lionġnaḋ dí méaḋ meanman.

29 Gaoċ daiċ ar ndruim na foirne,
flaiċ i gcuirr gaċa cairḃe,
luċt loingse ó Lios na Beirḃe
d'fios deilḃe soillse Saidhbe.

30 'Ma súil gcuirr-se do cumaḋ
a coimse do ċlúimh mallduḃ;
im rosg mall Saidhba ag silleaḋ
filleaḋ mong n-aḃra as anduḃ.

31 Gnúis réidh ġeal i n-a goire
dá nar ḃean béim ná bine
aḃra mná Moiġe Ruiḃe
duiḃe tá i ngoire ġile.

32 Buaile clúimh as lór lioḃra
súil mhór uaine fan aḃra
dlúthmhonġ ċeart 'n-a dá colba
comla dearc súlċorr Saidhba.

33 Gan loċt cuma ar craoiḃ n-Aise
truma a taoiḃ, truma as deise,
crios mar soim buidh díor dí-se
'n-a cris-se foil díol deise.

34 Treaḃa as lór daimhne is dlúiṫe
far Saidhḃ-ne ag slóġ na críċe;
gaċ treaḃ dá treaḃaiḃ bláiṫe
snáiṫe ġeal feadaiġ fíṫe.

35 Gasraḋ ġlan óġḃan uimpe
tres an maġ bhfóġlan bhfinnte;
ag dul don romhaiġ reimpe
eillte ag cur omhain innte.

36 Ingean Méig Carthaig Coirnigil
tar nach barrthair ar Diothbaid
mar do beath le Géis nGaibraig
caibraid neach d'éis a monnlaig.

37 Dligid sí anáir óige
d'fagáil óir is í as cáide;
is lia náid na laoi saoire
aoine re Dia ag mnaoi Máige.

38 I dteach n'Dé do ria an ríogan
Dia lé i leath ris an saogal;
do-ní is gan cleith [ngland i] ngábad
crábad neich do [baoi] i mbaogal.

39 Ingean Domnaill Duin Luimnig
ag fogluim 'gan úir. finnghil;
cian ó baois airrde ainlaid
caibraid gaois Ailbe an ingin.

Gaois.

40 Gaois Domnaill Óig a athar
i n-Eogan an airm ceannglais;
blath is mil re a ré is raitheas
—nior b'é sin flaitheas fearrgais.

41 Gaois Dunlaing ag dion Buadaig
cách do síol [Domnaill] daoraid
taoiseach cuaine úir Éibir
féinnid Uaine an chúil chraobaig.

42 Art Ó Caoim do char bandál
a aoib dam ['s a daonaig]
fion le [túr] 'n-a theag mídfuar
diombuan greag i n-úr aonaig.

43 Cóir Ó Donnchada a-déarmais
do comhtoga im Dóinn mbraonglais
Tadg Sionna ós gach mug maoidim
giolla a Brug aoibinn Aonghais.

44 Ar feirg n'Dé dineadh mei-se
Mícéal aingeal dá n-éada;
sinn don aingeal 'gar n-aithe
daingean linn d'aithle éagsa.

Gaois.

100

EOGAN MAC CRAIT, AN T-ÓRTÓIR, ECT.

1 Iomdá uaisle ar lár Laigean;
a n-áireamh ní féadfaidear,
ní head nác éidir gid eadh
seal éigin ar a n-áireamh.

2 Leo an cuid as uaisle d'Éirinn
clann Catdoir meic mórféilim
críoch as ar mhinic Mag Fáil
as gar d'findig is d'éadáil.

3 An cúigead cuid do Clár Breag
is comha ceatra gcóigead
tugadh do cloinn Nuadan neacht
leis nác loinn uadar d'éisdeacht.

4 Na tolca as teirce sreabha,
na linnte as lia éigneadha,
's an úir as saidhbre sealga
fúid, a Laigne láimhdearga.

5 Aoibheas iartair an bheatha
i nbar láimh, a Laigneacha,
an gormcealach fóidsean fionn
's cóigead oirtearach Éireann.

6 An múr ós Dubhlinn is dí,
's an rát i raibe Ó Daoisghe,
rát Teamhrach fa ngealamh gnian,
is seanfann greadhnach Gailian.

7 Cúigead Laigean na learg dtais
muna cuirtí cré fharrtais
níor sill súil, níor ciomcuil traig
úir bud ionchuir 'n-a hagaid.

8 An rann coimheasa do-ciam
ag breith gill do gurt Gailian
as geineas Dóinn is Dearbha
leigeas dóib ar doimheanma.

9 Gach buaid nuadh, gach sochar sean
dá gcluinim ar chrích Laigean
ní hé do uaislig í acht Art
ag a mbí ar uaislib umlacht.

10 Géag Pailme Parrtais Áduimh
mac Airmheaċ Airt Ċaomhánaiġ
mac Saḋḃa no saoi do nimh
slat naoi mheic Amhra a aiṫġin.

11 Ní mionann béas—is báiḋ leam—
d'Art agus d'uaislib Éireann
fiú leis gaċ neaċ teaċt 'n-a teaġ
's is tearc teaċ i n-a dtéid-sean.

12 Umluiġtear dó i mbonnaiḃ beann
's i gcloċaiḃ aolta Éireann;
do-ní a mbí san fionnuisc d'Art
's a mbí san fiodḃuid umlaċt.

13 Laiġniġ na laoideang dtana
Art fóireas a n-easḃaḋa
gan breiṫ ngill an ní fa nimh
naċ bí re a linn i laiġniḃ.

14 Do mhéaduiġ neimheaḋ gaċ naoimh
soċar do ċlannaiḃ Caṫaoir;
glór laoideaḋ agus leaḃar,
glór aoigeaḋ dá n-uaisleaġaḋ.

15 Ósa díoḃ as dú a leanmhain
ainm suaiṫnid i seinleaḃraiḃ
ainm cóir do laiġniḃ do lean
laiġniġ an óir a n-ainm-sean.

16 Ór uaċa i ndíol gaċ dána,
[is] ór ċuca [a] gcíosċána;
laoiċ ó ṫolaiġ mór Mhoġa
monaiḋ óir a n-almsoḋa.

17 Ór corcra ar ċlár a mbrannaimh,
ór ceard ar a gcaṫḃarraiḃ,
ór tar sréin nglannuaiḋe a ngreaġ
le féin lannuaine laiġean.

18 Ní leasainm laiġniġ ar óir
d'féin laiġean um ċeann gcomhóil;
féinnid um an ól ní ib
éindeiġ naċ a hór ibṫir.

19 Do ċumhaċ a gcoilġ leaḃar
iomḋa ór dá aiṫleaġaḋ;
's is iomḋa [bruiṫean] óir ann
do [bruiṫeaḋ] do bhróin buaḃall.

20 Ní dleagar ionnmas eile
mar éiric 'n-a n-oirdire
eimioclann d'ór ó gach fior
do slóg geimioltrom Gaoideal.

21 Clann Céadfadach Cataoir Móir
darab cíos comta deargóir,
a n-andir do-ciú ar an gcloinn
gan a fiú d'fagáil d'urroim.

22 A-tá rí orrdruic orra
ar a dfuil ád urroma;
éigne ó Doinn dáineidrig Dreag
áirimtir ós gloir Gaoideal.

23 Clann Cataoir, ceardca an cogaid,
fa Art Óg ní fuaradair
lá nach mó sa mó a meanma
ón ló a-tá 'n-a cigearna.

24 Ní fagtar, ní fríot, árach
orra fa Art Caománach;
doras gáid ann nior hosglad
i n-am áig nar iadosdar.

25 Sleag daoglach 'n-a dais tana
fraoch catha ar Mac Murchada;
go n-atraig Art gné an gallga
gan é i n-alt a agallma.

26 Rí cúigid láimdeirg Laigean
gid bé fád far feargaigead
ar a leas nó i n-agaid Airt
i dtreas ní lamair labairt.

27 Do díod ag leonad lann nglas
mar do gabad fearg feargas;
re mac rionnamail Rosa
ionnamail an eagla-sa.

28 [Agra] leis ní lamad neach
tagra ris nior feidm áiseach
daoiseach cuaine fear núlad
fead a uaille d'ardugad.

29 Fearg meic Róig i Ráith Macha
['s a] déimeanna daoglacha
do adain fearg mar í ar Art
rí danab ceard an cródacht.

30 FEARG AN TOCAIR NÍ CÉIT DE
AN RÍ GO CLUINSIN GCEIRDE;
NÓ GO SEARG LE SNÁT UMA
A FEARG NÍ HÁT IONDULA.

31 GION GO NGOIRCÍ ROIME RIAM
ROILEAG ÉIREANN D'IAT GAILIAN
RÍ DANAB CÁIR CAIRT DANDA
I LÁIM AIRT IS IONGARMA.

IOMDA.

101

GOFRAID FIONN Ó DÁLAIG ECT

1 IONGAIB TÚ ORM, A IARLA,
MÓR M'FEARG RET FOLT NGÉIGNIAMHDA;
NÁ TABAIR FEIRG AR T'FILIB;
TEILG I N-AGAID T'AINDLIGID.

2 SUL TUILEAS MO TONN FEIRGE
DO GRIOSAD DO GRUAIDLEIRGE
DO-BÉAR ROBAD ROMHAM FÉIN
GIB FOGAL ORAM EI-SÉIN.

3 NA FOGLA AS A BRÁS PUDAR
ORM, A IARLA DEASMHUMAN,
TÚ DO-NÍ IAD Ó FUILNGE,
A RÍ LIAG DÁ LEANFUIM-NE.

4 NÍ RACA SINN SEACAD FÉIN
DOT ÉAGNAC, A UCT MINRÉIB;
RED GNÚIS MBUIG IS DÚ A DÉANAMH,
DUID A-TÚ DÁ CAISBÉANAD.

5 IS ORT AS CÓIR A CUMAL
D'AGRA, A IARLA DEASMHUMAN,
LUCT FAGLA NAC ROSGAR RUIB
DO LOSGAD M'ARDA AR T'IONCUIB.

6 GÉ CARMAIRT A TOIDEACT DE .
GORAD DO GNÚISE HÁILLE
AR SON GAIRDE GRÁIN LEARGAN
NÍ CÁIR AIGDE D'IMDEARGAD.

7 Óglách duit do-rinne riom
adbar móide nach maithfiom;
gniomh té dá dtíosadh don mhóid
mé doo ghríosadh, a Gearóid.

8 Dá ndearnainn, a dhreach mar bláth,
ghríosadh t'aighe thret óglách
mó a chionta don tí dá dtig
gach ní dá dtiocfa threimhid.

9 Ar uile riot-sa agus rum-sa
tángas d'fhoghail oram-sa,
a ghéag súilcar Síofra Truim,
do rúnchar fhíocha eadruinn.

10 Feall orm do chaibdin charraig
ní leanadh é ar easurraidh;
'ma íoc ná déanaidh-se doirr;
m'éaraic-se is díot do dhleasoinn.

11 Ar mbiodhbha d'eadráin oruinn
tar éis meabla 's míochomhuill,
a leomhan dearccorr fionn fáil,
leattrom is gan ionn d'eadráin.

12 Uirre sin gidh saor tu-sa,
éagcóir d'éis na meabla-sa
luct a déanma i dtreise id choig
—gé téarna mei-se ón mheabhail.

13 Gion gur thuiteas leo is leanta
dhaoibh-se dhong an aimeácta
mar do dháilte crú mo chuirp;
im sláinte is dú mo dhíoghuilt.

14 Feall orm, is gan é ar séana,
cuin dhíolfa nó dhígéala?
Dligidh tú a dhíol nó a dhíoghail
síodh másа dhú i ndoighníomhaibh

15 Suidheochaidh mé do mhuin cheirt,
clú t'féicheamhnais gidh oirrdheirc,
an gníomh doluigh nach dearnais
oruibh do bhríogh bhreicheamhnais
Créad fuil agaibh 'n-a agaidh
gan a íoc ret ollamhain?
Luct coghair fhagla m'fhine
agaibh tarla i dtuinidhe.

17 Cuma gá conair ragas
an fear re bfuil m'faltanas
ní biú ag cleic dola ar a druim;
a fala is id leic leamaim.

18 An uair bad cóir duit druim ris
nó a millead, a meic Muiris,
is gníom dod dreic mar deargfuil
beic ag dion do díbeargaig.

19 Mar nac fuigead fear dom cloinn
beic tar c'oirbire againn
beic agaib ciod 'ma bad cáir
dom fior cagaid gá congbáil.

20 A Gearóid, gid doirb dam-sa
druim do cur reo cumann-sa
cead 'ma bad ionfáirte inn
is fear m'iomcáinte ar c'uillinn.

21 Gé táim ort ag iarraid ceirt,
gid ullam tú dá coirbeirt,
leasg gan t'agra, a fleasg leamna,
leasg tagra re tigearna.

22 Tú d'agra gan t'aitgin linn
mo dáil is mó do maitfinn;
gid ionam linn dod leanmain
ní hionann inn d'féicfeamnaib.

23 Gid mé as dirge cuid don cáir
dá n-agrar tú, a cuir iomdáin,
bud beag dtaraid an culcóir
it agaid don agartóir.

24 It agaid, a fadra mall,
gé tá an firinne agam
ní iocfa, a géag Toige Táil,
act oile déag do díogbáil.

25 Déantar síod nó bearar breat
eadrainn, a earla fáinneac;
lór dúinn a ndoibramair air,
a gormlannaig úir éactaig.

26 Nó bíoc cairde leat ar leat
'n-ar ndáil gid fada an fuireac
nó go dteagma, a daitgil duinn,
dod freagra t'aitgin aguinn.

27 Tuigim is mar tuar falaḋ,
Gid ionghnaḋ an t-oroaghaḋ,
móid aghaḋ dreic raghoin ruinn
ar mbeit a haḋbair aguinn.

28 Rum do rinneaḋ an bine
fa bhfuil oram t'oirbire;
do-ghéan uime m'oirbeirt féin;
an builleoirrdeirc ei-séin?

29 Baramhail do-béarar di
urcor i n-aghaiḋ ruaighe
dá dtógḃa falaiḋ eile
i n-aghaiḋ ar n-oirbire.

30 Má do chontuigeas rut riamh
i gcúis fa maḋ cóir m'aimriar,
a folt na bhfinnearlaḋ bhfann,
nocht an t-indearbaḋ oram.

31 Achmusán nach eagail dam,
Gé tú ar toraḋ mo teangaḋ,
griosaḋ neic fa a ní féine
ná beit ar tí toibéime.

32 Aimleas ar Gaoidheal ná ar Gall
do mhuin diomḋa ní dearnsam;
is díleas inn dá gach fíor;
sinn fa dímeas níor dligeaḋ.

33 Do-ní mé—ní dá mhaoidheamh—
i n-aghaiḋ bar n-iolmhaoineaḋ
dot féin dáoinigh druim ar druim
réir gach aoinfir fam achuinn.

34 Aitreach a fad do leanas
díb gid maith bar muintearas
más é as tuar dímiaḋa dam,
a sduaḋ mhinfiaḋa Mumhan.

35 Trem diomḋa ar do dreic rachaoin
ní fuighbe uainn éantaḋaoir;
nochan fuighbe uaim itge;
is cuibḋe uaib imirce.

36 Imirce nach áil linne
do-ghéan d'aimḋeoin m'intinne
tre feirg ret aigid nuaiḋe,
a deirg raighil rosguaine.

37 Ceileabhrad duit—dia do mhóid;
mei-se ag gluasacht, a Gearóid;
do seachna ar neach nior dú dam
muna beat tú dom threagad.

38 Fear aithe na n-uile ceard
dom threagad truag an díbeirg;
gá dú act ní aithighe inn
gid tú as aithighe i néirinn.

39 Feabhas t'aithe, a fir Teamhra,
córaidhe dam doimheanma
t'anáir faoi ó nach fuighinn;
fagáil gnaoi do gnáthughinn.

40 Dar leat noca rabha riam
id bhruig, a bharr na bfinnchlaidh,
is ná faca siubh sinne,
a fir datha Duibhlinne.

41 Dá dteagmhainn duid ar druim róid
seochain do Géabhra, a Gearóid,
gan mé ná tú rinn do rád
agus rinn clú ar mo chomrádh.

42 Beag má do-beirim aithe
ort gid adhbar machtnuighthe
mar do-chuaid t'aigneadh tar ais
uainn ar gcaidream bar gcádhais.

43 Ní chongbha t'agaid mhóir mhoill
fead a haithinte druinn;
deacair dam aithe uirre
gan car aighthe druinn-ne.

44 Dar leat ní tu-sa a-tá ann
gér dhlúth dá chéile ar gcumann,
nó no ní mei-se mé féin
gid bé dan treise a choibhéim.

45 Baramhail aithe agam
a-tá, a chaoch fial fadhradhonn,
ar do glár 's ar gné t'aighthe
gid lán mé doid mheraithe.

46 Gé aithim t'agaid gcorcra
is t'uchd solus somholta
t'aigneadh ní aithim a beag
aithgheim doid chaidream caithfead.

47 Ní hé a ġuċ as ġaḃċa orm
mo ḃioḋḃa, a ḃarr na ḃfiarċorn;
do mheallaḋ, a ḃionnśiat Ḃreaġ,
d'iomlat teanġaḋ ná tigeaḋ.

48 Is faoi leis an ḃfear do ċum
Duit sġéal aimhleasa oram
Gion go nóéine inn d'ionnlaċ
sinn dá ċéile coimḋiomḋaċ.

49 Ní hé ná baḋ éiḋir lat
a ċosg, a ċiaḃ na ḃfionnśiat;
a mbí im ċeann Gion go gcoisge
[do-sní] dream as diaċoisge.

50 Gion go gcoisge an gcaiḃḋim mbig
do-ní orm cion naċ ceilid,
cogaḋ na gcuraḋ coisge,
pobal Mumhan mionfoisde.

51 Do ċoisgis cogaḋ ċlann Luirc,
do ċeartuigis ċloinn Saorċuirc;
ceaḋ fa gcoisge na ríoga
's naċ coisge m'fear eissiodá?

52 Eadram agus m'fear cionaḋ
lib Gion go reiċ réidioġaḋ
réid uaib Urmhuma is Éile,
sluaig urlamha aigméile.

53 Laignig i leiċ do ḋroma
fraoċ mar éirgeas eadorra
tú don ċéadġuċ ga gcosg soin
do ḃrosd ar n-éagnaċ oruib.

54 Do réidig do neart a-miar
snaidm cogaid Ċloinne Uilliam;
truag ar réidig do rosg glan
's gan ċosg ar n-éinfir falaḋ.

55 Mar sin dámaḋ loinn lib-se
do ċoisgfide an gcaiḃḋim-se;
tig díb i Ċairbre do ċosg
is airge an tír le a dteagosg.

56 Ní ċluinim cogaḋ dá méaḋ,
a larla Inse finnġréag,
naċ coisge ó naċ ceile
Gion go gcoisge ar gcoilliḋe. Iong.

57 Saor, a Eilionóir, ar m'fheirg
t'aghaidh leathain mhóir mhinoeirg;
gé tá minoeirge ro ghnúis gloin
ní 1 gcúis oíbeirge deargthair.
58 A Connacois Cóigid Mumhan
nar luigh ar lucht ealadhan
gid tuar mo dóirre a-dire
ní toille uam oirbire.

Iongaib.

102

EOGAN MAC AN BAIRD cct

1 Leannáin fileadh síol Suibne
treoin nach tráigh le cianchuimhne
caor shlóigh ren doiligh deabhaidh,
róimh an oinigh d'oileamhain.
2 Lóchrainn oinigh Éireann Cuinn,
sliocht an Athamháin álainn,
an táin ó Thulaigh na n-Art,
curaidh gan ghráin re nguasocht.
3 Ní chaochlóidh cuing a n-oinigh
's iad don éigse as fóiridhin
iolghánaigh gan oil 'n-a gceann
le goimh iomdhádaidh Éireann.
4 Is riú beanas a bhríogh sin
"gnáth rath re cois an chaithimh";
tréad Suibneach na saoirfear mbras
fuigleach aoigeadh a n-ionnmas.
5 Laoich as cisde do chiaraibh,
leomhain síl Néill Naoighiallaigh,
slata cumhraidhe Crú Airt,
as urlaimhe clú [ó ar] gcosaint.
6 Na Suibnigh-se ó Bhrogh Bandha
téid tar cách a gcomhardha,
fréamh ríogh ar nach ceiltear cion,
síol ó ngeintear an gaisgeadh.

7 Eanghnaṁ is oineach Gaoidheal,
tréidhe as cóir do chommaoidheaṁ,
slata nach claon re comhaidh
acha ar-aon ar aroḋain.

8 Mairidh acha go nua a-nioḋ
flaith leanas lorg na sinnsear
ar chuing réidhe a nduas do dhíol
ar féile 's ar chruas gcaithṁíoṁ.

9 Ruaidhrí mac meic Maoil Mórḋa
d'éifeacht is d'ainm onórḋa
is oirdhe don chuaine ór cin
ar choiṁdhe uaille an oinigh.

10 Méin oinigh aicme Suibhne
fa ngaisgeadh ar ghlanchuiṁne;
is sgath uaisleachta Cláir Cuinn
fa nguaisbhearta áigh d'achuingh.

11 Arsaidh cródha an chroidhe bí
dan hainm Ruaidhrí mac Ruaidhrí,
aoibhealltuir dar ghiall an gall,
saoileachtain cliar is curadh.

12 Airdheanna flatha fíre
's fós rath a fréiṁdhíne
aoibhgheal dá n-agtar gach ní
i saoṁhach rathṁar Ruaidhrí.

13 Réim tairṁgeartaidh tarla fadh
ó aois leinḃ an duinn dheachnadh;
toil úr 'n-a méin mar measdair;
céim ar gcúl níor chuireasdair.

14 Aithreantar 'n-a féile sin
beith dó ag dial re a aithridh
'n-a dhearbhgoil lúidh is láṁaigh
's 'n-a mheanmain úir iolḋánaigh.

15 Síol Suibhne na dtachar dte
mar bhíos 'n-a bheartaibh féile
dá dteinnleanṁain ní treoir gheall
i seinleabhraibh eoil Éireann.

16 Sgéal fiadhnaighte fada ó shoin
fríoth ar féile na bhfear-soin;
ní sgéal é ar nach cleachtar cion
's ar fheartaibh Dé dá ndídion.

17 Ua Murċaiḋ Mir Maol-Muire
lá éigin ar aṁsoine
do-ċí cléir 'n-a aġaiḋ air ;
fa dainiṁ céim 'n-a gcoṁair.
18 Iar dteaċt leo dá láċair sin
ráiḋid ris an ḃfial ḃfaoiliḋ
naċ géaḃdais gan fíon 's gan ór
's gaċ ḋíol 'n-a éagṁais d'urṁór.
19 "Tigid don treiḃ i ḃfuil m'ionnṁus
liom" ar an t-óg aisdearḃras
"ní cuiḃid id d'éara ḋaṁ
's do-géaḃa siḃ ḃar sásaḋ."
20 Diúltaid uile deoiḋ i ndeoiḋ
dul leis ar áis ná ar ainḋeoin
muna aomaḋ gid bé a mbreaċ
aċt é d'aoraḋ gan fuireaċ.
21 "Fíon ná ór, ionnṁus ná croḋ,
ní fuil agam ar iomċar
ní do ḋíolaḋ ḋáṁ buḋ ḋéin"
ar an riḋaṁ sáṁ soiléir.
22 "Do ċim-se" ar duine don ḋáṁ
"fáinne óir fad ṁéir meaḋáin;
ód gruaḋ gléaḋonn go ngné báin
ní géaḃam gan é d'fagáil."
23 Cloċ uasal go n-iomaḋ buaḋ
do ḃí san ḃfáinne ḃfionnfuar
is fa séad rioġ an ċlaċ ċorr
dá ḋíon i gcaċ nó i gcoṁlonn.
24 "Bad liḃ" ar sé "coiḋċe, a ċliar,
mo ċloċ is m'fáinne ar aoinriam
's gan m'aoraḋ dá aiċle ḋuiḃ
do ṡaoraḋ m'aiġċe oruiḃ.
25 Ann sin do rad Maol Muire
a láiṁ 'mun id órḋuiḋe
s nior féad cor do ċur ḋi
ar gcur a croḃ 'n-a ċéile.
26 'A ḃuain díot dá ndeaċaḋ ḋuit"
ar duine don ḋáṁ orrḋruic
'is í ar mionaiċne, a gruaiḋ geal,
naċ tiḃdairċe uaiḃ ei-sean."

27 Imdeargtar im Maol Muire
re comrád an cliaruide
nach [biad] sgéal 'mun fáinne air
méar a láime gur leadair.

28 Tug a méar 's a fáinne óir
re cois a céile i gcéadóir
do réir a oinig fortuil
don chléir doiligh diogóltaig.

29 "Do-cimid i gcomgar duib
cuideachta, a meic meic Murchaid,
ag so [ar gcomairce] far gcoir
ón ollaicme" ar na hollaim.

30 "Biod lib comairce agus ceall"
ar sé ag sillead 'n-a timcheall
"a dreichfeadna go ngné gil,
gid bé ceichearna ad-cíchr."

31 Sillis ar an gcléir gcéadna
's ní fuair an geal gnúisdéadla
ar ndéicsin fa seach mar sain
neach dá éigsiu 'n-a fochair.

32 Mar do féach ar a glaic ngil
iar n-imcheacht don dáim doiligh
fuair méar a láime ar a láim
's a fáinne—fa séan sodáin.

33 Geall oinig tar gach aicme
fuair ei-sean 's a chiodlaigthe
—nior thais a ndéagsain don dáim—
's an séad-sain ar ais o'fagáil.

34 Clann Suibne na dtachar dte
ag leanmain luirg a céile
laoich as cruaidhe ar cúl a gcleas
ón húr gach n-uaire an t-oineach.

35 Aithbeodad guail a Gris-se
a-nois do-ní an Ruaidri-se
ón beo a-nú a hanam uaidhe
dá marann clú an chéadchuaine.

36 Ar tí óigfir Aird na nGlas
ní tearc le n-iarrthar ionnmas
ag so cailg na fine ó bfuil
file gach aird dá féachain.

37 Lorg a ṡean—gá niaṁda ní—
leanaiḋ Ruaiḋrí mac Ruaiḋrí
cruċ fial ón faiḋe meaḃail
ḋial aige re a n-airrḋeanaiḃ.

38 Mian leis-sean ar ċóir gconfaiḋ
ḋáil a airm ar eaċtronnaiḃ;
's í áil an ḋiombáis ḋonnġloin
ḋáil a ionnmais ḋ'ollaṁnaiḃ.

39 Ní ċeasḋa ó beiṫir Ḃanḃa
beiṫ lán ḋ'eagna uġḋarḋa
—ceaḋ aċt túr ceasḋa ḋá raṫ—
's ní ċeasḋa lúḋ ná láṁaċ.

40 Ní ċeasḋa oineaċ iomlán
ón óg faoiliḋ aiġioḋnár
gnúis gruaḋnoċt go ḃfáilte ag fleiḋ
is láinte a gruaṁḋaċt gaisgiḋ.

41 Láṁ ṫréan as ṫréiṫe le fann,
múr cloiċe le huċt n-eaċtrann,
troiġ ṡeangán as tromḋa i ḋtreas
comla is ḋearḃfál re ndoilġeas.

42 Ḃás cró ar a gceiltear fala,
mionn curaḋ Ċláir ríoġloġa,
gus draige óna ḋeacar ḋul
gan feacaḋ aige aċt ḋ'ollaṁ.

43 Fuil Néill Naoigiallaiġ na gcaṫ,
fuil Briain Móir meic Eaċaċ
id gruaḋ mionġlan eang ar eing
—gá ríoġraḋ do b'fearr d'Éirinn.

44 A meic Máire naċ muiḋ mionn,
roġa Gaoiḋeal tá id ċimċioll
coill gan ċuiṁne crann ḋoraiḋ
clann Suiḃne is clann Conċoḃair.

45 A sbraic ó n-anann t'foġlaiḋ,
a ṫráiġ toraiḋ ḋ'ollaṁnaiḃ.
ḋan ḋeoin gan éinfear ḋ'oba,
a ṫreoir féineaḋ n-ánroḋa.

46 A mealltóir seirce seangḃan,
a ḋraig as cian ċeileaḃraḋ,
a ċongḃáil na gcleas ngoile,
a ṡeas urláir iorġoile.

47 Cairt 'ga féile ar fágáil gill
Mairgréag óg ingean Féilim,
doigir do dóinnfiod ó nAirt
coinneall an oinig d'adaint.
48 Cur a clú rug do rogain
pailm Cuba Clann gConcobair
ciad Cloideach dan cóir molad
soideach óir na n-ollamhan.

Leannáin.

103 BLOC D

AOD MAC DIARMUDA MAC AN DAIRD cct

1 Le héanmhnaoi cuirtear clú ban
a clú ó coimmeas ga cur;
ní riomh do-cóid ar a crod;
i ndiol sgol is dóig a dul.
2 Sí ag comhroinn cruid mar as dual
mar do foglaim ón fuil riog
bean do fréimh Uidir fa an-iar
ag réir cliar dar doilig díol
3 Siad gan teacta i n-éantoig óil
freasdal nocar féadad dáil
rug dá toig caithme don cléir
nar léir faigte a-moig ó mnáid.
4 Le a bfraicsin 'sa bfaigte ón mhnaoi
dá haigid do aitrig gné;
le sgoil fuair do hadnad í
ní fuair sí le hadbar é.
5 Díol dáil do réidig a-ris
ris an dáimh gan déimh nóis
cóir déine go doire cnuais;
guais na cléire roimhe ar Róis.
6 Do dlúthaig ar dáil a flead,
ar dáimh nior cumdaig a crad
teag óil ó céile ga cor
tóir sgol ar an mbéinne mban

7 Féactar a dúthracht dá mnáib
dá dúthcas gan déanamh lóin
tug deibeadh ar chuirm do chéir
na cuirn féin fa dheireadh dóib.

8 'N-a thiomchal do-chuadar cor
—iongnadh 's gan guasacht 'n-a gar—
sreabh nar dhomhain dóib go dtí
ag cur amhuin ar bhróin ban.

9 Bean d'fuil Uibir as dían dó,
ní fhíoch le sgoil rige ria,
fríoch orra le a car i gcló,
crú Colla gan bladh ní bia.

10 Mar sgaoiltear ar fleidh a luag
do-geibh gach aoinneach ler b'ál
—ní chuir sí áireamh ar fhion—
dáileamh 'ga díol go dtí a thrág.

11 Sí dá chonn gan chradh ó chéir
a bladh ós a gcionn do-chuaidh;
tug 'n-a héanar díol do dháimh
ar mnáib ríogh do-bhéaradh buaidh.

12 Inghean Con Connacht fa a-miar
an sgol gidh docar do díol
do chuir sí glas ar a glór
nach mór go gclas í fa fhion.

13 I ngach céim 'n-a moltair mná
is obair nar éirigh leo
barr tar an mbladh chuilleas tú;
clú ban ód choimheas fa cheo.

14 Do guais cléire naoidhe a-mioch
do mhaoine ó chéile 'ga gcor,
croidh le dáimh ón bhéinne ban
gal t'fhéile do-cháidh fan gcroidh.

15 Don fuil Ragallaigh ní ró
dagurraidh le cor do chú;
cia as cneasda le a cor id chló
do thogh do ró teasda tú.

16 Dod thol i gcrothaib do-chuaidh
—ní cosmhail gur coslad sáimh
tig dot fhaicsin re seal suain—
fear ag buain id ghaisdib ghráidh.

17 Cliar naoidhe do-cáidh tar ceart
do mhaoine óg mháidh ar a n-iocht
sgol do-cóidh gan adhbar ort
socht ar bhróin mallbhan ós mhiocht.

18 Tearc, a Róis, ar mhodhaidh mná
bean as cóir do chora id chló;
croidh do thabhairt tar ceann clú
do mheall tú an mhalairt as mhó.

19 Mar théid i gcoill crann ós fiodh
barr dot féile ní bhoing bean;
súgh cuain ó ollamh do fan
craidh far donnadh do ghruaidh geal.

20 Beiridh oraibh d'uamhain sgol
gur thogaibh id ghruadhaibh gal
folchar róibh ar camháir croidh
sgor dá ngabháil dod bhróin bhan.

21 Gnáth le Róis donnadh 'n-a diaidh
's nach dóigh ar a bronnadh béim
do cuireadh siar duais le dáimh
far ghuais dáibh i n-a bhfiadh féin.

22 Dubh fada lón aoigeadh uadh
dá maoinibh ní mór do féagh
bean ag díol aoigeadh fa ól;
lór an fíon do sgaoileadh sgéal.

23 Do éeird ríogha a cur i gcéill
an ghníomh-san do gabh do láimh
coinne ríogh far bhaoghlach buain;
a síodh d'uaim d'aonghuth do b'áil.

24 Bean don fuil Uibhir-se ag cuan
i n-uireasbhaidh cruidh 'ga clódh
gémadh aithgearr í fa fíon
ní bhí díol Aifreann gan ól.

25 Nior b'iongnadh bladh d'fagháil uadh
a croidh do rodháil 'ga riar
sgol i n-uicht ar-oile ag ól
gur mhór an lucht toighe a dtriall.

26 Díol cruidh nior cosmhail dá éis
sa mhodh-sain acht do mhuin nóis;
fiú a bhfuil dá dhioghbháil re duais
guin cruais i ríoghmháidh ó Róis.

27 Tánaig soin do chumgha cáig
nochar urmhais dul 'n-a deoidh;
le a dtéid 'n-a teagh i n-am óil
ní hóidh le a fear a chrann ceoil.
28 A choil dóibh dá éis níor aoin
mar do léig le Róis a rún;
i n-a eachtra ní fuair bríogh
teachta ríogh do-chuaidh ar gcúl.
29 D'éis a dhol don dáimh a-ris
dá croidh 'n-a láimh ní léig Róis;
tarla ag an gcléir ón chronn chuais
a duais trom go réidh ó Róis.
30 Ó mhnáibh ar bladh béaraidh sí
a béal ar réaltain ag ré
dá rabh i n-a goire ar ghnaoi
is bladh do mhnaoi oile é. le.
31 Fiú ar dháil Mág Machgamhna dóibh
dámh as rodhocra do réir;
riar sgol is doilig 'n-a dhaidh
oidhir Briain gan chroidh ón gcléir.
32 Ar chur treasa beiridh buadh
deighfir as deacra do chládh
go rug doimhgrian ar gurt gliadh
fian Oirgiall fa Art san ágh.
33 Tarrsa nó go dtéidh ar ghnaoi
ar gach céim do chosain [sé]
d'fóir Uladh 'n-a béim do bí;
do chléir fa ní is uimhal é.
le.

104

MAOLMHUIRE MAC CRAITH ccc.

1 Mairg caitheas dlús re dhalta
más fíor d'éis a deagsgagtha;
beith dar ndaltai-ne ag dréim rinn
céim fa lagfaidhe ar luaighill.

2 Cearo Gofraoa as glan criode
as cumdac ar gceirdei-ne;
maith blát a oideachta air
do b'fáth coigealta ar chiontaib.

3 Ní [rinn] beireas a buide
gloine gréasa ar ndaltai-ne;
mallacht gach dalta uaid air
snuad a nglanta ar a gréasaib.

4 Adnad orm do b'feidm deacrach
dom charaid dom choimleabthach;
doidéinme cion—buid cion dúin—
dom fhior choimérme is chaomhrúin.

5 Má tá díograis an dalta
ar ti cor re a comalta
'n-a fhior chonganta is cáir dam
náir do bronndalta ar mbráthar.

6 Beith d'Ua Dálaigh as dréim ruinn
d'éis a oileamna aguinn
mar saoilim a theacht tiocfa;
maoidim neart is neimhchionta.

7 Ionann dúinn gliocas is gaois
ionann leabhair do léaghaois
'gun mhóroide do mhún sinn;
córaide cúl rér gcointinn.

8 Cia an compánach nó an cara
as iontaoib d'éis Gofraoa?
do léig 'n-ar n-ucht a aithne;
do thréig lucht a leasaighthe.

9 Má do geall gabháil rem thoid
—deacair cointinn re caroid—
dá gealladh is docar dul
tar focal teangadh chathadh

10 Sgéal beag leam a los Gofraid
dá leantar dá labharthaib;
is ar an dTánaig táir sain
cáir d'Ua Dálaigh a déachain.

11 Tionólais Meadhb—meabhair leam—
ceithre hollchóigidh Éireann
i ndeoidh na tána ó dtigidh;
sgeoil a hádha uaisligidh.

12 I nUlltaiḃ go n-iomaḋ fear
noċa gcuala ón ċeas naoiḋean
re huċt bféinneaḋ mear Meaḋḃa
fear aċt éinfear infeaḋma.

13 Fir Éireann ó Meiḋḃ a-maċ
Cú Culuinn a huċt Ultaċ
buaiḋ a gcéimeann ag an gCoin
is sluaig Éireann 'n-a foċair.

14 Cú Culuinn an ċroċa buig
níor fágaiḃ áṫ an ċomraig
gan éaċt gaċ aonlá uaḋ air
do sluag na gaoṁmná a Cruaċain.

15 Ní fuair fa ḋeoiḋ—deiṁin leam—
Meaḋḃ ar ngríosaḋ fear nÉireann
neaċ sa ḃeirn ar ḃéal an fir
—sgéal ag Meiḋḃ ar a muinntir.

16 Cuiris fios uaiṫe ar fear Diaḋ
Meaḋḃ Cruaċan na gcreaċ n-imċian;
tugaḋ gin go ndearna ar ḋlig
go pubal Meaḋḃa an miliḋ.

17 Gealltar lé a lán do ṡoċar
d'fear Diaḋ ar a ḋeonoċaḋ
dul san áṫ ar Ċoin gCuluinn;
ag soin fáṫ ar n-uraguill.

18 Gealltais fionnaḃair fuair bloiḋ
d'fior Diaḋ ar ḋruim gaċ soċair;
do ḃa searḃ leis ar laḃair
Meaḋḃ go feis le fionnaḃair.

19 Dá ngealltaḋ Éirinn d'fior Diaḋ
ní ṁeasaim ná buḋ miċiall
ar ċosg bfeaḋma ċliaṫċa an Con
briaṫra Meaḋḃa dá ṁealladh.

20 Inntleaċt Meaḋḃa Muige an Sgáil
mealladh mac Diomsaċ Daṁáin
do léim a ċomalta Con;
céim as roḋocra rugaḋ.

21 Fear Diaḋ agus Cú Culuinn
luċt aonfeaḋma is aonfuluing,
luċt aonlúiḋ i ngurt gaisgiḋ,
luċt aonrúin is aonaisdir.

22 Ionnsaigis áit an comraig
Fear Dia go nolús iomformaid;
sé 'n-a clú meabla mairid
Cú na hEamna d'ionnsaigid.

23 Caicid ainn-séin rer-oile
rinn a n-áig 's a n-iorgoile,
diamair a gcéimeann 's a gcleas;
d'fianaib Éireann do b'áineas.

24 Cú Culuinn do cardaois mná
do coigil-sean an céadlá;
Fear Dia ní coiglead an gCoin;
ciall 'n-a gcoiglead nior cosmail.

25 An ga bulga nó gur buing
i bFear Dia ó Coin Culuinn
troid beo fa comtroime cor
gleo na concloinne curad.

26 An ga bulga ag Coin Culuinn
iomarcaid narb ionfuluing;
Fear Dia nior clisde ar an gcleas,
cisde ris nar ciall coimmeas.

27 Rug Dia breit i na breit cóir;
tuitis mac diomsaig Daimóin
mar fuair sé an géarga dá goin,
is téarna an té le dtorcair.

28 Mar do cuaid d'fior Dia a druim
re comaltas Con Culuinn
guais liom a dul d'Ua Dálaig
cur i gcionn a compánaig.

Mairg.

105

Goffraid fionn Ó Dálaig ecc

1 Maig an locd airdriog óige
tnúd cáig ris is romóide;
a criad 'n-a óigríg do bfearr
dá gac iad fóidmín fairseang.

2 Do chéis Mág Carrchais Cláir Breag
ar cosnamh críche a sinnsear
eich do géagslataibh cleas gcuill
ar sdéadmhacaibh eac n-áluinn.

3 Do chéis bonnsacha bláithe
ar ruaidhsleaghaibh rionnáithe
—tuar annála don ghéis ghil—
do chéis camána ar cloidhmibh.

4 Mar sin do chéis trealamh leinn
d'furtocht Teamhra—toisg neimmeirbh—
fear fonnmhar na bfonn sgathach
re ndoibrad Conn Céadchathach.

5 Lá do-chuala-sa an Conn-sain
i gCruachain guirm gealdorrsaigh,
lucht altruim Cuinn agus Conn
go macraidh chruim 'n-a chiomchall.

6 Conn Céadchathach na dtreas dte
do-connairc ar gcur báire
san mhag fear go n-eirreadh druadh
an seingfear fa mear marcshluagh.

7 Gluaisis an draoi go dána
cuca i gceann na hiomána;
tug ar fonn na faithche an fáidh
ar Chonn aithne san iomáin.

8 Deannaigis 'n-a deagaidh dó
do glór féata nar ónna
an draoi do eagair fonn fáil;
do freagair Conn i gcéadáir.

9 "Cia tu-sa nó gá tír duid"
ar Conn an chrotha nuabuig
"gér cóir grádh do gné t'aighthe
is lán mé dod mhearaithne."

10 "Do b'iongnadh oidhre t'athar,
a mhic, i n-ar mearacadh;
fuair sinn gnaoi 'n-a gnaoi coimse;
fa draoi inn dot athair-se.

11 "Is é do mhearuig mei-se
an feidhm-sin re bfuilei-se;
fuair mionbandha fa chách cor
nach thráth ríoghdhamha readhradh.

12 "Teamair Breag i mbíod Féilim
Dá bfeasda, a Chuinn cheisséimsing,
Glóir an baile mar do báid
Ní bad dóig t'aire ar iomáin.
13 "Tread dá daingne ní déadaid
Gan losgad ó Laigneadaib
Mun ráit gcuirr saorchloćaig sin,
A Chuinn ćaomćrodaig cheisgil.
14 "An bóroma fa dú daoib,
Ga tabaċ a-tá Catdoir;
Gan toċt re Catdoir, a Chuinn,
Is tatdoir ort a n-abruim.
15 "A-tá—gá truime coma—
Ga breit leis an mbóroma
Bró ban mallabrać gruad ngeal
Ag sluag lannarmać Laigean.
16 "Le huabar airdrioġ Laigean
Múr Teamra do trochlaigead
An port i suidheoċtaoi sib;
Is olc fuileongtaoi a faicsin."
17 Ó 'd-ćuala Conn ćrioć Muaige
Orćra Teamra taobuaine
Tug dá ćamán orćar uad
An conćar fallán fleadhfuar.
18 Tug Conn an ćroidhe meadraig
Béim dá dhruim le domeanmain
Mun bfroigid slaitleabair saoir
Dtaitneamaig roigil roćaoin.
19 Fear ga raibe ciall ćaide
Conall Cruaćna a ćaomoide
Tug ruaćar ar a ćúl Conn
Go múr Cruaćan go Conall.
20 "Créad mar ćoisgis dod readhrad?
Caide cúis do dhoimeanman?
Ná séan" ar Conall re Conn
"Do sgéal oram, a anam."
21 Do ráid Conn do ling loingse
"Is mór abhar m'attoirrse,
Teamair gan teaglać gan teag
Meadair Teamrać ar dtoirneadh.

22 ''A-tá ag cur orm, a oide,
Teamhair mar tá i ndochroide;
tarla cor don lios rem linn;
gan dol dá fios ní fuilngim.''

23 ''Léan Teamhra ná tabair d'aoid''
ar Conall re céid mbarrchlaoin
''i gcléit cogaid ní dú dol
's gan tú go habaig aosmar.

24 ''Léig fós d'iomcosnamh Éireann,
a Chuinn na mbas mbairrséimhseang,
a folt laigleabar chlaid gcam,
an ret aibgeagad agam.''

25 Do ráid-sean—fa rád soraid—
nach anfad ar éanchomaid
port fa dion d'fearaib re head
Teamhair na ríog go roisead.

26 Ráit Cruachan na gclad sgathach
do fágaib Conn Céadchathach;
neamhuis a dtorann ó a dtoig,
leanais Conall an Conn-soin.

27 Tionólaid a-noir 's a-niar
Connachtaig na gcorn mbairrfiar;
'n-a mbróin truim mheammnaig san mag
ag leanmhain Chuinn do-chódar.

28 Ladaid go n-iomad tionóil
an chuid-sin d'fiad Éiriomóin
mun óigfear nar b'ónna smacht
's an cóigead cróda Connacht.

29 Go hoirear mBóinne buige
tiad sin—suairc a sochruide—
tóir chrom ag druid re a ndalta
[mar] rug [ar Chonn] Connachta.

30 Do bí ag Cathaoir don taoib theas
slóg laigean i na loingeas
láim re Bóinn mbreacclochaig mbláit
'n-a mbróin neartchathaig neamhláit.

31 Mar rángadar uct re huct
laighnig is cóigead Connacht
fa reachtmar deas a ndeabaid
san treas neartmhar náimhdeamail,

32 AR NDOL DÁ N-ÁIREAM UILE
NÍ ÁIRÉODAD ÉANDUINE
ÁR TROM AR TOLCAIB RE A DTAOIB
GO DTORCAIR LE CONN CATAOIR.

33 SUIDIS FÉIN I DTIG TUATAIL
GABAIS ÉIRINN N-ÓRCUACAIG
TAR ÉIS FÉILIM DO BÍ I MBROIG
AN RÍ AR ÉIRINN GUR FUASLUIG.

34 DO GÉIS CONN RUDRAIDE RUAD
IS CONN CLIODNA NA GCAOMCUAN
DO GÉIS CONN MEAR NA MAOILE
RES AN NDONN NGEAL NGRUADNAOIDE.

35 AR FEAD FIODBAIDE ULAD
IS COILLTEAD NOLUC NDEASMUMAN
DO CROM GAC DLÚCCOLL DACAC
RE GCONN GCÚLCAM GCÉADCATAC.

36 GÉABAID DOMNALL MAC DOMNAILL
MAR SIN ÉIRINN N-IODARDOINN,
SGÉARAID GO SÉIM RE SACSAIB
AN RÉID BFÉARAIG BFLEADARSAID.

37 A-TÁ ÉINCÉIM D'AICRIS CUINN
NAC DIONGNA MAC MEIC DOMNAILL
DÁMAD Í A CÍR TÍR A SEAN
SÍ RE RÍG NOCA ROINNFEAD.

106

EOGAN MAC CRAIC CCC.

1 MICIO CREIDEAM DO CLOINN NÉILL
'GUN CLOINN AG NAR CREIDEAD DÓIB;
NÍ FÁS DO-NIAD TAR ÍB NÉILL;
NÍ LÉIR CÁS NAC IAD DO FÓIR.

2 DÓINN DÁ CÍ NA NDUMAC NDONN
AGUS TULAC NA DTRÍ BFIONN
SGARTAR FEASDA RE FÉINN GALL;
CLANN NÉILL AS CNEASDA ÓS A CIONN.

3 Slat orrdraic ós fine Néill
smacht Cormaic ar Mide móir;
Banba gealCuinn taoib re taoib
fagla í Maoil Eachuinn do fóir.

4 I leit fagla ós ead a-tá
an Banba gomad bean dó
ní bud rogar do cleit Cua
fogal nua i ngach leit don ló.

5 Lia sgor an mongabraig móir,
lia crod ag ollamnaib uaid,
lia a coin—ní ceilte ar an féinn—
teirce a ngéill soin is a sluaig.

6 Lór a mionlacht i múr ban,
lór a riogdacht—ní rún mion
a cur uilleannach arm sean
badb dean ní huirreamach d'fior.

7 Ua Colmán ó Cruachain caoim
is buachaill d'orlár an áig;
tugad treas gan fiadain uaid
an treas uair ar n-iarraid áir.

8 Béas don deigfear car a clú
an dan bus deiread don ló
éact uaid le mallgotuib mná
lá an uair do dagmoctuig dó.

9 Ní béara céim ar a cúl;
a réir ní gébda gan giall;
ní héidir le huct an riog
dion an céidfir i ngurt gliad.

10 Luct donnbrat i ndeagaid ruag
ar ceanaib fa Cormac Óg;
feidm ar crannaib um ceann ngréag,
sdéad seang ar barraib a brós.

11 Lán dearnann do gormga géar
is seanlann tromda re caob
is am crann reamar dá riar;
nior iarr 'n-a leanb crann caol.

12 Ar bfuigle re a agaid n-óig:
"blagaid bruigne blagaid ruaig,
min ag dul go toruib tríd
gan brug 'n-a mbíd d'fogail uaid."

13 Ní ċaraid socraċt ná síod,
do-ghabaid docraċt is duad;
ní basgad ar iorghail t'fhian
asdar cian ná ionmuid fuar.

14 Réid bi ó theaċta doo choigh
—gá ní as deacra ná dréim rib—
laoiċ ler b'áil i ngleo do goin;
ní leo a bfuil 'n-a láim aċt lib.

15 Banba Airt i n-eidreaċt cóir
tarla id ċairt—is deighneart daoib;
biaid fad eidrib fleadhfód fáil;
do dheimhnigh fáid neamhóg naoim.

16 Lá feadma ní fás do-niad
na feadna re a bfás do ghrúg;
bar n-uaill ná uabar bar sdéad
ní ċruaill do ċéad sluaghad súd.

17 Orrdraic ó ċeanaib do ċlú
a Cormaic do mheadair mná;
fuarad bar n-eaċ, a fir ċró,
creaċ nó [a] dó lib re dá lá.

18 Luċt tilte uile don iat
na litre ċuire go cáċ
fir ris naċ soshnadma síoċ
fríoċ comardda ó dtigh dá táċ.

19 Teas an talmhan is tuar ghnaoi
eas uad gan balbad ní bí;
tuigtear sin ar sionaib Dé
gur síodaigh sé rib, a rí.

20 Mín gaċ maighean, mín gaċ linn,
gan ċaghad re tír ag tuinn;
druimleabair gaċ damhna croinn,
coill Banba i gcuirmmeabaid cuinn.

21 Clúmh na learghort naoide a-nios
—gá ceardaċt as caoimhe ghréas?
a mbia ar coillfhiodbaid do ċnuas
bud sia suas doinnfhiodraid déas.

22 An úir ar n-osglad dá hioċ
ag brosdad ar ċlúmh na gcleaċ;
gid créad rug an mhuir a-maċ
ní fuil rat naċ tug is-teaċ.

23 Gíolla aṫras d'fagáil clú
'n-a anáir labras an lia
rí do ċagra dá ndeaċ dó
mó d'agra na mbreaṫ 'ma mbia.

24 Do bríg feaḋma Géirreann nglan
mín Éireann 'ga earla ċiuġ;
an ré le ria tar gaċ bfear
sia an seal ó 'né gus a-niuġ.

25 Clann Ċaṫaoir is Ċolmáin móir
'n-a comḋáil go caṫaoir Néill;
gid cara ceall ceann an tsluaiġ
do ṡmuain Ceall Dara do ḋréim.

26 Féinnid Ṫeamra ó ċigiḃ sgol
dliġid gan bearna ar a blaḋ;
iomḋa sealg is éaċta ón fíor
cid nách buḋ cearḋ bréagṫa ban?

27 Gaċ ní dá bfuiġe is dá bfuair
an rí ar gaċ nduine ag a ḋáil;
i mbrat Ċormaic sul do-ċóid
slat óir an donnbraiṫ ag dáiṁ.

28 Gá beag beiṫ go gar dá gnaoi?
tar a blaḋ noċa reiċ rí;
fríoṫ 'n-a deigéaḋáil uaid é;
fuair sé go neiṁéagáir ní.

29 Donnaiḋ sleaġa gorma i ngáḋ,
bronnaiḋ greaġa ollṁa ag ól,
gealltar mallḃa ag Airreann uaḋ,
do aiṫgeall souaġ Annla óir.

30 Do ṁaoid tromḋáiṁ ar ċuir Ċua,
goḃláin gaoil do ċuir a ċlú;
fogus gaol deaġllisniġ ḋó;
laoġ bó ón tealaiġ-sin ṫú.

31 Téid re hoigread dat do ḋearc
gan dat as coiṁġeal red ċorp
a gnaoi tar nar b'iarraid Art
sa tlaṫt do baoi ar fiaḋain ort.

32 Ní bia fós teaċ ós do ċoiġ
gan do nós ar neaċ dá mair;
iocfa féin re seanóir sin
neaṁóid gaċ fir dot féin air.

33 Sleasa reamra Déinne Driot
a céile leamna dub lat;
fuarais corn beannchaobach breac
'mar feac Doib gealchaolach glac.

34 I bpurt an Daga ós Dóinn dailb
do-cóid re huct Samna a seilb
tapracha ar cúl gacha cuirn
cuirm ag túr dagcrota ar deilb.

35 Mór file ón bronnad do-beir
bile dar donnad gach dair;
go deorad le duasaib cruid
seolad ón fuil uasail air.

36 Mac Duibe Coblaig ó Chiaig
dá gach duine congbaid cóir;
tug d'anáir do cinead Céin
a ngéill d'fagáil idead n-óir.

37 Clann Colmáin —ní cinead mion —
cinead re congbáil na sgol
na cláir brannaim 's a mbró greag
mó a sead i gclannaib a gcon.

38 Cuid dá riar an miodfann mór
i n-a dtriall Sionann 's a sál;
cuid fineachais doib gach dún
'ma ndún Dóinn bileachais bán.

39 Craob darab cearb ceannach gnaoi,
caor dearg a Teallach Dá Chí,
cleachtaid faire Toige Té
gid bé oile baile i mbí.

Micid.

107

feargal óg mac an daird cct

1 Mór an lucht archraig Éire;
siar tar sleasaib seinDéirre
do-chuaid an tonnbán tráichte
fainn i n-urlár éinbáirce.

2 Do gad a hanam aisde
Éire na gcuan gciomaiste
Dá éan uachtair Chuaine Chuinn
do ruachtain uain-ne i n-aonluing.

3 Dá eite lúit Leithe Chuinn
rugadar san báirc beannchuirr,
críoch na Niall d'éanluct uile,
siar ó fearGurt Úgoine.

4 Ó Néill, Ó Domnaill dion sgol,
Ó Domnaill, Ó Néill neartmar,
glóir Banba i mbáirc na deise;
tráicht falma dá inneise.

5 Aod ratmar, Rudraide dil,
do-chuaid 's gan iad-san d'áirim
cuire san luing-sin tar linn
do chuirrsig uile Éirinn.

6 Rugsad Éirinn is iad sain,
rugsad leo ar fuirig uachaid,
an dá iarla d'fuil na bfionn
tre a bfuil an grianGa i ngéibionn.

7 Bid cách a baile i mbí a dtail;
ana gaoideal guirt fionntain
is toirche craob fuinn Uisnig
ar-aon san luing luchtmair-sin.

8 A bfuil san luing-sin do luct
ní dearna —dia do chumuct—
ar Múr Dá Ti Teach lugaid;
creach mar í ní hionnsaimail.

9 A leithéid d'éinchreich oile
nior gluais Conn ná Conaire
fád fuinid ó thráig go tráig
le Mág Uidir don Easbáin.

10 Caithréimeach an chreach-sa siar
le codnach cacha Oirgiall;
rug dá choróin Cláir na bfionn
don Sbáin is onóir Éirionn.

11 Caithréim mar an gcreich-se a-nonn
ní dearna Tuat Dé Danann
fa chreachBanba na gcall sean
ná clann mearchalma Mílead,

12 An ċreaċ roċrom ruġ tar muir
ní ċiocfaḋ aon dá hiarraiḋ
sgiaċ comairġe crú na neart
tre ċonnailḃe aċt Cú Connaċt.

13 Fa truaġ leis ċeana a ċomġaol
fa ainḃreiṫ eaċtronnmaor
dá dtuġ Máġ Uiḋir a uċt
ar fáḋ fuiniḋ dá ḃfurtoċt.

14 Fa truaġ leis treaḃaḋ Teamra
's clann Míleaḋ fa mímeanma
dar ġluais tuir fionnMuiġe fáil
do muin ionmuine ón easḃáin.

15 Gá dás aċt an trát tánaig
cuirċear leis ó leaċtFánaiḋ
—eaċtra do uaisliġ a rad—
teaċta ar uaisliḃ na nUltaċ.

16 Conall Eogan Inse Dreaġ
gluaisiḋ ainn-séin ós iseal
fa fios caiṫleomain Cláir Sreing
—dáil do aiṫḃeoḋaiġ Éirinn.

17 Do roiġniḃ Éireann ann sin
Cú Connaċt Óg Máġ Uiḋir
ruġ luċt a mórluinge a-mac
tar uċt glórḃuinne ngrianaċ.

18 Do ṡaor Máġ Uiḋir oile
a ruġ leis d'fuil Úgoine
's a ḃfuil dí san Danḃa a-ḃus;
go dtí tarḃa dá ṫurus.

19 Tar bóċna na mbuinneaḋ ngeal
táinig d'furtoċt mac Míleaḋ
long Naoi nó a aiṫgin oile
le flaiṫgin Craoi Conaire.

20 Eaṫar muirneaċ baḋ mó fiaċ
long neartmar Naoi meic Láimfiaċ
re mbraondortaḋ do ḃuain de
do-ċuaiḋ aonoċtar innte.

21 Long Naoi ó ġaċ linn do lionn
ar feaḋ dáilte na díleann
nior léig braon tuile tairsiḃ
dar ṡaor uile an t-oċtair-sin,

22 Fearg losa fo-deara a dáil —
neac beo ar an talmain tonnbáin
nior léig an tuile trom-sa
don uile act an t-octar-sa.

23 Sgaoilid octar na hÁirce
lán d'aoibneas is d'forbfáilte
iar ndílinn fan gcruinne gcé;
na sgríbinn uile m'finné.

24 Luct na loingei-se an luct tall,
an dile fós fearg eactrann;
an Áirc reime an bárc a-bus
teine i ngac tráct ó a turus.

25 Ar dílinn feirge flan nGall
do caomhuin sí sluag Fréamhann
's na cúig tíre im fonn nUisnig
an long síde sioblaig-sin.

26 Gid ionmhuin ní mionann sin—
do saor míle do mílcib
fan ngortmag do gab re hArt
dar an ar [n-octar] d'furtoct.

27 Long eile as aicgin di-se
Argo saor a snoigei-se
—ní riar far dual a dearad—
uad do iarr a hainmneagad.

28 Trí'd sin fuair an t-ainm oirrdeirc
bárc nar lia luct uaibairneirt;
"Long Argo" ón uair-sin i-le
tarla ag na huaislib uirce.

29 "Long Méig Uidir" amla sain
bias ar an acluing éactaig
fuair ón Manéac baisdead binn
arcrac na n-aisdear n-aoibinn.

30 I luing Argo—anba an rac—
do-cuaid an gasrad Gréagac
caor confaid fa teo tionól
dá dtorcair leo Laimeadón.

31 Bárc nar b'féidir rige ria
aisde do hionnrad Aissia
le neart slóig gasraide Gréag,
amsaine as cóir do coiméad.

32 Innte do-ċuaiḋ cian ó ṡain
an luċt do b'fearr d'fuil Ádaiṁ
ag dul do ċaġail na Traoi;
cur 'n-a aġaiḋ ní féadtaoi.

33 Caiṫréim eile amla sain
do-ġéantar más fíor d'eolċaiḃ
le Féaġaiḃ Moiġe Miḋe,
Ġréaġaiġ oile a n-aimsire.

34 Do-ċuaiḋ aṫfoireann eile
i luing Arġo a haimsire
do Ġréaġaċaiḃ ó Ġurt Airt
luċt céadaċair do ċosaint.

35 Ón luċt-sain luinge hArġo
níor iomċuir báirc beannaiṁra
luċt mar ċolumna Cláir Breaġ;
comumla dáiḃ do diġeaḋ.

36 Muna beaṫ inntе aċt iad sin
dá primlarla mac Miliḋ
sgoṫ luinge le luċt baḋ mó
tar uċt tuinne ní ṫéarnó.

37 Do ċuir fáilte ar croiḋiḃ cáiġ
toisg na nlarlaḋ don Easbáin;
's tuġ a nduil tar fairrge bfinn
ġul ġaċa hairde i nÉirinn.

38 Mar measdar trá a dtoċt le séan
nó a n-anamain maḋ éidtréan
biḋ don ċuir-sin ġlóir is ġruaim
ar fóir Uisniġ i n-éanuair.

39 An long-sa do imḋiġ uann
cluinnsin a heaċtra n-ionnfuar
tuġ a briġ im ċurp do ċlóḋ;
a luċt fa-rior is romór.

Mór.

108

EOCHAIDH Ó hEODHUSA cct.

1 Ní dligim aithfear ar feirg;
toil liom ar las dá dibeirg;
nior chuir sí i n-aithnéile inn
ní asan aithréidhe m'intinn.

2 Do-rinneas —do-rinneadh rinn —
fearg nach aithreach rem intinn;
ní caigealtha a chor i mbrioghaibh,
gomh ar n-aigeanta ar n-eisiodh.

3 Ní cúis nach bearta a buidhe
m'fhíoch-sa is fíoch fir ionmhuine;
a ndéadhradh leam agus leis
is téarnamh i gceann cairdeis.

4 Maith séan dar siolad an fearg
eadrom is mac mhic Risdeard;
tonn éagbáthaidh í ar ar ndoirr
is í ar gcéadmháthair chumainn.

5 D'Uilliogh a Búrc nior bheag liom
beith dhó mar chách go coitchionn
gur chomlas mar chritir dte
domlas fichidh ar bhfeirge.

6 Do-beirim mo beannacht dí;
táinig do thaobh na gcoimhe
dul i n-ainm [rónadhmuidh] ruinn
do bhaidh órarmaigh Uhmaill.

7 Dá thaobh fuaramair fear gráidh;
dí tháirtus togha compáin;
gríos feirge as uaibhrighe bruth
feirrde luaimnighe a lasrach.

8 Créad act taithbeodhadh toile
fearg an aosa ionmhuine?
ní ceisd codal ar chneidh slán
mar sein do chogadh compáin.

9 Mo chean fuair an fear gráda
dá ndearnas dóigh teasmhála;
do thuig mé nar dheachar damh
feachadh an té re dtarladh.

10 Gé a-déarḃaoi gomaḋ dóig mé
níor náir leis a los m'éigse
beiṫ tréiṫ oirmeaḋṫa rem uċt
do sgéiṫ ċoingleaca Connoċt.

11 Mi-se foirniata fraoċḋa,
ei-sean go meirḃ míolaoċḋa;
rinn ar mbeoḋaḋṫa gid beag
leomanta inn ar Uilleag.

12 Fillim ar m'ais, anaim ṫall
ón ruaig naċ raċaḋ romam,
gid doifreasdail inn re heaḋ
i rinn coimeasgair cairdeaḋ.

13 Aiṫniḋ damsa mo dóig gliaḋ,
teann mé ar mac meic Uilliam;
na fiallaig as isle d'fuil
bim-se ciallaiḋ fa gcomuir.

14 Gid iomda iomlaoid goine
fríoṫ leis ar lorg n-amsoine
mó a grán-sean a guin dom gaoiḃ
a fuil ná táirseaḋ taṫaoir.

15 I n-iomgoin ánraḋ bfromṫa
múintear mo mic foglomṫa;
ní nar daorċloinn Banba Breag
do maolfoinn arma fileaḋ.

16 Gid bé ar naċ bim-se dána
do-béaruinn buaiḋ dteagmála
d'fuil gliaḋBúrcaċ na dtreas dte
ó eas ngriandrúċtaċ Gaillme.

17 Seaċ slioċt gConaill ċrainngéir
ná admad ón Eogainfréim
beiṫ fam daorċuing maḋ dioċ lais
ná bioċ do saorċloinn Searlais.

18 Fine Gaoideal mo goill féin
dá mbeiṫ naċ biaḋ dar ndeigréir
ar sioċ dá gcuireaḋ 'n-a gceaḋ
gan dioċ ní fuigeaḋ Uilleag.

19 Aicme Briain ['ma] barr ndosglan
's fréam do ṫeaċt 'n-a dtiomċall-san
do ċloinn buig armgonaig ír
s cuid d'adboraiḃ d'fairbrig.

Soruiḋ lé—ní luaiṫe [m'fearg]
buḋ-easḋa re hUa Riaḋaiġ;
do-ḃéara —buḋ tuar toile—
's do-ġéaḃa uam iomṁoine.

Ní ḋligim.

109

FEARGAL ÓG MAC AN BAIRD ecc.

1 Ní fada ón Fódla a táṫ a ḋtuaiḋeaṁain
cáṫ is nuaileaḃair dá fógra i n-aonaiġiḃ;
gearr go snaḋma sí ris na saoirfearaiḃ
rí don Gaoiḋealtuil go mBanḃa braondairiġ.

2 Ní fada coḃair ó Clár Téiṁiḋe
—glár céilliḋe re n-oġair gaċ aonduine;
a-táiḋ dá gairm go Gort nGáiriġe,
do noċt gaċ fáiḋfile d'ainm ar n-Aoḋai-ne.

3 Ó leargaiḃ Finne go Cliaiġ gCroiḃioḋain
biaiḋ an Gaoiḋealtuil ime mar gaċ aoinfeaḋain;
baḋ fogus doiḃ teaċt a ḋtuaiḋeaṁain;
ní baḋ tearc nuaiḋeaḃaiḋ um Ḋóinn mbraoinealaiġ.

4 Eaċtra ḃus doiġ siar fan saoraġaiḋ
le triall i gaoṁluġaiḋ fríoṫ na fáiḋleaḃair;
bearḃar le móirfear amla ar Éinleiġin
slóiġeaḋ céimriġin tre Banḃa mbáinleaḃair.

5 Uaitne na sgol le ḃfuil gaċ fáiḋfile
do ṫuir Gáiriġe ar gcor cuairte an ċlúmaile
do-geiḃtear a laḃra ó leic Laoġaire
ag reic ar n-Aoḋai-ne re haḋḃa nÚgaine.

6 Deiḋ ag a fréiṁ um Ráṫ Bfearaḃaiġ
géill dá leanaṁain iar gcáċ do ċomfoġail
taṫaṁ ar connaiḃ an fóiḋ fuineaḃaiġ;
(orraiḋ) Í Muireaḃaiġ re cóig comaḋaiḃ.

7 O'FIOR Dúine nach dáil as a coirmthigid
toirnfidir Glúine cáil mar as comchubaid;
flaitheas na Banba re teas tuillfidir
cuirfidir na habla theas fa thromchumaid.

8 An t-éasga lán nar loig fa ainbfine
an goil dá tairngire do Chlár Coillmhide
dearbar le hearla na gcraob gcumraide
Aod ag furnaide na Teamra toinnghile.

9 Go hUisneach, go fád mbraonach mBreaghMuighe,
go haonach ar dTeamrai-ne a-tád dá tairngire
na haibne um Chliath 's um Chruachain gcoll-
buide;
le buachaill gormDuibe biaid ar mbuidhnei-ne.

10 Is é Aod Ruad don Banba as baramail
abla an fagabair uad ar a duilleadaib;
dearbthar re húr gach gormfuinn groighiodain
Ó Domhnaill d'oireamain do múr Muireadaigh.

11 Cia san talamh trágh nar tiormuigead?
fa chlár bfionnlaighean fagad umlughadh;
Siuir agus máigh ag gréin dá ngeimhliughadh
a cáir dá deimhniughadh ar féin Urmhumhan.

12 Do dearb gach tráigh um an mBúill mbeann-
foltaigh,
a súil re seanghoctaib an chláir Connachtaigh;
a rogha nuachair dí ní diommoltair,
rí nach iomarcaid ar Chruachain challdartaigh

13 flaitheas Uladh nachar aomh d'ainbfine
anar dá tairngire d'Aod Oirnidhe;
annamh iad nach ba dóigh dá deirbfine;
re triath seimhidhe ní bad cóir coimrighe.

14 Do chách a-nioth ní bad fád fiorchóire
rádh na sídhBóinne fa fior a fáidhchéille
is cóir do-róine Éire aoinchéile
do chéile laochfréimhe Bóinne bláithréidhe.

15 Suidhfid i rádh Néill ós Bóinn bileadaigh
—ní cóir d'fileadaib an chéim do cheilidhmain:
ar dtileadh clár na Teamrach coimeadain
budh neamghuth oireamain dá dáil deirionaigh;
ní fuighe doghruing fa Dún bfearadaigh
Ó Domhnaill ag leanamhain a sh'úin ngeinealaigh.

16 Léigfid Éire a rún le cleith Craobruaidhe
dá dreich thaobhnuaidhe do thúr a síorghlóire;
biaidh go dearbtha ó soin 'n-a sáimhríghe
na tealcha cláirmhidhe i moigh mhionDóinne.

17 Nocha bia fa Raoilinn fear fionghaile
ná ar fead fionnmhaighe aoibhinn na hAlmaine
san thaobh thiar acht folta fiodhbaidhe
gan triall iorghaile fa Chorca caillbuidhe.

18 Nocha bia ag slógh mhór muighe mineanaigh
acht fineamhain uile dá hól ar na haoigeadaibh;
na laoich as lia duais do na deoradaibh
ní bia re a ngleogonaibh guais ar Gaoidhealaibh;
beidh na cúig slóigh calma i n-aonaighidh
san adhba chaondairigh ós Dóinn bhraoin-
ealaigh.

19 Táin gacha críche faoi ní fillfidhir;
ní lingfidhir tíche clár Craoi Conchobair;
créad fa mbiadh comla re cuirmtighidh?
ní chuimfidhir rian foghla a fonnchalaidh.

20 Dlighear do Dóinn gan éara an fuineadhaigh,
do-ghéana Ó Muireadhaigh cóir idir chineadhaibh;
le ríghe a gcadhra geall gach geinealaigh
ceall gach seinnidhair san Bandha bhileadhaigh;
leithbheat le báidh ní bhéara Ó Fearadhaigh;
éara um ealadhain nior bh'áil ar fhileadhaibh.

21 A chríoch ó Dhia ag teacht ar gach tairngire,
ní bia neart ainbfine ar fhíoch a fonnmhuighe;
fan bhfairche síde gcruitghil gcallbuidhe
faghuidhe gach tíre cuirfidh i gcomhnuidhe.

22 A mhaoir um Chliath is um rath ríMhidhe
ar ríbhile as ghnath i nGiaidh gan ghuaillidhe;
ler ngéig ós fiodh an Fódla d'áiridhe
gach fáidhfile dá fógra a-niodh dar nuaibhile;
ní chuimim cóir uirre ag aondhuine
acht aoghaire slóigh ar dTuinne Tuaidhe-ne.

23 Brian agus Conn ag crádh ar n-uaillei-ne
dá nuaibhile fa fál le fonn mbraonDuibhe;
minic ba tréan orcha gach éinfile
na féinnidhe toghta macar éar aondhuine.

24 Dreac subac le brolcair gach fáidfile
le honcoin ngáirige tulach Téi Mide
Más Aongusa as dáig dar ndoidin-ne
rígglle cláir Caomhossa is ar gcéilei-ne.
25 Dúinn a-nois is eagal ar neamgloine;
Peadar neamdaide ar gach n-olc dar
n-iongaire
fáid roinnpeas rem anam a urnuige
aball cumraide danab oirceas ionmuine.

Ní.

110

FEARGAL Óg MAC AN BAIRD ccc.

1 Ní trácht aitreacais d'fuil Conaill
a gcloc cúil an gcéin do mair;
lor do boing casnad do croidiu —
do coill gasrad Oilig air.
2 Ar cosnam cádais an tuaisgirt
an tigearnas do tuill sé
ní fuair guaisgin Caitreach Cearmna;
aitreach d'uaislib Eamna é.
3 Ní montaubta aicme Conaill
a gceannas dó ó nar dáil siad,
nior gab guaisneim re nguin mbaoglaig,
do uaislig tuir Aolmaig iad.
4 An lá nach fuair flaitheas Conaill
ceann rodamnad Ráta Té
is ann bad caointe clann Féilim;
nior b'am faoilte d'Éirinn é.
5 Bás Aoda is gan é do rioghad
rioghrad éactach Áta Liag
ó Teamraig Claoin na gcoll leonta
do sgaoil fa fonn eorpa iad.

6 A ċur fa úir Inse Luigdeaċ
's gan flaiṫ do gairm do Gríḃ Luain
dá ní do sgaoil cáċ ó ċéile
an tráṫ do ṡaoil Éire a huaim.

7 Gan ċur ris um ríogaċt Éirne
do b'fiu oċair aidḃle a ċró;
do bí sé idir ċáċ 'n-a Cormac,
do sgé bláṫ na ndoinnślat dó.

8 Ó ċur na gcrú [is] ċur na gcaṫaḋ
creideamh d'Aoḋ an uair do ṁair
fa ṡíol n-Éanna do b'fiu a doċar;
do-ċiu séala a oċar air.

9 Do b'fiu a fuarḃoṫ oidċe soignéan
's a ṡuan corraċ ós ċionn sdéad
do b'fiu a doċar i gcoill ċaoilṡleaġ
gur ċuill soċar Gaoideal nGréag.

10 Le mórad tuaṫ do ċuill flaiṫeas
le firinne—foirḃde an ċairt—
le raṫ ríog, le coimgeall gcroide,
le sníoṁ goirmreann d'fine Airt.

11 Fós ag cosnaṁ caṫa Éirne
uaṫa gion go n-uair a luag
nior ṫearc ag teaċt as gaċ taċar
fearr is leaċt is aċar uaḋ.

12 Fa múr cloiċe do ċriċ Leiṫḃir
a ḃas fuilteaċ do b'fearr séan;
do ċaṫaiḃ Breag fa ceall ċoṁda
a greag seang is a gormga géar.

13 Ó nar leis Cruaċa is cuan Feaḃail
ní fríoṫ leis-sean luaċ ar ċuill;
do b'é fál a gcreaċ do ċaoṁna
eaċ is láṁ is caoiga Í Ċuinn.

14 Gion gur hoirdneaḋ—anba an míoḃáid—
mac Í Doṁnaill Dúin na Sgiaṫ
ní buḋ cóir aċd caoineaḋ flaṫa
ar róiṁ aoigeaḋ ċaṫa Cliaṫ.

15 Le huaiṫniḃ caṫa Cláir Laigean
's i Leiṫ Ċuinn iar gcriċ a ré
's i ngaċ aointeag do ṁín Muṁan
ċaointear 'n-a rígh Ulaḋ é.

16 Gaisgeadh na cruinne ar n-éag Eargail
do aithbeodhuigh i n-a [fonn]
ní hé féine a-mháin do mhéadhuigh;
dá chrádh céille éadair [ann].

17 Ní mionnaoidhte i nInis Luighdheach
ar luchd caointe na gcóigh n-iath
caoi do dhéanamh go ndeoin dhatha
tre réallain eoil catha Cliach.

18 Na cúig cúigidh-se clann Luighdheach
lán d'eolchuire druim ar dhruim;
fa léan ní dhiongna na daoine,
iomdha néal ag caoine Í Chuinn.

19 Ceithre seardhghaotha iar slait Raoileann
is réalta dhonn as dearg snas
ag druadh re caithim a céile
tuigh ar laithibh gréine glas.

20 Siansa cumadh ceol na finne;
facain tuirse tá 'gun Mhuaidh;
ar chuan Daoile ní fuil áineas;
faoidhe guil ag ráimheas Ruaidh.

21 Cuiridh aithuirse ar fior gcuarta
an ceol tuirse tá san gcuan;
do-dheir caoine ar fior aimuil
faoidhe na sriobh dtaidhiuir dtruagh.

22 Ag caoine laoich Loca Feadhail
faoidhe truagha tógbaidh sí;
is lór do mhaoithe do mhúsgladh
glór na gaoithe ag dúsgadh dí.

23 Ag dúilibh balbha iar mbás Aodha,
gidh iomdha ceana caoi thruagh,
is lia faoidhe badhbh is brainéan
ag caoine a arm raighéar ruadh.

24 Do b'iadh trí dhruighidh na mbrainéan
a bhas fuilteach nar fosd séadh,
a dhornchar, 's a dhoire caoilsleagh,
Murchadh oile Gaoidheal nGréag.

25 Murchadh Siuire, seadhach Muimneach,
mac Briain Dhóruime, barr Té,
níor gabh for-ior adhba Cormaic
gér dhamna ríogh orrdhraic é.

26 'N-a dámna téarna —tuar neamháid —
Naoise éactach na n-eac mbras;
nior léigead faoi róim na ríge
gé do baoi dóig fíre as.

27 Do tuit fós suil fuair a ríogad
i Ráit Dá Coga cian uaid
Cormac na loingse, lám éactach;
fa dál toirse an t-éactbrat fuair.

28 Mac Carraig calma an cur éactach,
Aongus Cláire rer cóir súil
do call ar dóccas a draoidead
barr órcas far saoilead Súir.

29 Mar na damna tú do tuireamh
tug cinneamain bus cian goim
d'Aod eilge gan tác a tíre;
fát feirge na síne soim.

30 Timcheall tigearnais an tuaisgirt
ní turbaid carla ar tuir mBaoi
acht olc d'ib Cobtaig a gcinnead;
nior loct orcaib fillead faoi.

31 Ar olc re hógaib an tuaisgirt
nar togad oirn Aod 'n-a ríg;
ar n-eite lúit do chloinn Craoidhe
do buing tnúth na ndaoine dinn.

32 Guais gur díogladh do dig tnúcha
le taob mílead Múir Dá Tí
an feidm do-niod gleoluct gaisgid;
fa beodact i n-aisgid í.

33 Na catha do cuirdis Ultaig
i n-aoinfeacht le háirsiu liag
le hAod fáil do-beirtí a mbuidhe,
fa neimhni dáib uile iad.

34 Do-géanad sei-sean sluag d'aoinneach
Aod Bearnais ar bruinne slóig;
muna mbeat [a] eac is a ara
do ba [a] leat cleat dala dóib.

35 Glún deireanach gaisgid Gaoideal
a gaol ón trát tarla i n-uaig
mar fine Róig iar gCoin gCuluinn
ó do roig róim fuluing uainn.

36 Dinn do-roigneadh Fiosraidh Uisnigh
ar n-Ard Aoinfhear—anba an clóidh—
nó fiodh crion nó tráigh gan torcar
nó siol dTáil iar Murchadh mór.

37 Nó Tuatha Dé na nduas lionmhar
ar lug Láimhcian dar an linn,
nó fine Néill iar Niall n-Oilig
nó a fian fein iar n-oigidh Finn.

38 Nó an Róimh fhortglas iar bPoimp Máighe
mûr dhuaidheanta Dúin na nGall;
iar ndul faoi dá fláithibh dílse
caithir na Traoi an tír-se thall.

39 Nó an Fhrainc iar Searlas sluaigh Gaoidheal,
nó an Gréag uma ngéisidh cuill
do bí fa bhrón iar n-éag n-Aichil
—is mór an béadh—caithir Chuinn.

40 Aichill mhac Péil na mbeart mbaoglach
do bí thoir go dteasdha sé
neimh [ón] Ghrian áigh ar a armaibh;
nior dháigh gliadh dá faglaidh é.

41 Nior leigis liaigh ná luibh díleas
duine ar ar dhearg—dia do ghlóir—
Aichill mhac Péil posdh an Gaisgidh
nar fosdh ó chléir aisgidh óir.

42 Nior leigeasadh go lá a éaga
éachta a chaolgha ná a chuilg dhuinn;
do bí Aodh amhla 'n-a Aichil
damhna ler fhaomh caithir Chuinn.

43 Neimh a láimhe ón ló do imthigh
d'Ultaibh uile is adhbar cráidh
—an ceas naoidhean do fhás orcha—
tre a bhás aoinfhear Tolcha Táil.

44 Na toirche ar dtréigean a ndacha
—ní dhaoine a-mháin—mór an bhroid;
a-tá ót éag fa cheas cumhadh
meas na ngéag ar ndubhadh dhoidh.

45 Le glór dhuaibseach dhíoglas borbghaoth
ar bhalbh oigread d'fhuighlibh cuain;
a-tá a luach d'fhailmhe san fhiodhbaidh
aibhne ós bhruach re n-iodhnaibh uaibh.

46 Diasa fásá is fiodbad folaim
d'easbaid eire ag éirge suas
a luaċ soin d'isle san foċan
go ngoil tríb-se ag croċad cnuas.

47 Soignéan fiuċaid, aoible teine,
fan dtuaisgeart ag téagad liog,
a-tá a lóg d'fuaire san oigread;
lór do ċruaige ar toirnead tríod.

48 A sil a innib an aieoir
d'fearċain lionmair san leiṫ ċall
teasda soin do bliocṫ ón buarċrod;
ní fuil aċd riocṫ uaṫmar ann.

49 Éaċta mionca, mine is burba,
boga is cruas, is cumann sáiṁ,
na siona dá gcaoi ó ċroide,
a dlaoi díona Moige Máil.

50 A ṁaoideaṁ beag iar mbreiṫ cosgair
a ċnú ċroide, a ċaṫaċ Cé,
a leonad gnáṫ daoine ndearbċa,
a bláṫ naoide Tealċa Té.

51 A Aod Óg ṁac Aoda Í Doṁnaill
nar diult iorgail, nar éar duain;
a dúsgad cealg, a ċeo síde,
a breo dearg an tíre ċuaid.

52 A ṁeic Máire, a ṁórad éigeas,
an uaig i bfuile, a fleasg lí,
ní beag do ṁeaṫ fuile Féilim;
is creaċ uile d'Éirinn í.

53 Más Aongusa ón uair do imṫig
an t-eineaċ uile fuair bás,
iomda gan riar dáṁ dá dearda;
triall tre Ċlár Teamra ní tráṫ.

54 Teasda gaisgead Gaideal gConnaċt
Conn Aolṁuige mar fuair bás;
ní cluinfear tnúd le cor gcosgair;
dol do ṫúr toċair ní tráṫ.

55 Fuair a oirdnead i n-áit Pápa
Peadar cráibṫeaċ, ceann na ngrás,
lán do buaid do baoi san nioRóiṁ
fuair gnaoi ón Trionóid 'n-a tráṫ. Ní tráṫ.

111 Bk O'C p

1 Rannam le Céile a Clann Uilliam
Inis Banba
Ó Carla ag buaidreadh Críoch gConnla
Fíoch bar bfagla.

2 Do sguir cogadh [cur dá] coimhthéan
Fa Ceann tíre;
Do cleachtadh riamh ag cloinn Créidhe
roinn na ríghe.

3 Iomdha roinn do-roinneadh uirre
aithidh dhamh-sa
munbadh mall don oireacht fionn-sa
toighecht tarsa.

4 Do roinn Éireamhón is Éimhear
Inis Ealga;
do roinn Fearon Éar is Orba
a fear re fearghna.

5 Do roinn clann Daighmhin an Daghda
ainmhín fhearda,
do roinn Eoghan is Conn Cnodha
fonn na feadhna;
do roinn Sodhairce bruigh Banba
's an cur Cearmna.

6 Déanam do nós na ríogh romhuinn
roinn an achaidh;
beith dá roinn ní mé nach mothuigh
's is é m'fhachain
nior chleacht mei-se, gidh méin meathaidh,
céim i gcathaibh,
's ní meisde rí gan a rathail
ar tí tachair.

7 Do-bhéar dhaoibh-se, a dhaighsliocht Uilliam
obas comha,
ní fuil acht ar gcroinn do chora
roinn as rogha.

8 Ramfa mei-se ós mé do fhidir
aithne a dtórann
i ndíbh leithibh críoch fuar Éireann
na gcuan gcnódhonn.

9 Do-ním leac do Leitir Maoláin
nach mín muige
tír ar a gceiltear néall nime
fan tréan tuile
tír i leagann sneachta ag snige
dearca duine;
do-ním leac mar éineing oile
d'Éirinn uile.

7 gid bé (i nÉirinn) go huilidhe nó go hiomlán [a-déaradh] tré choir n-ionnluig nó eadarcasaoide (nó idiomráidh) gur(ab) aincheart éagcomtrom do-roinneadh an roinn-se, a-tá an tsein-bríathar ealadhanta ugdarda ón filidh láin-cheart Laidionda leam-sa dá[1] lán-cosnamh; 7 is í an [tsein-]bríathar sin: "Quidquid in duas partes dividitur altera pars 'semi' dicitur" eadón, gid bé ní fodáiltear nó ranntar i ndíb rannaib, a-dearar leac ris an dara rann, gion gurb leac comtrom [í]. (Ar an adbar sain), do chotugadh an comráidh-sin 7 do dearbadh na deagronna do-beirim-se roga gan freasabra do chloinn an larla do na hurrannaib sin. Óir do[2] feadar nach fuláir dóib fairrsinge na fodla dá mbuidhnib[3] 7 imle uicht-leachna na hÉireann re hiomchur a n-anmuirir; is léigid dam-sa an eang (ansaidbir) [eassádail] ansochair iomchumang úd.

10 Óta Éigneach go hucht gCoilláin
mar chuid tíre
beag nach bfuilid i gcló a céile
[mun] mó míle;
nior gab duine iadh buidh fuaire
riamh is ríge.

11 D'urláimh 1 Briain —beag [dá dtugtha]
toil don dúthaig —
gabaim i mbeinn fuinn fiadhaidh
eing gcruinn gcúthail;
léigim gan fógra gan féachain
fodla fúthaib.

12 Ní cúis béime Gió bé mheasas
méad mo leacḋruim
a léigim d'iaḋ Cuinn tar ceartroinn
don druing dreaccoirr.

13 Gió bé mheasas mire a bréinneaḋ
's a bfear ndiomboig
ní mo cean rí ris a ronnaḋ
i 's a n-iomaḋ.

14 Gió bé mheasas méad a gceannaig
ar chíoc nGaoidheal
fuluing a n-éaḋt is a n-álaḋ
créaḋt a gcaoilsleag.

15 Gió bé mheasas mionca a sluaigcreac
tar slios tíre
ní guais leam é do buing béime
fan roinn ríge.

16 Gió bé mheasas méad a gconfaid
ag cur caḋa
beag naċ dearna dearg a ndreaca
fearg a bflaḋa.

17 Dul dá bréaċain ní fiú ceirtleaċ
críce hEireann
briocht a sgiaċ, cailce a gcaollann,
bailce a mbéimeann,
a bfál craoiseaċ go gceo chródonn
leo 'n-a léibeann,
a sluag 'n-a n-éanbróin áig d'iarann,
gráin a ngéirreann.

18 Clann an larla ó imlib Deirg Deirc
dream as ionnsa;
ní clann mar gaċ gcloinn an chlann-sa
ga roinn riom-sa;
ní fuil lion a gcoisgte go ceannsa
aċt an prionnsa.

Óir[4] ní fuil lion (a) gcoisgte nó ceannsuigt-[nó ceartuigte] na cuideaċta sain aċt an t-aoine Dia adarta uile-chumaċta[5]; nó prionnsa socraiḋ (socroċa) saidhir slóig-lionmar Sacsan lé sair-mínigtear gaċ saor-sluag dá sior-chogaḋ; nó guais 7 omun 7 imeagla na sé n-oncon n-ainḋle

[n-aigṁéil] (atáid agam-sa), do céad-tógbad[6] ag Criodnbéal Cáinte[7], 7 do hoilead as a haitle ag[8] Néide faobrac feodair-briatrac[9] mac Adna, 7 i na diaid sin ag Dallán fíor-eolac[10] [fíor-foglumtha] Forguill, is ag Seancán[11] síor-doiligh sein-file; is a-táid agam-sa is an uair-se[12] re hagaid gach aoin d'uaislib 7 d'ardṁaitib na nÉireann do saintheochad m'fogail nó m'argain nó m'ingreim[13], dá gcognad is dá gcnáiṁ-gearrad; 7 is iad anmanna na n-oncon sain On 7 Aiṁiṁ 7 Aitis 7 Gríos[14] 7 Glám 7 Goirt-briatra; 7 muna ti m'fortacht [nó m'fóiritin] nó m'eadráin nó m'anacal do na[15] huasail-ionnsoruimintib sin, ní himmeasda gur culad cumdaig[16] nó cosanta nó coiméadta ar mo chreac-argain an toicheasdal liosda[17] láin-mhiotapaid, is an (fiann anbfann éagcruaid 7 an) cuideachta [cheann-trom chriochánach com-anfadach] chruinnigeas i n-oireachtas[18] im uirtimcheall [i n-aimsir eagla nó fuachtana nó foiréigin nó] re linn robaid[19] nó rutaig do rochtain; 7 is í as[20] culad cogaid nó catagthe don chuideachta sin .i. a meilleoga[21] (meirgeacha) mainnt-béalacha ar n-a gceangal (is ar n-a gcruad-cuibreach) dá gcreasaib[22] cruad-súgán [tar a gcorp-taobaib,] is a dtuaga (coimleatha) [caoil-bráigdeacha] cúl-chroma[23] [coim-gearra][24] connaid, is a gcorrán (cama cir-géara ar n-a gcom-suidiugad) fa na gcreasaib[25] céadna go com-daingean, is a bfriothbaca[26] (liomtha) leacan-chruaide (aingéara) 'na leat-lámaib (leo); is ní hionann don damraid[27] [faobraig][28] arm-chorcra ar a n-iarraim-se comroinn críche 7 forba [7 fineacais] (7 fearainn uair iadaid i n-uirtimcheall a n-ard-flatha [sna gcipeadaib] (dá imcosnam)[29].

19 Comdlúit a gcat 'n-a mbrón bodbda
nach dóig diomda;
bearn a himeal na bfear bfeardda
ní bean biodba
re dlús lúireach ngarb is gormga
agus arm n-iomda.

20 Iomꝺa leo aꝝ léim ꝺaċa troꝺa
—buꝺ tuar buaıꝺrıꝺ—
searraċ seanꝝ aꝝ bleıċ a béalꝺaıꝝ
's beann eıċ uaıꝺrıꝝ;
mo ċıon buꝺ réıꝺ rıs an rıoꝝraıꝺ
mır séıṁ suaıṁnıꝝ.

21 Iomꝺa cotún coıléır rıonnta
ꝝo ró ꝺeallraıꝺ
ıs feılm ċorr tar ꝺeırc ꝝo ꝺuılꝺır
's beırt trom treaꝺraıꝺ.

22 Iomꝺa ar ꝺroınꝝ naċ ꝺóıꝝ ꝺo freasꝺal
ꝺon fréıṁ Ꝺúrcaıꝝ
sꝝıaċ le n-aıncear com ar créaċtꝝoın
ꝺonn ó ꝺrúċtfuıl,
caoṁṫaċ sꝝınꝝ aꝝ loınn naċ leontar,
croınn 'n-a 'ꝝcúplaıꝺ
'ꝝa mbí ıolar arm ı n-éaċtaıꝺ
's baꝺꝺ aꝝ brúċtaıꝝ.

23 Iomꝺa ꝺonnślat ꝺíobras saıꝝꝺe
ıs sreanꝝ ꝝa lúꝺaꝺ,
bıorċraınn caola as réıꝺ ꝺo ruaꝝaꝺ
céır ꝺá ꝝclúꝺaꝺ,
ꝝunna ċuıreas ꝺ'feıꝺm ar óıꝝfear
sꝝeınm ꝝan sꝝrúꝺaꝺ,
ó mbí fear a ꝝléasꝺa ꝝruaꝺꝺuꝺ
pléasꝝa púꝺar.

24 Iomꝺa le a ꝝcoıs—cıa ar naċ leaṫtrom—
laoċ mar Oꝝṁa
le ꝝcuırṫear cuaırt ar feaꝺ feaꝺma
fear ꝺuaırc ꝺorrꝺa,
ꝝılle nar lıꝝ ꝺlaoı ar a ꝺıomꝺa,
saoı fır foꝝla,
fear croıṫṫe craoıseaċ ꝝo calma,
taoıseaċ tromꝺa.

Is ꝝıꝺ tromꝺa taṫaoıreaċ tarċuısneaċ aṫáımse ar an ꝺtulán sruıṫṁeırꝝeaċ[30] sléıꝺe so, nı mó ná[31] meanma ıs mór-aıꝝneaꝺ cloınne [ıonnsaıꝝṫıꝝe] éıċt-ꝺeoꝺa oırꝺearca (urramanta) an larla ꝝo n-a n-óıꝝrıoꝝraıꝺ uaıꝺrıꝝ allátа ı n-a

n-uirtimcell an uair suidid[32] ar sleasaib réide a ríog-bruigean[33] ag ól a bfleadh bfíor-uasal[34] bfíneamna 7 a ndeocann ngarb[35] ngabáltach, ar bfás ruicneadh[36] is ruamannacta i n-a ríog-gnúisiu ag éisteacht re dréachtaib 7 re duan-laoidib[37] a sean is a sinnsear gá soluis-reic[38] i mbéalaib reacaireadh is ríog-bard; ná[39] mór-aigneadh na muinntrei-se an uair suidid i n-a mbocógaib crom-lúbánacha creat-lomnocta ag comól[40] ar a céile dá gcoidiniu béil-fliucha blaicce[41] is dá dtobannaib mór-cluasacha[42] meidge[43] bruidearnaige[44], 7 ag éisteacht[45] re hagallaim is re holl-glór a n-ainminntear n-éig-ciallaid[46] 'na n-uirtimcell is gach [aon aca] ag tabairt aicne go hurmaisneach ar uragall is ar foirbéicig gacha[47] hainmide seach ar oile; is éirgid[48] a bfonn is a bfíor-aigneadh le n-a bfraisgéimnig sin[49] 7 [tógbaid coim-séis crónáin i n-a gcoinne. Is ar an adbar sain] ó tarla ceart-roga cinnte don ordugadh [sin] ag gach aon fa leith dar laoch-muinntir[50], is ead as indéanta ann dainghniughadh go cinnte ar an gceart-roinn 7 snadmad solus ar an síoctáin 7 cuir[51] 7 teannta 7 treadbaire[52] [do gabáil] ar gach taob ré tréan-comall [dá céile] gan gabáil baile [nó brágad] gan gluasacht ceana (nó creice[53]) ó neachtar uainn [ar ar oile] amlaid.

25 Gabtar geall ag [na] mnáib muile
re cnáim coire;
ní gnát ar meisge ó fion d'ibe
an miol muige;
meimic do lig le fear faire
bean fir oile;
cuirtear neamdáil duas ar duine
'n-a cruas croide.
26 Léigeam dinn ar saobnós seachráin;
snadmam connrad;
biod re gach gcuma dár ceangladh
urra urrlam.

27 Géabad cugam mar cor síde
saorclann Uilliam
fir nac bronn a ngort do Gallsluag
folt ndonn ndruimfiar.

28 Géabaid mé—ní maicfead Seán—
fan síoc coingead
tar druim gac gealltaid dá ngeallad
d'earraid Uilleag.

29 Dá mac Riocaird roga ar sluaigid
slata failmgéag
fir as fearda gleic ós gormród
meic do Mairgréag.

30 Géabad cugam sa cor céadna
clann séimi Suibne
cuireas gleo gan gruaim go ngairbe
go mbuaid mbuidne,
dream dligeas cur tar ar gcinn-ne
bun gac buidne.

31 Síol Seachnasaig sluag Ó bfiacrac
—fraocda an méinne—
na cuir daingne as dual dar ndín-ne
sluag go séimi;
fir sin do gabluig ó Guaire
d'adbaid féile.

32 Clanna Uadac, aicme Noibeard
ní haos doibeart,
's iad tar các dom caomna ar aimioct,
aodda an t-oirioct.

33 Ní hiad a-dáin, biaid gac aonfear
ó fiad Gaillmhe
mar bud dalta cíog dom coimde,
díol ar ndaingne.

34 Beid a marcaig, beid a mbantracht,
beid a ríogna
do gud éincinn cáig dom caomna;
ní dáil díogna.

35 Biaid mo roinn re ríograid Connacht
coidce ar cuimne;
siad-de mairfeas fa mag Meidbe
blad na buidne.

36 Biaid a laoich dá luad ar tosaigh
i dtigh bainnse;
biaid maith agus olc gacha haimhse
ag tocht tairse.

37 Biad-sa im rígh ar ríograid Búrcaigh,
beid fam antail;
fás ar m'imhe béin re a mbronntaid
don fréimh Fhranncaigh.

38 Maith an geall re gabáil ríghe
mo roinn orra;
beanfa mei-se d'fein cnuic Conga
souic réid ronna.

(7 is iad souic ronna na ronna réamhráidte, dá) dteagmad fonn aitearraigh[54] nó imeirce im aighnead nó im imtinn-se, oiread (an fearanntais do . . . [55]) uata-sain agam-sa gan oirbearnad, gid bé ionad d'Éirinn i mbud mian lem meanmain anad (nó oiriseamh, 7 cuairt timcill) gan tairisiomh gan toirmeasg mailleh na[56] gcomharta aird-ceannais d'fagáil éadála (go háiseach aontadach) amail as iomcubuid d'fior mo garma.

39 Iomda fa cnoc gcríochruad gCnodba
síotshuag Samhna;
cluintear fuaim na dtonn fa Thromra
as lom labra;
ní luct déanta cúntair corma
Búrcaigh Banba.

40 Fine Búrcach na mbrug sochraid
saor a n-aicme;
lán a maith 's a sait dar seirc-ne;
maith a maicne.

41 Maith a dtighe i dtiobram cuarta
as cian cluintear;
maith a nghníomh don flaith dá leantar;
maith a muintear.

42 Maith a laochraid lán do gaisgead
ghníomh go bflatthraigh;
maith a mná nach caith acht corcair;
maith a marcraid.

43 [Is] maiṫ [ar] lúṫ luṫt a ḃfeaḋma
—ní feiḋm leisgfear;
maiṫ a ḃfleaḋa gan ḋéir ndeasgaḋ
gan méin meisgeaḋ;
i láim a rioġḃan seang slistiuġ
fearr a ḃfeisteaġ.

112

BRIAN Ó CORCRÁIN cct.

1 Rí con Éireann Áḃartaċ
coiléan ciuin cruaḋḃánaltaċ;
is tuar clú a hoirḃearta áiġ
cú ḃus oirrḋearca n-iomráiḋ.

2 Iomḋa cáil inar ċóir geall
ḋon ċeannfurt-sain con n-Éireann;
barr clú ní ḋiommoltair ḋi
an cú im fionnoċtaiḃ Éirne.

3 Mac Ioluaṫaiġ na n-arm noṫt,
fuair ḋo ċú-sa, a Ċú Conaṫt,
a nm agus a clú re a cois,
an cú giḋ airm i n-uarais.

4 Uasal an treaḃ ḋá ḋtá sin;
is mac Áḃartaċ ḋ'Finngil;
fuair a sbairn caiṫréim ḋon ċoin
Caiṫréim ḋo b'ainm ḋá hatair.

5 Bioṫ naċ béaraḋ buaḋ ndealḃa
an cú cumṫa croiḃfearḋa
ḋul rompa ní clú ḋon ċoin
cú as corcra crú i gconaiḃ.

6 Ní cú más fíor a heaċtra
aċt ḋuine i ndeilḃ draoiḋeaċta
—is tearc lá naċ dearḃṫar ḋuiḃ—
a-tá mar fearċoin agaiḃ.

7 Cú le mórċar gaċ meaḋair,
cú as gráḋmar le Gaoiḋealaiḃ,
cú as toileamla fa ḋtáḋ Goill
an tsoiḋealḃḋa ág áluinn.

8 Is ó'iarrsma na gcon gcalma
an cú céillid caċarḋa
ag fionn reaċtmar rí na n-óg
do ḃí neartmar a-nall-óḋ.

9 Nó is í cú meic Morna mir
ḋar ḃ'ainm lorgal an uair-sin
ba caiṫleoman re cneas Goill
ḃeas do naiṫḃeoḋaḋ eadroinn.

10 Nó is í foirneart cruaiḋ calma
an cú ceannard caċarḋa,
cú Osgair na gcuaċ gcam
ba luaṫ gcosgair i gcomlann.

11 Nó cú meic Luga na learg
ḋar ḃ'ainm ċuḃaiḋ an Ceinnḋearg,
an cú glan seamfaoḃraċ seang
ór gearrsaogla ḋam ḋíleann.

12 Gá ḋtám, do ċoimmeas na gcon
do ḃáḋar ag airdrís Alman,
Bran féin as daṫsamail di;
baramail as léir linne.

13 An Bran oirrḋeirc-sin finn féin
d'Ábartaċ ní ċuill toiḃéim
tarraid clú dá cosgar soin
cú mar Osgar i n-iorgoil.

14 Ní fuil fa néalladḃ a-noċt
ag do ċoin-se, a Cú Connaċt,
gníom doiḋéanta re dam ndonn,
roiréalta do ċar comlann.

15 A ḃfuil ó Deirg go Drobaois
dá n-iarrċar gaċ aonforaois
más fíor is folam 'n-a gar,
's ní fogar míol 'n-a moċar.

16 Ó ḃéal Allta go hlasgaig
tearc ann do na hilḟiasaiḃ,
nó im ḃruaċ roigeal lionmar luirg
nó im oirear mionglan Miodḃuilg.

17 Seachnóin Bréifne an bruaic sgaiteas
cuairt Ábartaigh iolbadaigh
—buidh cuimhneach tiar agus toir—
sid fiadh d'fuigleach nior fágaibh.

18 Im nónaibh nochtaibh a fearg
ag Sligeach, ag Sliabh Geildearg;
fa dioglach an deimhne soin
ag siodhloch Meilge ar madain.

19 I nGleann Gaibhle druim ar druim
tug so is ag Sliabh an Iarainn
fros mílealbha muin ar muin
is prímhealmha os n-allaibh.

20 Ó cáinig i n-iath Ultach
ní hannamh ar Ábartach
—ní fuigfinn a ríomh go réidh—
gníomh nach cuirim 'n-a caithréim.

21 Ón mbuime do oil i-se
ní hiongnadh áth uirrei-se
ler signeadh coiléan d'Ú Chuinn
ar n-Oiléan ingean Éamoinn.

22 Do Bhran is oidhir i-se;
d'fionn an cú ós eilei-se;
a Dhé, caomhain clú na gcon
ar bhrú baoghail gan bhearnadh.

23 D'iarsma na féinnei-se finn
cáraidh na gcéimeann bhfoirtill;
deacair rige rú fa rath;
mo chride an cú is a cobhnach.

24 Coin Éireann ó thuinn go tuinn
is coin cobhnaigh crú Ríoghdhuinn
ramharcach Tolcha Dá Thí
Ábartach orcha is airdrí.

Rí.

113 Bk. O'C. p.

GIOLLA BRIGDE MAC CON MIDE ecc.

1 Rogha na cloinne Conall,
togha na droinge a-dearam;
tolg dar seolad rug romham,
Conall tug d'Eogan fearann.

2 Lais cangadar a Teamraig.
rangadar re a ais Eirnig;
do sin a éill go harnaid
re damraid sil Néill neimnig.

3 Togtar Conall na gcurad
—nocar chorann gan torad—
an tslat réid fearda iodan
ionad Néill Teamra ar togad.

4 Laogaire ag tnúd—fa toillcíall—
rer n-aogaire n-úr n-armcaol
craob ris ar easbac iomchúd
fionncúl caoin fleasgac fanncaoin.

5 Aogaire do réid roiréid
Laogaire—fa léim sodáin—
rige laoi 's oidce d'fagáil
ar ngabáil coidce an conáig.

6 Teagar lá is adaig Éire
dar gcabair mar do-cuala;
Conall acid gér cruaid láma
gránna an comall fuair uada.

7 Ar Laogaire "Is leam Teamair;
aondume im ceann ná cuirid"
"Acd lá riam ann is adaig
fagaid" ar barr fial fuinid

8 Truag do Laogaire a luaigill
aondume uad for Éirinn
croibuing do lion mo lámainn
siol Aluinn Conuill céibfinn.

9 Siol Laogaire ní leanann
saoruide na rig romham;
do-cuaid fa a cró a fearg d'fulang
dulamn dó a cealg ar Conall.

10 Deic ris don tsíol óg Ailuinn
—a ród is do síor síolaim—
fuair ó linn Conuill céidfinn
romuinn Éirinn uirrinn uírdhuinn.

11 Ainmire a arm do lúbadh
garb re hainbfine an t-óigfear;
a móid níor mhin i n-éigean
céidfear dib na gCóig gCóigeadh.

12 Do bad díb Domhnall doimhnear
nar mhin comhlann a crannghal;
do chuir an cath re Conghal
ar Muig fonnglan Rath raglan.

13 Aod dib ro b'fogha uilleach,
Maol mín Codba gan chrannach,
Conall fial caomh is Ceallach
na gciabh ngleannach gcaol gclannach.

14 Baodán liag, loingseach Doibair,
coimseach iad ar na huilib,
Congal caisCinn mhóir Magair,
cabair slóig fairsing Fuinid.

15 Laidheartach laoch nar sgucadh,
gaot tre chlaicshneachta chiothmar,
fir Breag a brón do beanfad
an deachmad fear mór miodhchar.

16 Go Domhnall Óg dá n-áirmear
dá brogham gach fód lionmar
do chloinn Néill an tréad taoibgeal
aoinfear déag san réim ríogradh.

17 Deic gcéile ad-cim don chineadh
tar ar sin Éire a lionar,
fir go mbuaidh dí ar a ndeireadh;
fuair deigfear í 'n-a n-ionadh.

18 Domhnall ó Dún cas Chuca
gan súg mar blas a bracha,
ní cogfa mé méin seacha,
breatha Dé réim a ratha.

19 Mac Domhnaill duille ar gcraoibe
Ó Domhnaill Tuinne Tuaidhe
mac d'fionlasair a háine
gráinne a mionfrasaib Muaidhe.

20 Ó Domhnaill Céibfhinn Codail
comhrainn d'Éirinn ní fuirigh;
go mbeire an fear fál droighin
lámh re froighid bfear bfuinid.

21 Do lion gach linn ar dtrágad
mar do rioghadh sinn an saoirfear;
níor lia bó is lacht ga líonad
sa ló ar rioghadh Art Aoinfear.

22 Bláth gach tíre 'n-a thorad,
gnáth díle mar a dubhad,
gach fiodh cnó mbán ag bloghadh,
gach domhan lán bó is brughadh.

23 Gach coill mhín choimhe chomlán,
toirche 'n-a tír ga dtuilsniomh,
tonna an chalaidh ar comhsnámh
lomnán maghair is muirmhíol.

24 Maighre geal solas Sionna
dar lean gach sonas sunna;
do shaoirchleith mhín Deirg Droma
tonna i dtír do theilg tunna.

25 Fíon gharg go tonnDruim Tuama
nach tard d'Ua Domhnaill daonna;
tonna an chuain ag cur fíona,
go bun Síodha fuair Aodha.

26 Clann Dálaigh, Domhnaill Teamhrach
tárraidh go tonnDruim Dairbreach
fir do chloinn Lionnmair Lughdach,
coill ubhlach, mínghloin mhaighreach.

27 Mear toghda ghlór na nghiolla
colba na slógh sleagh 's leanna,
sona a gcnuic casa corra,
donna a mbruit, glasa a ngleanna.

28 Géill ba thuaidh 'n-a n-ró uain-ne
gach ré n-uair na fir fúin-ne,
ní bí uann cáin dá céile,
dual Éire dáibh is dúin-ne.

29 Seacht ndaighfir díbh a-dearaim
rígh 'n-a n-aighidh ní faghaim
ar son na seacht ríogh romhainn
síol gConaill ag teacht tharainn.

30 Brian, dá Aod, Niall cas Caille,
Niall na bfras fa caoin gcloinne,
tug geall do Conall Cime
Colam Cille ar gceann coinne.

31 Ó Domnaill saoir ó Sionnainn,
a maoir ar donnDruim Dabaill;
do fóir geiléan caoin Coruinn
ceinéal gConuill saor Sabaill.

32 Nós ríog Eamna gur éirig
a gníom go fearda fáilid
nocar déanta 'n-a ndúanaib
sluagaid náid éacta d'áirim.

33 Gid álainn rab laog lacta
nó dam caoin noca creappa;
abaig blát na gcnó gcorcra;
trát molta dó bad deacta.

34 Ó Duib-diorma an tarb tuilmear
do marb an ríogda rinngeal;
ní cuirte i ndán go ndearnad
eangnam ná dál nac dingnead.

35 Tug teac fordroma fíondruinn
gan ardlonga gan ósluing;
do marb Ó Maoil aird fáburll,
's do airg Máluinn gcaoin gcnódruinn.

36 Do ionnsaig fear saor Sligig
Aod gur lean as a leabaid;
fa ruacar suairc cruaid cagaid
cuairt cladaig uair an Eabair.

37 Rug beo—is doilig fa deiread—
Mág Uidir leo gur leanad;
lom gac teac as a dtabar
go calad creac long leabar.

38 Goill go mín ó a céim cagaid,
a ngéill 'gun rig 'n-a ridid;
do from deabaid an dreagain
tor eagair sleamain Sligig.

39 Ruaig 's a rionnlán áig uirre
d'iomrád nocan áil linne;
do ba ruad colg ón coinne
do-roinne im bord bruar binne.

40 Ruaig garg an leoman loinnir
go nard Eogain do folmuig;
do-cuaid dá breic a Doirnid
le coinnliu creic gcruaid gcodnaig.

41 Gé rug bú iomda uain-ne
a diomda nior dú dúin-ne
—is é linn táit ar dtire—
i rige cinn bláit Búille.

42 Is cáinead dáib dá ndearnuinn
áream a áig saorloinn;
gan srian re nág ní fuilngim,
ní cuirmim trian dál Domnaill.

43 Mac Domnaill Domnaig Coba
nocar odraig a fola
ag Brian do bí 'n-a togá
rí an broga riam a roga.

Roga.

114

TADG MÓR Ó NUIGINN ECT.

1 Slán fat folcad
a Fionnguala réid roicheolcar;
t'folt idir é
ní fidir mé nach moicheochtar.

2 Slán fat folcad
's fa fige t'fuilt fiarclaidig
sé is t'óige ort
[is] móide ar an folt m'fiafraigid.

3 Slán fa diorgad
do dísleachta slim slaitleabair,
a mall milis,
a barr 'n-a trilis taitneamail.

4 Slán fa ciorad
do cúil as caom re a síorfaicsin;
gurab sorad
gurab [cobuid] don cioraid-sin.

5 Ar sciorad t'fuilt
usuide dam a deasmolad
gach clann cleachtach
id barr leabtach ag leabrogad.

6 Gach uair foilce
t'earla bios ag breith ailtbisig
mar gréin ngairte
do néim a haithle an failcei-sin.

7 Cros Criosd dorad
tearc t'aitgin ar biot barrbuide;
ná rab tres an bfolt bfionnbuide
ort amgoire

8 Aigméil dá barr
béim súl ar cách re a cladfaicsin;
tú as caoime i gcurp
naoide fan fuilt an agaid-sin.

9 An agaid óg
fan folt bios 'n-a barr dronglánach
bid is beid di go deasgnuadach
's sí sograd ach.

10 Sograd ach tú
ós do tír lisleabair longclannaig;
a chú ar sgraoibe
's tú bus caoime do-chonncamair.

11 Gér chaom ar dtús
tú re figead t'fuilt fionnbuadha
tug luach eich ort
do beith fa folt, a Fionnguala.

12 Aluinn fan folt
t'agaid corcra mar céadsaimgréin
t'folt mar falaig
ag tocht tar t'agaid n-éadainréid.

13 Réid an t-éadan
ar agaid t'fuilt troim caithneamhaig
na gcleachtámh gcraob
ós an ngealchlár gcaom gcailceamhail

14 Mailge caola
ós cionn do chactra gcraobfadra
aonsdualm orra
dá chaolsdualad donna daolamhla,

15 Tearc san cruinne
comḋaoṁ do ros mall mongḋatta;
Géagcruinn gruaiḋe
dá réatlainn uaine ogradta.

16 Gruaiḋe donna
dá ndéantar dán saor sreacṁolta
leaca as saor snuaḋ
le taoḃ do dá gruaḋ ngealcorcra.

17 Béal dearg tana
tug ḋuit Dia—déana a altogaḋ—
a crann cuḃra,
a ḃarr mar uḃla ar n-abġuġaḋ.

18 Deirge iná suḃ
snuaḋ do leacan re a lánṗaicsin
do ḃráiġe ḃláit
i mbáine ḃláit don ḃráġaid-sin.

19 Cíġe troma
ós do caoḃ tárraiḋ mocḃuaḋa;
ní ṗuil ṗa uct
a-muiġ ar curp a gcomḋuanna.

20 Uct mar eala
agaḋ, a call glan gealcoilleaċ;
slios caoṁ claḋaċ
do caoḃ mar canaċ [gCreamḋoilleaċ]

21 [Braine] mar ḃlát
do ḃarr mar ór, croḃ caomḋuingeaċ;
ṗolt clúmḋraon gcam
ort, a glúnmaol mall maoluilleaċ.

22 Cuanna caoṁa
do dá colbta, a craoḃ gealcoirteaċ;
beaga ḃlátḃuinn
's iad seaḋa sálcruinn seangtroigteaċ.

23 Milis do glór
a géag mall Moige ṗinnei-sin
. . . . .
. . . . .

24 Téigiḋ sginge
do sgarlóiḋ corcra corrtaraiġ
c'uct slimgeal saor,
a ingean caoṁ Í Conḋoḃair.

25 Do néim t'aigde
do áilniġ t'fholt cas claonbuide
fionnNuadha fáil
a Fionnġuala Cláir Caonruige
26 Nuadha fionn fáil
fuair a cruit ríoġda ronua-san
ó Nuadha a-nuas
ní cuala cluas a comhuasal.
27 Ríoġrad Éireann
umut earla mar ġléidheaġór
go Conn na gcuan
is an dronġ uadh go hÉireamhón.
28 Nior fás acht ríġ
is ríoġna 'mod rosġ ndeaġsádal
callros fa cnuas
ó Maġnus suas go seanádam.
29 Cia [do] riġead
riot, a ríoġan nach rosġruamhda,
cia ad-cluin nó ad-cí
go bfuil i gcli do comhsduamhda?
30 Comhsduamhda ód láimh,
a laċa álainn aoiġeadaċ,
gaċ béas banda
eidir ġréas Gallda is Gaoidhealaċ.
31 Is druidhin dric
bídh re bealaibh dan lámhdaidhe
fíon fuar finnġeal
[ód] cuan, a inġean Árlaidhe
32 A Fionnġuala,
a uċt mar dlaċt saor subhlosa,
a inġean ġlan mall Maġnusa,
a crann cumra-sa.
33 Diaidh reo reimis,
a ríoġan Cruaċna coillġile
—mar do baoi—bean
gan mnaoi gan fear 'ga hoirbire
34 Gnáth as dual duit
—is a déanamh ar dánmholadh—
gan beirt ar boin
gan [feirc] ar ġroiġ do [ġrándoġadh]

35 Dual ót adair
a Fionnguala, a folt maoidgleannaċ,
beiṫ ag díol dáṁ,
an fíon 's an dán do dáoirċeannaċ.
36 Dual doṫ bais bláiṫ
beiṫ don aos dána ag druineaċas
ceird criṫe ar crioṫ
gaċ file ar bioṫ doṫ buiḋeaċas.
37 Dual duit dá mbeaṫ
—ní buḋ beag d'feiṁ ná d'ordugaḋ—
Banḃa ar do breiṫ
mallḃa agus eiṁ ar m'ordugaḋ
38 Dual duit mé do ṫig
ag toirḃeart cliar gaċ cineaḋaig
d'foglaim ionnlais
ag comruinn ionnmais d'fileaḋaiḃ.
39 T'ór is t'airgead
agam uaid ag a tiodnacal,
gaċ ní fa nim
dá mbí do ṫig ar mo ṫiodlacaḋ
40 Dual duit gaċ dáṁ
do ḋol leam d'féaċaim ṫ'fiṁtige
tú ag réir a rann
gan ċléir ann aċd ar m'impiḋe.
41 Dual duit gaċ maġ
's gaċ móin go dtolcaiḃ tiormruaḋa
lán doṫ laṫṫroḋ;
slán fad falcaḋ, a Fionnguala.
Slán.

115

FEAR FLAṪA Ó GNÍM ecc.

1 Tairnig éigse fuinn Gaoiḋeal;
aḋḃar suaḋ nó saoroḋaoiḋeaḋ
ní maiṙ díoḃ—daṁna cuiṁaḋ—
ná díol anma ollaman.

2 Táinig a ré leat ar leat
sgol Uladh, éigse laighneach;
deachmhadh dámh Muimhneach ní mhair
ár gan fuighleach an t-ár-sain.

3 I gcríoch Connacht cearthóca sgol
ní mhair ollamh ná adhbar;
tug fam chrithe ceo orchra,
's ní beo file foghlomtha

4 Oighidh Taidhg dhuansgagta Doill,
éag Eochaidh mheic Maoil Eachlonn,
tug draoithe Éireann fa oil
géibheann maithe fa a meanmoin.

5 Ní clos sgolaidhe—sgéal tinn—
d'Ith Dálaigh nó d'fuil Uighinn
ag túr lighe i leabhaidh bhoth,
dá ealtain fine n-eolach.

6 Uch ní mhair caomh ná cara
d'fuil ealadhnaigh Eochadha;
ag sin cuire crithead nglan;
uile a cinead do-chuadar.

7 Clann Chraith dá gcreidis sgola,
fine rannghlan Ruadhnadha
méala nach marad an dámh
fréamha carad is compán.

8 I gcríoch Uisnigh an fuinn ghloin
sgotha fileadh, fuil Choibhdhoighe,
sgéal mór gan mharthain na sgol;
a sgarthain is clódh céadfadh.

9 Clann an Dairdh, [clann] Con Mithe,
tearc fisidh nó fáidhfile
—mo dhall chiach-sa is ceo cumadh—
beo d'iarsma na n-ollamhan.

10 Tug fógra dámh an domhain
is col d'fadhail d'ealadhain
fuil chrannda dá cora i gcion
's na fola arda isiol.

11 A fir sgaoilte na sgéal sean
'ga mbí seanchas mac Mileadh
ní ham sgéal do sgaoileadh deidh
tréan Ghaoidheal an tann tairnig. Tairnig.

116

GOFRAIḊ FIONN Ó DÁLAIG ecc.

1 Teaċ carad do-ċiu folaiṁ,
teaċ as ionnsa d'folṁoġaḋ;
a ḃeiṫ mar tá is caoi croiḋe,
do ḃaoi lá baḋ lionṁaire.

2 Maiṫ fear ler tóġḃaḋ an teaċ,
maiṫ teaċ a-tá go huaigneaċ,
maiṫ bruiḋean do ḃí sonna
gur cuireaḋ í i n-aṫċuma.

3 Conċoḃar Ó Briain Ḃearḃa
don toiġ-se fa tiġearna;
rian an toiġe mar a-tá
mo ċroiḋe im ċliaḃ do ċlaoċlá.

4 Gé tá 'n-a haḋḃaiḋ folaiṁ
bruiḋean ċúplaċ Conċoḃair,
do ḃí ag loiġe ar a lár sain
a lán roiṁe do ríoġraiḋ.

5 Meimic do ḃí meaḋair ṁór
san toiġ-sin a-tá ar anśóġ
taraiḋ mé gion gur sean sinn
gan teaġ amail é i n-Éirinn.

6 Ins an leaṫ úd ṫall don tiġ
do ḃíḋis laoċraḋ luimniġ,
gaċ file dá ḋíol 'gun droing,
fion dá iḃe go hursoinn.

7 San ursainn-se ar m'aġaiḋ ċoir
do ḃioḋ rí Ráṫa Coḃṫaiġ;
sé i gcriaiḋ dom ċur i n-ísle
gar d'ú Briain do ḃimis-ne.

8 A lán san leaṫ-so a-ḃus
d'ollaṁnaiḃ 'ma uċt śolas;
fairḃrioġ a ḃfaġḃaḋ an dream
ó aḋḃar airdrioġ Éireann.

9 A filiḋ, a aos dána,
a ḃreiṫiṁ, a ḃandála,
go reiċ an orduinn oile
im ċleiṫ mboscuirr mBóroiṁe.

10 An lá-sain ɣér lán an teaɣ,
a-tá sé mar nar saoileaḋ
teaɣ Muiɣe Fearta folaṁ
leaḃṫa an toiɣe ar ḋtroċloɣaḋ.
11 Gan ṁná i ḃfoċair na ḃfuinneoɣ,
gan imirt san orsainn-eoḋ,
gan ól, gan aṅ'aḋ soillse,
mór an t-aḋḃar aṫtuirse.
12 Faċain mar soin ruɣ ḋon Róiṁ
Mac Giolla Caoiṁ fuair onóir
ḋar ɣaḃ an iris do b'fearr
ḋar sɣar re hinis Éireann.
13 Fleaḋ do tionnsɣnaḋ uair oile
i longfurt Briain Bóroiṁe;
an fleaḋ an uair do b'abaiḋ
na sluaiɣ is-teaɣ tángaḋair.
14 I longfurt Briain na mbárc sean
seaċt laiṫe d'fearaiḃ Éireann;
i gcionn seaċt laiṫe don fleiḋ
na maiṫe aɣ teaċt dá ḋtiɣṫiḃ.
15 A-ḋuḃairt ar dteaċt is-teaċ
an file uasal airgṫeaċ:
"raɣaiḋ trá an saoɣal mar so;
'n-a aonar a-tá an teaɣ-so."
16 Mac Giolla Caoiṁ do-ċiu ar dteaċt
is fir Éireann ar n-imṫeaċt
teaɣ Briain mar a-tá an teaɣ-so
an lá i ndiaiḋ na ndeiɣfear-so.
17 Gaḃais éigeas Inse Fáil
tres an gcúis-sin i gcéadóir
ceileaḃraḋ do Brian na mbeann
is d'fiaḋ eiḋeanglan Éireann.
18 Aḋḃar oiliṫriɣ ḃunaiḋ
réim tiɣe ċuirr Conċoḃair;
don Róiṁ do ba ḋulta ḋe
dá ḋtuɣṫa t'óiḋ don inṁe.
19 Aiṫris an fileaḋ reiṁe
roċtain go Róiṁ n-aingleiḋe
—ní fleaḋ fearda baḋ ḃíor ḋaṁ—
tearda ḃíom gan a ḋéanaṁ.

20 Connrad do-rónsam a-raon
is inn i n-aois dá macaom
—a-tá tuirse ar gcúl dom char—
san toig-se dún ga déanam.
21 Is ead do bí do-san de
rann ar gach ndúain dar ndáin-ne;
each gach bliadna do bí dam;
ní liamna nocha locfad.
22 Mac Toirdealbaig—tochrád leam—
níor léig Dia dó dían Éireann;
tres an méirseang bfial bfaoiltech
fian Éireann go héagcaointeach. Teach.
23 Ionmuin teag 'n-a bfuil a lán
teag meic Domnaill Dúin Iomdán;
a ndoimeanma ag dul dar sgoil
i mbruig oireagda Eogain.
24 Teag eile ina hannsa mé
teag í Súilleabáin Siuire;
ní tromaicme Briain ad-bach,
dar gcomairce biaid Buadach.
25 I dtig Caisg ní chraochfa ar muirn
ar brú Locha Léin lánguirm;
ar gcúl do-chuaid ar gcumha
uain i ndún í Donnchada.
6 I ndóig go dtuairfinn a teag
guidfid mé Micéal aingeal;
mairg nach ragad san teag te
tread i n-a bfagar fáilte.

Teach.

117

EOCHAID Ó HEOGUSA ECT.

1 Teallach einig iat Laigean;
mór gceardcha 'n-ar cumdaigead
an gairm nach gnáth i n-asgaid;
ní haimm gan fáth fuarasdair.

2 Teallaċ einiġ Inse Néill
do bí dá ráda riu-séin
an síol fionn-sa Nuadad Neaċt
sluaġad do b'ionnsa d'imteaċt.

3 Aiġte éigeas Inse Fáil
a-tá ó tús an domnáin
—ní diombuaine a nóil a-niod—
ar ċlár lionnuaine Laiġean.

4 Cúigead ċloinne Cathaoir Mór
baisdear air—ní hainm éagcóir—
múr roidil sícbeannaċ sliom
príomċeallaċ oiniġ Éireann.

5 Cia do-ċluin nó do-ċualaid
maiċ mar maiċ an mórsluaġaid?
do b'iontoġa olc na bfear
um ġort lionntana Laiġean.

6 Caide i n-éanaird d'Inis Breaġ
a coimmeas re críċ Laiġean?
níor feas úir an oirir finn
gan dúil oiniġ 'n-a imtinn.

7 Tarla tar éintír eile
doċar deiriġ aimsire
is trom céadaslaiġ na gcliar
ar fonn ngéagarsaid nGailian.

8 Gár beag dúinn dá dearbad sin
geall Aċairne uair éigin
i n-am anaslaiġ gaċ aoin
don talam-soin ċlann gCathaoir.

9 Don ċuaird timċill tuġ orra
a breiċ féin fuair eatorra
dream do aiċiġ anbuain gliad
ó maiġib glanśluaiġ Gailian.

10 "Dream buid ċuirfe i mbar gcumaid
ní ċluinfeam ní ċualamair;
a-tá an geall lib, a Laiġne,
sib as fearr" ar Aċairne.

11 Tuġ Féidlim mór mac Criomthain
geall oiniġ tar Éireannċaib
don droing náir oirdeartaiġ féil
dáil do oirdearcaiġ iaid-séin,

12 Toisg dar Criall a Caisiol Cuirc
mac Crioṁthainn—fa cuaird orrduirc—
d'fagáil gliad a ngéirreann gcruaid
is giall Éireann i n-éanuair

13 Fríoth leis ar lorg a céile
ar fead fódla finnréide
géill gach Éireannaigh dar iarr
go fein ngéirreannaigh nGailian.

14 Tar éis réidtige riu sin
fead bliadna do bí i laighnib
ar cuiread an uair do fill
an buidean ler fuaig Éirinn.

15 D'éis breathnuighe Banba Breagh
ar gcur cúil re cath Laigean
maith don droing-sin tar gach ndoreim
ar foillsigh an flaith féidlim.

16 "Ní faca mé" ar mac Crioṁthainn
"mead dá n-uaisle d'Éireannchaib
gémad iad aithigh Laigean
siad ós maithib measfaidear."

17 Geall cáich ón ló-sain i-le
gnáth aca d'éis a céile
na Laighin ó beannrát Breagh
mairid seanghnát a sinnsear.

18 Béim orra d'éis a n-aithread
a-nioth fein ni fogaibthear
na deighfir ga ndubrad geall
ar dturnaṁ einigh Éireann.

19 A-tá fear díob go nua a-nioth
téighfeas teallach na sinnsear
i measg sluaghfairge bfear bfáil
gan seal n-uaraighe d'fagáil.

20 Eidre fiachaid meic Aodha
croidhe nar car miothaoiṁa
fear comda céadanma a sean
comla géagabla Gaoidheal.

21 Dá mbáidti oineach fóid floinn
do-géabthaoi gríos san gcogoill
fear gan aṁluad einigh air
ag eidir armruad fiachaid.

22 Dá mbeidís Laighnigh re a linn
gan d'iomrádh act ainm Féidlim
do aithbeodhaigh an ainm sin
gairm an chaithleomhain cheirdigh.
23 Ar gcaitheamh einigh fear bfáil
téid-sean i dtús a iomráidh
uain an uathaigh-sin ní fuil
'ga gruaidh nualuisnigh náraigh.
24 Mar féachas dá onóir féin
féachtar leis—lór do dheighméin—
croidhe as fraochaibhe i gcrú chleath
do chlú laochaicme Laighneach.
25 Nach mór d'Féidlim mac Fiachaidh
díon Laighneach ar lainnfiachaibh
coimhéagaidh ó eing go heing
don eing foighéagaigh fairrsing.
26 Ní fuighead Laighneach re a linn
béim ris nach beadhgfadh Féidlim
méad a imnidh fa chúis cháigh
'n-a ghnúis tibrigh 'n-a teannáil.
27 Do bí an gnáth-sin uair eile
'gun mhílidh mac Deichtire
troigh fa siobhlaighe ag cur cath
ar son iongaire Ultach.
28 An t-aoinfear do b'fadhe uaidh
i gcrích Eamna an fuinn fionnfuair
do dheargfadh a dhímiadh sain
rinnidh ceardchan an chleasraidh.
29 Cú Chulainn na gcleas ngoile
Cnoc Fionnchairn na foraire
fa ráith choimhéidhe don choin
i ndáil oireichle d'Ultaibh.
30 Fiú éinchreiche nior fiu leis
gá dámaidh do dhul thairis;
leor é fan am-sa d'faire
sé ar an gcarn-sa i gcomnaidhe.
31 Nior ghnáth leis—ní léigeadh sain—
aghaidh deoraidh fa dhiomdhaidh;
fa deasgcanghnamh dál na Con
fa chlár eathalghlan Uladh.

32 AG cosnaṁ a gclú 's a gcreac
do bíod an beitir nimneac;
ag comṁéasgain do crú ír
fa troigéasgaid Cú an cleitín.

33 Comṁéad dan mac saṁla sain
do-ní féidlim mac fiacaid
do laigneacaib toir is tiar
ar moig glainleadain Gaillan.

34 A mbiodbaid do breic a ngill
ní guais leo le linn féidlim,
ná lotadnad a ngruad nglan
d'focalgaṁ druad ná deorad.

35 Cúis béime le a mbeadgrad sin
ní fuige aonṁac laignig
tre lios eicreac broigéag bfinn
tar comṁéad bfeicṁeac bféidlim.

36 I ndoras báis, i mbreic gill
fear a saorca is sé féidlim,
eo saorcuaim bailbealtaig Breag
tairngeartaid laochsluag Laigean.

37 Fear ler hórad a aicme,
fear as truime tiodlaicce,
fear as ṁeasarda do ṁod,
fear as easuṁla d'uadar.

38 Fear as leoṁanda ag léim treas,
fear as réide ag riar éigeas,
fear as aiṁréide i n-uair cean
do cruaid glainfréiṁe Gaideal.

39 Ní hónna acht re haigtib cliar,
ní lonn acht ag léim caitgliad,
ní fricir acht fead smacta,
sreab fiḋid na hannsacta.

40 Cruaid fa rún, réid fa ṁaoiniḃ
aignead an duinn dreacfaoilid;
mín re héidtréan, teann re tréan
géigfréaṁ as ceann dá cinéal.

41 Bradán lige na learg sean
posd einig íochtair Laigean
brat caoṁdaig fásfairce fáil
aongoin básaigte bandáil.

42 Ursa cosaidh, ceann síoda,
Díodean cirt, cosg fairbrioga,
Doras céadága Cláir Breag,
Dáig éadála na n-aoigeadh.

43 Cinnlitear clú na mBranach
Tús teasda tá ar neamhfalach
Dortadh créachtfuile i gcrú sleag,
Clú nach féadfaidhe d'fhilleadh.

44 Donn failgeach fine Chathoir,
Gnúis dil nar dhearg griostathaoir,
Fiorbun labartha Mo-ling,
Diogbadh anorcra d'Éirinn.

45 Mac meic Aoda na n-arm ngéar,
Mórádh ceall, cumdach éidtréan,
Draig suilbir, troig re teannta,
Muir go nduimmidh dileannta.

46 Labairt as lugha ná a gníomh
Sníomh easaonta na n-airdrioghe,
Séad robuadha ráithe Néill,
Snáithe comhuama a cheinéil.

47 An dá Aodh do imthigh uam
M'aos cumtha, crobuing diombuan,
Do imthigh mo thréan le a dteann
Mar éan ór imthigh eiteall. Teallach.

48 Ingean Fiachaidh earla lag
Nior oirdheas dúinn a dearmad
Meanma cobsaidh nar char séad
Nior cosmhail dam, ní dheirméad.

49 Ní dheirméad-sa an deagbarr slim
Ná an glór féata focailbinn
Ná an sdíom chorrmhlaigh cúil cais
Ná an tsúil mhongfhabraigh mhallghlais.

50 Searc aoidheadh, iomcar ainbreach,
Gein buadha ban ríoghlaighneach,
Ross glaimsliom fa ngrianlas síon
Nach aingionn fiabras airdrioghe.

51 Fuair Una ó Ógmhaidh Banba
Barr éagcoisg is urlabra;
Tearc meadh don bhriathardhaoi binn
Ar fead iathardhaoi Féidhlim. Teallach.

118

FEARGAL Ó G MAC AN BAIRD ecc.

1 Teasda easgcara an fiadaig;
tug ar croidiu ceoidiamair;
easgcara ní fuil ag oig
i Muig cneastana Criomtoin.

2 Easgcara fiadaig Éireann
Ábartach na n-airdéimeann;
nior gein cú a sáruigte sain
i gcrú fánfoirbte Fionntain.

3 Fát tuirrse aca ní fuil
subac feasda na faoldoin
i gcrích mín bánacraig Breag
do brig Ábartaig d'oigead.

4 Do-géabta ar faigtiu a bfios;
ag mucaib allta i n-uaigneas
ní ba niomda feasda fail
ó teasda a mbiodba bunaid.

5 Cnuic oireactais fóid na bFionn
leabta suain fiadaig Éireann;
daim Cláir Codail tres an gcoin
dáil ní homain act urcoir.

6 Nior d'iongnad buaid do breit di;
uasal an t-altrom fuair-se;
ar glúin beitheac bruaig Eanaig
feitmheac fuair a hoileamain.

7 Díol a caointe i as a n-uct
ar glúin 's ar uct Con Connact
—dá ní do dúisig mo déar—
do bí an cú-sin 'n-a coiléan.

8 Nior cuir Mág Uidir fuair clú
dalta orda act an t-éancú;
clann Colla fa dine dó;
rige orra ag a n-iargnó.

9 Dalta oile act coiléan con
nó leanb bud oidre d'ollam
brón do sior orra re head
ar síol gColla ní cuirfead.

10 Cú dearg Osgair nar ob cáċ,
nó Sgeolang, nó Bran buadaċ,
nó Aonuall do b'aiṫgin dí
ag flaiṫgin armsluag nÉirne.

11 Re linn Gofraid fáṫaiġ Finn
san Mumain na múr n-aoibinn
do bí cú ren samail sain
do ċabaiġ ċlú d'Íb Carrċaiġ.

12 Cú Méig Carṫaiġ Cuain Line
iomad a héaċt n-oirdnide
don triaṫċoin do ċoibaiġ geall
ó Conaill iarṫair Éireann.

13 Ar dumha sealga ós loċ Léin
tuitid lá—lór do ċaiṫréim—
ceiṫre doim ós geilleirg glain
leis an gcoin gceimneirg gcréaċtaiġ.

14 Faolċú neime d'éis an áir
tarla di —dia do neambáid—
tuġ ar an gcoin créaċt go neim;
a goin nior b'éaċt i n-aisgid.

15 Tuitid ar-aon—anba an gom;
do dóirt sí fuil na faolċon
's do dóirt an faolċú a fuil
gér goirt le caomċrú Carrċaiġ.

16 Máġ Carṫaiġ do ċosain seilb
tuġ dealb dearsgaiġṫe ar doidheilb;
néal bróin fan éaċtċoin do b'fearr
do sóiġ ós réaltain Raoileann.

17 Gofraid Fionn do ullmuiġ í
marbna na con ad-ċluinti;
táinig d'oide Tige Táil
a fige d'oige iomsláin.

18 Do marbnaid comtaiġ ċiallaid
do ċuir drong rann roidiamair
fáṫgofraid Fionn muin ar muin;
snáṫglanfaid sionn a samail.

19 Do ċumas don ċoin-se toir
marbna do gaoidilg gréasaiġ
mar ċéadmarbna na con tiar
ar son gréagdamna Gailian.

20 AR MEASAD DON MARBNAIDH TIAR
DÁ MAIREAD TUIR FEAR nOIRGIALL
A BUAIDH DO-BÉARAINN DÁ CAIL
DO-GÉABAINN UAIDH A URDAIL.

21 NÍ MARBNAIDH Í GAN FACAIN;
CÚ CNIS Í CUINN CÉADCATAIG
TUG FA FONN N-EASBÁN NEAMHNA
TEASGRÁD TROM DÁ TIGEARNA.

22 CUARTA MEINCE—MÓR AN TSEARC—
DÁ IARRAIDH IAR N-A IMTEACT
TUG AN CÚ CROIBDEARG CORCRA
FA BRÚ BFOINNLEARG BFOCANTA.

23 LÉ DO CUARTUIGEAD NA CNUIC
'S NA TIGE ÓIL D' Ú CORMUIC
AGUS BRUAIG NA DTIORMSROT DTE
'S GAC UAIM FA FIONNLOC ÉIRNE.

24 NÍOR FÁGAIB LEABA 'N-AR LUIG
FA LOC ÉIRNE GAN IARRAIDH
NÁ MÍN NÁ SUIDE SEILGE
DO GRÍB MUIGE MINDEIRGE.

25 FA DEOIDH TEASDA—TUAR DÉIRE—
DO CUMHAIDH A CNEISCÉILE;
GÁ DÚ ACT DO-CUAIDH AS A CRUT
MAR NAC FUAIR AN CÚ A CAOMTAC.

26 TEASDA AN CÚ-SA IAR GCÉIB NA SGAT;
NÍ HAMLAIDH D'UAISLIB TEAMHRAC
FEASDA IM BÓINN MBLIOCTÉRAOBAIG MBREAG;
NÍ MIONTAOBAIDH GLÓIR GAOIDEAL.

27 IONANN FÁT BRÓIN DÓIB IS DÍ
ÁBARTAC CÚ FIR ÉIRNE;
FADA IAR GCRAOIB LINE GAC LÁ;
A FINE DÁ TAOIB TEASDÁ. TEASDA.

28 MÁG AONGUSA DO DÁIL DAM
A CÚ 'S A EAC 'S A ÓRBRAT
A-TÁ CRAOB CÉISE DOM CRÁD;
AN FÉILE DÁ TAOB TEASDÁ.

29 NÍ DIÚLTFAD CONN MAISDEAN MÉ
UM COIN NÁ UM BRAT NÁ UM BUAIRSBRÉ;
A-TÁ CRAOB CRUACAN DOM CRÁD
AR N-ABAR DÁ TAOB TEASDÁ.

Ní bás don té téid dá fios
flaitheas na n-óg 's na n-aingeal;
mairid Beadar iar n-a bás
act gé teastha ní teastá.

Teastha.

119

AONGUS (MAC CEARBAILL BUIDE) Ó DÁLAIG ecc.

1 Tomus múir Cruachna i gCluain Fraoich
fa shuaidh—nocha shuaidh fa múchd—
múr na sgiath mbeannbladhach mblátch
ráith na gcliath ndealbhdaradh ndlúith.

2 Tomus múir Teamra ó Lios Floinn
ó chúil chearna go a slios slim
caithir bláith charnoguil chruinn
mar ráith gCuinn aurradhuibh finn.

3 Tomus múir Oiligh glais gloin
i bfroigidh úir cais an chluidh;
samail daignéill Glúndubh gil
san tig múraigh clairdéidh cuir.

4 Tomus múir Caisil fa a cois
no an dúin glais-sin go n-a geis
ag fior fuilt chrunnfailgigh cais
go mbais Cuirc dubhmailgigh deis.

5 Nior gabh Meadhbh ná Corc ná Conn
port ar nar shealbh port na bpeall;
do balla chaoin nó do chrann
nior cum saor halla budh fearr.

6 Treabh as áille dar féagh súil
a sgáile geal re a béal bladh;
nocha meisde ní dá néimh
gan léim eisde dí dá diaigh.

7 Sreath cláraigh mín dualaigh dlúith
'n-a shuaidhibh do-chím mun gcruaich;
sliocht uird riondaidhe mun ráith;
bláith sliombuidhe a buird 's a bruaich.

8 Mar bad meirge sliogda a snuad
nó mar díoltda as deirge clár;
mín ón éaram gach crann caol
sleamhan a taob tall ón tál.

9 A hasnaċ glan donn le dlús
nior gab tonn lasraċ dá luas;
cá sead teine ar a tí tíos
muna tí grios nimhe a-nuas.

10 Suairc an daingean anma d'Aod
nachar mhainnear madma riamh;
ní bí san léibeann éas éláir
glas lámh nó géibeann ar giall.

11 Fear ga tealgad gion gur éarc
nocar deargad cnead 'n-a curp;
sgeinnid colg sleige dá sliocht
briocht neimhe na n-ord 'n-a huċt

12 Mar éatraig nGreabáin ar gráin
nac lamhtair meadáil a múir;
tréigéear brat na dtread re a taoib
mar ba claċ aoil gach teag túir.

13 Ná braitead bean go brát í,
an rát geal ler caitead cré
dá lár do lingead an Traoi
do mhaoi do cinnead d'ág é.

14 Sleag tre druim fir go lár lás
[ór] til a clár mar do-éuas;
maol na gualann bud toll tíos;
ón éronn bíos nuabarr a-nuas.

15 Dá dteagmad lug Banba Briain
nó an Dagda do dul dá dréim
mná an táibliud mun ba tearc lóin
gan neart slóig láinmhir dá léim.

16 Caiéir éuanna ceitre mbeann
souaga do-geibée re goll
brug slatac fuinneogaċ fionn
bratać sliom duilleogaċ donn.

17 Souad breac dealbaċ um an ndún
dar leat mar bad ceannraċ caomh;
iomdorus um an dteaċ i dtám
sreat clár as diormsolus taob.

18 Comhla ṡolus dá huaim d'ord
ris an ndorus nar buail bard;
do fuaigead cearcall clár ndearg
gan leactrom learg d'fán nó d'ard.

19 Caiṫir fionn as airde múr
ós a cionn is gairge an ġrian;
goirmlionn um an lios do láḋ
crios clár gcoimṡliom ós crios criaḋ.

20 I gcaṫraiġ Aoḋa an airm nua
ar ngairin gaċa ḋaonna dó
giolla deaġḃruit duinn gaċ dia
nior lia um ṡeanmuic Truim Dá Tó.

21 Miaṁ gaċ [dornċair] bláiṫ san bruġ
nior dorċaiġ riaṁ an ráiṫ ġeal;
gaḃṫar le trilsiḃ bróġ mban
an ród glan tirm-sin san teaġ.

22 Fearb gaoiṫe ní ġéaḃa greim,
ní ḃéara blaoiṫe dá druim
don ċúirt comhlaiġ easnaiġ finn
go sginġ connlaiġ ṫeasḃaiġ ṫruim.

23 Teaġ ríoġ Cruaċan cuma a luaḋ
is naċ uaṫaḋ urra um Aoḋ
dá ġlaislinn fada go n-ór
fairrsinġ an sóḋ troda a ṫaoḃ.

24 Teaċ naċ airde finnteaċ floinn
[i n-a] gairde slinnteaċ soinn;
nior léiġ Aoḋ an eatail finn,
ní ċlaon rinn deataiġ dá druim.

25 Teaċ laoċ ar naċ luiġeann smál
tre naċ cuireann gaoṫ a ġlór
a froiġ mhíolla an doire diaġ
ní gloine niaṁ fíona a hór.

26 Mar ṫreaḃraḋ ar ṫaoḃaiḃ eang
dealbraḋ caolaiġ ós a cionn;
an darḃ daol ċríṫe nior ṫoll
gaċ drong ċaol don fíṫe fionn.

27 Luaiḋeam cúiltiġ na gclár ngorm
tre n-a smál ní dúintear dealḃ;
teaċ fionn is fraoċ ar a arm
is balḃ gaoṫ ós ċionn a ċearn.

28 Faiceam tomus na gcleas gcorr,
na sreas solus, na sreas sliom,
sreas do caolas bán go a barr
clár ball gcraobach ós a cionn.

29 Teas í Conchobair Chuic Luain
go lonchoraib ar chruit chaoin,
go gcloich buabhaill, go mbuilg sréin
tuaraim do néimh a cuilg chaoil.

30 Tige láintreabhrach [ós lionn]
do tráigtheabhach d'fige fionn;
do shuaighirgeadh an teas thall
go mbarr cleas snuadhmhingeal sliom.

31 A dhiol innig fuithe fríoth
d'ingin gomadh dhúithe an sgiath
saor ga treabhradh is ga tháth
re dealbhadh snáth gcaol na gcliath.

32 An bruidhean nach cuirre cnoc
do tuigeadh nach luime leac;
ní léir san chur chaochlódh slat
aonchlár thar lat an bruig breac.

33 Sreas cúplach gcorcra ós a cionn
ar dtochta búclach fa a barr;
gréas gach gallgabhla ní gearr;
allmhurdha leam gléas na ngall.

34 Dá chomlaidh chrios n-almhach n-ard
—tarbhach a slios ní slios borb—
mar chaoin aighe cúpa ó chearb
gach learg dhúchta d'aithle a hord.

35 Fuair a caoilfiodh a sáith saoir
ar n-a dhaoineadh san ráith réidh,
a buird 'n-a n-áitibh ga n-uaim
mar táithir truaill cuilg re céir.

36 Mar chaoin mbuabhall as breac fiodh
breac nuabharr gach taoibh don teasg;
fige na coirrmhéise a cur
bruig bile goirmdhéise is geal.

37 Gurab buan an teach mar tá
gach neach as a luag ar ló
dá fogail gidh cuin do-chiu
liu don choraidh do dhluigh dhó.

38 Failís bríoghmar as bláth bruigh,
ráith na ríoghrad, ráith na sgol,
Muimhnigh Uladh fa barr Breagh
fear gann sa tulaigh níor thóm.

Tomus.

120

Aodh Ollabhar Ó Carrthoidh ect. (?)

1 "Tosach féile fairsinge"
—d'fuighlidh fíthil an focal;
ní hiomdha dar n-aithnei-ne
neach as urra don tosach.

2 Ní thig tosach fadhálta
don tí dhligeas dán díom-sa;
ní budh mór dá bharánta
tosach an teagaisg ríoghdha.

3 Dó as fearr thig an tosach-sa
Ó Maol Ruanaidh rí Céise;
tearc neach ar an domhan-sa
as fairsinge ná as féile.

4 Do-bhéradh Mac Diarmuda
a súil tar ceann a eimigh;
dá mbeith fear a hiarrata
níor b'ei-sean fear a heitigh.

5 Ní ar domhan ní shanntuigeann
acht dá dháil dá gach duine;
nochan fearr an gallmhuileann
ó léigtear é fa uisge.

6 Tomaltach Mac Diarmuda
mac na ríoghna ó Ráith Chruachan
gá sead méadh a iarrata
's gur mó sa chách a chuasach.

7 Rí maicne Maoil mhórRuanaidh
'sa dtá an t-eineach i gcartaigh
fíon dá ól a hórchuachaibh
uime ó mhadain go madain.

8 Is uasal an t-aogaire,
a-tá aca ar a n-eineach;
ní facas fós aonduine
ag dul uadha fa eiteach.

9 Gearr dud lón a ionnsus-san
muna beid Dia dá cosnam,
lám aige dá ciodlacad
is lám oile dá dronnad.

10 Ní hí cuid na céadoidche
do-beir Dia dá dreic mingil
acht é ag riar gach éancoinnse
bios 'n-a cás air dar-iris.

11 A dadair mac Concobair
agus a bragann cuige
aige ní fuil comcosmail
acht trágad agus tuile.

12 Dá mbeid [gan bád] ionloca
's a dám i bpurt an loca
do racad flaith Fiodnacha
dá bádad d'eagla goca.

13 Tomaltach mac Concobair
meic Aoda—dia do coice—
meic Concobair comramaig
meic Tomaltaig óig oile.

14 Meic Maol Ruanaid romasglaig
ris nach raibe feidm formaid
meic Giolla Críosd comcuidid
meic Concobair meic Cormaic.

15 Sgéal beag ar an gCormac-sa
a-tá agam re n-a aitris;
d'eagla gomad domblasda
dleagar réilioghad gairid.

6 Lá éigin dar éirgiosdar
ar tulaig láim re a longport
oireacht i ngach éinionad
dá cuinga 'n-a mbiod Cormac.

17 Go tulaig na comhdála
do-cí cuca mun dtrácht-sain
bean leacclaoch ruad roghránda
's aonbrat lín ar a brágaid.

18 Gabais tres an aonach-sain
nó go ráinig sí an baile;
dí níor fiafraig éanduine
cia hí nó cáit a raibe.

19 Go Carraig Meic Diarmada
an trát do-chuaid an bean-so
níor suid an dúil diabalda
gur cóirigead lé leaba.

20 Oileacán beag éagcosmail
do-ní i n-uillinn an tige;
bliadain dí ar an ndéargad-sain
gan easbaid bíd ná dige.

21 Gur caitead an bliadain-sin
—mo chean do-rinne an ainmne—
bean ná fear dá fiafraige
ní fuair ar fead na cairrge.

22 Téid an chaochuad chiabhada
ar gcor na bliadna cairse
d'ionnsaige Meic Diarmada
's beannaigis dó as a haicle.

23 Innisid a himeachta
dó ó thosach go deiread;
ní sgéal so nach inleanta,
sgéal as uaisle ar an eineach.

24 "Bliadain gus an aimsir-se
dúinn it sít, a rí Duibe,
ar bhrógra ó Tír Chairrgire
bean mé ar ar cuiread cluiche.

25 "I mbruig Eamna ablaige
do cuiread mé fa geasaid
gan dul go Tír Chairrgire
go mbeinn bliadain 'n-a heasbaid.

26 "Níor gabad an bliadain-se
uaim gan mo beit i n-éantaig
's gan neach ann dom fiafraige
ar fead an dá mhíos déag-sain

27 "Do bádas an bliadain-se
i gcúirt Loca Cé chorbláit
gan neach ann dom fiafraige
—is do bíod uile an tromdáimh.

28 "A n-áiream ní féadfaidhe
leaċ ná trian a mbí id baile,
's ní śaoileann díoḃ éanduine
naċ air féin bíos bar n-aire.

29 "Ar béasaiḃ ná ar míḃéasaiḃ
ní diúltar neaċ ód tig-se
—'s ní léigtear acht fíréanaiġ
amáin i dteaġdais inne.

30 "A Ċormaic meic Tomáltaiġ,
an bfuil ar fead an beaċa
teaċ i mbeinn an comfad-sain
gan fiafraiġe acht do teaċ-sa?

31 "Beannaċt agus biḃbeannaċt
fágḃaim uile 'gad teaglaċ;
ní dearnad 's ní dingeantar
céim as uaisle ná a ndearnsad.

32 "Do nim-se duit fáistine
gé táim im beaċadaċ granna
go mbia an t-oineaċ d'áiride
'gat śiol go laiġe an bráċa."

33 A geasa ó do fuasgalad
ar n-innisin a heaċtra
imtigis an ruadċailleaċ;
ní dí támuid buḋ-easda.

34 A airdrí fial foigdeaċ
is riot beannas an sgéal-so;
id bruġ ní bí coimdeas
re duine do śiol Eaḃa.

35 Nior b'usa don ċailliġ-sin
beiṫ mar do bí i mbruġ Cormaic
ina beiṫ id baile-se,
a rí Loċa Cé ċollbuiġ.

36 Do-gabtaoi id bruġ bioḋbuan-sa
sgol ris gaċ gceird i nÉirinn
's ní bíod i dtig Mhiodċuarta
act duine ris gaċ éinċeird.

37 Do greasa, do maḋmanna,
ní féadaim beiṫ dá bfaisnéis;
ní ċuillfead san aḋmad-sa
an deaċmad cuid dod ċaiṫréim.

38 Ad teagmáil, a Tomaltaig,
ní tiocfad duine ar domhan,
a Chú Chulainn churata
a Conaill Cúigid Connacht.
39 A-tá [ag] dúsacht t'admolta,
a rí ceirtbreatach Céise,
nach foghnann don admad-sa
tosach acht tosach féile.

Tosach féile.

121

FEARGAL ÓG MAC AN BAIRD ecc.

1 Turnamh dóchais díot muirne,
muirn docar i ndíotainmne;
lór do chlád uabair tar ais
is uamhain dál an dóchais.
2 Sealg tortach níor tuirmeadh dí
an chú cuirtear i neimhní;
muna rab anáir ar eac
ní gar a fagáil uaibreach.
3 An treabadh ar nac téid leas
ní hé trá as taosga geineas;
gort gan fál is é ar sligid
dá mbé slán ní saoilfidir.
4 Saidbreas díomaoin do duine
imile gan aogaire;
ní fuil tarba 'n-a dtairtiu
abla cuir nach cumdaigtir.
5 Gabáil fa chuirm go gcuirtir
a hibe ní hordaigtir;
bíd gríos an ghuail gan gorad
an uair bios gan beathugad.
6 Baramhail dam-sa is dom dán
a ndubart—dia do chaochlád;
cnú folam nó eac gan srian
neach nó domhan fa dímiad.

7 Ní ċéigim mar baḋ ḋíor ḋam
tar ollaṁ ná tar ánraḋ
—sé 'n-a ċréaċtġoin im ċroiḋe—
éantroiġ re ré Ruḋroiḋe.

8 Náir ḋúinn—'s ní ḋúinn as ranáir—
mo sgol más iaḋ m'uaċtaráin
tre ġoiṁ mileaḋ Muiġe Floinn
ġaċ duine aġ sineaḋ seaċoinn.

9 Ós ċionn éigeas fear nUlaḋ
teaċt san tuiġniġ ollaṁan
ní ċig ḋíom, gid ḋainiṁ ḋún,
sion im aigiḋ ag iompúḋ.

10 Do ṁeas éirġe aṁlaiḋ soin
os ċionn airḋrioġ fear ndoṁain
Poimp mearċalma fa mó seaḋ
gér neaṁċaruḋa ḋó a ḋeireaḋ.

11 Ag Séasar na siorċaḋ mbras,
ag Poimp Máiġe is ag Marcas
do bí an cruinne ó ṁuir go muir;
ní ri duine gan dúċaiġ.

12 Riasan dá áirsiḋ oile
Marcas Cras ceann soċuiḋe
—iul re bragar gaċ fáḋ fis—
do láḋ an talaṁ ċairis.

13 Fan treas rann don talṁain tais
do éiriġ ar n-éag Marcais
fioċ an dá ursan oile;
dursan crioċ a gcéalṁoine.

14 Poimp agus Séasar sluaiġṁear
do ċuireadar combuaiḋreaḋ
i ngaċ leiṫ don ċruinne ċé
do breiṫ an uile finné.

15 An caṫ caṫaruḋa do ċuir
dá uaitne ċeanna an talaiṁ
do b'é crioċrún a gcagaiḋ
dé ón fioċrún do aḋnaḋair.

16 "Uċ! gan mé" ar Poimp "ós ċionn cáiġ
doṁ faicsin d'fearaiḃ doṁnáin"
gloir na flaṫa fuair uṁla
uair an ċaṫa ċaṫaruḋa.

17 Beit uiríseal 'n-a diaid sain
Gairid d'aimsir gur ordaig;
Do radad fada déar dó
A séan cada do claoclód.

18 Mé an Poimp dá dtarla an tuisle,
An t-Iarla is sé an Séasair-se,
Ar bfearg rer-oile is é an cat
Gomad hé ar gcroide an caomhtach.

19 Mar Poimp Maige ag teacht san treas,
Beit céim ós cionn na n-éigeas
Do bí uair 's do aontaig mé;
Claontair gach uaill dá náirde.

20 Mar Poimp a-ris d'aitle an áir,
Beit iseal—anba an diombáig—
Dar m'éig-se do ba lór linn,
Ór ar m'éigse ó nach aithim.

21 Ó tá an maidm oruinn bad-éin
Aontuigim tre Ua Saoirnéill
Beit fa oideadaib Craoi Cuinn;
Faoi ní hoideamail m'urruim.

22 Tuir fuluing fola Dálaig
Ní fiu dá méin mórdálaig
—ní hé an doig nach dursan linn—
A bfuil d'osnad im intinn.

23 Náir dói-sém agus dam-sa
A bfuil d'anaiu oram-sa
Ar deoradacht—dáil nar dlig—
I n-Eoganacht Cláir Caisil.

24 Dá gcuiread diot toice treall
Ollam flatha ar fud Éireann
Ní cóir dó ar a dán diomda;
Dá mó a tár dá tigearna.

25 Do dearu sé seanfocal cáig
—do léig an t-Iarla ar n-anáir
Uile fa lár as a los—
"Ní fád duine 'n-a dúthas."

26 Iarla Ó gConaill, slios re saoi,
Ní fuil fát ag a anaiu;
Im dán nior deargas duine
Do Chlár Learglas Laogaire.

27 Ar airdrioghaidh Inse Néill
a ndearnadar do dítchéill
ar maithe trá druim ar druim
a-tá dá aithe oruinn.

28 [Cuirm Éingcinde] is an t-each geal,
súil Eochaidh, ainmne Laighean,
—ní théid mo sheise ríogh róm—
mei-se dá díol 'n-a dhobrón.

29 Sleagh na Con, 's an Chearc Dhoirche,
flaitheas Banba beannfoirthe
rug sé don dul-sa ar a ndíol
an té as ursa don imshníomh.

30 A-tá uabar m'aicme féin
ar chloinn Conaill meic mhóirNéill
fa dhosd ríoghshluaigh fola floinn
dá síorbhuain uile asuinn.

31 Sgroighe is táinte clann gConuill
tús is earr an uraghuill
—fa-rían níor haltoighead liom—
im ghortoirean ríogh Raoilionn.

32 Ag ioc na muirne nach mé
fuair ó fhór chaithreach claoinTé
a-tá sé ag crádh mo chroidhe
mar táim re ré Ruidhroidhe.

33 Buain a dhúthchais do dhuine
ní breath ríogh do Ruidhroidhe;
is liom-sa a chogar ó chiort
ionnsa m'obadh óm oidhreacht.

34 Go buan is fearr an fonn-sa;
ní hé a-tá d'feidhm oram-sa
muirn mar shriobh tuile ag toighecht
ná cion duine ar dheoroidheacht.

35 Mac éachtach Aodha Í Dhomhnaill
Ua Séamuis, tuir threasfarlainn,
mo rí go rabh ar mo shon;
ná tí a thal ar mo thurnamh.

Turnam.

122

LOCLANN ÓG Ó DÁLAIG ecc.

1 Uaigneach a-taoi, a ċeaċ na mbráṫar,
beag doṫ buidniḃ taimise
do-ċí tu-sa i ndáil do ḋoirċla;
ní náir oirċra ar ċ'airei-se.

2 Do díbreaḋ uait—uċ mo ċruaige—
do ċeaglach boċt bráiṫreamail;
do-ċím siḃ gan fear doṫ ionnram,
a ċreaḃ bionnglan bláiṫsleamain.

3 Ionmuin droing do díbreaḋ asat,
a eaglas bláiṫ búidiodan,
buidean tromḋa comṫrom ciallda,
modċlann diaḋa an Dúilliomán.

4 A mainistear an múir sleasaig
sloinntear ó Sliaḃ Fordnáin,
caoinid an flaiṫ 's an saoi suilḃir
mar taoi it fuilngid anforráin.

5 Fuarais cleaċtaḋ céile n-iodan,
a aḋḃa an fuinn glaintealċaig;
beiṫ it aonar nior ḋual deit-se;
truag do beiṫ-se id baintreaḃṫaig.

6 D'éis na gcéile do ċleaċt tu-sa
a-taoi—truag an malairt-se—
gan ċluinsin sgéal gcean ná gcliaṫa
gan fear iarrṫa ṫ'amairc-se.

7 Cuimneaċ mé gur meince leat-sa
lion áig ógḃaḋ gcaiṫreamnaċ
ag lionaḋ is-teag id ṫiomċall,
a ċreaḃ fionnċorr Airdreamaċ.

8 D'éis díbearṫa na n-ord uile
i n-iaṫ Éireann eangfoirḃṫe
dé an ċreidim do ḃaoi gan báṫaḋ
gaċ laoi id bláṫar beannuigṫe.

9 D'aiṫle a n-uarais d'aoiḃneas gnáṫaċ
do gloir nar gloir ḋiombaltaċ
ar uaigneas ṫ'árais má féaċtar
tárrais éaċtċor iongantaċ.

10 Tu-sa it árus ealtan gcíocrać
ar gcaill t'aosa ionmuine;
briseaḋ croiḋe an tolg ḋá ḋtárras
t'ord i n-áras fíoḋḃuiḋe.

11 T'altóra gan earraḋ gcráḃaiḋ,
do ċluig ċaoine ċeolmara,
mar ḋúil mbailb gać laoi gan labra
mar taoi is daṁna deoroḃa.

12 Iomḋa coireać cionntaḋ n-iomḋa
d'feaḋnaib fóḋla fionnsoillse
fuair ar ḋtaḋall ḃar sleas samgan
leas a n-anman ionnaib-se.

13 Iomḋa cuideaċta clann ḃflaiṫeaḋ
le ḃfríoṫ féasta soineaṁail
idir śleasaiḃ do ċoim ċláirtig
ón droing cráiḃtig croiḋeaṁail.

14 Iomḋa boċt do biaṫtaoi it orsain
'gun ord soċruiḋ séimiḋe;
dursan linne a lorg 's a láiṫreać
gan ord gcráiḃteać gceilliḋe.

15 Glan an ḃuiḋean do bí id grinneall
—nior gloine géis ealaśroṫ—
cuire diaḋa caoimġrinn ceolać
saoirḃinn eolać ealaḋnać.

16 Gairid gać la ag an luċt ċéadna;
nior ċian aḋaig fírleaḃar;
ní feas ní 'n-a ainċeas orra
d'ailċeas rolla ríġleaḃar.

17 Mairg ler ḋíbreaḋ an noruing ḃfosaiḋ;
ní feas creaḋ a gcionta-san;
mór a gcráḃaḋ, deas a ndaonnaċt,
ní feas aonoic ionnta-san.

18 An t-Airdrí dan hainm an Trionóid
go ḋtí ḋá ċoil grásaṁail
taḃairt an ċuire móir mallġloim
róin don aḋḃaiḋ fásfollaiṁ.

19 Clann Broinnsiais na ḃfuiġleaḋ ḋtaiḋiuir
fill don teaġḋais naoimiodain;
a Muire mór féag bar bfearta
fan dtréad searcda saoideaṁail.

20 A Phroinsiais, a phlanda Seanmnaid,
Suid Dia deagmac Fionnmuire
fa furtacht ar do chloinn coirmis;
roinn ret oidriu t'ionmuine.

21 Ó tá treimse 'n-a treiu uaignis
an áit Grianach Glanuaidneach
tar neart cumacht na bfear bfraochda
rob teag naomta neamuaigneach.

Uaigneach.

coṁġair.

ACL	Archiv für Celtische Lexikographie.	
Aid.	Aidiacht	Adjectivum.
Aims.	Aimsearóa	Temporalis, &c.
Ainm	Ainm	Nomen.
Ainmn.	Ainmneac	Substantivus, &c.
Ainmniúe	Ainmniúe	Subjectum.
Áins.	Ánsiúe	Casus Accusativus.
Aistr.	Aistreac	Verbum Transitivum.
Alt	Alt	Articulus.
